tsíocháin sin, áfach. Síocháin chun fill agus chun uisce-fé-thalamh ab ea í. Ní raibh sí i bhfad déanta nuair a thosnaigh an feall. Do leog na Gaíll orthu go bhfuadar eólas ar éirí amach eile ' bheith beartaithe ag uaislibh na nGael i gcoinnibh na nGall agus i gcoinnibh rí Sacsan*. Coir bháis ab ea an beartú san dá bhféadfi é ' dheimhniú. Chun é ' dheimhniú ní raibh le déanamh ach breith, 'na nduine agus 'na nduine, ar na huaislibh Gaelacha agus iad do bhreith anonn go Lúndain agus iad do thriail thall, agus dá dtabharfí ciontach iad, an chroch a thabhairt dóibh. Do thuig na huaisle Gaelacha an cleas san. Bhí ciall cheannaigh fálda acu go daingean um an dtaca san. Bhí ' fhios acu go maith ná raibh aon choir déanta acu, ná raibh aon éirí amach beartaithe acu, ná aon chuímhneamh acu ar a leithéid; ná raibh uathu ach cead suaimhnis agus socrachta tar éis a naoi mbliana cogaidh. Ach bhí ' fhios acu, leis, nuair a curtí dlí Shasana i bhfeidhm ar dhuine, nár chosaint don duine sin macántacht ná neamhchiontacht, go mór mór, má ba dhuine é go raibh talamh nú tiarnas nú saibhreas aige le cailliúint.

Do thuig uaisle na nGael an ní sin go maith an uair sin, agus do theitheadar a hÉirinn sara bhféadfi an cleas Gallda san a dh'imirt orthu, iad do thriail agus iad do dhaoradh agus iad do chrochadh.

Nuair a bhíodar imithe bhí áthas ar an rí agus ar na Gallaibh. Níorbh fheárr leó rud a dheineadar* uaisle na nGael ná teitheadh lena n-anam. Bhí talamh breá fada fairseag Chúig' Uladh fágtha 'na ndiaidh acu, chómh maith díreach agus ' bheadh sé fágtha 'na ndiaidh acu dá bhfanadís agus go gerochfí iad. Sin a raibh ón namhaid. Do thóg an namhaid an talamh agus do roinneadar eatarthu é.

D'imigh na huaisle Gaelacha dob aoirde an uair sin a Cúig' Uladh. Bhí uaisle móra na Múmhan imithe roimis sin. Níor fhág san in Éirinn, thuaidh ná theas, ach na mionuaisle agus na daoine bochta. Deich mbliana agus daichead 'na dhiaidh san, nuair a críochnaíodh an léirscrios a dhein Cromwell, do deineadh iarracht mharaitheach ar shliocht Gael go léir, idir uasal agus íseal, do ghlanadh a talamh na hÉireann amach, le díbirt nú le bás. Ní ghlacfaidís an creideamh nua pé mealladh ná marú a déanfí orthu chuige. Ní ghlacfaidís é ar ais ná ar éigin. Cheap an namhaid, dá bhrí sin, ná raibh le déanamh leó ach iad do dhísciú ar fad. Bhí a chiall féin ag an namhaid sa ghnó san. Nuair a díbreadh na huaisle móra a Cúig' Uladh, d'fhan talamh Chúig' Uladh ag an namhaid. Dá bhféadfi sliocht Gael go léir do mharú nú do dhíbirt a hÉirinn, d'fhágfadh san talamh na hÉireann go léir ag an namhaid. Is é an talamh a bhí ón namhaid, ar scáth creidimh.

An léirscrios a lean briseadh Chionntsáile do luigh sé go trom ar uaislibh móra na nGael, ach chuaigh a lán de sna mionuaislibh saor uaidh. Ach nuair a tháinig léirscrios Chromwell do luigh sé ar an uile dhuine de shliocht na nGael, idir uasal agus íseal. Do leath sé ar fuid na dútha go léir, isteach i ngleanntaibh uaigneacha agus in áiteannaibh imigéiniúla, i dtreo nár fhéad aon áit ná aon aicme daoine dul uaidh. Daoine a bhí an uair sin 'na gcónaí in sna háiteannaibh imigéiniúla san, agus go raibh a sínsear rómpu 'na gcónaí iontu ar feadh na gcéadta blian agus na bhfichidí glún, go sámh agus go suaimhneasach, saor ó bhuaireamh agus ó chruatan na gcogaí a bhí coitianta ar siúl lasmu' dhíobh, do shrois léirscrios Chromwell iad. Do creachadh agus do scriosadh iad. An méid nár cuireadh chun báis díobh dob éigean dóibh teitheadh lena n-anam as na seanáiteannaibh cónaithe sin, beó bocht, agus imeacht ar fuid an tsaeil.

Bhí an uair sin sa taobh thiar d'Uíbh Laeire, sa Mhúmhan, caisleán nár rómhór, agus Caisleán Charraig na Cora an ainm a bhí air. Bhí beirt driothár 'na gcónaí sa chaisleán san. Diarmaid Ó Laeire ab ainm do dhuine acu, agus Conchúr Ó Laeire ab ainm don duine eile. Do shrois an léirscrios iad. B'éigean dóibh imeacht, agus an caisleán agus an dúthaigh d'fhágáil ag coigríoch éigin iasachta. Thánadar aneas go Baile Mhúirne. Do phós duine acu bean de mhuíntir Dhuinnín a

I: Mo Shínsear

bhí 'na cónaí ar na hUlánaibh, agus d'fhan sé ansan. De réir mar a hínseadh dom dob é sin Conchúr. Chuaigh Diarmaid soir go háit ar a dtugtí Carraig na Madraí, agus chuir sé fé ann. Tamall 'na dhiaidh san do chuaigh duine de shliocht Chonchúir ó thuaidh go Dúth' Ealla, agus chuaigh sé chun cónaithe ar an Mullach Rua, cheithre mhíle ar an dtaobh thuaidh de Shráid an Mhuilinn, in aice Chuilinn Uí Chaoimh. Do phós sé sin bean ar a dtugtí Aoibhlín an Réileáin. Is dó' liom gur de mhuíntir Cheallacháin gurbh ea í. Bhí mac acu san agus Conchúr ab ainm do, agus fear ana-chiallmhar, ana-stuama, ab ea é. Do phós sé bean de mhuíntir Ici, iníon do Thadhg Ó hIcí, Tadhg mhac Aindriais, a bhí 'na chónaí thiar ar an Athán, ar bruach Abhann Móire. Neill ní Taidhg a tugtí ar an iníon. Bhí lán tí de chlaínn acu. Siobhán ab ainm do dhuine de sna hiníonaibh.

Bhí Diarmaid, fé mar a hínseadh dom, 'na chónaí ar Carraig na Madraí. Bhí mac aige sin agus Conchúr ab ainm do. Nuair a bhí an Conchúr san pósta agus ag déanamh do féin, bhí buachaill aimsire aige, agus Conchúr ab ainm don bhuachaill, leis, agus de mhuíntir Laeire ab ea é, agus dá dheascaibh sin, "Conchúr Máistir" agus "Conchúr Buachaill" a tugtí ar an mbeirt. Bhí clann ag an gConchúr Máistir sin, ach chómh tiubh agus a thagaidís do gheibhidís bás. Bhí sé féin agus a bhean go hana-bhuartha mar gheall air sin. Do thárla, tráth, go raibh súil le duine eile clainne acu. Bhí an t-am ag teacht, ach má bhí, do bhí an bhuairt agus an t-eagla orthu araon go n-imeódh an leanbh san fé mar ' imigh an chuid eile a tháinig roimis. Bhí an bhuairt agus an t-eagla ar an máthair chómh mór san gur bhaol, dá mba ná beadh aon chúis eile chun na díobhála ' dhéanamh, nár bheag an bhuairt aigne chuige. Roinnt laethanta sara dtáinig an t-am chun na clainne ' theacht, do bhuaill chúthu an doras isteach bean ná feacaigh éinne acu riamh roimis sin*. D'fhiafraigh fear an tí dhi cárbh as í.

"Thánag i bhfad ó bhaile anso chúibh," ar sise, "aduaidh ó Chíll Dara."

Ansan d'fhéach sí ar an mnaoi.

"Ná bíodh aon bhuairt ná aon eagal ort an turas so," ar sise. "Mairfidh an té atá ag teacht anois, ach is ar aon choinníll amháin é," ar sise. "Tugtar ainm chúil le cine air, agus mairfidh sé."

Nuair a bhí an méid sin ráite aici d'imigh sí uathu an doras amach, agus ní fheacaigh éinne í, beó ná marbh, san áit 'na dhiaidh san.

Níorbh fhada go dtáinig an chlann; mac óg. Conchúr nú Diarmaid nú Art nú Céadach nú Fear, na hainmneacha do bhain leis an gcine; ach do tugadh Barnabí ar an mac san, ainm nár hairíodh riamh roimis sin ar éinne de mhuíntir Laeire. Tháinig mac eile 'na dhiaidh. Do leanadh ar an gcúl le cine, agus do tugadh Peadar mar ainm air. Do mhair an bheirt, agus do dhein fir mhóra mhaithe dhíobh. Do phós Barnabí agus bhí beirt mhac aige. Thug sé Diarmaid ar dhuine acu, in ainneóin an chúil le cine, agus thug sé Peadar ar an mac eile, ainm a dhriothár.

Nuair a bhí an bheirt mhac san éirithe suas b'éigean do Bharnabí imeacht ó Charraig na Madraí. Níor fhéadas riamh a dhéanamh amach cad é an chúis.

San am gcéanna san bhí 'na chónaí thuaidh ar Gleann Daimh, ag bun Mhullach an Ois, fear 'narbh ainm do Diarmaid Ó Tuathaigh. Bhí beirt iníon aige, Siobhán Ní Thuathaigh agus Máire Ní Thuathaigh. Tá ar an dtaobh theas de Ghleann Daimh baile gurb é ainm* atá air ná Lios Caragáin. Bhí an baile sin 'na thalamh in áirde le línn Bharnabí Uí Laeire agus a bheirt mhac a bheith ag imeacht ó Charraig na Madraí. Do thóg Diarmaid Ó Tuathaigh an talamh san a bhí in áirde, agus

I: Mo Shínsear

dhein sé dhá fheirm de, agus thug sé an dá fheirm dá bheirt iníon, do Shiobhán agus do Mháire. Bhí meas ana-mhór aige ar bheirt mhac Bharnabí Uí Laeire. Dhein sé dhá chleamhnas leó. Thug sé Siobhán do Dhiarmaid agus thug sé Máire do Pheadar, agus chuir sé isteach sa dá fheirm ar Lios Caragáin iad chun cónaithe. Bhí féar bó agus fiche ins gach feirm díobh, agus bhí an dá lánúin óg láidir, ábalta ar pé tairbhe a bhí sa talamh do bhaint as. Níor thalamh maith é. Talamh fiain fluuch ab ea an chuid ba mhó dhe. Ach do tógadh dhá lín tí mhóra mhaithe chreidiúnacha air. Bhí lán tí de chlaínn ag gach lánúin acu. Bhí chúig dhuine dhéag nú sé dhuine dhéag clainne ag Peadar agus ag Máire Ní Thuathaigh. Diarmaid ab ainm don mhac ba shine a bhí ag Peadar.

Nuair a tháinig an t-am chuige do tráchtadh ar chleamhnas idir an Diarmaid sin agus Siobhán Ní Laeire, an iníon úd Chonchúir Uí Laeire a bhí an uair sin 'na chónaí thuaidh ar an Mullach Rua, in aice Chuilinn Uí Chaoimh. Do tuigeadh gur mhaith an cleamhnas le déanamh é. Do tuigeadh, leis, go raibh an gaol ann, agus go mb'fhéidir nárbh fholáir col do réiteach sara ndéanfí an pósadh. Do cómhairíodh an gaol, ar an dá thaobh, siar go dtí an bheirt driothár, Diarmaid Óg agus Conchúr Ó Laeire, an bheirt úd a díbreadh a Caisleán Charraig na Cora; agus do fuaradh, ón gcómhaireamh, go raibh an gaol, ar gach taobh, níba shia amach ná an cúigiú glúin. Do deineadh an cleamhnas. Do pósadh Diarmaid Rua Ó Laeire, mac do Pheadar Ó Laeire agus do Mháire Ní Thuathaigh ar Lios Caragáin, le Siobhán Ní Laeire, iníon do Chonchúr Ó Laeire agus do Neill Ní Ici, a bhí ar an Mullach Rua. Sa bhliain d'aois an Tiarna míle ocht gcéad tríochad* a naoi, bhí mac ag an mbeirt sin. Mise an mac san.

II: Lios Caragáin

Bhí ochtar mac agus ochtar iníon ag Peadar Ó Laeire agus ag Máire Ní Thuathaigh, mo sheanathair agus mo sheanamháthair. Bhí dhá fheirm thailimh acu, an fheirm ar Lios Caragáin, féar bó agus fiche, agus feirm eile thíos ar Cíll Ghobnatan, féar chúig cinn déag de bhuaibh. Bhí san maith go leór, ach níor rómhór an saoltas é chun sé dhuine dhéag clainne do thógaint air agus do chur i gcrích as. Dá maireadh an t-athair go dtí go mbeadh* sé suas le deich mbliana agus trí fichid nú mar sin, b'fhéidir go bhféadfadh sé rud éigin fóna ' dhéanamh don chlaínn; ach tháinig an bás air, slán mar a n-instear é, nuair ná raibh sé ach ocht mbliana agus daichead. Dá ghirracht í an aimsir a fuair sé chuige, bhí an chuid ba mhó den chlaínn iníon curtha i gcrích aige sara bhfuair sé bás, agus iad curtha i gcrích go maith aige. Ní raibh aige le déanamh don chlaínn mhac ach an talamh do roinnt eatarthu. D'fhág sé Lios Caragáin le huacht ag ceathrar acu, a leath ag beirt agus an leath eile ag an mbeirt eile. Fuair duine den cheathrar san bás go luath i ndiaidh an athar. Ansan do dhein an triúr a bhí 'na dhiaidh trí treana den fheirm eatarthu féin, i dtreó ná raibh ach féar seacht mbó ag an nduine acu. Duine den triúr san ab ea m'athairse.

Déarfadh duine nár mhaith an chiall d'aon fhear óg bean do thabhairt leis agus é féin do shocrú chun cónaithe ar fheirm bheag den tsórd san, féar seacht mbó, agus gan ann ach drochthalamh. Gan amhras níor mhaith an chiall do é dá mbeadh caoi aige ar a mhalairt de shocrú a dhéanamh do féin, ach ní raibh. Ní raibh aon fhéachaint suas an uair sin ag éinne de mhuintir na hÉireann ach an talamh. Bhíodar féin agus a sínsear, an uair sin agus ar feadh na gcéadta blian roimis sin, géarrtha amach glan ó aon tsaghas eile slí bheatha ach amháin bheith ag obair ar an dtalamh ag déanamh cíosa do mháistríbh; agus do géarrfí amach ón slí bheatha san, leis, iad, ach nárbh fhéidir aon daoine eile ' dh'fháil a dh'fhéadfadh oiread cíosa ' dhéanamh as an dtalamh agus a dh'fhéadaidís sin a dhéanamh. Dá éaghmais sin, nuair a pósadh m'athair agus mo mháthair ní raibh an scéal in aon chor chómh hólac ag feirmeóiríbh na hÉireann agus ' bhí sé acu tamall 'na dhiaidh san. Bhí prátaí ag fás agus bhí airgead maith le fáil ar ím. Dhéanfadh an t-ím an cíos, agus ansan bheadh gach aon toradh eile dá mbainfí as an dtalamh, bheadh sé ag an bhfeirmeoir do féin. Do chothódh na prátaí agus an

II: Lios Caragáin

bainne an lín tí, agus chuirfeadh stráice lín agus an olann a bheadh ar thrí cinn de chaoiribh balcais éadaigh orthu.

Is fíor go mbíodh drochmheas an uair sin ar an bpráta agus ar an mbraon bainne mar bhia. Ach tá so le rá agamsa anois, ag féachaint siar dom ar an aimsir sin agus ar an mbia sin, agus ar na daoine a tógadh leis an mbia sin. Na fir agus na mná a bhí an uair sin in Éirinn ba threise agus ba dheashláintí iad go mór ná na fir agus na mná atá ann anois. Ní feictí choíche an uair sin cailín ná buachaill gan lán béil d'fhiaclaibh breátha láidre geala istigh i gceann gach duine acu, agus gach fiacal acu san chómh cruaidh chómh daingean le carraig cloiche. Cad a chítear anois? Ní túisce a dh'fhásaid na fiacla i mbéalaibh na leanbh ná siúd ag dreó agus ag feóchadh iad láithreach, agus ag imeacht 'na smúsach, agus go gcaitear fiacla bréagacha do chur isteach nú ní fhéadfadh an leanbh bia ' dh'ithe in aon chor! Cad a chuireann an dreó agus an feóchadh ar na fiaclaibh? Cuireann an drochghoile. Agus cad fé ndeár an drochghoile? Cad fé ndeár é ach an bia ' bheith mífholláin. Agus an bia mífholláin sin a dheineann an t-éirleach san ar na fiaclaibh, ar ndóin tá ' fhios ag an saol go ndeineann sé díobháil mhór don cholainn go léir. Tá ' fhios ag an saol nách féidir do leanbh, do gharsún nú do chailín bheag, sláinte cheart a bheith acu* nuair a bhíd na fiacla ag leaghadh ar an gcuma san amach as an gceann acu. Dá mb'áil leó an tae agus an bhollóg bhán do chaitheamh uathu, agus cromadh arís ar an bpráta agus ar an mbainne do chaitheamh mar bhia agus mar dhigh, nú ar an arán cruithneachtan d'ithe in inead na bollóige báine, bheadh fiacla agus goile agus sláinte acu mar a bhíodh ag á sínsear.

Is dó' liom gurb é cuímhne is sia im cheann me ' bheith ar a baclainn ag mnaoi éigin, ní cuímhín liom anois cérbh í. Bhí sí 'na seasamh ar aghaidh an dorais isteach, i dtreó go raibh radharc agamsa an doras amach agus anonn ar an mbaile ar a dtugtí an Chathairín Dubh, agus ar an gcnuc ar a dtugtí an Doire Liath. Bhí, agus tá fós, drom fada fiacalach beárthnach ar an gcnuc san, agus is cuímhín liom go maith me ' bheith ag déanamh iúnadh de sna fiaclaibh, agus de sna beárthnachaibh a bhí eatarthu, agus dhá fhiafraí dhíom féin cad fé ndeár iad a bheith chómh garbh san i ndrom an chnuic sin. Is cuímhín liom, 'na dhiaidh san, conas mar a chuireas aithne ar chnuc atá lastuaidh den Doire Liath agus gurbh é ainm a tugtí air ná an Chorra Liath. Tamall 'na dhiaidh san arís is cuímhín liom go bhfeicinn, soir ó dheas ónár ndoras féin, tigh agus craínn mhóra 'na thimpall, agus go ndeirtí liom gurbh é sin tigh Shíobhán Ní Bhuachalla ar Bán an tSeanachnuic, nú, Bárr an tSeanachnuic, ní fheadar ceocu. Bhí mac ag Síobhán Ní Bhuachalla, agus Conchúr Ó Corcartha ab ainm do. Chuireas aithne air nuair a bhíomair araon éirithe suas. Fear galánta creidiúnach ab ea é, agus cómharsa mhaith.

Tar éis roinnt aimsire bhíos ábalta ar ghabháil amach sa chlós agus ar dhul soir go cúinne na hiothlann, i dtreó go mbíodh radharc agam, ní hamháin anonn ar an gCathairín agus ar an nDoire Liath agus soir ó thuaidh ar an gCorra Liath, ach anonn, leis, ar ár gcuid tailimh féin go léir. Níor thalamh fóna é. Bhí an chuid ba mhó dhe fiain, gan saothrú riamh. Bhí bóthar ó chúinne na hiothlann anonn go dtí áit ar a dtugtí Barra na Ré, mar a dtáinig bóithrín eile crosta air. Bhí tigh beag ag an gcrois sin agus Peig na Croise a dtugtí ar sheanamhnaoi a bhí 'na cónaí sa tigh bheag san. Seanabhean dheas* ghrámhar ab ea í. Is minic 'na dhiaidh san a thugas tamall de lá 'na tigh beag ag cainnt léi. Ní raibh aon fhocal Béarla aici, ach bhí Gaelainn ana-bhreá ana-bhlasta aici. Bannacht Dé lena hanam!

Cúinne na Ré a tugtí mar ainm ar an gcúinne den réidh a bhí ar an dtaobh eile den bhóthar ó thigh Pheig na Croise. Linne ab ea an réidh sin. Réidh gan puínn tairbhe ab ea í. Ní raibh ag fás uirthi ach fraoch, agus ní puínn de sin féin a bhí ag fás uirthi. Do briseadh isteach 'na dhiaidh san an cúinne

II: Lios Caragáin

den réidh sin a bhí in aice na croise, agus Páircín Chúinne na Ré a tugadh mar ainm ar an bpáircín a deineadh ann.

Tamall beag siar ó thuaidh ó Pháircín Chúinne na Ré, agus ó thigh bheag Pheig na Croise, bhí tigh beag eile agus bhí mac do Pheig na Croise 'na chónaí ann. Bhí sé pósta ag mnaoi de mhuíntir Chríodáin. Máire Rua a tugtí ar an mnaoi sin. Labhrás ab ainm don fhear, do mhac Pheig na Croise, Labhrás Ó Duinnín. Bhí iníon ag an mbeirt sin agus Peig ab ainm di. Peig Labhráis a tugtí uirthi. Ní raibh aon fhocal Béarla aici, ná ag á hathair. Sin í an cailín beag a bhíodh ag ínsint na scéal dúinn. Is í ' dh'inis an scéal san Shéadna dhúinn. Bhíos féin ag éisteacht léi dhá insint. Bhíomair go léir óg go maith an uair sin. Do chimeádas an scéal im cheann, agus do chuireas síos i leabhar é mórán blianta 'na dhiaidh san. Ní dó' liom go bhfuil aon rian de thigh Pheig na Croise le feiscint ag an gcrois anois, ná aon phioc de rian an tí bhig eile ach chómh beag. Ní fheadar cá bhfuil Peig Labhráis anois, ná an maireann sí in aon chor. Tá Labhrás féin agus Máire Rua tar éis bháis le mórán aimsire, gura maith an mhaise dá n-anam é!

D'airíos rud a dhein Máire Rua nuair a bhí an drochshaol ann, agus b'fhéidir nár mhiste é ' dh'ínsint anso. Ar an ngarraí prátaí is ea ' mhaireadh gach aon duine bocht an uair sin, agus ar pé braon bainne a gheibheadh sé ón bhfeirmeóir go mbíodh slí fir oibre aige uaidh. Thugadh an feirmeóir leathacra tailimh leasaithe don fhear oibre, agus do dhíoladh an fear oibre cíos an tí bhig, agus pé rud a bhíodh le díol as an leathacra, leis an obair a dheineadh sé don fheirmeóir. Bhíodh an bata scóir acu, agus chimeádaíds araon an cúntas ar an mbata scóir. Is amhlaidh a bhíodh an bata scóir 'na dhá leath ar a fhaid, agus leath acu ag an bhfear oibre agus an leath eile acu ag an bhfeirmeóir. Nuair a bhíodh an cúntas acu le cur síos, do thagaidís i bhfochair a chéile agus a leath féin den bhata ag gach duine acu. Ansan, cuir i gcás go mbeadh chúig lá oibre déanta ag an bhfear oibre, do shínfidís an dá leathbhata suas lena chéile, agus do gheárrfadh duine acu chúig scóir le scian ar an dá leathbhata, scór, nú fáibre, in aghaidh gach lae oibre dár deineadh. Do géarrfí na fáibrí i dtreo go luífeadh an scian ar an dá leathbhata in éineacht, agus go mbeadh gach fáibre géarrtha isteach iontu araon. Ansan do chimeádfadh gach éinne a leath féin den bhata scóir, agus níorbh fhéidir d'éinne acu éagóir a dhéanamh ar an nduine eile, mar níorbh fhéidir scór do ghearradh amach ná scór do chur isteach gan an dá leathbhata do shíneadh le chéile arís, agus nuair a sínfí le chéile iad do chaithfeadh na fáibrí teacht isteach lena chéile cruinn, fé mar a gearradh iad ar dtúis.

Sara dtáinig an dubh ar na prátaí bhíodh an toradh chómh maith san go mbíodh a ndóthain mór bídh, i gcómhair na bliana, ag lín tí ná beadh rómhór, sa méid prátaí a bheadh sa leathacra tailimh leasaithe. Dá mbeadh lín tí mór ann ní bheadh acu ach breis tailimh leasaithe do bheith sa gharraí acu. Ní raibh aon chuímhneamh acu ar aon tsaghas eile bídh, agus dá mbeadh féin ní raibh aon fháil acu air. D'fhág san i bpúnc uathásach iad nuair a tháinig an dubh ar na prátaí.

Ach i dtaobh Mháire Rua. Bhí an garraí aici féin agus ag Labhrás. Tháinig an dubh air. D'airíos í féin dhá insint conas mar a chaith sí an lá ag féachaint ar an ngarraí, nuair a bhí na gais ag lobhadh agus ag titim, agus í ag gol, agus ná feidir sí 'en domhan cá bhfaighidís aon rud le n-ithe*. Ní raibh aon mhaith sa gharraí. Nuair a bhí pé roinnt bídh a bhí sa tigh ite acu, do ghoíll an t-ocras ar Labhrás bocht. Tháinig daitheacha air. Ní fhéadfadh sé éirí as an leabaidh. B'éigean do Mháire gabháil amach ag "soláthar," mar adeirtí, .i. a d'iarraidh déarca. D'imíodh an bhean san amach ar maidin, agus í ar dúchéalacan, agus théadh sí siar go Claeidigh treasna na gnucc, ceathair nú cúig de mhíltibh slí. Bhí daoine muínteartha éigin ansan aici. Do tugtí galúinín bainne dhi. Thugadh sí léi abhaile an galúinín bainne sin. Chuireadh sí ar an dtine é go dtí go ndeineadh gruth agus meadhg de. Ansan do thugadh sí an gruth do Labhrás agus d'óladh sí féin an meadhg. Do lean an bhean san ag

II: Lios Caragáin

déanamh an ghnímh sin go dtí go bhfuair Labhrás bocht bás. Ní fheadarsa cá raibh an “bhean uasal” eile do dhéanfadh an uair sin é. An creideamh láidir a bhí istigh ’na croí, is é ’ chuir ’ fhéachaint ar Mháire Rua an gníomh san do dhéanamh.

Ach ní raibh aon chuímhneamh ag éinne in Éirinn ar phrátaíbh dúbha an chéad lá úd a sheasaíos-sa ag cúinne na hiothlann ag féachaint anonn ar thigh Pheig na Croise, agus ar Pháircín Chúinne na Ré, agus ar thigh Mháire Rua, agus ar na páirceannaibh beaga eile atá uaidh siar, Páirc na dTulchán agus Páirc na Luachra; agus ar an gCnucán Rua, agus ar an gcaidhséar atá déanta, anuas tríd an gCnucán Rua agus tríd an bportach, ag sruthán a thagann anuas ón gCorra Liath. Táid siad go léir ansúd fós díreach mar a bhíodar an chéad lá a dh’fhéachas-sa anonn orthu ó chúinne na hiothlann. Táid siad go fuar* agus go fiain agus go bocht, ach má táid féin, is orthu is féarr liom bheith ag cuímhneamh anois nuair a bhíonn uain agam ar chuímhneamh, mar is orthu agus ar a ndéanamh a bhíos ag cuímhneamh an chéad uair riamh a hínseadh dom gurbh é Dia a dhein an domhan.

III: Rógairí

Do théinn soir go minic go cúinne na hiothlann, ach dob fhada go ndeigheas* thairis sin soir. Bhí blúire beag de thalamh gan daingean lastuaidh den iothlann, agus an Seanamhacha a tugtí air. Ní raibh aon cheart ag éinne seochas a chéile chun an tSeanamhacha, mar níorbh fhiú aon rud é. Bhí daoine ’na gcónaí i dtigh a bhí laistiar dár dtighne. De mhuintir Iarlaithe ab ea iad. Bhíodh géanna mhuintir Iarlaithe ar an Seanamhacha go minic. Bhí ar na géannaibh sin ganndal mór bán, “scafaire gléigeal ganndail*”, agus ní raibh an beithíoch allta san le fáil, san Aifric theas ná in sna hÍndiathaibh thoir ná in aon pháirt eile den domhan, a dh’fhéadfadh scannradh do chur i gcroí aon duine mar an scannradh do chuireadh an rógair ganndail sin im chroíse an uair sin. Nuair a thagann go cúinne na hiothlann agus nuair a chinn na géanna ar an Seanamhacha, do rithinn thar n-ais chómh gear agus do rithfeadh duine ó león buí nú ó león breac. Dá mbeadh na géanna i bhfad suas uaim d’fhanfainn tamall, b’fhéidir, ag féachaint orthu, ach bhíodh mo cheann cromtha agam agus me ar scáth na carraige sara bhfeiceadh an ganndal me. Uaireanta bhíodh radharc maith agam air agus gan aon radharc aige orm. Níorbh iúnadh an scannradh. Nuair a thógadh sé a cheann agus sheasaíodh sé suas díreach, bhíodh sé ní b’aoirde go mór ná mise. Do thuiginn uaireanta go bhfeiceadh sé me go maith, ach go mbíodh an bithiúnach á leogaint air ná feiceadh. Bhíodh a cheann cromtha aige agus é ag piocadh an fhéir ghlais, ach bhíodh ’ fhios agamsa go maith gur ag faire orm a bhíodh sé, agus ag feitheamh féachaint an raghainn amach ar an Seanamhacha, i dtreo go sínfeadh sé a mhuineál fada bán agus go rithfeadh sé chum chun me ’ dh’ithe. Do chuas amach ar an Seanamhacha aon uair amháin nuair a mheasas ná raibh sé féin ná na géanna ann in aon chor. Bhíodar ann i ganfhios dom. Níor thugas aon rud fé ndeara go dtí go bhfeaca chum é, agus a cheann chun an tailimh aige, agus a mhuineál sínte aige. Do bhéiceas agus do ritheas. Do rugas na cosa uaidh, ach b’ar éigin é. D’iompaigh sé thar n-ais agus d’aireófá míle ó bhaile é ag screadaigh agus ag maíomh as an ngaisce a bhí déanta aige. Do chonac agus d’airíos go minic ó shin an screadach chéanna agus an maíomh céanna ag teacht a ganndal nár ghé, a ganndal fir, mar gheall ar ghníomh ná raibh aon phioc níba chróga ná gníomh an ghanndail úd a bhí ar an Seanamhacha an uair úd.

Tá páirc ar aghaidh an dorais amach, agus “an pháirc sin amu*” a tugtí an uair sin uirthi. Bhí beárna ar aghaidh an dorais chun dul isteach sa pháirc sin. Do bhuaillinse amach, agus soir an bheárna san agus soir trí lár na páirce, uaireanta, nuair a bhíodh an ganndal ar an Seanamhacha. Ansan bhíodh radharc agam ó thuaidh ar an gCnuc mBuí, agus ar an gcaol, mar ar maraíodh ganndal eile i bhfad ’na dhiaidh san*, agus ar Ghleann Daimh, mar a raibh Tadhg na nUbh ’na chónaí; agus suas ar Charraigín an Radhairc, agus ar Thúirín an Chasúrlaigh, agus síos ar Pháirc na gCloch, agus ar Pháirc na Coise, agus ar Pháirc na hAbhann agus ar Pháirc na Gainímhe. Chuireas aithne orthu go

III: Rógairí

léir i ndiaidh ' chéile. Páircíní beaga bochta crua ab ea iad. Drochthalamh ab ea an áit go léir. Ach sara dtáinig an dubh ar na prátaí d'fhásaidís go maith in aon tsaghas tailimh, agus bia breá folláin flúirseach ab ea iad do dhaoibh nú do bhuaibh nú do chapaillibh, nú d'aon rud beó a dh'fhéadfadh bia a dh'ithe in aon chor. Bheadh bliain anois agus arís, b'fhéidir, agus thiocfadh meathlú ar na garraithibh, trí thiomacht aimsire, nú trí dhrochghaoith éigin, nú mar gheall ar ghalair éigin a bheadh ar an síol, i dtreó go bhfanfadh na prátaí rómhion, nú ná beadh aon ábhar acu sa talamh. Thabharfadh san bliain ghannachúiseach do dhaoibh. Bheadh "Conchúr Mór sa chúinne" ag á lán*. Ní fhanadh puinn d'aon tsaghas eile bídh sa tír. Pé gráinne arbhair a saothraítí do caití é ' dhíol, nú an chuid ba mhó dhe, chun an chíosa ' dhéanamh. Dheineadh daoine a ndícheall chun oiread de sna prátaibh miona do chimeád agus ' dhéanfadh an garraí do chur i gcómhair na haithbhliana. Ansan, b'fhéidir, do thiocfadh an aimsir go rafar i gcaitheamh na haithbhliana. D'fhásfadh na garraithe go saibhir, chómh saibhir sin go mbeadh na clasa dúnta ins gach aon gharraí i gcaitheamh an tsamhraidh, agus brat trom de bhláthannaibh bána orthu i ndeireadh an tsamhraidh, agus prátaí nua le fáil iontu oíche Lúnasa, lán sciathóige fé gach aon ghas, agus nár ith duine riamh isteach 'na bhéal bia dob fheárr ná iad. Ansan ní chuímhneódh éinne an chuid eile den bhliain sin "ar *July* an chabáiste".

Is é cúis 'na dtugtí "*July* an chabáiste" ar an mí sin, ná so—Nuair a thagadh drochbhliain ní bhíodh aon rud le n-ithe ag daoibh ach an cabáiste i gcaitheamh an mhí sin, i dtreó nuair a thagadh oíche Lúnasa agus na prátaí nua, go mbíodh árdáthas ar gach éinne deireadh ' bheith le "*July* an chabáiste".

Nuair a bhíodh mo chuaird tabhartha agam tríd an bpáirc a bhí ar aghaidh an dorais amach, do théinn soir sa pháirc a bhí lastoir di. An Pháirc Dhronnach a tugtí ar an bpáirc sin, mar bhí sí árd 'na lár fé mar a bheadh dronn uirthi. Is dó' liom gur ón árdán san atá i lár na páirce dronnaí sin a fuaras an chéad radharc síos ar an bpáirc mbeú agus ar chnapóigín páirce atá laistíos di go dtugtí "Árd Phádraig" uirthi. Ní fheadar cad 'na thaobh gur tugadh "Árd Phádraig" uirthi, murab amhlaidh a mheas duine éigin go raibh deallramh éigin aici leis an Árd Phádraig úd atá lastuaidh den Bheárnain Dearg i gCúntae Luimní. Pé'n Éirinn é, bhí aithne mhaith agamsa ar an Árd Phádraig a bhí 'nár gcuid tailimh féin i bhfad sarar chuireas eólas ná aithne ar an Árd Phádraig eile.

Is dó' liom, leis, gur im sheasamh ar lár na Páirce Dronnaí a bhíos, im sheasamh ar bharr na druinne, nuair a leogas mo shúil an chéad uair riamh ar Dhaingean na Saileach. Siar ó dheas uaim is ea ' chonac an daingean san, agus is é a bhí ag féachaint go garbh agus go goirgeach agus go míchothromach. Níor mhiste daingean a thabhairt air. Níor dhó' le duine go bhféadfadh aon rud beó dul isteach air; agus dá dtéadh rud isteach i measc na gcarraigreach san ná beadh aon bhreith aige ar theacht amach go deó astu, táid siad chómh míchuíosach san, chómh hannspianta san. Ach cad 'na thaobh gur tugadh Daingean na Saileach air? Ní raibh oiread agus an meathán ba shuaraí de shlait sailí ná de shlait fuínseóige ná d'aon tsaghas eile slaite le feiscint ar na carraigreachaibh géara glasa loma atá air, ón gceann thuaidh de go dtí an ceann theas, ná óna mhullach go dtí a bhun. Bíodh, áfach, go raibh san mar sin an chéad lá a fuaras-sa radharc siar air ó lár na Páirce Dronnaí, do hínseadh dom 'na dhiaidh san ná raibh na carraigreacha chómh nochtaithe sin i gcónaí. Duairt fear liom a bhí trí fichid blian d'aois nuair a rugadh mise, go raibh Daingean na Saileach clúdaithe go breá le coílltibh nuair a bhí sé féin 'na gharsún, agus ná beadh bac air dul ón gceann thuaidh go dtí an ceann theas den chnuc ar ghéagaibh crann, gan aon chos leis do chur ar an dtalamh. Do leagadh an t-adhmad, ach do lean an ainm, Daingean na Saileach, ar an gnuicín.

Nuair a bhíodh gort sa pháirc ar aghaidh an dorais amach, ní fhéadainn dul amach inti ná dul tríthi

III: Rógairí

soir, mar bhíodh an t-arbhar ní b'aoirde go mór ná me féin, agus do raghainn amú ann. Ansan, nuair a bhíodh an gort bainte ní fhéadainn dul soir tríd an bpáirc, mar bhíodh na coínliní agus na briogadáin sa choinleach, agus do phriocfaidís mo chosa. Ní bhíodh bróga ar aon leanbh an uair sin, ná ar aon daoine óga. Ar dhaoine a bhíodh éirithe suas féin ní bhíodh bróg ná stoca ach amháin Dé Domhnaigh, nuair a bhídís ag dul go dtí an tAifreann, nú an lá a bheidís ag dul in áit éigin as baile. Bhíodh a rian air, bhíodh cosa crua folláine acu gan beann ar fhuacht. Anois ní foláir bróga do chur ar chosaibh an linbh i bhfad sara bhféadann sé siúl ná cos do chur ar an dtalamh in aon chor. Fágann san cosa leice ag á lán acu, leiceacht cos a leanann díobh i gcaitheamh a saeil. B'fheárr an tseanashlí.

Is cuímhin liom lá áirithe, nuair a bhíos, is dó' liom, trí bliana dh'aois. Bhí gort nú coínleach sa pháirc a bhí ar aghaidh an tí amach, i dtreó go mb'éigean dom fanúint istigh. Bhí bata agam agus me ag marcaíocht an bhata síos agus suas ar fuid an úrláir, mar dhea gur chapall an bata. Chonac a lán daoine iasachta amu' sa chlós agus iad ag cogarnaigh agus ag cainnt. Thuigeas go raibh duine mór éigin ag teacht agus go rabhadar ag feitheamh leis. D'airínn anois is arís an focal "an máistir," agus "Mr. Saunders". Fé dheireadh do tháinig duin' uasal mór beathaithe isteach, agus do shuigh sé ar chathaoir i lár an tí, agus do líon na daoine iasachta go léir isteach 'na dhiaidh. Bhí m'athair ar dhuine den mhuintir a tháinig isteach. Is é do chuir an chathaoir i lár an tí don duin' uasal chun go suífeadh sé uirthi. Ní raibh focal a héinne. Ní bhíodh scáth ná eagal orm féin an uair sin roim aon tsaghas duine, uasal ná íseal, murarbh ionann is roimis an nganndal úd. Siúd anonn me agus do sheasaíos ar aghaidh an duin' uasail amach.

"Good morrow, Mr. Saunders!" arsa mise leis, go fáilteach.

"Oh, good morrow, boy! good morrow, boy!" ar seisean, agus do rug sé ar ghualainn orm agus tharraig sé chuige me go rabhas idir a dhá ghlúin aige.

"Tell me, my boy," ar seisean, "did you eat any meat today?"

"Don't you know," arsa mise, láithreach bonn, "that I ate a piece of a goose long ago, when it was Christmas!"

Mheasas go dtitfeadh an t-anam tur te as a raibh láithreach le neart gáirí. Do ghéill an duin' uasal féin, leis, agus do scaoil sé uaidh me.

Is cuímhin liom an méid sin anois chómh maith, chómh glan, agus dá mba inné nú seachtain ó shin a thitfeadh sé amach. Is cuímhin liom, leis, go dianmhaith an iúnadh a tháinig orm nuair a chonac ag cur an anama amach ag gáirí iad go léir, agus ná feaca féin go raibh aon chúis gháirí sa méid aduart. Tháinig lá, tamall 'na dhiaidh san, agus do thuigeas go hálainn cad a chuir ag gáirí iad.

Chun an chíosa d'árdú orthu go léir is ea ' tháinig an "máistir" an uair sin. Nuair a chuir sé chúmsa an cheist i dtaobh na feóla is amhlaidh a bhí sé ag lorg leathscéil. Dá n-abrainnse gur itheas feóil an mhaidean san, nú inné roimis sin, nú seachtain roimis sin, do bheadh an leathscéal a bhí uaidh aige. D'fhéadfadh sé a rá, "Bíonn feóil le n-ithe agaibhse gach aon tseachtain. Taispeánann san go bhfuil mo chuid tailimhse agaibh róshaor. Caithfidh sibh tuilleadh cíosa ' thabhairt dom". Ach nuair ná raibh ag an leanbh le maíomh ach gur ith sé smut de ghé fadó nuair a bhí an Nollaig ann, do baineadh na cosa glan ó aon leathscéal chun cíosa d'árdú. Sin é an rud a chuir ag gáirí iad go léir. Do ghéill an duin' uasal féin, ach is dó' liom gurbh í "gáire Sheáin dóite" an ghéire a dhein sé. Do

III: Rógairí

scaoil sé uaidh me tapaidh go maith ar aon chuma. Níor theastaigh a thuilleadh den ghé uaidh.

Ní dó' liom gur fhéad sé an cíos a dh'árdú an uair sin. Bhí léas ag na tineóntaithibh ar an dtalamh. Níorbh uiriste an cíos a dh'árdú orthu go dtí go dtitfeadh an léas. Mar sin féin áfach, léas mí-ámharach ab ea é. Léas i bpáirt ab ea é. Thug san ana-bhúntáiste don mháistir. Dá bhfágadh duine de sna tineóntaithibh a chíos gan díol, d'fhéadfadh an máistir a chur ' fhiachaibh ar an gcuid eile é ' dhíol thar a cheann.

Sa bhliain d'aois an Tiarna míle ocht gcéad a haon, (1801) is ea do deineadh an léas. An uair sin díreach is ea ' bhí "aimsir Bhonaparte" ag tosnú. Níorbh fhada go raibh airgead mór le fáil ar gach aon rud a bhí ag an bhfeirmeóir le díol. Do thuig an máistir an méid sin, agus bhí a chroí briste mar gheall ar an léas a bheith ann dhá chosc ar aon árdú cíosa. Do chrom sé féin agus an *t-agent* a bhí aige ar an uile shaghas uisce-fé-thalamh a dhéanamh féachaint an bhféadfaidís an léas do bhriseadh. Sid í an tseift ar ar shocraíodar* chuige sin. Bhí ar na tineóntaithibh aon duine amháin ná bíodh a chíos ollamh aige nuair a bhíodh sé ag glaoch. Do scaoileadh leis ar feadh roinnt blianta go dtí go raibh sé mórán i ndiaidh lámha. Ansan do héilíodh ar an gcuid eile an cíos a bhí ar an bhfear san. D'éirigh ana-chlampar dlí mar gheall air sin. Ní dhíolfadh an chuid eile cíos an fhir sin. Níor bheag le gach éinne a chíos féin do dhíol. Do mheas an máistir go bhféadfadh sé an léas do bhriseadh mar gheall air sin. Tar éis mórán costais agus mórán clampair do dhíoladar é, agus do thug an dlí dhóibh talamh an fhir sin go dtí go mbeadh a gcuid féin fála thar n-ais acu as an dtalamh. Tamall 'na dhiaidh san d'éirigh clampar eile den tsaghas chéanna. Ní cuimhin liom go raibh an áit aon lá riamh gan clampar den tsórd san go dtí gur thit an léas san, tímpall na bliana 1874. Do hárdáíodh an cíos ansan i bhfeirmitíbh. Ach níor díoladh puinn riamh den chíos árd san. D'fhan an chuid ba mhó dhe gan díol go dtí go dtáinig an stailc úd a cuireadh suas i gcoinnibh cruachíosa.

Tá a gcuid tailimh ceannaithe amach anois, fé sna dlíthibh nua so, ag cláinn na ndaoine a thug an aimsir úd go léir ag troid i gcoinnibh na héagóra.

IV: Clampar Dlí

Is cuimhin liom, agus me ana-bheag, bheith im shuí sa chúinne in aice na tine tráthnóna géimhrídh. Bhí seana-Dhiarmaid Ó Laeire, driotháir athar dom athairse, 'na shuí ar chathaoir lasmu' dhíom ar an dtaobh gcéanna den tine. Dá chómhartha san féin bhí gadhar leis a tháinig in éineacht leis, 'na luí istigh idir chosaibh na cathaoireach. Thagadh sé féin agus an gadhar go minic mar sin chúinn, nuair a bhíodh na hoícheanta fada ann, agus thugadh sé tamall de thosach na hoíche ag cainnt agus ag ínsint seanascéalta. An oíche seo adeirim do tharla dho bheith ag trácht ar an gcéad clampar dlí a dh'éirigh i measc na dtineóntaithe mar gheall ar an léas a bheith i bpáirt acu. D'éirigh an clampar san i bhfad sara dtánagsa ar an saol. Ní raibh m'athair ach 'na leanbh nuair ' éirigh sé. Bhí duine de sna tineóntaithibh 'na chónaí ar an dtaobh thuaidh den chnuc, ag bun na faille ar a dtugtar Faille na bhFiach. Leaba Dhiarmada a tugtar ar an dtaobh san den chnuc, agus Lios Caragáin ar an dtaobh theas, mar a rabhamair féin 'nár gcónaí.

Bhí an léas roinnt blianta ar bith. Bhí an t-airgead breá mór dá fháil ar gach aon rud, mar gheall ar chogaibh Bhonaparte. Bhí an "máistir" go cráite canncrach toisc gan neart a bheith dho an cíos d'árdú. Is é rud ar ar shocraigh sé féin agus a reachtaire ná scaoileadh leis an dtineóntaí a bhí ar Leaba Dhiarmada agus gan aon leathphinge cíosa d'éileamh air ar feadh i bhfad. Do leogadar orthu gur le trua dho a dheineadar é. Ní bhíodh an cíos aige nuair a bhíodh sé ag glaoch agus an chuid eile ag díol, agus do leogaidís orthu nár mhaith leo bheith dian air. Nuair a bhí oiread amu' aige agus gur dhó' leo go ndiúltódh an chuid eile d'é dhíol tar a cheann do chomáineadar an dlí ar siúl. Do

IV: Clampar Dlí

chosain an chuid eile an bás. Tar éis mórán trioblóide agus mórán costais do bhuadar ar an máistir. Do dhíoladar an cíos thar cheann an fhir a dh'fhan siar, ach do tugadh dóibh úsáid na feirme a bhí aige sin go dtí go mbeadh a gcuid féin acu thar n-ais aisti. Ansan is ea d'éirigh an toirmeasc ar fad. Ní thabharfadh fear na feirme talamh ná airgead dóibh. B'éigean dóibh gabháil trí chúrsa eile dlí chun é ' chur a seilbh, agus nuair a bhí údarás dlí acu chun na sealbha, b'éigean dóibh féin dul agus é ' chur amach, nú é ' ghabháil 'na phríosúnach, gan aon chúnamh ó armáil na ríochta.

Do chruinnigh cuallacht díobh. Bhí cuid acu luath láidir óg. Bhí fear díobh go raibh an-urchar ciotóige aige. Aon rud go gcaithfeadh sé cloch leis as an gciotóg do bhuailfeadh sé é. Dónall Ó Tuathaigh ab ainm do. Ní raibh aon arm tine acu. Thugadar aghaidh ar an dtigh. Sarar thánadar ró-achomair don tigh tháinig an fear a bhí uathu amach agus gunna aige. Do stad* cuid acu nuair a chonacadar an gunna. D'aimsigh Dónall Ó Tuathaigh dhá chloich, cloch ins gach lámh leis. Do shiúlaigh sé go réidh i dtreó an fhir go raibh an gunna aige. Do thóg seisean an gunna agus shín sé i dtreó Dhónaill é. Níor staon Dónall. Do shiúlaigh sé cos ar chois i dtreó an ggunna. Theastaigh ó Dhónall teacht i ngiarracht faid a urchar féin d'fhear an ggunna. Nuair a fuair fear an ggunna ag teacht ró-achomair do é, do ghoibh sé amas cruinn air, agus tharraig sé an tricear. Do bhuail an casúr a bhuille, ach do theip tine. Do lean Dónall ag teacht. Do thóg an fear eile an gunna arís agus thug sé iarracht eile ar an urchar do chaitheamh. Do theip tine an tarna huair. Do theip tine an tríú huair. Fé dheireadh bhí Dónall chómh hachomair agus ' theastaigh uaidh ' bheith. Do chaith sé urchar na ciotóige. Do haimsíodh fear an ggunna i gclár a éadain leis an gcloich díreach sara raibh uain aige ar a mhéar do luí ar an dtricear an ceathrú uair*. Do thit sé. Do tógadh uaidh an gunna agus do ceangladh é. Nuair a tháinig sé chuige féin bhí sé istigh i gcarra trucaileach agus iad san dhá bhreith leó go Magh Chromtha 'na phríosúnach.

Ní raibh de stoc acu le tabhairt leó as an áit ach cúpla seanachaíora. Bhíodar ag gabháil síos Bóthar na Cathairíneach agus an dá sheanachaíora rómpu amach, agus an gunna 'na lámh ag duine acu. Bhíodar deimhnitheach go raibh an gunna folamh agus gurbh in é cúis 'nar theip tine na trí huair as a chéile. Thuigeadar ná raibh ón bhfear ach eagla ' chur orthu; ná raibh aon aidhm aige ar éinne do mharú. D'éirigh aighneas éigin eatarthu. Bhí an t-aighneas ag dul i ngéire. Do thóg an fear go raibh an gunna 'na lámh aige, do thóg sé an gunna le spórt, mar dhea chun an aighnis do chosc. "Eist do bhéal nú lámhfad thu!" ar seisean le duine den bheirt a bhí ag déanamh an aighnis. Bhí a mhéar ar an dtricear. Do luigh sé ar an dtricear. Le linn luí ar an dtricear do do bhuail fear eile lámh ar bhairille an ggunna agus d'iompaigh sé i leataoibh é. Do ghluais an t-urchar 'na lán-neart agus do thit ceann de sna caoire marbh ar an mbóthar!

Bhí iúnadh agus alltacht orthu go léir. Ní raibh aon choinne acu ná go raibh an gunna folamh. Do chaith an fear go raibh an gunna 'na lámh aige, chaith sé é féin ar ghealacán a dhá ghlún* ar an mbóthar ag breith a bhaochais le Dia nárbh é an duine a bhí marbh aige in inead na seanachaeireach. Agus b'é duine ' bheadh marbh aige é* ná an Dónall Ó Tuathaigh céanna do bhí tar éis an phríosúnaigh do leagadh tamall beag roimis sin leis an gcloich a chaith sé as an gciotóg leis.

"Airiú, a chrochaire", ar siad go léir leis an bpríosúnach, "do mheasais dáiríribh Dónall Ó Tuathaigh do lámhach!"

Níor labhair an príosúnach focal. D'iompaíodar air agus do geóifí go maith air mura mbeadh Dónall Ó Tuathaigh dhá chosaint.

Do rugadh síos go Magh Chromtha é, agus do cuireadh trí pé cúrsaí dlí a bhí riachtanach é. Do

IV: Clampar Dlí

dhíol duine éigin de sna tineóntaithibh an cíos a bhí ar an bhfeirm agus do tugadh do an fheirm go dtí go mbeadh a chuid féin thar n-ais aige aisti.

Bhíos-sa ag éisteacht leis an méid sin scéil agus me sáite istigh sa chúinne, agus níor chuaigh aon fhocal den scéal amú uaim; agus ní raibh oiread agus aon fhocal amháin dár tháinig chúm gur ghá dhom a dh'fhiafraí cad é an brí a bhí leis. Thuigeas an chainnt chómh cruinn agus do thuig seana-Dhiarmaid féin í.

Lá éigin tímpall na haimsire céanna bhí beirt fhear ag obair thíos i bPáirc na gCloch. Ní cuimhin liom anois ceocu ag cur phrátaí a bhíodar nú ag baint phrátaí. Bhíos féin ann, leis. Bhíos im sheasamh ar a n-aghaidh amach ag éisteacht leo agus iad ag cainnt. Is iad beirt a bhí ann ná Labhrás Ó Duinnín agus fear 'narbh ainm do Mícheál Ó Laeire. Firín ana-bheag, ana-dhubh, ab ea é, agus Mícheál Dubh a tugtí air. Pé cainnt a bhí ar siúl acu measaim gurb amhlaidh nár mhaith leo mise ' bheith ag éisteacht chómh géar leis an gcainnt. Chaitheadar uathu an chainnt, agus d'iompaíodar ormsa.

“Sea anois, a Pheadair”, arsa Mícheál Dubh, “ceocu againn is measa leat?”

“Is measa leis mise”, arsa Labhrás.

“Thugais d'éitheach, ní measa”, arsa Mícheál; “is measa leis mise”, ar seisean.

“Deirimse gur bréag dhuit sin”, arsa Labhrás; “is measa leis mise”.

“Cuirfidh mé geall leat”, arsa Mícheál, “gur measa leis mise”.

“Sea, a Pheadair”, arsa Labhrás, “ceocu againn is measa leat?”

“Is measa liom tusa”, arsa mise, “agus is féarr liom Mícheál”*.

Do stad an bheirt agus d'fhéachadar orm. Ansan d'fhéachadar ar a chéile, agus do sceartadar ar gháirí.

“Airiú, nách géarchúiseach an bioránach é!” arsa Labhrás.

“Is áit an freagra é”, arsa Mícheál Dubh. “Is measa leis tusa agus is féarr leis mise!”

Lena linn sin d'fhéach Labhrás anonn i dtreo a thí féin a bhí thall ar mhullach na ré. Bhí gáirdín beag cabáiste aige thall ar aghaidh an tí amach. Bhí cúpla gabhar aige thall, leis. Do tharla, nuair ' fhéach sé anonn, go raibh an dá ghabhar 'na seasamh in aice chlaí an gháirdín, lasmu' den chlaí, ach gur dhó' le duine ' dh'fhéachfadh orthu ó Pháirc na gCloch, go rabhadar laistigh den chlaí. Cheap Labhrás bocht gur laistigh a bhíodar agus ná fágfaidís aon bhlúire den chabáiste gan ithe. Chuir sé a mhéar 'na bhéal agus do leog sé fead bhreá láidir bhínn ar an muintir thall. Ní raibh aon mhaith dho ann; níor airigh éinne é. Do leog sé fead eile. Níor tháinig éinne amach as an dtigh.

“Ó, a chreach láidir é! mo gháirdín breá! Beidh sé ite! beidh sé ite!” ar seisean.

Siúd anonn é agus é ag rith. Nuair a shrois sé an áit thall fuair sé gur lasmu' den chlaí a bhí na

IV: Clampar Dlí

gabhair, agus ná raibh aon bhlúire díobhála déanta don gháirdín.

V: Dhá Arm Aigne

Ag féachaint siar dom anois ar an saghas Gaelainne a bhí dá labhairt im thimpall ins gach aon bhall an uair sin, agus dhá cur i gcúmparáid dom leis an nGaelainn a dh'airínn 'na dhiaidh san in áiteannaibh eile, téann sé 'na luí go daingean ar m'aigne go raibh sí níos féarr agus níos cruinne agus níos slachtmhaire, agus 'na theannta san níos treise mar arm aigne, ná aon tsaghas Gaelainne dár airíos riamh ó shin, a béalaibh daoine ná a leabhraibh. Dhá cur i gcúmparáid dom le teangthachaibh eile, le Laidean nú le Gréigis nú le Frainncis, fé mar a dh'fhoghlamaíos roinnt díobh 'na dhiaidh san, téann sé 'na luí ar m'aigne, gurbh fheárr d'arm aigne í ná aon teanga acu. B'fhéidir go raibh an Ghréigis ní b'fheárr ná í nuair a bhí an Ghréigis beó agus muintir na Gréige dhá labhairt, ach ní raibh ar mo chumas-sa an chúmparáid a dhéanamh ach amháin idir mo Ghaelainn bheó féin agus an Ghréigis a fuaras in sna leabhraibh; agus chómh fada agus ' chuaigh an chúmparáid sin bhí an bua ageam Ghaelainn féin. Is dócha go ndéarfadh duine a tógadh in áit eile, nú i gcúig' eile, in Éirinn, an rud céanna i dtaobh Gaelainne na cúige gur tógadh é féin ann. Ach tá roinnt nithe againn chun an scéil do bhrath. Sarar fhágas-sa Lios Caragáin níor airíos riamh amach a béal duine na habartha so, .i. "tá mé"; "bhí mé"; "bhí siad". D'airínn i gcónaí "táim"; "bhíos"; "bhíodar", &c. Nithe beaga is ea iad san, ach is nithe beaga iad a thagann isteach go mion minic sa chainnt. Agus is slacht ar an gcainnt an módh dlúite seochas an módh scortha. Ar an gcuma gcéanna, is neamhshlacht ar an gcainnt an módh scortha seochas an módh dlúite. Dá éaghmais sin bíonn sa chainnt dhlúite neart agus fuinneamh nách féidir a bheith sa chainnt a bhíonn ag titim as a chéile.

Lasmu' ar fad den deifríocht san atá, i slacht agus i neart agus i bhfuinneamh, idir an chainnt go mbíonn a lán den mhódh scortha inti agus an chainnt a ghlacann mar rogha an módh dlúite, bhí sa Ghaelainn a bhí im thimpallsa deich mbliana agus trí fichid ó shin, tréithe chun nirt agus chun fuinnimh agus chun deisbhéalaí agus chun géire úrlabhra agus chun solasmhaire, nách féidir liom a dh'fháil anois in aon tsórd cainnte dá bhfuil ar siúl, i mBéarla ná i nGaelainn. Tá bárr á thabhairt don mhódh scortha sa Ghaelainn, agus módh scortha ar fad is ea an Béarla. Tá an Béarla titithe as a chéile ar fad.

Mura mbeadh an bhean úd a tháinig aduaidh agus do thug léi an ainm chúil le cine úd, ní bheadh "Peadar" mar ainm ormsa. B'fhéidir ná beinn ann in aon chor. Agus mura mbeadh gur díbreadh amach i measc na gnucc seana-Bharnabí agus a bheirt mhac, Diarmaid agus Peadar, ní bheadh an Ghaelainn agam, nú ní bheadh sí ar aon tslacht agam, agus ní bheinn dhá scrí' anso anois mar atáim. Táim ag déanamh mo dhíchill ar í ' chur síos im scríbhinn díreach mar a fuair mo chluas í ó dhaoine mar sheana-Dhiarmaid Ó Laeire agus mar Mhícheál Dubh, agus mar Mháire Rua, agus mar a hiníon, .i. Peig.

Ach má bhí caoi mhaith agam ar an nGaelainn a bheith agam ar áilleacht ón gcéad neómat 'nar thosnaigh cainnt ar theacht dom, bhí caoi mhaith agam, leis, ar Bhéarla ' bheith agam ar an áilleacht gcéanna díreach, ón gcéad neómat gcéanna. Seo mar a tharla san. Bhí, mar aduart, athair mo mháthar, Conchúr Ó Laeire, 'na chónaí ar an Mullach Rua, cheithre mhíle ó thuaidh ó Shráid an Mhuilinn. Bhí feirm mhór thailimh aige ann, agus talamh fóna ab ea é, murarbh ionann agus portaithe agus carraigreacha Lios Caragáin. Bhí féar daichead bó aige den talamh san, agus bhí sé acfuinneach neamhspleách go maith. In éaghmais é ' bheith acfuinneach, fear creidiúnach ab ea é go raibh meas ag uasal agus ag íseal air. Bean ana-chreidiúnach, i measc uasal agus íseal, leis, ab ea an bhean a bhí pósta aige, Neill Ní Icí, Neill ní Taidhg, iníon do Thadhg 'ach Aindriais a bhí thiar ar an

V: Dhá Arm Aigne

Athán, mar adúradh. Bhí cúigear mac acu agus triúr iníon. Do cuireadh tabhairt suas maith ar an gcláinn, 'sé sin fé mar a bhí caoi an uair sin ar aon ní i bhfuirm tabhairt suas do chur ar chláinn in Éirinn. Do cuireadh beirt den chláinn iníon, chómh luath agus ' bhíodar in aois chuige, siar go Cill Áirne ar scoil, agus do cuireadh beirt den chláinn mhac ar scoil Laidne. Do chuaigh duine den bheirt mhac san isteach sa choláiste 'na dhiaidh san chun beith 'na shagart. Nuair a bhí roinnt blianta caite sa choláiste aige do thuig sé in' aigne ná raibh an ghlaio fála aige ó Dhia chun beith 'na shagart, agus tháinig sé abhaile agus chrom sé ar scoil Laidne do mhúineadh i gCeann Tuirc. Tamall sarar fhág sé an coláiste fuair a athair bás. Ansan do tháinig an bheirt iníon abhaile ó Chíll Áirne. Do pósadh duine acu, Neill, le fear gurbh ainm do Risteárd Ó Laeire, a bhí 'na chónaí thiar ar Cnuc an Eireabail, chúig mhíle soir ó thuaidh ó Chíll Áirne. Chuaigh an iníon eile den bheirt soir go Ceann Tuirc ag triall ar a driotháir chun beith ag tabhairt cúnta dho sa scoil. I dteannta na nith' eile a múineadh di i gCíll Áirne do múineadh roinnt éigin Fraincise dhi. Ní dócha gur múineadh an Fhraincise di i dtreó go dtuigfeadh fear ón bhFrainnc í, ach do múineadh di í chómh maith agus do féadadh é. Nuair a chuaigh sí ag triall ar a driotháir agus bhí sí ag cabhrú leis sa scoil, is ag múineadh Béarla agus Fraincise a bhíodh sise, agus eisean ag múineadh na Laidne agus na Gréigise. Ansan, nuair a bhí sí cheithre bliana fichead nú mar sin, do pósadh í féin agus m'athair agus tháinig sí go Lios Caragáin.

Thug sí léi mórán leabhar, leabhair Bhéarla agus leabhair Fraincise*. Chómh luath agus ' bhíos-sa ábalta ar aon mhúineadh do ghlacadh do thosnaigh sí ar Bhéarla do mhúineadh dhom, agus ansan ar an bhFraincise do mhúineadh dhom, i dtreó go mbínn bodhar go minic ó dhaoine a thagadh isteach, nú do bhuaileadh umam amu', dhá iarraidh orm Fraincise do labhairt dóibh.

Pé saghas an Fhraincise, bhí an Béarla go bríomhar aici, ní b'fheárr go mór agus níba chruinne, agus níba chirt, ná aon Bhéarla do múintí in sna scoileannaibh. Ach ba chuma dhómhsa cad é an saghas Béarla do múintí in sna scoileannaibh, mar bhí na scoileanna rófhada uaim. An scoil ba ghiorra dhúinn bhí sí chúig mhíle mhóra uainn. Ba mhaith an bhail ormsa nárbh fhéidir dom dul ar an scoil sin. Dá mbeadh sí níba chongaraí dhúinn, is dócha, ní nách iúnadh, go dtabharfainn mo laethanta istigh inti; agus dá dtugainn, níorbh fhéidir dom gan an droch-Bhéarla do dhul i bhfeidhm ionam. B'éigean dom fanúint sa bhaile, agus pé múineadh a thug mo mháthair dom déanamh leis, go dtí gur neartaíos. Bhíos trí bliana déag sara ndeigheas isteach in aon scoil. Bhí a raibh de leabhraibh Béarla sa bhaile againn léite agus aithléite agam um an dtaca san. Chómh luath agus ' bhí ionam gabháil amach ag aeireacht na mbó, bhíodh pé leabhar ab fheárr a thaitheadh liom bhíodh sé agam amu' cois claí nú tuir nú sceiche agus me dhá lé'. 'Sé rud a tháinig as dom ná go raibh mórán de Mhilton agus de Shakespeare agus de Rudeki, (leabhar ná feaca riamh ó shin) de ghlanmheabhair agam.

Má bhí Béarla maith ageam mháthair agus tabhairt suas maith uirthi, bhí an Ghaelainn aici ar áilleacht, leis. Ní raibh tigh a hathar ach tímpall le ceathrú mhíle ó Chuilinn Uí Chaoimh. Bhí Gaelainn bhreá dá labhairt an uair sin i gCuilinn Uí Chaoimh agus ar fuaid Dhúth' Ealla go léir. Ní deirim ná go bhfuil Gaelainn mhaith le haireachtaint fós i gCuilinn. Ach tá sí nách mór caite uathu ag formhór mhuintir Dhúth' Ealla. Thugas féin tamall aimsire, bliain is dó' liom, i nDúth' Ealla, in aice Cheann Tuirc, breis agus deich mbliana is daichead ó shin. Bhí aos óg na háite an uair sin ag éirí suas agus gan aon fhocal Gaelainne acu, agus donas an scéil ar fad, an saghas Béarla a bhí acu níor airíos riamh roimis sin ná riamh ó shin aon chainnt chómh gránna leis. Nuair a bhínn ag éisteacht leo chuiridís coitianta i gcuímhne dhom an focal adeireadh Diarmaid Ó Muímhneacháin:

V: Dhá Arm Aigne

“Na daoine is lú ciall in Éirinn
Daoine gan Bhéarla gan Ghaelainn.”

I gCuilinn Uí Chaoimh a bhíodh Diarmaid 'na chónaí, agus is dócha gur thug sé fé ndeara na daoine óga ag caitheamh na Gaelainne uathu agus ag labhairt an Bhéarla ghránna bhriste.

Bhí ana-sheans ormsa pé'r domhan é. Bhí idir Bhéarla agus Gaelainn agam os cionn mo chliabháin. Mura mbeadh an áit 'nar rugadh agus 'nar tógadh me, áfach, ní bheadh an Ghaelainn agam, agus mura mbeadh an mháthair a tugadh dom ní bheadh an Béarla agam. Agus féach, mura mbeadh idir Ghaelainn agus Béarla do bheith agam mar atáid, ní bheadh aon bhreith in aon chor agam ar an obair a dhéanamh atá déanta agam. Pé feabhas fé leith a bheadh ar an mBéarla agam, ní thabharfadh sé aon chumas dom ar an nGaelainn do ghlacadh mar arm aigne agus do láimhseáil mar arm aigne. Is amhlaidh a bheadh an Béarla 'om chur amú sa láimhseáil sin. Pé feabhas fé leith a bheadh agam ar an nGaelainn bheadh an cur amú céanna aicise á dhéanamh orm i dtaobh an Bhéarla. Ach do fuaras greim fé leith ar gach arm den dá arm aigne, agus eólas fé leith ar conas gach arm acu do láimhseáil; ansan, in inead bheith ag cur a chéile amú orm, is amhlaidh a bhíd siad ag cabhrú lena chéile agam.

VI: An Gorta

Chómh luath agus ' bhíonn aon chiall ag teacht do leanbh is gnáth daoine ' bheith ag cur na ceiste chuige cad í an ghairm beatha ' bheadh aige nuair a bheadh sé mór. Is cuimhin liom go maith an cheist sin a bheith dhá cur chum féin go fiormhinic. Ní cuimhin liom go raibh aon fhreagra riamh agam le tabhairt ar an gceist ach an t-aon fhreagra amháin, .i. gur im shagart a bheinn. Bhí an méid sin socair os cómhair m'aigne ó thosach, agus ní cuimhin liom go raibh a mhalairt riamh os cómhair m'aigne, ná ní cuimhin liom cathain a thosnaigh m'aigne ar bheith dhá shocrú gur im shagart a bheinn nuair a bheinn éirithe suas.

Tá ' fhios agam go maith go mbíodh daoine ag déanamh magaidh den scéal, mar ba léir do gach éinne ná raibh in aon ghaobhar don ghustal riachtanach ageam athair chun tabhairt féna leithéid d'obair. Bhí ' fhios agam féin, leis, chómh luath agus ' tháinig aon tuiscint dom, ná raibh an gustal aige, agus níor chuir san me ó é ' bheith daingean im aigne gur im shagart a bheinn, pé cuma 'na dtiocfadh san chun cinn. Mura mbeadh an dubh a theacht ar na prátaí agus an drochshaol do theacht i ndiaidh an duibh, ní deirim ná go mbeadh sé ábalta ar an méid scolaíochta a bheadh riachtanach do thabhairt dom. Ach d'iompaigh an drochshaol gach aon rud taobh síos suas. Agus rud ab iúntach, is iad na feirmeóirí móra láidre do thit ar dtúis. An fear ná raibh aige ach an fheirm beag, féar sé nú seacht de bhuaibh, do chimeád sé a ghreim, agus an fear go raibh an fheirm mhór fhairseag aige do briseadh é go luath nuair a tháinig an t-athrú saeil. An té ná raibh aige ach an beagán níor chaill sé ach an beagán. Ní raibh an cíos mór ná na glaeite móra air roimhe sin. Bhí taithí aige ar mhaireachtaint gan iomarca rabairne. Níor ródheocair do cúbadh chuige beagáinín eile, agus na glaeite beaga d'fhreagairt gan iomarca cruatain do chur air féin. Ach an té go raibh an fheirm mhór aige bhí taithí ar an mbeatha chostasúil aige. Bhí sé neamhspleách an fhaid a fhreagair an fheirm. Nuair a tháinig an t-athrú, do stad toradh na feirme láithreach. Bhí an chailliúint rómhór, agus bhí an rabairne rómhór agus na glaeite rómhór. Níorbh fhéidir iad do fhreagairt agus do scuabadar dá bhonnaibh é. Is cuimhin liom go maith conas mar a dh'airinn an scéal nua dá insint agus iúnadh á dhéanamh de: “Ó! ar airís? Tá a leithéid seo briste! Tá a chuid tailimh in áirde. Tá sé féin imithe. D'éalaigh sé. Tá a chuid tailimh in áirde.”

Do hairítí go minic, “Tá a chuid tailimh in áirde”; ach ní hairítí in aon chor an uair sin, “Tá a chuid

VI: An Gorta

tailimh tógtha ag duine eile”. Ní raibh aon fhonn ar éinne talamh a thógaint. Na daoine a chailleadh a gcuid tailimh bhíodh an scéal go holl acu. Ní bhíodh bia ná creidiúint acu, agus ní bhíodh le déanamh acu ach dul a d’iarraidh déarca. Ní fada a bhíodh a d’iarraidh na déarca nuair a thagadh breóiteacht orthu agus gheibhidís bás. Ní bhíodh an taithí acu ar an ocras ná ar an gcrúatan, agus ní sheasaídís i bhfad nuair a thagadh an t-ocras agus an cruatan orthu. Go minic, nuair a bhíodh an t-ocras dian orthu, do chaithidís éirí agus gabháil amach agus aghaidh a thabhairt ar thigh cómharsan éigin a bhíodh, b’fhéidir, chómh dealbh leó féin, nú geall leis, féachaint an bhfaighidís lán béil de rud éigin le n-ithe a bhainfeadh an bhuile ocrais díobh.

Is cuimhin liom bheith, lá, agus me ocht mbliana dh’aois is dó’ liom, im sheasamh ag cúinne na hiothlann. Chonac bean ag gabháil chúm aníos an cnucán. Bhí sí coslomracha. Bhí sí ag siúl anaréidh agus bhí saothar uirthi mar ’ bheadh ar dhuine a bheadh ag rith. Bhí a béal ar leathadh i dtreó go raibh radharc agam ar na fiaclaibh agus í ag séideadh. Ach is é rud a chuir an iúnadh ar fad orm ná a cosa. Bhí a cosa ataithe i dtreó go raibh gach aon chos acu, óna glúinibh síos, chómh mór chómh ramhar le galún. Chuaigh an radharc san chómh daingean san in achrann im aigne go bhfuil sé os cómhair mo shúl anois chómh gléineach agus ’ bhí sé an lá san, bíodh go bhfuil timpall chúig bliana agus trí fichid ó shin ó chonac é. Bhí an bhean san neamhspleách neamhanngarach go maith go dtí go dtáinig an dubh ar na prátaí.

Bhíos lá eile, ní fheadar an roimis siúd nú ’na dhiaidh é, istigh ’nár dtigh féin im sheasamh ar lic an tínteáin. Tháinig buachaill an doras isteach. Chonac an aghaidh a bhí air agus an sceón a bhí ’na dhá shúil, sceón ocrais. Tá an aghaidh sin agus an dá shúil sin os cómhair m’aigne anois chómh glan chómh soiléir agus ’ bhíodar an lá san nuair ’ thugas an t-aon fhéachaint amháin sin orthu. Thug duine éigin cannta aráin do. Thug sé snap ar an arán agus thug sé a dhrom linn agus a aghaidh ar an bhfalla, agus sháigh sé an t-arán ’na bhéal, agus dhírigh sé ar an arán ’ dh’ithe le hairc i dtreó gur dhó’ leat go dtachtadh sé é féin. Níor mheasas an uair sin go raibh aon iúnadh rómór agam á dhéanamh de féin ná den airc a bhí air chun an aráin; ach d’fhan an radharc im aigne, agus fanfaidh an dá lá ’s ’n fhaid a mhairfead*.

Is cuimhin liom tráthnóna éigin i gcaitheamh na haimsire sin agus na daoine ag rith isteach ’s amach agus iad ag cainnt. Sa gheimhreadh ab ea é. Bhí an oíche tar éis titim. D’airíos an focal, “Thíos ag Carraigín an Easaigh is ea ’ dh’airíos an liú!” “Sin é arís é!” arsa duine eile, agus do ritheadar go léir amach. Tamall ’na dhiaidh san thánadar isteach arís agus seandúine bocht acu eatarthu. Chuireadar ’na sheasamh ar an úrlár é. Is ar éigin a bhí sé ábalta ar sheasamh. Bhíos-sa ar a aghaidh amach agus radharc agam ar a cheannathaibh. Bhí a bhéal ar leathadh agus a bheoil tarraicthe, síos agus suas, i dtreó go raibh na fiacla, an méid a bhí aige dhíobh, nochtaithe. Chonac an dá starrfhiacal mhóra fhada bhuí ’na bhéal agus an sceón ’na dhá shúil agus an scannradh ’na ghnúis. Chím anois iad chómh maith agus do chonac an uair sin iad. Cómharsa dob ea é. Is amhlaidh a chomáin an t-ocras amach é féachaint an bhféadfadh sé aon rud le n-ithe ’ dh’fháil. Chuaigh an fear bocht amú ar fuaid an phortaigh a bhí laistíos de Charraigín an Easaigh. Nuair a fuair sé é féin ag dul amú tháinig eagal air go dtitfeadh sé i bpoll éigin agus go mbáfi é. Níor dhein sé ach stad agus cromadh ar liúreach. Béas ab ea é sin an uair sin ag daoine a bheadh ag dul amú. Bhí liú áirithe chuige, agus do thuig gach éinne conas an liú san do chur suas, i dtreó nuair a haireófi an liú go mbeadh ’ fhios ag gach éinne a dh’aireódh é cad é an brí ’ bheadh leis, agus go gcrúinneódh na daoine fé dhéin an té ’ bheadh ag dul amú.

Bhí stábla beag ag ceann an tí againn. Tháinig duine bocht ’narbh ainm do Pádraig Ó Buachalla agus do tugadh bheith istigh sa stábla dho féin agus dá mhnaoi agus do bheirt leanbh a bhí acu.

VI: An Gorta

D’fhanadar sa stábla ar feadh roinnt seachtainí; bhí bothán beag acu féin ’na dhiaidh san. Síle ab ainm don té ba shine den bheirt leanbh. Bhí buachaill aimsire againn agus Conchúr ab ainm do. D’airíos Síle lá ag cainnt leis.

“A Chon,” ar sise.

“Teacht, a Shíle,” arsa Con.

“Níl aon chainnt agamsa anois,” ar sise.

“Airíú, cad eile cad ’tá agat*, a Shíle?” arsa Con.

“Tá Béarla,” ar sise.

“Airíú, cad é an Béarla ’ fhéadfása ’ bheith agat?” arsa Con.

“Béarla Pheadair agus Sheáinín Philib,” ar sise. Duine bocht a bhí i mbothán in aice na háite ab ea Seáinín Philib.

“Agus ar ndóin is cainnt Béarla, a Shíle,” arsa Con.

“Cainnt Béarla!” ar sise, agus iúnadh uirthi. “Ar ndóin,” ar sise, “dá mb’ea, do tuigfí é!”

Bhí máthair Shíle lá agus mám gairbhéil aici sa chorcáinín tónleathan go ndeineadh sí an císte do bhácáil ann, bÁCús a tugtar air. Bhí sí ag sciúradh agus ag sciomar an bhácúis bhig, istigh ann, leis an ngairbhéal.

“Ó, a Mham!” arsa Síle, “an amhlaidh a chuirfir an gairbhéal sa chísté?”

“Is amhlaidh, a Shíle,” arsan mháthair.

Siúd amach Síle. Chonaic sí Con.

“Ó, a Chon,” ar sise, “cad a dhéanfaimíd? cad a dhéanfaimíd in aon chor?”

“Cad ’tá anois ort, a Shíle?” arsa Con.

“Tá,” ar sise, “gairbhéal glas a bheith ageam mháthair á chur sa chísté dhúinn, agus ní fheadar ’en tsaol conas ’ fhéadfaimíd an císte ’ dh’ithe. Brisfar ár bhfiacal go léir. Tá cuid de sna clocha sa ghairbhéal ana-mhór. Ní fágfar fiacal i gceann éinne againn. Ach is cuma do Dhiarmaidín é. Níl aon fhiacal in aon chor aige fós.”

Driotháir beag óg a bhí ag Síle ab ea Diarmaidín. Siúd isteach Con go bhfeicfeadh sé cad a bhí ag máthair Shíle á dhéanamh. Nuair a chonaic sé cad é an gnó a bhí den ghairbhéal bhí spórt acu.

Tháinig an gorta, agus b’éigean do Shíle agus dá hathair agus dá máthair agus do Dhiarmaidín imeacht síos go Magh Chromtha agus dul isteach i dtigh na mbocht. An túisce ’na rabhadar istigh ann do scaradh iad go léir lena chéile. Do cuireadh an t-athair i measc na bhfear. Do cuireadh an

VI: An Gorta

mháthair i measc na mban. Do cuireadh Síle i measc na gcailíní mbeag. Agus do cuireadh Diarmaidín i measc na leanbh óg. Bhí an tigh go léir, agus a raibh de dhaoine bochta ann, múchta le gach aon tsaghas drochbhreóiteachtaí. Na daoine, chómh tiubh agus 'thagaidís isteach nách mór, ag titim le héagruas, slán mar a n-íntear é, agus iad ag fáil bháis chómh tiubh agus 'thagadh an galar orthu. Ní bhíodh slí dá leath sa tigh. Ní dheinidís, an méid ná féadadh dul isteach díobh, ach dul agus iad féin do shíneadh ar phort na habhann ar an dtaobh thíos den droichead. Do chítí ansan iad gach aon mhaidean tar éis na hoíche, agus iad sínte 'na sraitheannaibh ann, cuid acu ag corraí agus cuid acu socair go leór, gan aon chor acu á chur díobh. Do tagtí ar ball agus do tógtí an chuid acu ná bíodh aon chor acu á chur díobh, agus do curtí isteach i dtrucailibh iad agus do beirtí suas iad go háit in aice Charraig an Staighre mar a raibh poll mór leathan doimhinn ar oscailt dóibh, agus do curtí síos sa pholl san i dteannta 'chéile iad. Do deintí an rud céanna leis an méid a bhíodh marbh istigh sa tigh díobh tar éis na hoíche.

Ní rófhada, tar éis dul isteach dóibh, agus tar éis scarúint lena mháthair do, go dtáinig an bás ar Dhiarmaidín. Do caitheadh in áirde ar an dtrucail an corp beag agus do rugadh suas go dtí an poll mór é, agus do caitheadh isteach ann é i dteannta na gcorp eile. Ach ba chuma don leanbh é. Bhí a anam thuas i láthair Dé, in aoibhneas, i bhfad sarar caitheadh a chorp sa pholl. Níorbh fhada gur lean Síle Diarmaidín. Chuaigh a corp óg sa pholl, ach chuaigh a hanam suas mar a raibh Diarmaidín, i láthair Dé, in aoibhneas na bhflaitheas, mar a raibh sólás aici agus cómhluadar naomh agus aingeal, agus cómhluadar na Maighdine Muire, agus cainnt a bhí níos feárr go mór ná “Béarla Pheadair agus Sheáinín Philib”.

Bhí an t-athair agus an mháthair ag fiafraí agus ag ceistiúchán chómh minic agus d'fhéadadar é i dtaobh Shíle agus Dhiarmaidín. Ní raibh an bheirt i bhfad tar éis bháis nuair 'airíodar é. Bhí an Ghaelainn ag na daoine bochta go léir. Ní raibh sí ag na huachtaránaibh, nú ní raibh sí acu ach go holc. D'fhéadadh na daoine bochta eólas d'fháil ar a chéile go minic i ganfhios do sna huachtaránaibh. Chómh luath agus 'fuair an t-athair agus an mháthair go raibh an bheirt leanbh tar éis bháis, tháinig a leithéid sin de bhuairt agus d'uaigheas orthu ná féadfaidís fanúint san áit. Bhíodar deighilte óna chéile, ach fuaradar caoi ar fhocal éigin do chur chun a chéile. Shocraíodar ar éaló as an áit. Cáit ab ainm don mhnaoi. Do shleamhnaigh Pádraig amach as an dtigh ar dtúis. Do stad sé thuas i mbarra Bhóthair na Sop ag fanúint le Cáit. I gcionn tamaill do chonaic sé ag teacht í, ach bhí sí ag siúl ana-réidh. Bhí an bhreóiteacht uirthi. Chomáineadar leó suas i dtreo Charraig an Staighre. Thánadar chun na háite 'na raibh an poll mór. Bhí 'fhios acu go raibh an bheirt leanbh thíos sa pholl san i measc na gcéadta corp eile. Do stadadar in aice an phuill agus ghoileadar a ndóthain. Thuas ar an nDoire Liath, lastoir den Chathairín, a bhí an bothán 'na rabhadar 'na gcónaí ann sara ndeigheadar isteach i dtigh na mbocht. D'fhágadar an poll mór, agus thugadar aghaidh siar ó thuaidh ar an nDoire Liath, mar a raibh an bothán. Bhí an áit sé mhíle 'shlí uathu, agus bhí an oíche ag teacht, ach chomáineadar leó. Bhí an t-ocras orthu agus bhí an bhreóiteacht ar Cháit. B'éigean dóibh siúl ana-réidh. Nuair a bhí cúpla míle den tslí curtha dhíobh acu b'éigean do Cháit stad. Ní fhéadfadh sí dul a thuilleadh. Do casadh cómharsain orthu. Do tugadh deoch agus blúire éigin bídh chúthu, ach ní leogfadh scannradh d'éinne bheith istigh a thabhairt dóibh toisc iad a bheith tagaithe lom díreach ón *bpoorhouse*, agus an drochbhreóiteacht a bheith ar an mnaoi. Níor dhein Pádraig ach an bhean do thógáilt chuige ar a mhuin agus comáint leis siar ó thuaidh fé dhéin an bhotháin.

Bhí an fear bocht féin lag go maith. Bheadh sé dian air an tslí 'chur de gan aon ualach a bheith air. Nuair a bhí an t-ualach air b'éigean do stad go minic agus an t-ualach do leogaint uaidh siar ar chlaí an bhóthair ar feadh tamaill. Ach pé tuirse a bhí air do lean sé ag cur na slí dhe. Níor scar sé leis an

VI: An Gorta

ualach. Do shrois sé an bothán. Bhí an bothán fuar folamh roimis, gan tine gan teas.

Amáireach a bhí chúinn tháinig cómharsa éigin chun an bhotháin. Chuaigh sé isteach. Chonaic sé an bheirt istigh agus iad araon marbh, agus dhá chois a mhná istigh 'na bhrollach ag Pádraig, fé mar ' bheadh sé a d'iarraidh iad do thé'. Do dheallródh an scéal gur mhothaigh sé lagachar an bháis ag teacht ar Cháit agus a cosa fuar, agus gur chuir sé na cosa isteach 'na bhrollach féin chun an fhuachta do bhaint astu.

“Ba mhaith, agus ba dhílis, agus dob uasal an fear é!” adéarfaidh duine éigin b'fhéidir, “agus dob uasal an gníomh a dhein sé!”

Is fíor. Ach deirimse an méid seo leat. Do deineadh na mílte gníomh den tsaghas chéanna san ar fuaid na hÉireann i gcaitheamh na haimsire sin, agus níor dhein éinne puínn iúnadh dhíobh mar gheall ar a bhfeabhas de ghníomharthaibh. Dar le gach éinne níor dhein Pádraig Ó Buachalla ach an rud a dhéanfadh aon fhear gurbh fhiú é Críostaí ' thabhairt air.

Bhí an firín úd 'narbh ainm do Mícheál Ó Laeire 'na chónaí i mbothán ná raibh i bhfad ón mbothán 'na bhfuair Pádraig Ó Buachalla agus a bhean bás ann. Mícheál Dubh a tugtí mar leasainm ar Mhícheál Ó Laeire. Caitlín Pruiséal ab ainm dá mhnaoi. Bhí lán tí de chlaínn acu. Ní raibh oiread agus aon fhocal amháin Béarla acu féin ná ag éinne den chlaínn. Tháinig an gorta go dian orthu. Tadhg ab ainm don mhac ba shine a bhí acu. Chonaic sé a athair agus a mháthair ag dul i laige leis an ocras, agus an té ab óige den chlaínn sínte marbh i gcúinne an bhotháin. D'árdaigh sé tua agus scian leis, agus siúd amach é, ar thitim na hoíche. Chuaigh sé isteach i gcró beithíoch le duine de sna cómharsain, agus mhairbh sé ceann de sna buaibh. Bhain sé cuid den chroiceann den bhoin. Do nocht sé an méid den fheoil a theastaigh uaidh a bhreith leis. Thug sé leis an dá cheathrúin dheiridh*. Tháinig sé abhaile. Bhí béile mhaith an oíche sin acu go léir. Nuair a bhí an t-ocras bainte dhíobh do rug Tadhg leis amach an corp a bhí sa chúinne, agus dhein sé poll amu' sa gháirdín, agus chuir sé an corp ann.

Nuair a tháinig an mhaidean d'éirigh muíntir na bó. Do fuaradh an bhó marbh amu' sa chró, agus an dá cheathrúin dheiridh di imithe. D'imigh an fear gur leis í go Magh Chromtha agus thug sé leis varántas cuardaigh. Bhí tuairim aige cár rugadh an fheoil. Tháinig sé féin agus pé oificeach dlí a bhí lena chois aige, go bothán Mhíchíl Duibh. Do fuaradh na cnámha agus cuid den fheoil. Do gabhadh 'na phríosúnach Tadhg agus do rugadh síos go Magh Chromtha é, agus do cuireadh isteach sa phríosún é. Nuair a tháinig an t-am do trialadh é. Do daoradh é gan puínn ríghnis, agus do cuireadh an loch amach é*. Níor airíos aon tuairisc riamh ó shin ar cad d'imigh air 'na dhiaidh san, ná ar cad í an chrích a rug é.

D'imigh Mícheál agus Caitlín agus an méid a bhí beó den chlaínn d'imíodar as an mbothán agus chuadar ag siúl rómpu.

Roinnt laethanta tar éis iad a bheith imithe bhí cómharsa éigin ag gabháil thar an mbothán. Chonaic sé gadhar sa gháirdín agus rud éigin 'na bhéal aige. Chaith sé cloch leis an ngadhar; do chaith an gadhar uaidh an rud a bhí 'na bhéal aige agus do rith sé leis féin. Tháinig an chómharsa agus ba bheag ná gur thit sé le scannradh agus le huathás nuair a fuair sé gurbh é rud a bhí 'na bhéal ag an ngadhar ná lámh duine! Níor dhein Tadhg an poll doimhinn a dhóthain sarar chuir sé an corp úd síos ann.

VI: An Gorta

D’aimsigh an chómharsa bosca nú rud éigin dá shórd, agus thóg sé an chuid eile den chorp aníos as an bpoll, agus do rug sé leis go dtí an roilig ba ghiorra dho an bosca, agus chuir sé ann é. Níorbh aon iúnadh an uair sin éinne amháin a dh’fheiscint ag dul chun roilige agus cómhra i dtrucail aige, nú ar a mhuintir dá mba ná béadh an trucail ná an capall aige.

Sin mar a bhí an scéal an uair sin, go gránna agus go fuafar agus go déistineach, mórthimpall na háite ’nar tógadh mise. Tuigim go raibh an scéal ar an gcuma gcéanna díreach mórthimpall na hÉireann go léir. Agus, donas an scéil ar fad, ní le toil Dé, i gceart, a bhí an scéal ar an gcuma san. Le toil daoine is ea ’ bhí an scéal amhlaidh. Do scaoileadh amach a hÉirinn an bhliain sin oiread arbhair, ní hea, ach a dhá oiread, agus ’ chothódh a raibh de dhaoine beó in Éirinn. Bhí cuanta na hÉireann lán de loingear, agus na loingear lán d’arbhar na hÉireann, ag imeacht as na cuantaibh, agus na daoine ar fuaid na hÉireann ag fáil bháis leis an ocra.

“Cad ’na thaobh nár cimeádadh an t-arbhar?” adéarfaidh duine, b’fhéidir.

Níor cimeádadh é mar níorbh fholáir é ’ dhíol chun an chíos a ’ dhéanamh, é féin agus an t-ím agus an fheoil, agus an uile bhlúire eile de thoradh an tailimh, ach amháin an práta. Do rug an dubh an práta leis, agus ansan níor fhan aon bhlúire bídh le n-ithe ag na daoine.

“Cad ’na thaobh,” adéarfaidh duine, b’fhéidir, “nár deineadh dlí chun na ndaoine do chosaint ar an éagóir sin a chuir ’ fhéachaint orthu an t-arbhar do dhíol agus gan aon rud le n-ithe do chimeád dóibh féin?”

Mo thrua do cheann gan chiall! “Dlí chun na ndaoine do chosaint,” arsa tusa. Airiú, dá dtráchtfa an uair sin le huaislibh Shasana ar dhlí chun na ndaoine do chosaint, déarfais gur ar buile ’ bheifá.

Ní chun na ndaoine ’ chosaint a dheineadh muintir Shasana dlithe an uair sin in aon chor. Chun na ndaoine do bhrú síos agus do chreachadh, agus do chur chun báis le gorta agus le gach aon tsaghas éagóra is ea ’ dheineadh muintir Shasana dlithe an uair sin. Is ait an scéal é, ach bhí sórd seanfhocail ag muintir Shasana an uair sin. Sid é an seanfhocal:—

“Éagóir ar an máistir is ea ceart do thabhairt don tineóntaí.”

VII: Scoil Charraig an Ime

Nuair a bhíos tímpall trí bliana déag d’aois do cuireadh suas tigh scoile i gCarraig an Ime thoir. Go dtí san is istigh sa bhaile a bhíodh an scoil agam féin agus ag an gcuid eile de chlaínn m’athar agus mo mháthar. Bhímís ag obair fan lae ar an bhfeirm bheag, an méid againn a bhí ábalta ar aon rud i bhfeirm oibre do dhéanamh. Nuair a thagadh an oíche do lasadh mo mháthair coinneal ar an mbórd, agus cuireadh sí ’nár suí tímpall an bhúird sinn, agus thugadh sí na leabhair dúinn, agus mhúineadh sí ár gceachtanna dhúinn. Bhí an múineadh ’ thugadh sí dhúinn ní b’fheárr go mór ’ná an múineadh a tugtí do sna leanaibh a bhíodh in sna scoileannaibh. Mar sin féin do ceaptí, ní nárbh iúnadh, gur chóir gurbh fheárr an múineadh a tugtí in sna scoileannaibh.

Do hoscladh scoil Charraig an Ime. Do cuireadh múinteóir isteach ann dárbh ainm Cormac Ó Luasa. Do cuireadh mise ar scoil ann. Is cúimhin liom go maith an chéad lá ’ chuas isteach ann. Ní fheidir Cormac cad é an rang den scoil ’na gcuirfeadh sé me. Bhí cuid den eólas rómhaith agam, agus bhí tuilleadh dhe ná raibh in aon chor agam. Bhíos ábalta ar na leabhair a bhí acu do lé’ ar

VII: Scoil Charraig an Ime

áilleacht, ní b'fheárr go mór ná na buachaillí dob fheárr a bhí aige. Ansan bhí rudaí eile nár airíos riamh aon teacht thórsu. Is é rud a dheineadh sé ná tamall thíos agus tamall thuas a thabhairt dom. Chuireadh sé tamall ag múineadh me agus tamall ag foghlaim. Bhí tabhairt suas maith air féin, agus an ceann go maith aige. Ach bhí sé ana-theasaí.

Sa scoil sin a chonac, an chéad uair riamh, rud a chuir iúnadh mo chroí orm, daoine óga ag foghlaim focal, agus dhá lé', agus dhá labhairt, agus dhá ínsint cad é an brí a bhíodh leó, agus gan aon phioc dá fhios acu cad é an brí a bhíodh leis na foclaibh ná leis an mbrí! Ní baol go mbíodh rud den tsórd san sa bhaile againn. Ní baol go bhfágfí aon fhocal gan a bhrí ' thabhairt dúinn i dtreó go dtuigfimis idir fhocal agus brí.

Is cuimhin liom conas mar a bhínn, uaireanta, nuair a bhímís ag scrúdú na gceacht agus sinn 'nár suí ag descannaibh na scoile. Bhínn im shuí agus na buachaillí eile, cuid acu níba mhó agus níba shine go mór ná me, bailithe im thimpall i dtreó go mbínn múchta acu, agus me ag freagairt ceisteanna dhóibh, dhá ínsint dóibh cad é an brí a bhíodh leis na foclaibh a bhíodh sa cheacht. Iúnadh orthu san cá bhfuaras-sa an t-eólas go léir, agus iúnadh ormsa conas ' fhéadfadh éinne ' bheith gan an t-eólas san. Do chíodh Cormac sinn, ach ní leogadh sé air go bhfeiceadh. Bhíodh ' fhios aige go mbíodh tairbhe dá dhéanamh, agus bhíodh sé sásta.

Níorbh aon iúnadh in aon chor an scéal a bheith mar sin idir mise agus na buachaillí eile úd. Níor tugadh dóibh sin riamh an chaoi a tugadh dómhosa ar an eólas a bheith agam ar na foclaibh Béarla úd. Ní airídís choíche aon fhocal sa bhaile ach Gaelainn, nú Béarla briste. An Béarla a bhí in sna leabhraibh a bhí acu ba mhar a chéile dhóibh é nú Gréigis.

Bhí an Ghaelainn go breá againn go léir. Bhí sí go hálainn ag Cormac féin. Bhí an clós a bhí ar aghaidh tí na scoile amach bhí sé lán de charraigreachaibh móra cloch. Chonac beirt fhear ann lá agus iad ag briseadh na gcloch chun iad a bhreith as an áit. Bhí Cormac ag cainnt leis na fearaibh. As Gaelainn a bhíodar ag cainnt. Bhí aon chloch amháin ann agus bhí teipithe ar na fearaibh í ' bhriseadh, bhí sí chómh cruaidh sin. Bhí sí trí nú ceathair de throithibh ar ráimhre ar gach aon tslí, agus í, ba dhó' leat, chómh cómhchruínn le liathróid coise. Bhí na fir ag iniúchadh uirthi féachaint a' bhféadfaidís aon áit ' fháil 'na scoilfeadh buille maith láidir den órd í ach í ' bhualadh ann. Bhí ag teip orthu. Do gur Cormac ar an órd. Fear óg láidir cruaidh fuinniúil ab ea é an uair sin.

“Drididh amach uaithi!” ar seisean.

Bhain sé casadh as an órd, agus bhuail sé a bhuille chómh maith agus ' bhí 'na chuisleannaibh agus 'na chorp é ' bhualadh. Bhíos ag féachaint air. Ba dhó' leat gur mhó go mór an fuinneamh a bhí leis an órd ag éirí den chloich ná mar a bhí leis ag teacht anuas uirthi. Is dó' liom gur chrith an t-adhmad i láimh Chormaic i dtreó gur chuir sé codladh grífin sa láimh. Chaith sé uaidh an t-órd agus chuir sé an lámh 'na phóca.

“Is éadroma cleite ná é, a Chormaic!” arsa duine de sna fearaibh.

Bhí an séipéal in aice na scoile i gCarraig an Ime, agus théimís go léir ó thigh na scoile isteach sa tséipéal nuair a bhíodh an Teagasc Críostaí le foghlaim againn. Ní bhíodh aon fhocal Béarla dá labhairt sa tséipéal ach fíorbheagán. Bhíodh dhá oiread ag foghlaim Teagasc Críostaí sa tséipéal agus ' bhíodh ag foghlaim léinn sa scoil, agus ní baol ná go dtuigtí an uile fhocal den mhúineadh a tugfí sa tséipéal.

VII: Scoil Charraig an Ime

Is cuímhin liom lá agus sinn go léir i dteannta ' chéile istigh sa tséipéal. Bhí sagart ann agus é ag múineadh an Teagaisc Críostaí, agus ba rómhaith chuige é. Bhí an Ghaelainn aige go ceólmar. Théinn féin agus buachaillí eile go minic treasna na gnucc coslomracha ar maidin Dé Domhnaigh chun an tséipéal 'na mbíodh sé chun Aifrinn do rá ann, i dtreo go bhféadfaimís éisteach leis an seanmóin Ghaelainne ' thugadh sé uaidh, bhíodh an tseanmóin chómh breá san. Bhí sé sa tséipéal an lá adeirim, agus bhí, an chuid ba lú dhe, suas le cúpla céad duine ag foghlaim ann. Tráth éigin i gcaitheamh na haimsire do bhuail chúinn an doras isteach garsúinín ana-bheag agus seál fillte fén' oscail aige. Shiúlaigh sé chúinn aníos go hana-réidh agus an dá shúil ar an sagart aige. Cheap an sagart go mb'fhéidir go raibh scáth air nó eagla. Do labhair sé go réidh agus go cneasta leis.

“Sea, a garsúin,” arsan sagart, “cad 'tá uait?”

“Tá duine de sna cailíní beaga san, a Athair,” arsan garsúinín, agus ní raibh scáth ná eagla 'na chainnt ná 'na ghlór. Do labhair sé chómh dána agus dá mbeadh sé chómh mór chómh láidir leis an sagart féin. Do phléascamair go léir ar gháirí. Do chuir an sagart féin sceartadh gáire as. Níor chuir san aon chorrabhuais ar an ngarsún.

“Agus cad ab áil leat den seál san?” arsan sagart.

“Chun é ' chasadh uirthi, a Athair,” arsan garsún.

Ansan is ea ' bhí an spórt againn agus sinn go léir in sna trithíbh gáirí. Lena linn sin do léim duine de sna cailíníbh amach ón gcuid eile, agus do rith sí chun an garsúin agus do shnap sí uaidh an seál, agus chaith sí aniar uirthi é agus siúd amach í. D'fhéach sé 'na diaidh.

“Imigh soir go Meall na hEórnán, a Pheig,” ar seisean, “agus abair leo go mbeimid ag déanamh ime Dé Luain agus go mbeidh na spealadóirí againn Dé Máirt.”

Nuair a bhí an méid sin ráite aige do bhuail sé chúinn suas agus sheasaimh sé 'nár measc.

Níor scar cuímhne an garsúin sin riamh ó shin lem aigne. I bhfad 'na dhiaidh san, nuair a thagadh an leanbh agus an chainnt suas chum im aigne agus ' bhínn ag breithniú ar an scéal, bhínn ag cur an linbh sin, mar a bhí sé an uair sin, i gcúmparáid leis an gcuma 'na raibh* sé tamall 'na dhiaidh san má chuaigh sé ar scoil Ghallda, agus má fhoghlaim sé an saghas Béarla a bhí in sna scoileanaibh sin. Bhí sé an uair sin go neamhscáfar agus go seasmhach in' aigne, go súil-aibidh agus go hollamh chun freagra ' thabhairt nuair a curfí ceist chuige. D'fhéach sé suas idir an dá shúil ar an sagart nuair a bhí sé ag cainnt leis. Bhí sé dána gan bheith drochmhúinte.

Ní fheaca riamh ó shin é. Ach do chonac daoine dhá shórd go minic ó shin. Agus tá ' fhios agam go dianmhaith, má thug sé roinnt aimsire in aon scoil Ghallda agus má fhoghlaim sé an saghas Béarla a bhíodh iontu, nárbh fhada gur imigh an tseasmhacht as a shúilibh agus as a chroí, agus má bhí air teacht isteach i séipéal agus seál fén' oscail aige, agus gur chuir sagart éigin na ceisteanna úd chuige, gurb amhlaidh a bhí sé ag smidireacht gháirí in inead freagra ' thabhairt, agus gur ag lútáil a bhí sé in inead seasamh díreach. In inead bheith dána gan bheith drochmhúinte gurb amhlaidh a bhí sé drochmhúinte gan bheith dána.

Bhí beirt nó triúr ban sa pharóiste agus cúpla gearrchaile le gach mnaoi acu ag foghlaim Teagaisc

VII: Scoil Charraig an Ime

Críostaí sa tséipéal. Ní dhéanfadh Gaelainn an gnó in aon chor do sna mnáibh sin. Níorbh fholáir an Teagasc Críostaí ’ mhúineadh as Béarla dá gcláinn. Bhí ceathrar nú cúigear, as an dá chéad, agus iad ag casadh le Teagasc Críostaí ’ dh’fhoghlaim as Béarla. Do curtí mise dhá múineadh. Bhíos ana-bheag agus iad san ana-mhór. Is cuimhin liom go maith an obair a bhíodh agam orthu a d’iarraidh brí na bhfocal do chur isteach ’na gceann, agus é ag teip orm glan. Ar dtúis ní fhéadaidís an focal do rá. Nuair adeirinn leo “Resurrection” do rá, ní deiridís ach “Rerusection,” nú rud éigin mar sin. Ansan nuair a thugainn an brí dhóibh, do thuiginn ná téadh an brí isteach in aon chor ’na n-aighe. Fé dheireadh, nuair a thugainn an brí dhóibh fé leith, gan bac leis an bhfocal, do ghlacaidís é, ach ní fhéadadh mo dhícheall an focal agus an brí ’ thabhairt in éineacht dóibh. Bheadh “Resurrection” acu, agus bheadh “to rise again from the dead” acu, ach ní fhéadaidís choíche a thuiscint gurbh aon ní amháin an dá ní sin. Ansan, nuair adeirinn ná raibh sa dá ní ach an t-aon ní amháin, .i. “Aiséirí ár Slánaitheóra”, do lasadh a súile agus do gháiridís.

Roinnt blianta ’na diaidh san bhí an scéal níba sheacht measa ná san féin. Bhí formhór na ndaoine óga ag foghlaim an Teagasc Críostaí as Béarla agus gan aon fhocal Gaelainne acu. Ansan ní raibh “Resurrection” acu, ná “rising again from the dead”, ná “Aiséirí ár Slánaitheóra”!

Ní dó’ liom gur deineadh éagóir aighe riamh ar dhaoibh óga, in aon pháirt den domhan, chómh mór agus a deineadh ar aos óg na hÉireann nuair a cuireadh orthu an saghas múineadh sin a dh’fhág sa deireadh iad gan Bhéarla gan Ghaelainn. Nuair a bhíos-sa ar scoil i gCarraig an Ime, suas le trí fichid blian ó shin, is ea ’ bhí an éagóir sin ag tosnú. Mura mbeadh idir Bhéarla agus Gaelainn a bheith ródhaingean istigh ionamsa bheadh an scéal go holc agam.

Dá mba ná beadh agam ach an Ghaelainn anois, ní tabharfí aon toradh orm pé olc maith a bheadh sí agam. Agus dá mba ná beadh agam ach an Béarla, ní fhéadfainn aon úsáid a dhéanamh de chun na Gaelainne do shaothrú pé olc maith a bheadh sé agam.

VIII: Trí Liathróidí Dúbha

Tá faid mhaith sa tslí ó Lios Caragáin go Carraig an Ime, agus slí gharbh anacair is ea an tslí. Nuair a bhíodh an aimsir fliuch fuar do chaithinn fanúint sa bhaile. Bhíodh an aimsir fliuch fuar minic go leór. Do thuig m’athair, beannacht Dé len’ anam, go raibh a lán den aimsir ag imeacht gan tairbhe uaim. Bhí scoil i Magh Chromtha an uair sin, agus bhí árdcháil uirthi féin agus ar an máistir a bhí uirthi. Is dó’ liom go mb’fhéidir go raibh Cormac Ó Luasa ag cainnt lem athair agus go nduairt sé leis gur mór an trua gan mo sheans a thabhairt dom i scoil Magh Chromtha.

Tímpall na haimsire céanna san d’éirigh clampar dlí arís idir thineóntaithe an bhaile agus an máistir. D’fhan duine de sna tineóntaithe gan a chíos do dhíol nuair a bhí an cíos ag glaoch. An t-*agent* a bhí os a gcionn Broderick ab ainm do. Cladhaire rógaire ab ea é. Do leog sé don fhear a bhí ag fanúint siar ón gcíos a dhíol fanúint siar go dtí go raibh cuid mhaith gan díol aige. Do dhein sé an méid sin i dtreo go bhféadfadh sé teacht orthu go léir leis an éileamh. Bhí súil aige go ndiúltoídís don éileamh. Bhí ’ fhios aige go raibh cuid acu agus gurbh ar éigin a bhíodar ábalta ar a gcuid féin den chíos do chur le chéile agus gan bac don éileamh eile. Dá ndiúltaídís bheadh an léas briste, agus d’fhéadfadh sé iad go léir do chaitheamh amach, agus árdú cíosa ’ dh’fháil don mháistir, agus breab mhaith a dh’fháil do féin as gach feirm bheag dá dtabharfadh sé do thineóntaí nua.

Do chuir na tineóntaithe le chéile agus do chosnadar an dlí. Chuireadar le chéile, ach ba dheocair leo cur le chéile. Thagaidís chun ár dtína ag déanamh cómhairle, mar b’ é an tigh ba chónagaraí dhóibh go léir é. Is cuimhin liom go maith lá agus iad bailithe istigh sa tigh againn. Thugadar an lá

VIII: Trí Liathróidí Dúbha

go léir ag cainnt agus do theip orthu socrú ar cad ba cheart dóibh a dhéanamh.

“Tá sé in’ oíche,” arsa duine acu. “Tá sé chómh maith againn dul abhaile anois agus teacht anso arís Dé Céadaoin seo chúinn. Tá aimsir ár ndóthain fós againn chun labhairt lenár n-atúrnae.”

Bhí Seán Ó Laeire, mac do sheana-Dhiarmaid Ó Laeire, ag éisteacht leis an gcainnt sin. Do labhair sé. (Ní raibh aon fhocal Béarla dá labhairt sa chómhairle sin.)

“Sea!” arsa Seán Ó Laeire. “Tá an lá go léir caite ansan agaibh ag cainnt agus níl aon rud déanta agaibh. Níl socair agaibh ar cad ’tá le déanamh agaibh ach chómh beag agus ’bhí nuair a thánabhair anso ar maidin. Imeóidh sibh abhaile anois. Tiocfaidh sibh anso arís Dé Céadaoin seo chúinn. Tiocfaidh Seán Ó Luasa anso agus gur cuma nú *watch* gach aon tsúil leis. Tiocfaidh Mícheál Ó Laeire anso agus gur fiú chúig phúint gach aon fhocal uaidh. Tiocfaidh Barnaby anso agus gur cuma é nú Socrates. Tiocfaidh sibh go léir anso agus cimeádfaidh gach éinne agaibh a aigne bheag aige féin, agus ní dhéanfaidh sibh aon tsocrú an lá san ach chómh beag agus ’tá déanta inniu agaibh. Sleamhnóidh an aimsir uaibh go dtí go mbeidh sé ródhéanach chun labhartha* le haon atúrnae. Ansan beidh Broderick agus Saunders anuas sa bhroiceall oraibh go léir, agus neart dóibh a rogha cor a thabhairt díbh.”

Bhíodar go léir ag cur an anama amach ag gáirí nuair a bhí deireadh ráite aige. Do shocraíodar ar dhul láithreach agus labhairt leis an atúrnae, agus an dlí ’chur i bhfeidhm chun iad féin do chosaint. Do bhuarar ar an máistir sa dlí. Do díoladh cíos an fhir a bhí i ndiaidh lámha, agus do tugadh dóibh an fheirm a bhí aige go dtí go mbeadh a gcuid féin tar n-ais acu aisti.

Nuair a bhí an méid sin clampaí i leataoibh do shocraigh m’athair ar me ’chur ar scoil síos go Magh Chromtha, ar feadh tamaill ar aon chuma. Ba ródheocair do é ’dhéanamh. Bhíos díreach ag tosnú ar bheith ábalta ar roinnt oibre ’dhéanamh, agus bhí gá leis an gcúnamh aige dá shuaráí é. Ach bhí an dúil sa léann aige féin riamh, agus theastaigh uaidh roinnt éigin de a thabhairt dá mhac, pé cuma ’na dtiocfadh sé air.

Bhíos i Magh Chromtha go minic roimis sin. Is cuímhin liom go rabhas ann tamall maith roimis sin, agus go rabhas im sheasamh ag ceann an droichid, ag bun Bhóthar na Sop. Bhíos ag féachaint anonn ar an gcaisleán atá thall ag an gceann eile den droichead. Chonac, ar aghaidh an chaisleáin amach, ar an dtaobh thoir den tsráid bheag* ar a dtugtar Sráid an Chaisleáin, tigh éigin mór agus fallaí ársa daingean na thimpall, agus trí slata caola ársa ’na seasamh in áirde as, agus mar ’bheadh liathróidín dubh in áirde ar fad ar bharr gach slaite acu. Ní raibh aon phioc dá fhios agam an uair sin cad é an brí a bhí leis na slataibh sin agus na liathróidí beaga in áirde orthu. I bhfad ’na dhiaidh san is ea do hínseadh dom gur sparraí iarainn gurbh ea na slata san, agus gur trí plaoisceanna gurbh ea na trí liathróidí beaga. B’in iad trí cinn na bhfear a crochadh mar gheall ar Mh’leachlainn Ó Dúgáin. Cárthaigh ab ea iad, agus triúr driothár ab ea iad, Cormac agus Ceallachán agus Tadhg*. Do chuir Malachi ’fhéachaint ar Chormac Bob Hutchinson do lámhach. Ansan do dhearbhaigh sé ar Chormac. Ansan bhí eagal air go ndéanfadh duine éigin den bheirt driothár díoltas air féin mar gheall ar an ndearbhú, agus is é rud a dhein sé ná dearbhú ar an dtriúr in éineacht. Do crochadh an triúr in éineacht, agus do cuireadh a dtri cinn ansúd in áirde ar na sparraibh caola ársa úd, agus do fágadh ann iad ar feadh mórán blianta. Do chonacsa ann iad agus me im sheasamh ag ceann an droichid an lá úd. Níor rófhada ’na dhiaidh san gur tógadh anuas na trí plaoisceanna. Bhí náire ar na huaislibh iad ’fhágaint ann níba shia.

VIII: Trí Liathróidí Dúbha

Do lean an gníomh san, agus gníomhartha eile do dhein sé 'na dhiaidh san, dá gcasadh mar asachán le Malachi agus le gach éinne dá ghaoltaibh riamh ó shin. Níor mhaith le héinne aon bhaint a bheith aige leó, bhí a leithéid sin de ghráin ag an bpoiblíocht go léir orthu. Ba mhór an éagóir é sin, áfach, mar daoine galánta macánta ab ea a bhformhór, chómh galánta chómh macánta le haon treabhchas eile daoine a bhí sa dúthaigh.

Bhí Diarmaid Ó Tuathaigh, athair Mháire Ní Thuathaigh, athair mo sheanamhátharsa, 'na chónaí ar Gleann Daimh. Tá sruthán idir an áit 'na raibh sé 'na chónaí agus feirm eile atá laistiar den fheirm sin. Bhí an fheirm thiar le cur. Cé ' thioctadh agus ' thógfadh an fheirm thiar ach fear 'narbh ainm do Dónall Ó Dúgáin, gaol gairid do Mhalachi. Bhí Diarmaid Ó Tuathaigh ar buile, a rá go mbeadh éinne den drochaicme sin chómh cóngarach do. Ní fada ' bhí Dónall Ó Dúgáin laistiar den tsruthán 'na chónaí nuair a bhuaíl sé féin agus Diarmaid Ó Tuathaigh um á chéile maidin bhreá shamhraidh.

“Dia 's Muire dhuit, a Dhiarmaid Uí Thuathaigh!” arsa Dónall.

Thug Diarmaid a chúl leis agus bhuaíl sé thairis gan labhairt. Do ghluais an aimsir. Níorbh fhada go dtug Diarmaid fé ndeara gur chómharsa ana-mhaith, ana-shíochánta, ana-chneasta, Dónall, pé gaol a bhí le Malachi aige. Bliain díreach ón lá a bheannaigh Dónall do Dhiarmaid do bhuaíl an bheirt um á chéile arís.

“Dia 's Muire dhuit, a Dhónaill Uí Dhúgáin!” arsa Diarmaid.

Thug Dónall a chúl leis agus bhuaíl sé thairis, díreach mar a dhein Diarmaid an chéad lá úd. Bliain eile díreach ón lá san do bhuaíl an bheirt um á chéile an tríú huair.

“Ó, Dia 's Muire 's Pádraig duit, a Dhiarmaid Uí Thuathaigh!” arsa Dónall, díreach mar adéarfadh sé dá mba an neómat san a bheadh Diarmaid tar éis beannú dho. Má thug Diarmaid bliain gan labhairt thug Dónall bliain gan freagairt. Do ghéir an bheirt go sultmhar agus bhíodar ana-mhuínteartha lena chéile as san amach.

Tháinig an t-am chuige, agus an chaoi air, agus do cuireadh síos go Magh Chromtha me go dtí an scoil a bhí ag fear dárbh ainm Mícheál de Bhál. Bhí an scoil chómh maith san go dtagadh scoláirí chúithi ón ndúthaigh go léir mórthimpall. Is cuímhín liom go maith go raibh an meascán mearaí céanna ar an máistir sin a bhí ar Chormac Ó Luasa i gCarraig an Ime, i dtaobh cad é an rang sa scoil 'nar cheart me ' chur. Bhí cuid den eólas rómhaith agam d'aon rang íseal, agus gan cuid de maith a dhóthain agam do rang uachtarach. Ach do socraíodh an scéal. Is cuímhín liom, leis, nuair a bhímís ag scrúdú na gceacht in sna leabhraibh léinn, go mbíodh gasra de sna buachaillibh im thimpall, ag brú isteach orm ar gach aon taobh, agus a leabhar ag gach duine acu, agus me dhá ínsint dóibh conas na focail do rá agus cad é an brí a bhíodh leó. Níor chóir, áfach, aon chreidiúint a thabhairt dómhsa mar gheall air sin. An t-eólas a tugadh dómhsa sa bhaile ar leabhraibh agus ar léann an Bhéarla níor tugadh dóibh sin riamh é.

I mBóthar na Sop, i dtigh fir 'narbh ainm do Seán Ó Sé, is ea ' bhínn ar lóistín. Bhí aithne aige féin agus ageam athair ar a chéile. Fear fial dea-chroíoch ab ea é. Níor thóg sé aon leathphinge díolaíochta riamh as mo lóistín, agus bhíos ann tamall maith, cúpla bliain nú trí. Théinn suas abhaile go Lios Caragáin gach aon tSatharn. Tá mac don Seán Ó Sé céanna san sa tsráid chéanna san 'na chónaí anois, agus Seán Ó Sé is ainm do, agus tá sé chómh bunúsach chómh creidiúnach d'fhear agus atá le fáil sa bharúntacht.

VIII: Trí Liathróidí Dúbha

Tar éis roinnt aimsire ' bheith caite agam sa scoil sin Mhíchíl de Bhál i Magh Chromtha, ní cuimhin liom anois i gceart cad é ' mhéid aimsire, do labhair Mícheál de Bhál lem athair. Bhuaileadar suas Bóthar na Sop le cois a chéile agus iad ag cainnt.

“Is mór go léir an trua,” arsa Mícheál, “gan caoi ' thabhairt don gharsún san ar na teangthachaibh a dh'fhoghlaim. Níl a thuilleadh agamsa le múineadh dho, 'sé sin a thuilleadh go mbeadh aon tairbhe dho ann. Agus an méid atá múinte agam do,” ar seisean, “cad é an tairbhe dho anois é más thuas sa bhaile ' cheapann tú é ' chimeád?”

D'inis m'athair do go n-airíodh sé mise dhá rá i gcónaí riamh gurbh fheárr liom ná a bhfeaca riamh gur im shagart a bheinn.

“Ach cad é an mhaith bheith ag trácht air sin,” ar seisean, “agus gan aon bhreith agamsa ar chailliúint leis chun sagairt a dhéanamh de!”

“Ní bheadh an chailliúint chómh mór in aon chor agus is dó' leat é,” arsan fear eile. “Tá scoil Laidne anso i Magh Chromtha anois. D'fhéadfá a chur ar an scoil sin anois agus ní bheadh agat le díol as ach púnt sa ráithe. I gcionn cúpla bliain nú trí, ón aithne atá curtha agamsa air, do raghainn in urrús duit air, go mbeadh oiread Laidne agus Gréigise foghlamtha aige agus ' bhéarfadh isteach i gColáiste Mhaíge Nuat é. Ansan ní bheadh ort aon leathphinge eile do chailliúint leis, agus i gcionn sé nú seacht de bhlianaibh, dá mb'é toil Dé go seasódh a shláinte, bheadh sé ag teacht chút abhaile 'na shagart. Tá an chúiléith ann chun na foghlama agus an éirim. Má chimeádann tú sa bhaile é ní bheidh puínn dá bhárr agat. Ní fhásfaidh sé rómhór choíche. Ní bheidh an téagar ná an neart ann ba ghá chun sclábhaíochta ' dhéanamh ar an bhfeirm, agus dá mbeadh féin tá do dhóthain cúnta agat sa chuid eile den chláinn.”

B'é crích an scéil é gur shocraigh m'athair ar me ' chur ag foghlaim na Laidne.

IX: Scoil Magh Chromtha agus Coláiste Cholmáin

Bhí scoil Laidne ar an dtaobh thall den droichead, i Magh Chromtha, an uair sin, díreach ag bun an chaisleáin, ag fírin beag dár bh ainm Mac Nally. Do raghfá thar droichead anonn i dtreo an chaisleáin, agus nuair a bheifá ag an gceann thall den droichead, díreach ag ceann slaite an droichid, d'iompófá isteach i leith do lámha deise agus do raghfá síos cúpla ciscéim staighre nú trí. Ansan do chífá doras ar t'aghaidh amach. Do bhuaifá an doras. Do hosclófi dhuit. Do raghfá isteach sa halla. Do hosclófi doras eile dhuit ar do láimh dheis. Do raghfá isteach i seómra. Chífá ansan istigh rómhat seisear nú mórsheseir garsún 'na suí ag bórd agus an máistir ag ceann an bhúird, iad san ag foghlaim agus an máistir dhá múineadh. Chífá finneóg ar aghaidh an dorais isteach. D'fhéachfá an fhinneóg san amach agus chífá, buailte suas le bun na finneóige, an abha, an Solán, ag gabháil thar an bhfinneóg soir, agus isteach fé shúilibh an droichid, go breá ciúin leathan réidh.

Istigh sa tseómra san, agus mo ghuala chlé leis an bhfinneóg sin, is ea do leogas-sa mo shúile an chéad uair riamh ar na trí foclaibh beaga millteacha úd, .i. *hic, haec, hoc**. Níl ansan agat ach trí cinn acu, ach tá deich gcéinn fhichid acu ar fad i ndíochlaonadh an aon fhocailín sin amháin. Tháinig taití mhaith agam orthu 'na dhiaidh san, ach an chéad uair riamh a chuireas chun iad d'fhoghlaim, ansúd ar aghaidh na finneóige úd isteach, do bhriseadar mo chroí ionam. Dá n-ístí dhom ar dtúis cad é an brí a bhí leo do gheóbhadh m'aigne greim éigin orthu; ach níor hínseadh. Dob ait an saghas múineadh é. Na focail dá ngabháil ar dtúis de ghlanmheabhair sara dtugtí aon chaoi don

IX: Scoil Magh Chromtha agus Coláiste Cholmáin

bhreithiúntas ar iad do láimhseáil in aon chor! Agus gur chóir go mbeadh ' fhios ag éinne go mbeadh aon chiall aige gurb usa go mór rud a ghlacadh de ghlanmheabhair nuair a tuigtear é ná sara dtuigtear é. Ach go deimhin le fírinne is mó go mór an fhoghlaim gan tuiscint a deintí sa tseómra bheag úd ná an fhoghlaim le tuiscint.

Ach ní rabhas rófhada sa tseómra nuair a bhíos ag gabháil do *Chaesar*. Is cuimhin liom go rabhas lá éigin gan dul ar scoil. Ní cuimhin liom anois an chúis a chimeád gan dul ann me. Bhíos istigh i dtigh Sheáin Uí Shé um thráthnóna agus me ag gabháil do *Chaesar* ar mo dhícheall. Thánag go dtí an focal *propterea quod*. Bhí ' fhios agam gurbh ionann *propterea* agus 'because'. "Agus", arsa mise liom féin, "cad chuige an *quod*?" Bhíos i bpúnc. Ní fhéadfainn in aon chor a dhéanamh amach cad é an gnó a bhí ag an *quod* san áit sin. Cé ' bhuaileadh chúm isteach ach an máistir. Tháinig sé féachaint cad a chimeád ón scoil me an lá san. D'inseas do. Bhí sé sásta. Duairt sé go raibh eagal air gur breóite a bhíos. Siúd chun an leabhair me.

"Look here, sir", arsa mise, "what is the meaning of this *propterea quod*?"

"Oh", ar seisean, "*propterea quod* is 'because'."

"But", arsa mise, "what is *quod*?"

"Oh", ar seisean, "that is quite simple. *Quod* is 'because'; *propterea quod* is 'because'; agus d'fhéach sé orm chómh maith lena rá, "You must be very stupid not to see that simple matter".

Níor chuas níba shia ar an scéal leis, ní nárbh iúnadh. Bhí *propterea* 'because' agam. Agus bhí *quod* 'because' agam. Agus bhí *propterea quod* 'because' agam. Agus mura sásódh san me, cad a shásódh me?

Chuir an máistir sin i gcuimhne dhom scéal a dh'airíos i bhfad roimis sin ó Sheán Ó Laeire, ón bhfear úd a duairt le Seán Ó Luasa gur chuma nú *watch* gach aon tsúil leis.

Fadó, nuair a tháinig na Franncaigh isteach i gcuan Bheanntaí, bhí beirt aeirí bó in áit éigin lastoir de Bheanntaí. Diarmaid ab ainm do dhuine acu agus Dónall ab ainm don fhear eile. Bhí an dá fheirm ar a rabhadar ag aeireacht teórannach dá chéile. Do bhuaileadh an bheirt um á chéile go minic ar dhá thaobh chlaí na teórann agus bhídís ag seanchaíocht. Ní túisce a bhí na Franncaigh istigh i gcuan Bheanntaí ná mar a leath an scéal go tiubh ar fuaid na dútha san mórthimpall. Do bhuail an bheirt aeirí um á chéile.

"Dia 's Muire dhuit, a Dhiarmaid."

"Dia 's Muire 's Pádraig dhuit, a Dhónaill."

"An bhfuil aon scéal nua agat, a Dhiarmaid?"

"Imbriathar go bhfuil, a Dhónaill, agus nách aon scéal fóna é ach togha drochscéil."

"Ach! Dia linn! a Dhiarmaid. Agus cad é an saghas scéil é?"

"Tá go bhfuil *invasion* ana-mhór go léir ag teacht."*

IX: Scoil Magh Chromtha agus Coláiste Cholmáin

“Agus cé ’ inis duit, a Dhiarmaid, go raibh sé ag teacht?”

“Tá sé i mbéal gach éinne.”

“Ach! go bhfóiridh Dia orainn! Cad a dhéanfaid na daoine in aon chor?”

“Ní fheadar ’en tsaol cad a dhéanfaid siad. Beidh an scéal go holc acu is baolach.”

“Agus cogar, a Dhiarmaid. Cathain atá sé ag teacht?”

“Ambasa ach tá sé buailte leat, a mhic ó.”

“*Invasion* mór! Dia linn is Muire!”

“*Invasion* mór go díreach, an *t-invasion* is mó dár tháinig ar Éirinn riamh fós.”

“Agus cogar, a Dhiarmaid. Mar is eól duit, ní duine róthuisceanach mise i nithibh den tsórd san. Cad é an saghas ruda, an dtuigeann tú me, an *t-invasion* mór so?”

“Tá, a Dhónaill, (an dtuigeann tú me?) *invasion*; ’sé sin le rá, *invasion*. Níl ach mar adéarfadh duine *invasion*, ansan, tá ’ fhios agat.”

“Ó, tá ’ fhios agam, a Dhiarmaid.”

Do chuireadh Seán Ó Laeire sceartadh gáire as nuair a bhíodh an scéal san ínste aige, agus go deimhin do chuireadh gach éinne a bhíodh ag éisteacht leis sceartadh gáire as. Do mhínigh an máistir úd *propterea quod* dómhsa ar an gcuma gcéanna díreach:—

“Níl ach mar adéarfá *because* ansan, tá ’ fhios agat.”

“Tá ’ fhios agam”, arsa mise, agus d’fhágas ansan an scéal.

Bhí ana-dhúil ag an máistir i ngal tobac. An fhaid a bhímísne ag casadh le *hic*, *haec*, *hoc* d’fhoghlaim bhíodh an máistir bocht ag ól a phíopa. Bhí an fear bocht go maith chuige. Bhíodh sé ag tarrac an phíopa agus an deatach ag gluaiseacht ar fuid an tseómra go dtí gurbh ar éigin ’ fhéadaimís a chéile ’ dh’fheiscint, ní áirím leabhar do lé’.

Fé dheireadh d’imigh sé as an sráid ar fad, agus d’fhág sé ansan sinn.

Bhí scoil eile Laidne i Magh Chromtha an uair chéanna. Thuas i mBóthar Massy a bhí an scoil sin, agus fear dár bh ainm Toiréalach Ó Goilí a bhí dhá múineadh. Nuair a bhí Mac Nally imithe chuamair go léir suas ag triall ar Ó Goilí. Is dó’ liom gur thugas leathbhliain ar an scoil sin.

An uair sin díreach is ea do hoscladh Coláiste Cholmáin i Mainistir Fhear Maíge. Níorbh fhéidir dómhsa, ná dá lán dem shórd, dul isteach sa choláiste sin, mar do chaithfínn deich bpúint fhichid sa mbliain do dhíol asam féin ann.

IX: Scoil Magh Chromtha agus Coláiste Cholmáin

Nuair a hoscladh Coláiste Cholmáin bhí cuid de sna sagartaibh ar fuid na dútha ag gearán go cruaidh ar an éagóir a dhéanfadh an coláiste sin ar na buachaillibh go raibh éirim aigne acu agus ná raibh an gustal airgid ag á n-aithreachaibh. Mar gheall ar an ngearán do dhein an tEaspag, an tAthair Liam Ó Catháin, socrú. Do shocraigh sé, aon bhuachaill go mbeadh an éirim aigne thar bárr aige agus ná beadh an t-airgead aige, go gcaithfí é ' ghlacadh saor isteach i gColáiste Cholmáin. Do shásaimh an méid sin a lán de sna sagartaibh. Bhí cuid acu ná raibh sásta. Dúradar 'na n-aigne ná féadfadh an socrú san puinn tairbhe ' dhéanamh. Ná raibh aon airgead chun an choláiste ' chimeád suas ach an t-airgead a dhíolfadh na buachaillí astu féin ann. Dá bhrí sin nárbh fhéidir ach fiorbheagán díobh a ghlacadh isteach saor, pé éirim aigne ' bheadh acu. Duairt a lán de sna sagartaibh gurbh fheárr leogaint do gach aon bhuachaill a chuid léinn do sholáthar 'na rogha scoil agus ansan an t-inead i gColáiste Mhaíge Nuat a thabhairt don bhuachaill ab fheárr. Duairt tuilleadh acu nár mhaith in aon chor an rud é sin. Gur mhór an oscailt aigne, agus an oscailt súl, d'aon bhuachaill caoi ' thabhairt do ar roinnt aimsire ' chaitheamh i scoil éigin phoiblí in aice an bhaile sara raghadh sé isteach i gColáiste Mhaíge Nuat. Dá éaghmais sin, nuair a bheadh triail comórtais idir buachaillibh ó sna scoileannaibh tuatha agus na buachaillí a bheadh i gColáiste Cholmáin, go mbéarfadh buachaillí an choláiste an bua leo pé éirim aigne ' bheadh ag buachaillibh na tuatha. Dúradh 'na choinnibh sin, go raibh an múineadh in sna scoileannaibh tuatha, nú i gcuid acu ar aon chuma, ní b'fheárr ná an múineadh a bheadh le fáil istigh sa choláiste, tar éis an deich bpúint fhichid sa mbliain a bheith díolta as.

Bhí sagart paróiste sa Domhnach Mhór, deich míle soir ó thuaidh ó Magh Chromtha, agus bhí sé ar an aigne sin go daingean. Chun a thaispeáint go raibh an ceart aige do rug sé leis ó Magh Chromtha Toiréalach Ó Goilí, agus d'oscail sé scoil sa Domhnach Mhór do, agus chuir sé ag múineadh na dteangthacha ann é.

D'fhág san mise arís ar seachrán. Ach bhí fear de mhuintir Shúilliobháin, fear ó Chiarraí, ag múineadh scoile i gCeann Tuirc, agus bhí fear gurbh ainm do Tomás Ó Laeire 'na chónaí ar Doire na Móna, timpall trí mhíle siar ó Cheann Tuirc. Clann na beirte driothár ab ea an Tomás Ó Laeire sin agus mo mháthairse. Chuas ó thuaidh go Ceann Tuirc ar scoil agus thagainn go Doire na Móna gach aon oíche go tigh Thomáis Uí Laeire. Thugas, is dó' liom, bliain nú bliain go leith ag dul ar an scoil sin.

Bhí an scoil sin maith go leór ar feadh tamaill. Bhí mórán scoláirí ag teacht ann, agus ní raibh aon chúnamh ag an máistir. Is amhlaidh a bhíodh gach éinne dhá mhúineadh féin chómh maith agus d'fhéadadh sé é, go minic. Amu' i seanastábla a bhíodh an scoil againn. Bhí an seanastábla maith go leór i gcaitheamh an tsamhraidh. Nuair a tháinig an géimhreadh bhí an donas le fuair air. Nuair a bhíodh an aimsir an-fhuar bhíodh tine againn. Ní raibh aon tsimné ar an stábla. Bhí poll sa bhfalla, áfach, laistiar den tine. Bhíodh an poll go maith an fhaid a bhíodh imeacht na gaoithe tríd siar. Ach nuair a bhíodh an ghaoth ag séideadh tríd an bpoll aniar bhímís múchta ag an ndeatach. Ba mheasa go mór an deatach ná an fuacht. Agus go deimhin is amhlaidh a bhíodh an fuacht agus an deatach in éineacht againn, mar ní bhíodh an tine ach go hollc.*

Fé dheireadh do tuigeadh ins gach aon bhall nárbh aon mhaith do scoileannaibh tuatha bheith ag dul i gcomórtas leis an gcoláiste a bhí i Mainistir Fhear Maíge. Do chrom na haithreacha, fé mar a bhí aon ghustal acu chuige, ar na buachaillibh do chur go dtí an coláiste. Do socraíodh nithe sa choláiste i dtreó go bhféadfadh buachaill teacht ann agus gan bheith air an deich bpúint fhichid do dhíol. D'fhéadfadh sé teacht agus lóistín a thógaint sa tsráid agus dul isteach sa choláiste gach aon lá. Ansan ní bheadh air ach sé púint sa mbliain do dhíol as an scolaíocht agus d'fhéadfadh sé é féin do

IX: Scoil Magh Chromtha agus Coláiste Cholmáin

chothú chómh saor agus dob fhéidir é.

Tuig it aigne, a léitheóir, go raibh an saol ana-chruaidh an uair sin ar mhuintir na hÉireann. An té go mbíodh feirm thailimh aige chaitheadh sé bheith ag obair ó dhubh go dubh chun an chíosa ' dhéanamh, agus chun é féin agus pé muiríon a bhíodh air do chothú agus do chhlúdach ar chuma éigin. An fear a bheartaíodh tabhairt suas do chur ar mhac leis, do chaitheadh sé dúbailt oibre do bhaint as féin agus as an gcuid eile den chlaínn chun an t-éinne amháin sin do chur chun cinn. Dá bhrí sin, an buachaill a raghadh go Coláiste Cholmáin agus do thógfadh lóistín sa tsráid do féin, do chaithfeadh sé é féin do chothú gan puinn rabairne, nú bhéadh éagóir aige á dhéanamh ar an muintir a bheadh sa bhaile 'na dhiaidh, ag obair go cruaidh chun eisean do chur chun cinn.

Fé mar a bhí na buachaillí ag imeacht as na scoileannaibh tuatha bhíodar san, ní nách iúnadh, ag dul chun deiridh agus ag dul in olcas. Do thuig m'athairse in' aigne nárbh aon mhaith dho me ' chimeád níba shia i gCeann Tuirc. Do shocraigh sé in' aigne gurbh fhearra dho me ' chur go Coláiste Cholmáin im scoláire lae. Do dhein sé an ní sin. Thugas bliain ar lóistín sa tsráid agus ag dul isteach sa Choláiste gach aon lá. Nuair a tháinig deireadh na bliana agus an triail comórtais, féachaint cé ' gheóbhadh dul go Coláiste Mhaíge Nuat do chuas isteach sa chomórtas chómh maith le cách.

Bhí búntáiste mhór ag na buachaillíbh a bhí 'na gcónaí istigh sa Choláiste ar na buachaillíbh a bhí amu' ar lóistín, mar do bhítí ag múineadh na muintire istigh gach aon tráthnóna. Chuaigh ceathrar agus trí fichid de sna buachaillíbh isteach ar an gcomórtas san. Nuair a bhí an triail déanta do fuaradh go rabhas-sa ar an gceathrú duine. Ní raibh ach triúr ann a bhí ní b'fheárr ná me. Ní raibh aon mhaith dhom sa méid sin, mar ní raibh ach trí hinid folamh i Mágh Nuat an bhliain sin. Chuaigh m'athair ansan agus do labhair sé leis an Easpag agus chuir sé i gcúimhne dho an socrú a deineadh nuair a hoscladh an Coláiste. Mar gheall ar an socrú san do thug an tEaspag inead saor sa Choláiste dhom i gcaitheamh na bliana a bhí chúinn, agus nuair a tháinig an triail arís do chuas go Mágh Nuat. Sa bhliain d'aois an Tiarna míle ocht gcéad trí fichid a haon ab ea é sin.

X: Siúl na gCnuc

Ón uair a thosnaíos ar na teangthachaibh d'fhoghlaim i Magh Chromtha bhínn thuas sa bhaile go minic. Théinn abhaile gach aon tSatharn, agus ansan thagáinn anuas arís ar maidin Dé Luain. Dá éaghmais sin bhínn thuas sa bhaile nuair a tugtí laethanta saoire do lucht na scoile. Do leanadh na laethanta saoire cúpla seachtain nú trí. An fhaid a bhínn sa bhaile bhínn ag obair ar an bhfeirm bheag i dteannta na cod' eile den chlaínn. Thug san taití mhaith dhom ar gach aon tsaghas oibre sclábhaíochta ' dhéanamh. Bhíos ábalta ar rámhainn do láimhseáil nú ar shluasaid do láimhseáil. Ní hannamh a bhí teinneas im ghéagaibh agus im dhrom ó bheith ag baint fhéir le speil, nú ag baint mhóna le sleán, nú ag baint choirce le corrán. Bhí ' fhios agam an mó dias a dhéanfadh teadhall agus an mó teadhall a dhéanfadh dórán, agus an mó dórán a dhéanfadh punann. Bhí ' fhios agam conas súiste do chasadh agus láithreán arbhair do bhualadh, gach re mbuille i gcoinnibh buailteóra eile, agus mo bhuille do bhualadh ar an gcuma dob fheárr chun an ghráinne ' bhaint as an dtuí.

Uaireanta is ag aeireacht a curtí mise nuair a bhíodh an chuid eile ag obair. Deirtí liom go bhféadfáinn bheith ag gabháil don leabhar i dteannta na haeireachta ' dhéanamh. Is cúimhin liom lá agus me ag déanamh na haeireachta go bhfeaca gamhna iasachta i dteannta na mbó. Thall ar an muíng mbig a bhí na ba agam. Cheapas, ní nárbh iúnadh, gur anoir ó bhuaibh na Cathairíneach a tháinig na gamhna iasachta. Chromas ar na gamhna iasachta, dar liom, do dheighilt amach ónár mbuaibh féin agus do chomháint soir abhaile. Ní raighidís soir dom. Pé dícheall a dhéanfáinn ar iad a chomáint soir ní raighidís soir dom. Chonaic an mhuintir eile me agus iad ag obair i bPáirc na

X: Siúl na gCnuc

hAbhann. Bhíodar ag faire orm agus iad ag gáirí. D’inseadar dom ar ball gur linn féin na gamhna a bhí agam á chomáint chun siúil. Is amhlaidh a bhí na gamhna imithe as m’aithne toisc me ’ bheith as baile chómh mór. Do castí liom go minic ’na dhiaidh san an dearúd a dheineas. “Sin é”, adeirtí, “an buachaill nár aithin a ghamhna féin!”

Lá éigin eile dá dtánag abhaile bhí cúpla gabhar le tabhairt aduaidh ó Leaba Dhiarmada.

“Raghadsa agus tabharfad liom iad”, arsa mise. Bhí an fonn orm chun an chnuic do shiúl. Chuireas an cnuc ó thuaidh díom. Do shuíos ar Fhail na bhFiach ag féachaint uaim síos agus ag féachaint im thímpall ar na sléibhtibh. Nuair a bhí tamall maith caite ansan agam bhuaileas an cnuc siar agus thugas tamall im shuí in áit eile. Fé dheireadh chuas síos go dtí an áit ’na raibh an dá ghabhar. Bhíodar ceangailte dhá chéile. Chomáineas rómham iad an cnuc suas i dtreo go bhféadfainn teacht cóngar an chnuic abhaile leó. B’fhearra dhom gurbh é an tímpall a gheóbhainn, soir go Carraig an Stáca, mar a raibh an cosán fém chois agam. Ní hé sin a dheineas, ach aghaidh a thabhairt ar an gcnuc. Ní raibh ’ fhios agam go raibh oiread den lá caite agam ag féachaint im thímpall. Um an dtaca ’na rabhas féin agus na gabhair ar mhullach an chnuic bhí sé in’ oíche dhubh. I dteannta é ’ bheith in’ oíche dhubh bhí ceó tagaithe ar an gcnuc. Leis an ndoircheacht agus leis an gceó is ar éigin ’ fhéadainn na gabhair a dh’fheiscint agus iad rómham amach ar an bhfionnán. Chromas ar an dtalamh fém chosaibh agus im thímpall do bhreithniú, chómh fada agus d’fhéadas é sa doircheacht, le heagla go raighinn amú. Bhí m’aghaidh, dar liom, lom díreach, síos ar an áit ’na raibh ár dtigh féin. Bhíodar an dá ghabhar a d’iarraidh gabháil soir in inead gabháil siar ó dheas i dtreo na háite ’na raibh ár dtigh, dar liomsa. Do thánag rómpu agus chasas anoir iad cúpla uair. Fé dheireadh do ritheadar uaim soir, agus níor fhéadas teacht rómpu go dtí gur chuadar isteach i gclós éigin. Siúd gadhair ag amhastragh láithreach. Do leanas na gabhair isteach sa chlós. Bhí doras an tí ar m’aghaidh amach. Tháinig bean amach. “Cé hé sin?” ar sise. D’aithníos í láithreach. D’inseas di cérbh é me. Cailín de mhuintir Luasa ab ea í. Nuair a bhíos ag dul isteach sa chlós san thabharfainn an leabhar gur isteach i gclós Mhíchíl Bhreathnaigh thoir ar Gleann Daimh a bhíos ag dul. Nuair a chonac an tigh mheasas, bhíos deimhnitheach de, gurbh é tigh Mhíchíl Bhreathnaigh a bhí agam. Nuair a labhair an cailín liom is í céad cheist a tháinig chun m’aigne ná “Cad a thug anso i leith go tigh Mhíchíl Bhreathnaigh í sin?” I ndiaidh ’ chéile do léiríodh dom gurbh amhlaidh a bhí meascán mearaí tar éis teacht orm. Is ag an dá ghabhar a bhí an ceart. Bhíos-sa a d’iarraidh na ngabhar do chomháint as an slí chóir dá n-ainneóin. Chimeád na gabhair mise ar an slí chóir dom ainneóin. Dá dtugadh na gabhair mo shlí féin dómhsa an oíche sin, is siar chun Millín na Móna a thabharfaimís aghaidh, áit a bhí lán an uair sin de phollaibh doimhne uisce. Ní bheadh aon bhreith againn gan dul isteach i bpoll éigin acu. Gan aon dabht ar domhan do báifí mise an oíche sin mura mbeadh an dá ghabhar úd a bheith ag taispeáint na slí dom.

Lá éigin, an fhaid a bhíos ag dul ar scoil go Ceann Tuirc, thug mo neamhthuiscint féin cúntúirt eile orm, agus ba ródhóibair dom gan teacht saor as. D’fhágas Lios Caragáin lá Domhnaigh agus d’éistear Aifreann i gCarraig an Ime. Ansan thugas aghaidh ó thuaidh bóthar Shráid a’ Mhuillinn, chun dul go Doire na Móna an oíche sin agus bheith in am chun dul go Ceann Tuirc ar maidin Dé Luain a bhí chúinn. Nuair a bhíos ag gabháil Céim Carraige síos do chonac ar m’aghaidh anonn Caisleán Chille Míde agus cnuc Cláraí. Bhí an lá go hálainn agus an spéir ana-ghlan. Duart liom féin ná raibh aon teóra leis an radharc le breáthacht a bheadh agam ar an ndúthaigh go léir mórthímpall dá mbeinn ar mhullach an chnuic sin. Duart liom féin go bhféadfainn gabháil suas fan an chaisleáin go bárr an chnuic agus féachaint im thímpall, agus ansan rith le fánaidh síos isteach sa tsráid, agus go mbeinn sa tsráid chómh luath, nách mór, agus dá ngabhainn an bóthar. Siúd suas me chun an chnuic chómh luath agus ’ thánag ar aghaidh an chaisleáin. Níor shroiseas barra an chnuic

X: Siúl na gCnuc

chómh luath agus ' mheasas do shroisfínn é. Um an dtaca 'na rabhas ar bharr an chnuic bhí an ghrian i bhfad níba shia siar, agus síos, ná mar a cheapas a bheadh sí. Bhí an radharc go breá gan amhras. Bhí Mullach an Ois agus Claeideach, agus na cnuc mhóra eile go léir, laistiar díom agus laistear díom, agus iad

“Ag bagairt a gcínn de dhruím a chéile,”*

agus gan aon bhlúire ceóigh orthu, ach iad chómh glan san gur dhó' le duine gur nite a bhíodar. Bhí Muisire ar m'aghaidh soir agus é chómh nite leó. Ní raibh an cómharta soininne air:

“Ceó ar Mhuisire 's Clárach lom
An cómharta soininne is fearr ar domhan.”

Bhí Dúth' Ealla go léir leata amach ansúd fém shúilibh, soir, agus ó thuaidh agus siar, agus an ghrian ag taitheamh air, agus é chómh breá chómh mór chómh leathan! Bhí na cnucáin beaga thíos ag bun an chnuic, agus bíodh go rabhadar árd go maith dá mbeifá laistíos díobh, ní mhothófa aon aoirde in aon chor iontu nuair a bheifá ag féachaint síos orthu ó mhullach an chnuic. Ba dhó' leat gur talamh leibhéalta ar fad iad.

Ach bhí an ghrian ag dridim rófhada síos chun na gCnuc a bhí laistiar díom, agus do ritheas le fánaidh síos i dtreo na sráide. Bhí an tslí síos chun na sráide níba shia ná mar a mheasas, agus níba chrosta go mór ná mar a mheasas. B'éigean dom clathacha móra ' chur díom, agus páirceanna treafa, agus cumair a bhí lán de sceachaibh, agus fé dheireadh, nuair a bhíos ag dul isteach sa tsráid bhí titim na hoíche ann. Bhí titim na hoíche ann agus bhí seacht míle, de mhíltibh móra fada idir me agus Doire na Móna, agus ní raibh aithne agam ar éinne i Sráid an Mhullinn, ná ag éinne orm. Thugas aghaidh ar an mbóthar. Shiúlaíos soir tríd an sráid go géar; ó thuaidh go Drisean; go Droichead an Chaoil. Bhíos ag cur an bhóthair díom agus doircheacht na hoíche ag méadú. Fé dheireadh do mhothaíos an tuirse ag teacht orm. Ansan mhothaíos an tart ag teacht orm. Ansan do mhothaíos me féin ag lagú leis an ocras. Bhíos gan aon bhlúire bídh a dh'ithe ó fhágas an baile ar maidin. Ach do chomáineas liom. Um an dtaca go rabhas chómh fada soir ó thuaidh le Doire na Graí bhíos chómh buailte amach san gur shíneas ar bharr chlaí an bhóthair chun an tuirse ' chur díom beagán. Bhíos ar mo shuaimhneas ansan ar feadh tamaill. Ar ball do shamhlaíos go rabhas ag titim im chodladh. Lena linn sin do mhothaíos mar a bheadh codladh grífin ag rith tríom ballaibh* go léir. Do léimeas suas. Thuigeas láithreach dá dtiteadh mo chodladh i gceart orm ar mhullach an chlaí sin gur marbh a géofí ann me ar maidin. Siúd chun bóthair arís me. Bhí eólas na slí go maith agam. Do shroiseas tigh Thomáis Uí Laeire ar Doire na Móna. Bhíodar gan dul a chodladh nuair a shroiseas an tigh, bíodh go raibh sé i bhfad tar éis a dódhéag a' chlog san oíche. Bhí driotháir do Thomás sa tigh. Diarmaid ab ainm do. Bhí sé féin agus mise ana-mhór lena chéile. B'é an chéad duine é a chonaic me ag teacht an doras isteach chuige. Bhí iúnadh air cad a thug chómh déanach me. Bhí iúnadh ba mhó ná san air nuair a fuair sé gurbh ar éigin a bhí ionam labhairt leis. Do tugadh mo dhóthain le n-ithe agus le n-ól dom láithreach. Chuas a chodladh, agus go deimhin do chodlas go sámh.

Níor ínseas d'éinne cad a chuir an tuirse go léir orm, ná conas mar ba dhóbaire dom fanúint i mbarra an chlaí ar thaobh an bhóthair in aice shéipéil Dhoire na Graí. Níor ínseas d'éinne in aon chor riamh ó shin é. Bhí náire orm a thabhairt le rá d'éinne go dtabharfainn a leithéid de chúrsa, gan ghá gan riachtanas.

X: Siúl na gCnuc

Tá aon rud amháin, áfach, a chuireann canncar mór anois orm agus atá ag cur canncair orm riamh ó shin. Ag machnamh dom 'na dhiaidh san ar an gcuma 'na mbídís ag féachaint orm an oíche sin, nuair a mheasaidís ná binn ag féachaint orthu, do buaileadh isteach im aigne gur mheasadar gurbh amhlaidh a casadh cuideachta éigin orm i Sráid an Mhuillinn agus gur rugadar isteach i dtigh tábhairne éigin me—agus gurbh é sin a chimeád amu' chómh déanach me, agus do chuir an tuirse go léir orm agus do bhain mo chainnt díom!

Féach gurb uiriste éagóir a dhéanamh ar dhuine! Go mór mór nuair a thugann duine féin an chaoi chuige le beart éigin mhíchuíosach.

XI: An Mhangarta

Tá sé chómh maith agam a dh'insint san áit seo conas mar a dheineas beart a bhí míchuíosach go leór i bhfad sara ndeigheas isteach in aon scoil riamh ach amháin an scoil a thug mo mháthair dom. Bhíos, is dó' liom, tímpall deich mbliana dh'aois, nú b'fhéidir ag déanamh ar bheith aon bhliain déag. Bhí trí nú ceathair de cholanaibh beaga seasca ageam athair le cur siar go dtí an Leitir Cheanann, ar an gcnuc, i dtreó go gcaithfidís an samhradh ann agus go bhfágfí an fhosaíocht sa bhaile ag na buaibh bainne. Bhí fear oibre againn. Mícheál Ó Fineagáin ab ainm do. Bhí daitheacha ag imirt ar an nduine mbocht. Dheanfadh sé obair maith go leór ach ní fhéadfadh sé rith. Dúradh leis na ba seasca do chomáint leis siar go dtí an cnuc. Dúradh liomsa dul lena chois i dtreó dá mbeadh na ba ag rith uaidh, a d'iarraidh teacht thar n-ais abhaile, go ndéanfainnse rith agus teacht rómpu dho.

Chomáineamair linn iad, Daingean na Saileach siar; síos ar bhóthar Chnuic an Iúir; siar go Béal an Gheártha; siar trí Charraig an Adhmaid; siar chun an Mhuilinn. Ag an Muileann do chuamair ó dheas thar an ndroichead. Ansan do chomáineamair an bóthar siar iad go Cúil Aodha; fan Loch' an Bhogaigh siar; trí Dhoirín na Gréine; agus siar go bun an chnucáin mar a dtosnaíonn an bóthar ag gabháil suas Cúm na nÉag. Tháinig tuirse ar Mícheál ag bun an chnuic sin. Duairt sé liomsa aire ' thabhairt do sna buaibh agus do shín an duine bocht ar thaobh an bhóthair agus choidil sé greas do féin. Ní raibh aon locht ag na buaibh air sin. Bhí féar breá glas ar gach taobh den bhóthar agus d'itheadar a ndóthain de.

Nuair a bhí a ghreas codlata déanta ag Mícheál agus greas maith innír déanta ag na buaibh do chomáineamair linn arís iad; suas cliathán an chnuic go barra Chúm na nÉag agus siar bóthar Neidín go dtí gur shroiseamair an Leitir Cheanann, nú, mar aduairt file éigin nú bean chaoite éigin, “an Leitir ná léitear”.

Chuamair isteach i dtigh na ndaoine go mba leó an cnuc. Fuaramair rud le n-ithe agus le n-ól go fial. Bhí sé 'na thráthnóna mhór luath. D'fhan Mícheál istigh, ach do chuas-sa in éineacht le fear óg de mhuíntir an tí a bhí chun na mbó do chomáint suas an cnuc chun na háite 'na rabhadar le fanúint, i dteannta na mbó eile a bhí ann ar an gcuma gcéanna.

Bhí bean ón gcómharsanacht san pósta, ar Pruthas, i bparóiste Thuath na Droman, ag driotháir athar dómhsa. An fhaid a bhíomair ag gabháil suas an cnuc bhí radharc againn ó dheas ar na tithibh a bhí ar an dtaobh theas den ghleann. Chromas ar cheistiúchán ar an mbuachaill a bhí lem chois dhá fhiafraí dhe cé ' bhí 'na chónaí, “sa tigh úd tall”,—“sa tigh eile úd tall”—agus mar sin, go dtí gur ainmnigh sé duine de mhuíntir Thuama.

“Ná fuil bean as an dtigh sin pósta lastoir in áit éigin?” arsa mise.

XI: An Mhangarta

“Tá go díreach”, ar seisean. “Tá sí pósta ag fear de mhuintir Laeire thoir ar fad ar Pruthas.”

“Cad é an ainm atá ar an bhfear san?” arsa mise.

“Peadar Rua’, a thugaid siad air”, ar seisean.

Sin a raibh uaim. D’fhéachas go géar ar an dtigh i dtreo gur chuireas a chómharthaí isteach im aigne go daingean. Chomáineamair linn suas na ba go dtí gur chuireamair isteach i gcumar bhreá chluthar iad, mar a raibh a lán eile ba seasca, agus gairithean a thaithn leó acu agus iad ag inníor air go suairc.

Bhíomair ar an gcliathán thuaidh den “Leitir ná léitear” an uair sin agus bhí radharc breá againn. Bhí gleann ana-dhoimhinn, ana-leathan lastuaidh dínn, agus cnuc ana-mhór, an-árd lastuaidh den ghleann.

“Cad é an ainm atá ar an gcnuc mór san?” arsa mise.

“Ar airís riamh teacht thar an Mangartain?” ar seisean.

“D’airíos go minic”, arsa mise. “Mangarta an Cheóigh’ a dh’airínn in amhránaibh air.”

“Ní miste Mangarta an Cheóigh a thabhairt air go deimhin”, ar seisean. “Bíonn an ceó go trom agus go dorcha air uaireanta.”

“Is dócha”, arsa mise, “go bhfuil radharc ana-mhór óna bharra.”

“Tá”, ar seisean, “radharc ana-mhór óna bharra. Ba dhó’ leat go bfeicfá Éire go léir óna bharra dá mbeadh an lá glan.”

“Tá sé ana-ghlan anois”, arsa mise. “Ní bheidh an ghrian ag dul fé go ceann tamaill. Beidh aimsir ár ndóthain againn chun dul suas go dtí a bharra agus an radharc breá ’ dh’fheiscint. Téanam ort.”

D’fhéach sé orm.

“An bhfuil ’ fhios agat”, ar seisean, “cad é an fhaid atá an cnuc san uait anois?”

“Ba dhó’ liom”, arsa mise, “go bhfuil sé dhá mhíle go maith uainn.”

“Dhá míle!” ar seisean agus iúnadh air. “Is é méid atá an cnuc san uait anois, a mhic ó”, ar seisean, “ná deich míle; agus dob usa dhuit go mór fiche míle de bhóthar a shiúl ná an deich míle sin!”

Ní duart a thuilleadh, ach dheineas ceapadh im aigne féin. Duart liom féin go n-éireóinn ana-mhoch ar maidin amáireach a bhí chúinn agus go raghainn go barra an chnuic sin sara mbeadh Mícheál Ó Fineagáin as a leabaidh.

Thánamair abhaile. Chuas isteach sa tigh. Bhí seanabhean ag cainnt istigh agus mheasas go raibh fearg uirthi. Do buaileadh isteach im aigne gur doicheadh a bhí uirthi rómham. Níor leogas aon rud

XI: An Mhangarta

orm. Do shleamhnaíos chun an dorais. Níor dheocair dom sleamhnú chun an dorais, mar ní rabhas tar éis dul i bhfad isteach ón ndoras. Chómh luath agus 'fuaras me féin ar an dtaobh amu' den doras chuireas an talamh díom! Síos liom chun na glaise agus anonn thar glaise, agus suas, ar an dtaobh theas den ghlaise agus den bhóthar, chun tí mhuintir Thuama. Chómh luath agus 'tánag isteach sa chlós, siúd trí nú ceathair de ghadhraibh ag amhastraigh orm. Siúd beirt nú triúr 'om chosaint orthu. Bhuaileas thórsu go léir isteach, idir ghadhraibh agus lucht cosanta. Bhuaileas suas chun na tine. Bhí sé tamall beag tar éis na hoíche 'thitim. Nuair a shroiseas an tine chonac seanabhean bhreá mhór bhrothallach mháithriúil agus í 'na suí ar fhuarma in aice na tine, i leith mo lámha clé. D'fhéachas uirthi agus d'imíos agus shuíos ar chathaoir a bhí ar an dtaobh eile den tine. Níor labhras le héinne agus níor labhair éinne liom, ar feadh tamaill. Fé dheireadh do labhair an bhean mhór liom go breá séimh sultmhar.

“Sea, a gharsúin”, ar sise, “cár ghabhais chúinn?”

“Go deimhin”, arsa mise, “ba chóir go n-aithneódh sibh me!” agus do gháireas.

Níor labhair éinne ar feadh tamaill eile, ach bhí an bhean mhór ag cur na súl tríom. Fé dheireadh do labhair sí arís.

“B'fhéidir gur anoir a ghabhais chúinn?” ar sise.

“Is anoir”, arsa mise, “agus Peadar Ua Laoghaire is ainm dom.”

“Sea, a Pheadair Uí Laoghaire”, ar sise, “aithním go maith anois tu. Mac do Dhiarmaid is ea thu.”

“Mac do Dhiarmaid is ea me”, arsa mise.

Do cuireadh gach aon chóir orm láithreach agus ní baol gur mhothaíos aon doicheadall rómham. Ní raibh aon bhlúire doichill san áit eile rómham ach chómh beag, pé rud a chuir im aigne go raibh.

Chuas a chodladh. Ach bhí an Mhangarta im aigne agam. Chómh luath agus 'chonac an chéad amhscarnach de sholas an lae ar maidin bhíos im shuí agus amu'. Siúd síos me go dtí an bóthar. Nuair a thánag ar an mbóthar d'fhéachas uaim ó thuaidh. Ní raibh aon radharc ar an Mangartain ón mbóthar, ach bhí 'fhios agam cad é an treó baill 'na raibh an cnuc. Shiúlaíos an bóthar siar go dtí go rabhas, mar a mheasas, ar aghaidh an chnuic ó dheas, nú, go dtí go raibh, de réir mo bhreithiúntais, an Mhangarta ar m'aghaidh ó thuaidh díreach. Ansan d'imíos isteach thar claí an bhóthair agus thugas m'aghaidh ó thuaidh tríd an sliabh. Bhí an talamh ana-gharbh, anamhíchothromach, lán de chlochaibh agus de thúrtógaibh agus de phollaibh agus de charraigreachaibh, ach do chomáineas liom ó thuaidh díreach. Bhí srutháin leathana dhoimhne rómham le gabháil thórsu. Do stadainn uaireanta ar bruach srutháin acu ag féachaint síos ar na breacaibh beaga a bhíodh iontu thíos, ag sceinnt anonn 's anall, agus ag dul isteach fé sna clochaibh nuair a chídís me. Ansan do chomáininn liom ó thuaidh arís agus me ag faire chúm, ag brath air nárbh fhada go bhfeicfínn ceann mór ramhar na Mangartan ag éirí chúm de dhruim an chnuic ar a rabhas ag siúl. Ach bhí an ghrian ag éirí lastoir agus ní raibh an Mhangarta ag éirí lastuaidh. Bhí tigh mhuintir Thuama agus na tithe eile a bhí sa chómharsanacht ag imeacht as mo radharc laisteas, agus ní raibh aon rud lastuaidh díom fós, ná lastoir díom, ná laistiar díom, ach an sliabh agus é lán de sna clochaibh agus de sna túrtógaibh agus de sna carraigreachaibh. Bhí an ghrian ag druidim suas ar an spéir lastoir agus an brothall ag tosnú ar theacht aisti, agus bhí tart ag teacht orm. Bhaineas

XI: An Mhangarta

deoch breá a ceann de sna sruthánaibh, agus chomáineas liom ó thuaidh.

Fé dheireadh do chonac ceann mór ramhar na Mangartan ag éirí chúm. D'fhéachas go géar air. Do mheasainn go mbíodh sé ag suathadh agus ag guagadh agus dhá luascadh féin anonn 's anall in aghaidh gach ciscéim dá dtugainn. Thuigeas go maith gurbh é an fhaid a bhí sé uaim fé ndeár an luascarnach san, nú a dheallramh. Chomáineas liom ó thuaidh tamall eile go dtí gur oscail an gleann* mór leathan doimhinn fúm thíos lastuaidh díom, agus idir me agus an Mhangarta.

Bhí tamall maith den mhaidin imithe um an dtaca san. Bhí ocras ag teacht orm. Bhíos suaite go maith, agus tuirse orm agus allas orm, ó bheith ag siúl tríd an sliabh. D'fhéachas ar an ngleann a bhí ansúd ar leathadh ar m'aghaidh amach, agus d'fhéachas uaim ó thuaidh ar an Mangartain—agus chuímhníos ar an deich* míle úd a bhí níba dheocra do shiúl ná fiche míle. Ambasa ach do chuímhníos gurbh fheárr gan dul a thuilleadh.

Ansan d'fhéachas im thimpall. Bhí ' fhios agam go raibh Cúm na nÉag ar m'aghaidh soir díreach, agus go bhféadfainn cóngar mór a dhéanamh ach aghaidh a thabhairt soir. Bhí ' fhios agam, leis, nárbh fhada go mbuailfeadh tigh éigin umam, agus nár bhaol ná go bhfaighinn mo dhóthain le n-ithe ann. Siúd soir me tríd an sliabh. Bhíos ag cur na slí dhíom soir go dtí gur mheasas nárbh fhéidir dom gan bheith ag teacht ar Chúm na nÉag. Thánag ar chúm, ach níorbh é Cúm na nÉag é. Clais mhór fhada ab ea an cúm, mar a bheadh gearradh mór fada leathan tríd an sliabh, ó thuaidh agus ó dheas, agus sruthán beag ag rith ó dheas tríd an ngearradh, le titim an tailimh, agus bóthar tríd an ngearradh, fan an tsrutháin. Ba dhó' le duine gurbh é rud an gearradh san, tríd an sliabh, ná caidhséar a dhein an sruthán do féin, ach amháin go raibh an caidhséar rómhór, róleathan, ródhoimhinn, agus an sruthán róshuarach. Dá mbeadh seachtain fearthana ann, áfach, agus an fheartainn trom, ní dóich liom go mbeadh an sruthán róshuarach chun an chaidhséir a dhéanamh. Do stadas ar bruach an chaidhséir ar feadh tamaill. Bhí cúis staid agam. Bhí an tsál imithe ó bhróig liom. Ní raibh puínn greama ag bonn na bróige eile. Agus bhí tuirse agus ocras orm. Bhíos ag féachaint an bóthar ó thuaidh. Bhí radharc i bhfad ó thuaidh agam, mar bhí an bóthar díreach agus bhí an áit 'na rabhas árd go maith os cionn an bhóthair agus os cionn an tsrutháin. Níorbh fhada go bhfeaca ag gabháil chúm an bóthar aduaidh rud a chuir iúnadh agus alltacht orm. Bhí an rud ag siúl ar nós duine. Ach ní fheaca ar aon duine riamh a leithéid de cheann le méid. Bhí sé ag siúl anaghéar. Fé mar a bhí sé ag teacht i gcóngar dom is ea ba mhó a chonac an deallramh daonna air, ach an ceann a bheith ag dul i méid go huathásach. Níorbh fhada go bhfeaca go raibh adharca beaga ar an gceann. Go luath tar éis na n-adharc a thabhairt fé ndeara dhom do thuigeas an scéal go léir. Bean a bhí ann agus corcán ar a ceann aici, a ceann sáite suas i mbéal an chorcáin aici agus an corcán lán d'fhéar thirim, i dtreo ná gortóí an ceann, agus trí cosa an chorcáin in áirde mar ' bheadh trí adhaircíní.

Chómh luath agus ' thuigeas an méid sin do ritheas síos agus thar sruthán soir agus bhíos 'na coinnibh ar an mbóthar um an dtaca 'na dtáinig sí suas.

Níor leogas blúire orm i dtaobh na preibe do bhí bainte aici asam.

“Dia 's Muire dhuit!” arsa mise léi.

“Dia 's Muire dhuit is Pádraig, a gharsúin”, ar sise; “ach ní aithním thu. Ní dó' liom”, ar sise, “gur éinne de gharsúnaibh na háite seo thu?”

XI: An Mhangarta

“Ní hea”, arsa mise. “Anoir ó Chluan Droichead is ea me, agus táim ag déanamh cóngair soir abhaile. Táim ag tabhairt aghaidh soir ar Chúm na nÉag. An bhfuil Cúm na nÉag i bhfad soir as so?”

D’fhéach sí go géar orm.

“Ó Chluan Droichead!” ar sise. “Aililiú!” ar sise. “Cúm na nÉag!” ar sise. Ansan, fé mar ’ bheadh a hiúnadh curtha dhi aici, d’iompaign sí orm. “Ach”, ar sise, “tá Cúm na nÉag an-fhada soir as so, agus tá an tslí ana-gharbh ana-mhíchothromach. Buail mar seo síos in éineacht liomsa agus cuirfead ar an mbóthar tu. Tá bóthar breá réidh agat ón gcrois seo thíos soir go Cúm na nÉag, agus as san soir go dtí muileann Bhaile Mhúirne. Agus go deimhin is fada an bóthar é dhuitse le siúl anois.”

Chomáineas liom síos lena cois. Níorbh fhada go bhfeaca, thíos ag an gcrois, fear agus bata ’na láimh aige agus é ag crothadh an bhata chúm go feargach. Mícheál Ó Fineagáin a bhí ann. Bhí an duine bocht tar éis an lae ’ chaitheamh ’om chuardach. Nuair ’ éirigh sé ar maidin ní raibh aon tuairisc orm ag éinne dho. Chonaic duine éigin me ag dul anonn go tigh Mhuíntir Thuama. Chuaigh sé anonn. Ní raibh aon tuairisc thall orm ach gur thugas an oíche ann agus ná feacaigh éinne me ag imeacht ar maidin. Tháinig sé anall. Thall ná abhus ní raibh aon tuairisc orm.

“Cad a dhéanfad in aon chor!” ar seisean. “Conas a thabharfad aghaidh ar a athair agus ar a mháthair!”

“Imigh ort abhaile”, arsa gach éinne leis. “Thoir sa bhaile rómhat a gheóbhair é, gabhaimse orm!”

Ar an mbóthar ag dul abhaile a bhí sé nuair a chonaic sé chuige aduaidh an bóthar úd tríd an gcaidhséar me. Bhí fearg air, ach ba mhó an t-áthas a bhí air ná an fhearg. Ní leogfadh sé as a radharc as san amach me go dtí go rabhamair araon sa bhaile. Nuair a shroiseamair an baile bhí iúnadh ormsa. Níor labhair sé oiread agus focal amach as a bhéal chun aon ghearáin a dhéanamh orm mar gheall ar an scannradh a chuireas air! Ní baol gur labhras féin ar an scéal go dtí i bhfad ’na dhiaidh san.

XII: Ar Mhullach na Mangartan

I bhfad ’na dhiaidh san, leis, do chuas go mullach na Mangartan, ach is ón dtaobh thuaidh a chuas in áirde air, ó Chíll Áirne. Bhíos níba shine agus níba threise an uair sin ná mar a bhíos an lá a chuas siar go dtí an “Leitir ná léitear”. Bhíos im aonar agus bhí an lá ana-bhreá. D’fhágas Cnuc an Eireabail chómh luath agus ’ bhí mo bhrecaist ite agam, agus chuireas gach aon cóngar díom siar ó dheas go dtí go rabhas ag bun an chnuic. Ansan do chuardaíos an cosán a bhí, mar a hínseadh dom, ó bhun an chnuic suas go dtí a bharr, an cosán a deineadh ann fé chosaibh na ndaoine iasachta a thagadh ann chun Cíll Áirne agus na radharcanna breátha atá timpall air a dh’fheiscint. Chómh luath agus do thánag ar an gcosán do chomháineas liom suas. Nuair a thagadh an saothar orm, trí dhéine an chnuic, do stadainn agus d’fhéachainn im thimpall ar an ndúthaigh a bhí laistiar díom. Bhí an radharc san ag leathnú agus ag dul i mbreáthacht fé mar a bhíos ag dridim suas. Nuair a bhíos tamall maith suas bhí an radharc chómh breá chómh mór chómh leathan sin* go stadadh m’anál orm nuair ’ fhéachainn im thimpall air. Fé dheireadh do shroiseas an fiaradh. Do stadas ansan tamall maith ag féachaint im thimpall. Dob uathásach an radharc é! Bhí an lá chómh glan le criostal. Bhí scamaill bheaga bhána ar an spéir, ach bhíodar an-fhada suas agus bhí an t-aer fúthu gan aon bhlúire ceóigh ann, i dtreo gur fhéadas an talamh, agus na páirceanna, agus na coillte, agus cuid de sna haibhníbh, agus cuid de sna teampallaibh, agus an chuid de sna tithibh cónaithe ná raibh

XII: Ar Mhullach na Mangartan

ró-fhada uaim, a dh'fheiscint go soiléir. Bhí Cíll Áirne ansúd thíos im aice, chómh cóngarach san dom, dar liom, go measainn go bhféadfainn méaróg chloiche do chaitheamh síos isteach sa tsráid bheag.

Ar éadan an chnuic is ea ' bhíos an uair sin. Bhí an titim lasmu' dhíom agus a leithéid d'fhánaidh ann go measainn dá scaoilinn cloch síos ná stadfadh sí go dtí go mbeadh sí ag bun an chnuic. Bhí barra an chnuic go breá leathan leibhéalta laistiar díom, agus gur dhó' leat nuair a dhrídfá isteach air nách ar mhullach cnuic a bheifá in aon chor ach ar réidh bhreá leathan. Do dhrideas isteach air. Ní raibh aon choinne agam, go dtí go rabhas ag siúl air anonn 's anall ar an gcuma san, go raibh an mullach chómh breá fada fairseag. Bhí na cnuic mhóra eile, agus na cnuic bheaga ar a measc, laistiar agus laisteas agus lastoir díom. Ba dhó' leat ná raibh sa chuid eile acu ach cruceóga bheaga seochas an beithíoch cnuic a bhí fém chosaibh. Ní raibh ach Corrán Tuathail, a bhí ansúd laistiar díom, go raibh aon téagar ná aon aoirde ann, dar liom. Bhí an Dá Chí' agus Mullach an Ois lastoir díom, agus d'fhéachadar ana-shuarach. D'fhéachas ó dheas féachaint an aithneóinn an "Leitir ná léitear". Do theip orm glan aon phioc dá dheallramh a dhéanamh amach i measc na sliabh eile. Ní raibh san áit ar fad ach grathain sléibhte. Bhí radharc siar ó dheas agam ar na hinbhiribh atá ag teacht isteach ón bhfarraige idir na cnucaibh, i dtreo gur dhó' le duine gurb amhlaidh a bheadh na cnuic ag dul fé uisce, agus nárbh fhada go mbeadh an fharraige os a gcionn; nú gurb amhlaidh a bheadh na cnuic ag éirí as an uisce, agus nárbh fhada go mbeadh an fharraige imithe siar ar fad amach as na gleanntaibh sin atá idir na cnucaibh. Ag féachaint orthu dhom thugas fé ndeara láithreach an chosúlacht chruínn atá idir an radharc a chonac ansúd, idir chnucaibh agus uisce, agus an radharc a chionn éinne nuair ' fhéachann sé ar an gcúinne thiar theas de mhapa na hÉireann ar fhalla thí scoile*. Níor fhéadas gan fanúint tamall maith ag féachaint ar an mapa úd atá ansúd anois, agus nách fios dómhsa ná d'éinne eile cad é an fhaid atá ó cuireadh ann é.

Tar éis me ' bheith tamall maith ag féachaint air agus ag machnamh air, d'iompaíos agus bhuaileas soir tríd an réidh bhreá leathan ar an mullach. Ní fada soir a chuas nuair a baineadh árdgheit asam. Do chonac ar m'aghaidh amach poll mór leathan doimhinn, síos in sa chnuc. B'é saghas puill díreach é ná an poll a bheadh ann dá mb'amhlaidh a bainfí ceann de Chíochaibh Danann aníos a lár na Mangartan agus an Chí' sin do chaitheamh thall in aice na Cíche eile, mar a bhfuil sí anois, an taobh a bhí suas di, sa chnuc, ar an dtalamh, agus an ceann caol di, a bhí síos sa chnuc, é suas anois. Ba dhó' leat, dá dtógfí ón dtalamh arís í agus í ' chur isteach sa pholl, an ceann caol di síos, go líonfadh sí an poll agus go mbeadh mullach na Mangartan 'na réidh bhreá leathan, ar aon leibhéal ó thaobh taobh, mar a bhí sé sarar tógadh an cnuc eile sin aníos as.

Má fhanas tamall maith ag féachaint siar ar na sléibhtibh agus ar na hinbhiribh in iarthar Éireann, ó Bhaoi Bhéarra go hinbhear Neidín agus go hinbhear Thrá Lí agus go hinbhear an Daingin, do thugas tamall ba mhó ná é ag féachaint uaim síos sa pholl úd gur baineadh, dar liom, an chíoch ba ghiorra dhom de Dhá Chích Danann aníos as uair éigin fadó. Níor fhéadas dul ró-achomair don pholl. Bhí an titim óna bhruach síos ródhíreach agus dá dtéinn ró-imeallach ar an mbruach ba bhaol dom go n-imeódh an fód óm chosaibh agus go scaoilfí le fánaidh me. Thánag chómh hachomair, áfach, agus go raibh radharc agam ar an loch uisce atá thíos i mbun an phuíll. Féachann an loch san go fada síos agus go gránna agus go huaigneach agus go dubh.

Shamhlaíos gurbh amhlaidh a bhí draíocht éigin ag an loch san dá imirt ar mo shúilibh, d'fhanas chómh fada san ag féachaint síos air. Nuair ' fhéachainn im thimpall tamall, soir ar an Dá Chí' nú ó dheas ar na hinbhiribh, níorbh fhada go n-iompaíodh mo shúile thar n-ais arís, agus síos ar an loch gránna dubh úd. D'fhéachainn anonn ar an dtaobh thoir den pholl agus chinn radharc álainn ann,

XII: Ar Mhullach na Mangartan

taobh an phuill 'na sheasamh thall, ar m'aghaidh anonn agus an ghrian ag taitheamh air agus scáileanna na scamall mbeag leata amach air agus iad ag gluaiseacht fan é go breá réidh, díreach mar a bhí na scamail bheaga féin ag gluaiseacht thuas os mo chionn ar an spéir. Ansan, nuair ' fhéachainn síos arís ar an loch, agus nuair a chuirinn cor díom anonn nú anall, shamhlaínn go mbíodh an loch, agus bun an phuill ar fad, ag suathadh agus ag luascarnaigh anonn 's anall, díreach mar a bhíodh mullach an chnuic féin nuair a bhíos ag féachaint air aneas ón "Leitir ná léitear".

Nuair a bhínn cortha de bheith ag féachaint síos ar an loch gránna dubh agus anonn ar an dtaobh thoir den pholl, agus 'om shuathadh féin anonn 's anall go bhfeicfinn an luascarnach laistíos, d'fhéachainn uaim ó thuaidh ar an ndúthaigh bhreá a bhí leata amach lastuaidh díom. Bhí um an dtaca san an bhreacarnach chéanna ar an ndúthaigh sin a bhí ar an dtaobh thoir den pholl, mar bhí na scamail bheaga tar éis iad féin do leathadh amach ar an spéir go léir, agus bhí na scáileanna beaga leata amach ar an ndúthaigh go léir. Ní fheaca riamh roimis sin, agus ní fheaca riamh ó shin, radharc chómh breá leis an radharc a bhí leata fém shúilibh nuair a bhíos ag féachaint siar agus ó thuaidh agus soir ar an ndúthaigh sin, agus an bhreacarnach san, scátha agus solais, ar leathadh air. Bhí an bhreacarnach chéanna ar an spéir thuas, os cionn na dútha, ach so a bheith de dheifríocht idir an mbreacarnach thuas agus an bhreacarnach thíos, .i. an rud ba scáth laistíos gur sholas lastuas é, agus an rud ba sholas laistíos go mba scáth lastuas é. Scamail gheala ab ea na scamail bheaga a bhí ar an spéir agus bhíodar níba ghile ná mar a bhí an spéir 'na dtímpall. Tríd an spéir a bhí gan scamall a thagadh solas na gréine anuas, agus an scamall beag geal is é ' chuireadh an scáth ar an dtír laistíos de.

Thugas oiread san aimsire ag féachaint ar na radharcannaibh breátha san, ar na sléibhtibh agus ar na hinbhiribh laistias díom, ar an ndúthaigh, ní hea, ach ar na dúthaibh móra leathana lastuaidh díom, ar an bpoll uathásach a bhí ansúd ageam chosaibh, ar an loch dubh draíochta a bhí ansúd thíos, ag suathadh agus ag luascarnaigh, i mbun an phuill, agus ar an mbreacarnach scátha agus solais a bhí orthu go léir, go raibh an tráthnóna ag teacht sarar tháinig aon phioc dá chuímhneamh chúm go raibh Cnuc an Eireabail tamall maith soir ó thuaidh uaim, agus go gcaithfinn dul ann i gcómhair na hoíche. Ansan féin ba ródheocair liom imeacht ón radharc. Ag dul i mbreáthacht a bhí an radharc fé mar a bhí an ghrian ag drídim síos agus an solas ag athrú; an solas ag lagú agus na scáthanna ag dorchú; agus an loch thíos i mbun an phuill ag dúchtaint tuilleadh agus ag dul, ba dhó' le duine, tuilleadh fén ndraíocht. Thugas iarracht ar imeacht. Do stadas tamaillín eile. Thugas iarracht eile ar imeacht agus do stadas tamaillín chun aon fhéachaint amháin eile ' thabhairt im thímpall orthu go léir. Fé dheireadh do ritheas as an áit.

B'usa go mór agus ba shaoráidí teacht an cnuc anuas ná dul suas. Mar sin féin bhíos tamall maith ag teacht anuas mar, an fhaid a lean an radharc leathan, ní fhéadainn gan stad anois agus arís chun mo shúile do shásamh air. Um an dtaca 'na rabhas ag bun an chnuic bhí an oíche ann, i dtreo gurbh ar éigin a bhí solas mo dhóthain agam chun na Fleisce do ghabháil. Do ghabhas í, áfach, gan mo chosa do fhliuchadh, agus chomáineas liom ó thuaidh go dtí gur chuireas mo chos ar bhóthar Chille Áirne. Bhí an oíche dhubh ann um an dtaca san; ach bhí an oíche go breá agus go ciúin, agus níorbh fhada gur éirigh an ghealach. Nuair a bhí an ghealach 'na suí agus an solas agam ba chuma liom an oíche nú an lá agam. Chomáineas liom an bóthar soir. Thánag go dtí áit 'na raibh falla mór árd cloiche ar an dtaobh thuaidh den bhóthar, ar mo láimh chlé, agus seanachaisleán laistigh den fhalla. Do hínseadh dom cúpla lá roimis sin go raibh drochainm ar an seanachaisleán agus ar an áit sin den bhóthar; go bhfeicí púca nú sprid nú rud éigin mínádúrtha den tsórd san ann. Bhí sé ag déanamh amach ar uair an mheán oíche nuair a thánag go dtí an áit. Bhíos ag cuímhneamh ar an bpúca, ach má bhíos ní le haon eagla roimis an bpúca é. Bhíos dhá rá im aigne gur mhór an díth céille do

XII: Ar Mhullach na Mangartan

dhaoine bheith dhá mheas go bhféadfadh púcaí ' bheith san oíche ann ach chómh beag agus ' bheidís ann i lár an lae. Lena linn sin siúd chúm an bóthar anoir ainmí éigin uathásach agus é ar cos' in áirde go dian. Bhí craínn ar gach taobh den bhóthar san áit, i dtreo nár fhéadas in aon chor a dhéanamh amach cad é an saghas ruda an t-ainmí. Bhí baitín beag im láimh agam. D'árdaíos an baitín dá luíthead agus dá shuaráí é. Do rith an t-ainmí chúm go dtí go raibh sé ar m'aghaidh amach. Díreach agus é ag gabháil thorm siar do leagadh ar an mbóthar é. D'éirigh a leath agus ghoibh sé siar ar cos' in áirde agus d'fhan an leath eile ar an mbóthar. Bhíos ag iniúchadh ar an leath a bhí ar an mbóthar. Ach níor fhéadas a dhéanamh amach cad é an saghas ruda é. Lena linn sin d'éirigh sé den bhóthar agus dhein sé orm.

“Fan uaim amach!” arsa mise, “pé rud tu!” agus mo bhaitín in áirde agam.

Do labhair sé.

“Ó mhuisse!” ar seisean, “go mbrisidh an D---l do chosa, mar asal!” agus é ag féachaint an bóthar siar i ndiaidh an ruda a bhí imithe siar ar cos' in áirde. “Gabhaim párdún agat!” ar seisean liomsa. “Is amhlaidh a chaitheas me féin anuas den bhithiúnach asail sin. Do leagas é d'aon ghnó chun teacht anuas de. Ag dul soir go Sráid an Mhuillinn atáim. D'fhágas Cill Áirne um thráthnóna chun dul soir go Sráid an Mhuillinn. Bhíos chómh fada soir leis an mBarra Dubh nuair a bhuail an t-asal san umam ar an mbóthar. Do rugas air agus do léimeas in áirde air chun é ' bhreith liom agus marcaíocht a bheith agam as tamall den bhóthar. Chómh luath agus ' bhíos socair in áirde air agus do fuair sé ná féadfadh sé me ' chaitheamh de, cad a dhein sé ach iompáil an bóthar siar! Níor fhéadas é ' chasadh toisc gan srian ná ceannrach a bheith agam air. Bhéarfadh sé siar isteach go Cill Áirne me arís mura mbeadh me dhá leagadh ansan ar an mbóthar. Do rugas ar chluais air a d'iarraidh é ' chasadh soir, agus is amhlaidh a leagas é, an rógaire bithiúnaigh!”

Ansan d'inis sé dhom cérbh é agus cad é an gnó a bhí soir go Sráid an Mhuillinn aige. Ó thigh na mbocht i gCill Áirne dob ea a tháinig sé agus go tigh na mbocht i Sráid an Mhuillinn a bhí sé ag dul. Garsún cheithre mblian ndéag nú chúig mblian ndéag ab ea é. Cheap sé an éagóir a dhéanamh ar an asal agus thug an t-asal “cor in aghaidh an chaím” do.

Chomáineamair araon linn ansan an bóthar soir, agus dheineamair cuideachtanas dá chéile go dtí gur shroiseamair an bóithrín ó thuaidh chun an tí ar Cnuc an Eireabaill mar a raibh mo ghaoltasa 'na gcónaí agus mar a raibh mo thriall i gcómhair na hoíche. Do scaramair le chéile ar an áit sin. Ní fheaca riamh ó shin é beó ná marbh.

Ní raibh sé ach tamall beag roim lá nuair a shroiseas an baile. Bhí muintir an tí 'na gcodladh, ní nárbh iúnadh. Do fágadh bia agus deoch im chómhairse in aice na tine. D'itheas an bia agus d'ólas an deoch. Ansan duart mo phaidreacha agus chuas a chodladh. Ní baol ná gur chodlas go sámh.

Eidiraisnéis is ea an méid sin cainnte atá ráite i dtaobh na cuarda san a thugas go “Mangartain an aeir aoibhinn”, mar aduairt an file. An “Leitir ná léitear” fé ndeara dhom cúimhneamh ar an gcuardir sin. Do chuas suas aon uair amháin eile go mullach na Mangartan, tamall maith i ndiaidh an lae sin, ach ní raibh an lá chómh breá ná an spéir chómh glan, agus bhí daoine lem chois, agus níor fhéach an radharc chómh hálainn in aon chor, ná chómh hoirirc, ná chómh huasal, agus ' bhí sé an chéad lá úd a chonac é. Is dócha gur lá mar an lá san a bhí ag an bhfile thuas air nuair a thug sé “Mangarta an aeir aoibhinn” ar an gcnuc. D'airíos féin “Mangarta an Cheóigh”, á thabhairt ar an gcnuc gcéanna in amhrán eile. Is eagal liom gur minicí go mór a bhíonn an cnuc 'na “Mhangartain cheóigh”, ná mar a

XII: Ar Mhullach na Mangartan

bhíonn sé 'na "Mhangartain aeir aoibhinn".

XIII: Mágh Nuat.

Sa bhliain d'aois an Tiarna míle ocht gcéad trí fichid a haon is ea do chuas síos go Coláiste Mhaíge Nuat chun mo théarma aimsire do chaitheamh ann 'om ollmhú chun bheith im shagart.

B'é dlí an Choláiste an uair sin go gcaithfeadh duine ocht mbliana, nó seacht mbliana, nó sé bliana, do chaitheamh ann, ag foghlaim na n-ealaíon a bheadh riachtanach do i dtreo go mbeadh an t-eólas ceart aige chun go ndéanfí sagart de. Do curtí triail ar na hógánaigh ag dul isteach dóibh, in éagmais na trialach a chuireadh na hEaspaig amu' orthu. Dá dtaispeánadh an triail nár ghá don ógánach na hocht mbliana do chaitheamh istigh do maithfí bliain do. Ansan, dá dtaispeánadh an triail nár ghá dho na seacht mbliana do chaitheamh istigh do maithfí obair dhá bhlian do. Do maitheadh obair dhá bhlian dómhsa. Ba mhór an tairbhe dhom é sin mar tá aer na háite ana-dhian ar shláinte na mbuachaillí a théann isteach ann ón dtuaithe. Do bhí sé dian orthu an uair sin pé'r domhan é. Ní fheadar an bhfuil aon fheabhas tar éis dul air nó ná fuil. Chuaigh buachaillí breátha móra láidre isteach ann an bhliain chéanna do chuas-sa isteach. Chómh luath agus ' bhí bliain caite istigh acu bhí cuid acu seirgthe go maith. Nuair a théidís abhaile i gcaitheamh ráithe an tSamhraidh do chuiridís an fheoil suas arís agus thagadh a neart dóibh. Ach d'imíodh an fheoil agus an neart arís nuair a bhídís roinnt aimsire tar éis teacht thar n-ais. Nuair a bhíodh deireadh na haimsire caite agus iad ag dul amach 'na sagartaibh críochnaithe bhíodh na cnámha lom go maith acu go léir, go mór mór ag an gcuid acu do tógadh ar an dtuaithe. An chuid acu do tógadh in sna sráideannaibh nó in sna bailtibh móra, ní ghoilleadh an áit istigh chómh mór in aon chor orthu. Ní bhíodh an neart iontu, ó thosach, a bhíodh in sna fearaibh óga a thagadh ón dtuaithe, ach an méid nirt a bhíodh acu do chimeádaidís é i gcaitheamh na haimsire. Bhídís lag, neambríoch, i gcúmparáid le buachaillibh na tuatha, ar dtúis; ach ag déanamh amach ar dheireadh na haimsire bhídís sin ar an gcuma gcéanna nách mór, agus bhíodh an t-anam sladaithe, nó geall leis, as an mbuachaill a tháinig isteach ón dtuaithe.

Thagadh buachaillí ana-chalma isteach ann ó Chúntae Thiobraid Árann. Is cuímhin liom buachaill a tháinig isteach an bhliain chéanna a chuas féin isteach. Bhí sé os cionn sé troithe ar aoirde, agus bhí sé chómh cúmtha chómh córach san 'na dhéanamh gur bhreá liom bheith ag féachaint air agus é ag siúl in éineacht lena chomrádaithibh. Bhíodar go léir árd go maith, dea-chúmtha go maith, ach do mheasainn go mbíodh a cheann agus leath a mhuiníl suas glan os a gcionn go léir. Bhí neart uathásach ann. Bhí sé féin agus triúr eile buachaillí lá ag imirt chluiche le liathróid lámha. Bhí ainm an nirt go léir air. Thug an triúr eile cogar dá chéile go mbéarfaidís i dtriúr air agus go leagfaidís é. Bhíos féin ag féachaint ar an imirt. Ní raibh puinn maitheasa riamh ionam chun aon chluichí gleacaíochta den tsórd san. Ba gheárr go bhfeaca an triúr ag breith isteach ar an éinne amháin. Bhí a lámha timpall an chuím air ag beirt acu, agus bhí greim ar ghlúinibh air ag an dtriú duine. Do lúb an fear láidir a ghlúinibh*, agus do leog sé síos é féin go dtí go raibh an bheirt uachtarach daingean aige féna dhá oscaill, agus greim lena dhá láimh aige ar dhá cheathrúin an fhir íochtaraigh. Ansan do dhírigh sé suas é féin agus thóg sé an triúr in éineacht glan* ón dtalamh agus shiúlaigh sé mórthimpall na cúirte leó. Nuair a leog sé uaidh iad dob éigean dóibh suí síos ar feadh tamaill chun teacht chúthu féin ón bhfáscadh a thug sé dhóibh. Agus ní raibh sé ach ag gáirí an fhaid a bhí an gníomh san aige á dhéanamh. Agus fir luatha láidre chumasacha ab ea an triúr.

"Sea", ar seisean, nuair a leog sé uaidh iad, "an beag libh den spórt?"

"Mheasamair", arsa duine acu, "go mbeadh sé le rá againn gur leagamair thu. Ach cad ba ghá dhuit

XIII: Mágh Nuat.

me ' dh'fháscadh chómh mór? Bhainis m'anál díom, agus is ar éigin atá ionam labhairt fós!”

“Tu féin fé ndéar é”, arsa duine eile acu leis an bhfear a labhair. “Mura mbeadh tusa ní thabharfaimís fé in aon chor. Tá teinneas im dhrom agus suas im chúl fós!”

Bhí cathú ar an bhfear mór nuair a chonaic sé an cás 'na rabhadar, agus bhí sé ag gabháil a leathscéil leó agus dhá rá nár mhothaigh sé an neart san aige á chur sa bhfáscadh; nár mheas sé gur thug sé dhóibh ach an fáscadh do chimeádfadh a ghreim orthu chun iad do thógaint ón dtalamh.

“Dar fia”, arsan tríú duine acu, “ach dá bhfáiscethá a thuilleadh mise bhíos marbh agat!”

Cúpla bliain 'na dhiaidh san do chonacsa an fear san agus is róbheag an neart a bhí ann. Do ghoíll aer na háite air agus do ghoíll an bia air, agus do thit sé i gceann a chos. B'éigean do dul abhaile. Bhí sé ró-imithe, áfach, sarar chuaigh sé abhaile. Ní raibh sé i bhfad sa bhaile ag á mhuíntir nuair ' imigh sé abhaile ar an síoraíocht, gura maith an mhaise dho é!

Duart gur ghoíll aer na háite air. Do ghoíll. Ach níorbh aon iúnadh é sin. Tá an áit ró-íseal agus tá an chanáil ag gabháil trí lár na tíre, siar, lasmu' d'fhalla an Choláiste, agus fliuchann ceó na canáile sin an t-aer i dtreó go mbíonn an t-aer mífholláin do chliabh an duine, agus go músclann sé an uile shaghas galair cléibh ann.

Ach duart gur ghoíll an bia air. Ba mhó d'iúnadh an ghoilliúint sin ná an ghoilliúint eile. Tugtar, nú do tugtí an uair sin ar aon chuma, an chaoireóil ab fheárr dár bhlais aon daonnaí riamh le n-ithe dhúinn. Níorbh fhéidir aon locht ' fháil uirthi. Ní lú ná mar ab fhéidir aon locht ' fháil ar an arán a tugtí dhúinn. Ach dá fheabhas a bhíodh idir fheoil agus arán ní dheinidís puinn tairbhe do chuid againn. An chuid againn a théadh isteach ón dtuaithe ní bhíodh taithí ar an bhfeoil againn. An gráinne agus an práta agus an bainne is ea ' bhíodh againn sa bhaile ar fad. Ní bhíodh an fheoil le fáil ach go hannamh, nú b'fhéidir go ró-annamh. Ansan, nuair a théimís isteach sa Choláiste ní bhíodh le fáil ach an fheoil ar fad. Bhíodh an t-aer breá folláin agus an bia ar ar tógadh sinn fágtha 'nár ndiaidh lasmu' againn. Bhíodh an bia laistigh go hana-mhaith, ach ní har an mbia sin a tógadh sinn. Ní bhíodh an taithí againn air. Ní théadh sé chun sochair dúinn. Bhíodh a rian air, nuair a thagaimís abhaile ar ár laethantaibh saoire sa tsamhradh, is ar éigin ' aithníodh ár máithreacha sinn, bhímís ag féachaint chómh lom chómh mílíteach chómh hocrach san.

An fhaid a bhímís sa bhaile bhíodh ár ndóthain arís againn den bhia ar ar tógadh sinn, an t-arán coirce agus an t-arán cruithneachtan ón muileann, an t-ubh circe agus an t-ubh lachan, an leamhnacht agus an bainne ramhar agus an bhláthach, an práta agus an goblach, agus an blúire bagúin anois is arís. B'in é an bia a théadh chun sochair dúinn. Do chuirimís suas an fheoil arís go tiubh, agus na pluic, agus thagadh an neart agus an fuinneamh arís ionainn, i dtreó, nuair a bhíodh an trí mhí laethanta saoire caite agus ' théimís thar n-ais go dtí an Coláiste, gurbh ar éigin ' aithnídís* na huachtaráin sinn, agus gurbh ar éigin ' aithnímís a chéile.

Chuireas féin an chéad bhliain díom ann gan aon léic a theacht im shláinte, bíodh go rabhas ana-lom nuair a thánag abhaile sa tsamhradh. Chuas thar n-ais sa bhfómhar agus me láidir go maith. Ní rabhas i bhfad istigh, áfach, nuair a thosnaigh an goile ar bheith ag cur orm. As san amach b'éigean dom cuid mhaith dem aimsir do chaitheamh i dtigh na n-easlán ann, agus níor fhéadas a thabhairt d'aireachas dom chuid léinn ach oiread agus ' bhéarfadh saor me trí gach scrúdú fé mar a thagadh sé. Bhíodh an trí mhí go breá fada agam sa tsamhradh, agus ba bheag ná go leighseadh san an méid

XIII: Mágh Nuat.

díobhála a bhíodh déanta ag an gcuid eile den bhliain.

I gcaitheamh na sé mblian a thugas sa Choláiste sin bhínn ag machnamh go minic ar na coláistíbh úd a bhí in Éirinn i dtosach aimsire. Ní bhíodh aon tithe breátha móra slinne an uair sin ag múinteoiríbh ná ag macaibh léinn. Is amhlaidh a bhíodh a thigh beag féin ag gach éinne, tigh beag deas cluthar agus díon maith tuí air agus gan de thrioscán istigh ann ach an bórd agus an leabaidh agus cúpla cathaoir b'fhéidir, agus an tínteán. Ínstear dúinn gur ghnáth leis na macaibh léinn bheith ag dul amach mórthimpall ar fuaid na cómharsanachta ag soláthar an bhainne dhóibh féin. Ní raibh na fallaí breátha 'na dtimpall, mar a bhí 'nár dtimpallne, ach measaim gurbh fheárr an tsláinte a bhíodh acu ná an tsláinte a bhíodh ag macaibh léinn Choláiste Mhaíge Nuat, an fhaid a bhí aithne agamsa ar an áit, ar aon chuma. B'fhéidir go bhfuil an scéal níos feárr anois acu.

XIV: Baol ar an nGaelainn

An fhaid a bhíos-sa sa bhaile agus gan taithí ná eólas agam ach ar na cómharsain a bhí im thimpall i bparóiste Chluan Droichead agus i bparóiste Bhaile Mhúirne, níor tháinig lá dá chuímhneamh riamh chúm go raibh aon bhaol ar an nGaelainn. Ach nuair a chuas isteach sa Choláiste agus ' chuireas aithne ar bhuachaillíbh a tógadh in áiteannaibh eile, agus nuair a fuaras ná raibh aon fhocal Gaelainne acu, bhí iúnadh agus alltacht orm. Ansan is ea do buaileadh isteach im aigne go raibh an Ghaelainn ag imeacht; go mbeadh sí ag imeacht fé mar a bheadh na seandaoine ag imeacht agus na daoine óga ag teacht; go n-éireódh sliocht agus an dá theanga* acu, Gaelainn agus Béarla in éineacht; ansan go n-éireódh sliocht i ndiaidh an tsleachta san, agus gan aon fhocal Gaelainne acu. Nuair a buaileadh an méid sin isteach im aigne tháinig uaigneas thar bárr orm agus brón agus ceann fé. Ba bheag ná gurbh fheárr liom imeacht go dtí dúthaigh éigin iasachta, agus mo shaol do chaitheamh agus do chríochnú ann, ná bheith in Éirinn agus Éire ag iompáil 'na dúthaigh iasachta. Dar liom níorbh í Éire in aon chor í nuair a bheadh sí gan aon fhocal Gaelainne dá labhairt inti.

Is é rud a tháinig dom as an machnamh, agus as an mbrón agus as an uaigneas, ná gur shocraíos im aigne, pé rud a dhéanfadh aon duine eile, go gcimeádfainn féin mo chion den Ghaelainn gan dul ar neamhní. Chromas láithreach ar bheith ag rá na Coróinneach Muire as Gaelainn fé mar a deirimís sa bhaile í, agus fé mar a deirimís thuaidh ar Doire na Móna í an fhaid a bhíos ann. Do chimeád san me gan dul as taithí na cainnte. Do chromas, leis, ar bheith ag lé' na Gaelainne dhom féin as na leabhraibh Gaelainne a gheibhinn i leabharlann an Choláiste, agus do scrínn síos aon rud a thaitheadh liom i leabhar beag a bhíodh im póca agam.

Bhínn ag déanamh na hoibre sin, ach, tríd agus tríd, bhínn coitianta dhá fhiafraí dhíom féin an raibh aon mhaith im ghnó; nú an bhféadfadh mo dhícheall cosc do chur leis an meathlú a bhí ar an nGaelainn. Bhí a lán rudaí os cómhair mo shúl, im thimpall, a bhí coitianta á chur 'na luí ar m'aigne "gur bhaoth mo ghnó". An chuid ba mhó de sna buachaillíbh eile, nuair a chídís an obair a bhíodh ar siúl agam, ní dheinidís ach a gceann do chrothadh agus gáire ' dhéanamh agus scaoileadh liom. I ndiaidh ar ndiaidh do thuigeas im aigne go mb'fhéidir go raibh dearúd agam á dhéanamh. Chínn gach éinne a d'iarraidh é féin do chur ar aghaidh agus do bheachtú in eólas agus i gclisteacht agus i gcumas ar an mBéarla. Cad ' fhéadfadh éinne amháin a dhéanamh?

I ndiaidh ' chéile do mhaolaigh an díogras ionam agus thugas aghaidh ar na gnóthaibh a bhain le hobair an Choláiste i mBéarla agus i Laidin agus sa bhFrainncis. Do leanas, áfach, ar mo Choróinn Mhuire do rá as Gaelainn nuair a bhínn ag dul a chodladh. Do scrínn síos im leabhar scríbhinne, anois agus arís, blúire beag Gaelainne nuair a bhuailleadh sé umam. Is cuímhin liom conas mar a bhíos lá ag féachaint ar leabhar Gaelainne sa leabharlann. Chonac ar chiúmhaigh leathanaigh ann an

XIV: Baol ar an nGaelainn

dán beag so:—

“A choluim an cheóil bhrónaigh sa ndún dubh thall,
Is doilbh an róimh nós mhar san fút go fann.
Tulach Uí Róigh mhórga na múrtha meann
Gan choire, gan spórt seólta, gan lúbadh lann!”*

Thuigeas gurb amhlaidh a bhí an file ag féachaint uaidh ar sheanachaisleán bhriste éigin, agus go bhfeacaigh sé colúr 'na sheasamh in áirde ar bharr an tseanachaisleáin agus “Cú-ú! cú-ú!” aige, agus gur bheartaigh an file in' aigne an colúr san a bheith “ag éamh 's ag osnaíol”, ag caoineadh na huaisleachta a bhí ar an gcaisleán san sarar deineadh seanachaisleán briste dhe. Ní raibh aon tuairisc sa leabhar, ná ar chiúmhaís an leabhair, ar cad é an caisleán é ná ar cá raibh sé. Bhíos féin á chuímhneamh go mb'fhéidir gur “Tulach Uí Ruairc” ba cheart a bheith sa dán agus gurbh ar sheanachaisleán éigin le Brian na Múrtha do chonaic an file an colúr.

Nuair a bhí sé ag dul 'na luí ar m'aigne ná raibh ach cailliúint aimsire dhom ann, bheith ag casadh le haon rud a dhéanamh a chuirfeadh cosc leis an meathlú a bhí ag cur na Gaelainne as an saol, do chonac i leabhar éigin cainnt aduairt Eóghan Ó Camhraí i dtaobh na hoibre a bhí aige féin agus ag cuid de lucht a chómhaimsire á dhéanamh, .i. “go rabhadar ag cruinniú agus ag míniú na seana-Ghaelainne a bhí in sna leabhraibh a scríodh fadó, i dtreó, nuair a bheadh an Ghaelainn a bhí dá labhairt imithe as an saol, go mbeadh fuíollach éigin nú iarsma éigin fágtha in Éirinn 'na diaidh”.

“Dar fia”, arsa mise im aigne, “má bhíodar súd chómh deimhnitheach, agus an Ghaelainn chómh beó agus a bhí sí an uair sin, go raibh sí ag dul chun báis agus ná raibh aon bhreith acu féin, dá fheabhas éirim aigne a bhí acu, ar í ' chimeád ó bhás, cad 'déarfaidís dá mbeidís beó an uair seo agus go bhfeicfidís conas mar atá an Ghaelainn imithe a breis agus leath an oileáin! Má thuigeadar súd ná raibh aon bhreith acu féin ar an meathlú do chosc an uair sin, cad 'déarfaidís leis an té a mheasfadh go mbeadh aon bhreith ag éinne ar an meathlú do chosc anois!”

B'é crích an mhachnaimh agam é gur stadas. Ach, mar aduart, do leanas ag rá na Coróinneach Muire as Gaelainn.

Le linn na haimsire sin do thárla go raibh buíon de sna macaibh léinn a bhíodh dá dtabhairt in éineacht isteach i halla mór gach aon tráthnóna, chun roinnt foghlama ' dhéanamh ar conas Béarla do lé' agus do scrí' agus do labhairt mar ba chóir agus mar ba chúí agus mar ba cheart do dhaoine foghlamanta. Do ráinig go rabhas-sa ar an mbuín sin. Bhí sagart óg ó dhóiseas Chorcaí i mbun na hoibre sin dúinn. Chuireadh sé 'nár suí sinn uaireanta agus thugadh sé dhúinn ní éigin ar a scríofaimís aiste Bhéarla dho. Is cuímhin liom gur thug sé dhúinn, aon tráthnóna amháin, an rá so chun na haiste do scrí' air, .i. “*Perseverando vinces*”, .i. “Beireann buan bua”.

Bhíomair go léir 'nár suí go ciúin, a pheann agus a dhubh agus a bhlúire páipéir ag gach éinne agus é ag machnamh ar a dhícheall a d'iarraidh cuímhneamh ar rud éigin a chuirfeadh sé síos. Uair a' chloig a tugadh dúinn chun na hoibre do dhéanamh. D'imigh an aimsir, agus ba ghairid an mhoill uirthi imeacht. Ba dhó' le duine ná raibh thar chúig neómataí san uair a' chloig sin. Do buaileadh an cloigín. Do shín gach éinne suas a pháipéirín pé beag mór a bhí scríofa aige air.

Um thráthnóna amáireach a bhí chúinn thánamair go léir chun an halla chéanna. Is ormsa a bhí an iúnadh nuair a glaodh m'ainm ar dtúis. Do síneadh chum anuas an páipéirín chun go léifinn amach é

XIV: Baol ar an nGaelainn

os a gcómhair go léir. Ansan d'imigh rud greannúr orm. Bhí sé air agam mo scríbhinn féin do lé', rud atá thar éis imeacht orm go minic ó shin, leis. Bhíos ag treabhadh thríd ar feadh cúpla neómat.

“Tabhair dómhsa é”, arsan múinteóir.

Shíneas chuige suas é. Do léigh sé amach é chómh breá chómh réidh agus dá mb'é féin do bheadh tar éis é 'scrí'. Admhaím gur thaithn sé go maith liom. Thaithn sé go maith leó go léir. Mholadar go mór é pé'r domhan é.

Nuair a bhí deireadh na bliana ag teacht do ceapadh aiste dhúinn go léir le scrí' agus bhí duais aonair le fáil ag an té do scríofadh an aiste ab fheárr. Sid é an rud ar a raibh orainn an aiste do scrí' .i. *“The Elizabethan Age of English Literature”*.

Tháinig deireadh na bliana. Chuamair go léir isteach sa halla mór. Bhí seisear nú mórsheisear Easpag ar an árdán thuas. Do tugadh dómhsa an duais aonair. Bhí orm roinnt den aiste do lé' i láthair na nEaspag.

Is cuímhin liom, i dtosach na scríbhinne, gur thráchtas ar léann na Gréige agus gur mholas é; gur thráchtas ar léann na Rómha agus gur mholas é; gur thráchtas ar na léannaibh eile ar fuaid na hIúróipe, an Fhrainncis agus an Almáinnis agus an Spáinnis, na saighseanna léinn sin a shíolraigh ón nGréigis agus ón Laidin, agus do mholas iad. Ansan do thráchtas ar léann agus ar údaraibh Shasana in aimsir Elisabet, agus do mholas idir léann agus údair. Níor dheocair dom iad do mholadh. Bhí eólas maith agam ar a lán acu. Bhíodar agam sa bhaile. Thug mo mháthair léi aduaidh ón Mullach Rua iad, beannacht Dé lena hanam!

Sin é díreach an pháirt den scríbhinn a marcáladh dom le lé' os cómhair na nEaspag. Do léas amach é go hárd agus go neamhscáfar.

Bhí duine de sna hEaspagaibh 'na shuí thuas i lár baíll, díreach ar m'aghaidh amach. Nuair a stadas d'éirigh sé 'na sheasamh agus d'fhéach sé idir an dá shúil orm.

“Dheinis an méid sin go maith, a bhuachail!”, ar seisean. “Thugais do chuaird mórtámpall orthu go léir. Do mholais léann na Gréige. Do mholais léann na Rómha. Do mholais léann na Fraince agus léann na Spáinne agus léann na hAlmáinne. Ansan do mholais go hárd léann Shasana. Agus féach, oiread agus aon fhocal amháin amach as do bhéal ní dúraís i dtaobh léinn na hÉireann.”

Duairt sé a lán eile ansan á chur ar mo shúilibh dom go raibh dearúd mór déanta agam, mar go raibh léann na hÉireann ní b'fheárr agus ní b'uaisle agus ní ba shine ná aon léann de sna léannaibh eile sin a dh'ainmníos.

Bhíomair araon ag féachaint go daingean agus go dlúth agus go díreach idir an dá shúil ar a chéile an fhaid a bhí sé ag cainnt.

Seán Mac Éil, Árdeaspag Thuama, is é do chas an t-asachán san liomsa an lá san, i gColáiste Mhaíge Nuat, os cómhair na nEaspag eile a bhí ann, agus os cómhair na n-uachtarán, agus os cómhair na gcoláisteánach go léir, agus admhaím ó chroí gur bhain sé an mhóráil díom i gceart. D'athraigh m'aighe láithreach. D'imigh an mhóurraim a bhí tagaithe agam don Bhéarla, agus do las arís im chroí an meas a bhí agam riamh roimis sin ar an nGaelainn. Do chromas arís ar na

XIV: Baol ar an nGaelainn

leabhraibh Gaelainne sa leabharlann do lé' agus do scrúdadh, agus ar na blúiríní beaga filíochta do thaitheadh liom do chur síos im leabhar scríbhíne. Nuair a thagann abhaile ar laethantaibh saoire bhínn ag gluaiseacht anso agus ansúd ar fuid na cómharsanachta ag bailiú amhrán agus seanachainteanna Gaelainne ó sheandaoine go mbíodh a leithéidí acu. Is cuimhin liom go ndeigheas siar lá go dtí an Tóchar, mar a raibh Dónall Ó Loingsigh 'na chónaí, agus go bhfuaras ó sheandúine bheag a bhí 'na chónaí in aice Locha an Bhogaigh, amhrán ar a dtugtí "An Bodach beag tóstalach". Tá an t-amhrán san i gcló anois agus ní gá é ' chur síos anso. Fuaras uaidh, leis, "An Giolla Rua"*, an t-amhrán a chuir im aigne an tuairisc úd ar an gceól sí atá curtha síos agam i "Séadna".

XV: Gnó Sagairt; agus Teacht na bhFíníní

Do ghluais na sé bliana a thugas sa choláiste agus ba mhar a chéile, geall leis, iad go léir. Ní raibh de dheifríocht eatarthu ach an deifríocht a bhí idir na céimeannaibh oibre a bhí agann le déanamh. Bhí a céim oibre féin ceapaithe do gach bliain díobh, bliain abhcóidíochta, bliain ealaíondachta, agus ansan, cheithre bliana diagachta. Chuireas díom iad gan aon rud neamhchoitianta do thitim amach dom. Ní bhfuaras a thuilleadh duaiseanna. Níor dheineas aon iarracht ar iad ' fháil. Bhí a mhalaire de chúram orm. Ón gcéad bhliain amach bhí an tsláinte ag bagairt orm agus bhí an bhagairt ag dul i ngéire in aghaidh gach bliana, i dtreó, nuair a bhí deireadh na haimsire ag dridim liom, gur chuma liom ach go mbéarfainn na cosa liom as an áit. Thug Dia dhom, moladh 's baochas leis, gur rugas. Fuaras na húird, gach órd acu fé mar a tháinig mo theideal chuige, go dtí gur cuireadh fé ghrád sagairt me an t-aonú lá déag de Mheitheamh an tSamhraidh sa bhliain d'aois an Tiarna, míle ocht gcéad, trí fichid, a seacht. Thánag abhaile, agus ní rabhas sa bhaile ach roinnt laethanta nuair a tháinig leitir an Easpaig chúm á rá liom dul ag déanamh gnótha sagairt i bparóiste Chille Sheanaigh, in aice Mhala. Paróiste mhór fhada leathan is ea í, ó Nead an Fhiolair soir go teórainn Bhaile na Móna agus ó bhruach Abhann Móire ó dheas go dtí Áth an Dalláin agus go dtí Bárr an Chárthainn geall leis. Sa taobh theas den pharóiste a cuireadh im chónaí me, ar an mBínn. "Bínn na Míol" an ainm iomlán. "Míol-mhaíge" a tugtí ar "ghiorrae", agus bhíodh mórán giorraithe san áit, agus uime sin a tugadh "Bínn na Míol" ar an sliabh san. Sin mar a mhíníodar muintir na háite* dhómhsa an ainm. Is dócha gur acu ab fheárr fios an scéil.

Tá carraig sa taobh thoir den pharóiste agus is ormsa a bhí an iúnadh nuair ' airíos "Carraig Clíona" mar ainm ar an gcarraig sin, agus ar an mbaile 'na bhfuil an charraig ann. Ní féidir liom a dhéanamh amach an bhfuil aon bhaint ag an "gCarraig Clíona" so le "Clíona na Carraige Léithe". Deir an "Giolla Rua" san amhrán aduart, go raibh "Aoibhill agus Meas agus Clíona na Carraige Léithe" ag gluaiseacht ar tosach sa tslua sí a chuaigh leis go hÉochail chun an Duineárdaigh do chosaint ar an mbás. Bhí slua sí a tháinig aduaidh ó Chonnachtaibh a d'iarraidh an Duineárdaigh a bhreith leó. Do troideadh cath idir iad agus slua sí na Múmhan. Do bhuaigh slua sí na Múmhan ar an slua sí aduaidh, ar "Dhaoraicme Chonnacht", agus tháinig an Duineárdach saor ón mbreóiteacht a bhí air. Tá an t-amhrán le fáil i gcló anois.

D'inis seandúine éigin san áit dom go raibh duin' uasal 'na chónaí in áit éigin ar bruach Abhann Móire sa tseanaimsir fadó riamh; gurb ógánach ana-dhathúil é; gur thit Clíona na carraige sin Chille Sheanaigh i ngrá leis; gur chuir sí chuige mar theachtair seanaichleach ar a dtugtí Caitlín Dubh; gur órdaigh sí do Chaitlín a dh'insint don ógánach uasal cad é an spré a bhí le fáil aige léi dá bpósadh sé í:

"Chúig céad* gabhar odhar ar aon dath;
Chúig céad tonna d'ór na Gréige;
Chúig céad loilíoch ceannann, bléineann;

XV: Gnó Sagairt; agus Teacht na bhFíníní

Chúig céad caíora ar ínse taobh leó.”

Níor fhéad sé a thuilleadh ’ thabhairt dom, agus ní fheadar ar thug sé an méid sin sa cheart dom. B’fhéidir go bhfuil tuilleadh dhe ag duine éigin eile.

Ní foláir dom trácht, sara ndridead níos sia ó aimsir an choláiste, ar ní do thárla an fhaid a bhíos ann. I dtreó go dtuigfar an ní sin i gceart ní mór dom dul siar tamall. Nuair a bhíos ag dul ar scoil go Carraig an Ime bhí ar an scoil gcéanna buachaill gurbh ainm do Muirheartach Ó Muímhneacháin. Bhí sé éirithe suas in’ fhear, geall leis, an uair sin. Bhí an ceann agus an éirim agus an chúiléith go maith aige. D’imigh sé ó dheas go dtí an Scibirín, is dó’ liom, ag múineadh scoile, nuair ’ fhág sé scoil Charraig an Ime.

Níor airíos a thuilleadh cúntais air go dtí go rabhas ar scoil i gCeann Tuirc ag foghlaim na Laidne. Ansan do tháinig chúinn ráfla éigin ón Scibirín agus ón ndúthaigh sin mórthimpall, .i. go raibh buíon éigin ar bun ann agus go rabhadar ceapaithe ar éirí amach do dhéanamh, agus ar chómhacht Sacsan do bhriseadh in Éirinn agus ar Ghaelaibh d’fhuascailt ó dhaorsmacht na Sacsan. “*Phoenixmen*” a tugtí ar an mbuín sin*. Níor mheasas gur chuir rialtas na hÉireann puinn suime iontu. Fé dheireadh do shrois ráfla gránna sinn ’na dtaobh. Do hínseadh dúinn gur dhein duine acu féinig feall ar an gcuid eile acu; gur imigh sé agus gur dhíol sé iad; gur thug sé a n-ainmneacha don namhaid, agus go raibh bertha* ortha agus go rabhadar istigh i bpríosún go daingean fé ghlasaibh dúbha. Is cuímhin liom go bhfeaca ainm Mhuirheartaigh Uí Mhuímhneacháin ar ainmneachaibh na bhfear a bhí curtha isteach. De mhuíntir Shúilliobháin ab ea an fear a dhein an feall. “Ó Súilliobháin Gallda” a tugtí air. An seanascéal i gcónaí!

“Oh for a tongue to curse the slave
Whose treason like a withering blight
Comes o’er the counsels of the brave
To blast them in their hour of might!”*

Ba dhó’ liom féin go mbeadh an fhilíocht níos feárr dá n-abarthí

“Oh for a rope to hang the slave” &rl.

Ach is cuma é. Níor chuir an eascaine ná an téad aon chosc riamh leis an *informer* in Éirinn. Níorbh fhéidir é an fhaid a bhí an éagóir chómh trom chómh tiubaisteach san nárbh fhéidir le daoine macánta í ’ dh’fhulag gan iarracht éigin a dhéanamh fé cheilt ’na coinnibh, agus ansan, an t-airgead chómh flúirseach ag lucht na héagóra do dhéanamh, chun na breibe ’ thabhairt go fial don *informer*. Ba thrua an scéal é! “Clocha ceangailte agus madraí scaoilte!” Éagóir i riocht cirt. An bhréag i riocht na fírinne. Cos-ar-bolg i riocht dlí. An éagóir ’na suí thuas go dána “ar bhínse an tsaorchirt”, agus daorbhreith á thabhairt ar an macántacht. Sin mar atá an scéal anso in Éirinn againn an fhaid atá cuímhne im cheannsa. Tá súil le hathrú againn anois agus tá a rian air, tá an éagóir ar deargbhuile. Tá eagal uirthi go gcurfar as an mbínse í. Tá súil agam gurb é eagla na háirithe dhi é.

Níor cuireadh an dlí ródhian ar na *Phoenixmen*. Ní feacthas sa ghnó ach rud suarach. Do tuigeadh gurbh fheárr gan iomad suime ’ chur ann. Chuaigh gach aon rud chun suaimhnis ’na thaobh, chómh fada agus do feiceadh* ar aon chuma. Bhí fear sa ghnó agus Diarmaid Ó Donnabháin Rossa ab ainm do. Do hairíodh an ainm sin arís, agus go minic, ’na dhiaidh san.

XV: Gnó Sagairt; agus Teacht na bhFíníní

Ní rófhada a bhíos istigh sa choláiste nuair a thosnaigh ráflaí ar theacht chúinn isteach i dtaobh uisce-fé-thalamh eile a bhí ar siúl ar fuid na hÉireann i gcoinnibh Shasana. “Fíníní” a tugtí ar an mbuín a bhí ag déanamh na hoibre an uair sin. Ón seanainm .i. “Fianna Éireann” a shíolraigh an ainm “Fíníní”. Is dócha gur “Fianna” a tugadh ar dtúis orthu; ansan gur cuireadh “*Fenians*” mar Bhéarla ar an bhfocal; ansan gur cuireadh “Fíníní” mar Ghaelainn arís ar an bhfocal Béarla *Fenians*. Mheasadar go bhféadfaidís iad féin do chosaint ar an *informer* ach gan aon eólas a thabhairt d’éinne ar a ngnó ach eólas ná féadfaí a dhíol, eólas ná beadh aon tairbhe don namhaid ann, agus, dá bhrí sin, ná ceannófaí ó éinne. Níor dhein san, áfach, ach an t-eólas tairbheach do chimeád ag uachtaránaibh áirithe, agus d’fhág san ag na huachtaránaibh sin rud a ceannófaí go daor uathu dá mba mhaith leo é ’ dhíol. Ansan, dá mbeadh fiche duine acu ná díolfadh é, b’fhéidir go mbeadh éinne amháin do dhíolfadh, agus, donas an scéil—do bhí. Níorbh fhéidir gan a bheith.

Airím daoine, uaireanta, ag tromaíocht ar mhuíntir na hÉireann, á rá, “dá gcurtí Éireannach ar bhior os cómhair na tine go bhfaighfí Éireannach eile do chasfadh an bior”. Is fíor é, b’fhéidir. Ach tá rud eile chómh fíor leis. Dá gcurtí duine de mhuíntir Shasana ar bhior os cómhair tine do gheófaí duine eile acu do chasfadh an bior. Dá gcurtí Spáinneach, nú Almáinneach, nú Franncach, nú duine ó aon náisiún eile sa domhan, ar bhior os cómhair tine do gheófaí duine eile den náisiún céanna, ní hea ach beirt, triúr, ceathrar, do chasfadh an bior. Tá maíomh ana-mhór dá dhéanamh le breis agus céad bliain as an gcuma ’nar throid muíntir America i gcoinnibh Shasana agus as an gcuma ’nar bhuadar orthu, agus as an gcuma ’nar chaitheadar díobh smacht Shasana. Léadh éinne tuairisc an troda san agus chífídh sé go soiléir nách fiú trácht ar an bhfeallaire Éireannach seochas na feallairí a bhí timpall ar Washington gach aon ré sholais, ag dul isteach ’na bhéal le dílse dho, mar dhea, agus san am gcéanna na breabanna móra ’na bpócaibh acu ar é ’ thabhairt suas, beó nú marbh, do chómhacht Shasana. Dá ndeintí comórtas idir na tíorthaibh is é mo thuairim láidir go bhfaighfí níos mó daoine dílse ar Ghaelaibh ná mar a gheófaí i náisiúnaibh eile, agus níos lú ropairí. Ní rómhór an sásamh aigne é sin, ámh, agus go bhféadfaidh aon ropaire amháin, go mór mór dá mbeadh iúntaobh as agus eólas aige ar na nithibh bunaidh, na mílte do chrochadh agus a saothar do chur ar neamhní.

Nuair a chonaic na *Phoenixmen* an rud a dhein Ó Súilliobháin Gallda leo do shocraíodar a n-aigne ar an gcluiche d’imirt feasta ar chuma ná fágfadh ar chumas Shúilliobháin Ghallda eile an feall san do dhéanamh orthu. D’athraíodar a n-ainm, leis. Thugadar Fíníní orthu féin. Chuadar siar go haimsir Fhínn mhic Cúmhaill chun na hainme ’ dh’fháil. Dar leo, agus dob fhíor dóibh é, do dhein Fíonn agus Fianna Éireann an tír seo na hÉireann do chosaint ar gach namhaid iasachta an fhaid a mhair a réim in Éirinn. Níor neamhoiriúnach an ainm “Fianna” le tabhairt, ’na n-aimsir féin, ar bhuín a bhí ceapaithe ar an namhaid iasachta do dhíbirt a hÉirinn.

“Nár bh fheárr an chiall dóibh”, adéarfadh duine, b’fhéidir, “éirí as an obair ar fad, ó bhí ’ fhios acu, pé dícheall a dhéanfaidís air, nár bh fhéidir dóibh gan Ó Súilliobháin Gallda éigin do bheith le fáil, luath nú mall, istigh i lár na cómhairle ba phríobhóidí a bheadh ar bun acu?”

D’éireoidís as an obair tapaidh go maith dá mb’fhéidir dóibh é. Níorbh fhéidir dóibh éirí as an obair, mar bhí an cos-ar-bolg róthiubaisteach ar fad á dhéanamh ar mhuíntir na hÉireann. Na cíosanna ag éirí go dtí ná raibh bia ná deoch, ná fiú balcais éadaigh ar aon tslacht, ag an dtineóntaí. Na daoine ar mhullach a gcínn ag obair ó dhubh go dubh agus ó cheann ceann den bhliain, agus an uile bhlúire de thoradh na sclábhaíochta go léir agus de thoradh an allais go léir ag imeacht sa chíos. Níorbh fhéidir cur suas leis. Níor cuireadh suas leis.

Bhí cúpla bliain caite istigh i Mágh Nuat agam sarar hairíodh, i mbéalaibh daoine, puínn trácht ar na

XV: Gnó Sagairt; agus Teacht na bhFíníní

Fíníníbh. Ansan do tosnaíodh ar bheith dhá ínsint go raibh a leithéidí ann; go mbídís amu' san oíche in áiteannaibh uaigneacha ag foghlaim conas arm tine agus arm faobhair do láimhseáil. Buíon fé cheilt ab ea iad, ach ní rabhadar fé cheilt ar fad. Bhí páipéar poiblí i mBaile Átha Cliath acu agus níor dhaoine maola ná daoine gan acfuinn aigne an mhúintir a bhí i mbun an pháipéir sin. Bhí eólas acu agus bhí tabhairt suas orthu agus bhí tuiscint acu. Bhí Diarmaid Ó Donnabháin Rossa in' fhear eagair ar an bpáipéar, agus ba láidir dána neamhscáfar an fear é. Bhí daoine ag scrí' don pháipéar san agus, chómh fada 's chuaigh mo bhreithiúntas féin, ón radharc a gheibhinn anois agus arís ar an bpáipéar, ba ródheocair fir ba threise aigne ná ba ghéire cainnt a dh'fháil an uair sin in aon pháirt den domhan go raibh Béarla dá labhairt ann. Béarla ar fad a bhí sa pháipéar. Ní raibh aon fhocal Gaelainne ag dul in aon pháipéar an uair sin. Níor dhó' leat ar chainnt an pháipéir go raibh aon ní in aon chor ag an mbuín dá dhéanamh ná raibh acu dá ínsint sa pháipéar. Chuiridís síos an uile ghníomh éagórtha a dheineadh tiarna talún ar thineóntaí, agus deiridís go dána, mura gcuireadh muíntir Shasana, ós acu a bhí déanamh na ndlíthe, cosc leis na héagóraibh sin, gur dhóibh ba mheasa; go n-éireódh muíntir na hÉireann 'na gcoinnibh agus go gcomáinfaidís amach as oileán na hÉireann iad idir chorp ceart.

Bhí san go maith, ach dhein muíntir an pháipéir sin ní eile, ní nár cheart dóibh a dhéanamh. Bhí seanaithne ag cléir na hÉireann agus ag seandaoine na hÉireann, an uair sin, ar na hiarrachtaíbh a deintí ar éirí amach i gcoinnibh cómhachta Shasana. Chonacadar cad é an deireadh a bhí ar an iarracht a dhein an Brianach¹. Chonacadar cad é an deireadh a bhí ar obair na mBuachaillí mBán*. Chonacadar an feall agus an crochadh a dhein M'leachlainn Ó Dúgáin. Bhí sé daingean 'na n-aigne ná beadh ar obair na bhFíníní ach deireadh den tsaghas chéanna, fir óga dá seóladh ar aimhleas ar feadh tamaill, agus ansan, feall agus éitheach agus airgead fola agus crochadh agus ruagadh thar na farraigíbh ar fhearaibh óga na hÉireann, agus an “*Times*”, diabhal cóimhdeachta Shasana, ag tromaíocht orthu go mallaithe, agus ag guí gurbh imeacht gan teacht orthu é. Do thuig an chléir agus na sagairt an méid sin go dianmhaith agus, ní nárbh iúnadh, bhíodar a d'iarraidh na mbuachaillí do chómhairliú agus do chur ar a leas, agus iad a chimeád amach a buíuibh na bhFíníní. Do thuig na cinn a bhí ar na buíuibh sin an taobh san den scéal.

“Ní haon mhaith dhúinne”, ar siad lena chéile, “bheith a d'iarraidh na bhfear óg so do ghléasadh mar is cóir i gcoinnibh Shasana an fhaid atá greim chómh daingean ag na sagartaibh seo orthu. Ní foláir dúinn aghaidh a thabhairt ar an ngreim sin do bhogadh.”

Thugadar aghaidh air. Thug an páipéar a bhí acu aghaidh bhéil ar aon tsagart 'na raibh sé de mhisneach aige a rá le buachaillíbh óga a pharóiste fanúint amach ó sna Fíníníbh nú go mbeadh cathú orthu; gurbh í an chroch a gheóbhaidís ar ball, nú an loch amach. Bhí an páipéar san coitianta á chur 'na luí ar na buachaillíbh go raibh na sagairt sin ag gabháil páirte le muíntir Shasana. Bréag ghránna ab ea é sin. Bhí a lán nithe chun na bréige sin do chur i bhfeidhm. Bhí na buachaillí ró-óg. Ní raibh cuímhne acu ar an seanaimsir, ar aimsir na mBuachaillí mBán, agus ar Mh'leachlainn, agus ar chrochadh na gCárthach. Bhí ' fhios acu go maith, ámh, conas a bhí a saol acu féin á chaitheamh; conas mar a bhí ar an uile dhuine acu bheith ag obair go cruaidh gach aon lá 'en tseachtain, agus an uile bhlúire de thoradh na hoibre sin ag imeacht sa chíos. Agus anois, dar leis an bpáipéar úd, b'in iad na sagairt ag cabhrú leis an éagóir sin. Do cuireadh 'na luí orthu gur namhaid gurbh ea an sagart, go raibh sé 'na namhaid ag Éirinn agus 'na charaid ag namhdaibh na hÉireann.

Nuair a chinn féin an obair sin á dhéanamh sa pháipéar san do bhínn ar buile chun an pháipéir. Bhí ' fhios agam go maith go raibh an cos-ar-bolg ag muíntir Shasana á dhéanamh ar Éirinn. Bhí fuath

1 Smith O'Brien.

XV: Gnó Sagairt; agus Teacht na bhFíiní

fíochmhar agam do mhúintir Shasana mar gheall air sin. Ní cúimhin liom riamh gan an fuath san a bheith ar lasadh istigh im chroí. Is cúimhin liom, agus me ana-bheag, gur taispeánadh dom cainnt éigin a bhí sa “*Times*” á rá ná raibh dlithe Shasana cruaidh a ndóthain in aon chor ar na cuirpeachaibh sin, .i. muintir na hÉireann. Is cúimhin liom gur rugas ar an bpáipéar, agus gur chuireas anuas ar an dtalamh é, agus gur ghabhas de chosaibh ann go dtí go raibh sé ’na ghioblaibh. Agus b’in é anois an páipéar Éireannach so dhá insint os cómhair an domhain go rabhas im charaid ag an Sasana céanna san agus im namhaid ag Éirinn!

Rud ba mheasa ná san féin. Chuaigh an bhréag i bhfeidhm ar a lán de sna buachaillíbh. Chuaigh an bhréag i bhfeidhm ar feadh tamaill orthu pé’r domhan é. Thagainn abhaile gach aon tsamhradh, mar aduart, ón gcoláiste. Nuair a bhuaileadh na buachaillí umam ar an dtuaithe, nú ar bhóthar Magh Chromtha, bhídís go léir ana-mhuínteartha liom agus an-urramúil d’abhar an tsagairt, dar léo. An dá shamhradh dheirineacha ’ thugas fé ndeara athrú, athrú gránna, athrú a chuir seirithean agus diomá agus buairt mhór go léir orm. Do bhuaileadh ceathrar nú cúigear buachaillí umam ar bhóthar Magh Chromtha agus iad ag siúl go dásachtach, a gcosa acu á “tharrac in éineacht”, mar adeirtear i dTáin Bó Cuailgne. Nuair a bhídís ag gabháil thorm do dhúbhadh agus do dhoirchíodh ar na gnúiseannaibh acu, agus d’fhéachaidís a cúinníbh a súl orm mar ’ fhéachfadh duine ar ropaire bithiúnaigh.

XVI: “A Dhia, Saor Éire!”

Do ghluais an dá bhliain. Tháinig an t-earrach deirineach a thugas i Mágh Nuat. I gcaitheamh an trí ráithe a tháinig roim Lá Fhéil’ Pádraig an earraigh sin bhí gach aon tsaghas ráflaí ag gluaiseacht i dtaobh na bhFíiní. Bhí an t-éirí amach le bheith ann Lá Samhna. Ansan bhí sé le teacht Lá Coille. Ansan bhí sé le teacht gan aon dabht Lá Fhéile Bríde. Fé dheireadh tháinig sé. Do ghluais deich míle fear amach ó chathair Chorcaí. Fir bhreátha óga láidre ab ea iad. Dá mbeadh na hairm acu, agus an chóir orthu, agus an stiúru ceart orthu, dhéanfaidís obair a bhainfeadh cuid den mhóráil den “*Times*”. Mar a bhí, do chuireadar crith chos agus lámh ar a raibh de *landlordibh* agus de sheóiníníbh in Éirinn ó Dhomhnach Dia go Tigh Mháire. Ach bhí aon ní amháin san éirí amach san agus chuir sé áthas mór ormsa. Bhí na buachaillí go léir sin, ’na gcéadtaibh agus ’na míltíbh, ar a nglúinibh i láthair sagart, fé mar ’ fhéadaidís na sagairt d’fháil, ag déanamh a bhfaoistine dhóibh féin i dtreo go mbeidís ollamh chun dul i láthair Dé nuair a thitfidís sa chath a bhí le teacht, dar léo. Chuir san in úil dom ná raibh sa drochfhéachaint úd a thugaidís orm, bliain nú cúpla bliain roimis sin, ach an éagóir is gnáth le duine a dhéanamh, uaireanta, ar a aigne agus ar a chroí féin, agus ar a choínsias féin, nuair a chuireann droch-chómhairle agus droch-chómhluadar suas é chun rud a dhéanamh a bhíonn lom díreach i gcoinnibh a thuisceana agus i gcoinnibh a chroí.

Bhíomair go léir istigh sa choláiste an mhaidin do ghluais an t-éirí amach. Bhí an uile shagas ráflaí ag teacht chúinn. “Traennana lán de shaighdiúiribh dearga ag gluaiseacht ó dheas! Gach aon traein acu leathmhíle ar faid! Traenanna eile ag teacht aneas agus iad lán de shaighdiúiribh gunta! Srutháin fola ar na bóithribh iarainn ó sna saighdiúiribh gunta a bhí dhá dtabhairt aneas. An Churrach agus a raibh de bharraicibh air i lámhaibh na bhFíiní!” Mar sin dóibh.

Tháinig an sneachta. Bhíomair go léir ag cur is ag cúiteamh féachaint conas a raighimís ó dheas abhaile, nú an gcaithfímís an tslí do shiúl.

Do lean an sneachta. Ansan tháinig athrach na scéal. Ansan tháinig an dlí; na príosúnaigh; an chúirt; na trialacha; agus—an seanascéal i gcónaí—an *t-informer*. Agus cérbh é an *t-informer*, an dó’ leat? Duine de sna cinn urraid. Fear go raibh eólas agus fios a ngnóthaí go léir aige! Fear a bhí ag tabhairt

XVI: “A Dhia, Saor Éire!”

an eólais sin go léir do namhaid na bhFíníní, do mhuíntir an Chaisleáin i mB’l’Átha Cliath, ar feadh mórán aimsire roimis sin, i ganfhios d’éinne beó. Fear gur mheas an uile dhuine de sna Fínínibh nár mhair an fear san* riamh a bhí níba dhílse ná é. Bhíodh sé ansúd ’na measc, sáite ins gach cómhairle leó ba dhiamhaire agus ba dhiscreídí ná ’ chéile; a n-ainmneacha go léir curtha síos go Baile Átha Cliath aige agus fiacha a gcod’ fola geallta dho, agus a lán den airgead fola ’na phóca aige an uair sin féin! Ba thúisce leó go mór a chómhairle ’ ghlacadh ná cómhairle sagairt a ghlacadh—go dtí go bhfeacadar ansúd é, sa chúirt, ag freagairt ceisteanna, agus gach aon fhocal dá dtagadh as a bhéal ag fáscadh na cnáibe níba dhéine ar a muineálaibh. Ba thrua an radharc é!

“Ach”, adéarfaidh duine, b’fhéidir, “má bhí éinne amháin ’na ropaire fill féach ar na míltibh a bhí fiordhílis, daoine do chaillfeadh an t-anam seacht n-uaire níba thúisce ná mar a dhéanfaidís feall den tsórd san.”

Agus nách in é donas an scéil ar fad! Na mílte ann d’fhearaibh breátha cróga dílse dea-aigeanta, agus neart d’aon ropaire amháin iad go léir do chrochadh nú do chur an loch amach, agus an gnó, gur chailleadar a raibh ’en tsaol acu leis, i dteannta a sláinte, b’fhéidir, do chailliúint leis, neart do an gnó san do chur ar neamhní in aon lá tiubaisteach amháin, tar éis blianta fada ’ bheith caite dhá shaothrú agus dhá thabhairt chun rafaireachta. Cuireann an t-aon *informer* amháin saothar na mílte fear fóna ar neamhní.

“Agus nách ait an scéal a rá ná féadfí gnó ’ dhéanamh ar shlí ná fágfadh ar chumas aon *informer* dochar a dhéanamh do?”

Ní féadfí. Níor féadadh riamh agus ní féadfar go deó. Ní féidir é. An fhaid a bheid drochdhlithe dá ndéanamh, dlithe a chuirfidh rómpu éagóir a dhéanamh ar dhaoine macánta, beid na daoine macánta san ag éirí i gcoinnibh na ndrochdhlithe sin. Ansan beid lucht na ndrochdhlithe do dhéanamh ag breabadh na ropairí chun scéith ar na daoine macánta agus iad a thabhairt chun na croiche. Dlithe éagórtha, dlithe chun robála, fé ndéar an drochobair go léir. As na drochdhlithe a dh’fhásann an t-*informer*.

Chuir an dlí agus an t-*informer* deireadh leis an éirí amach. An deich míle fear a ghluais amach ó Chorcaigh níorbh fhada go bhfeacadar ná raibh aon mhaith ’na ngnó; go raibh na cinn a bhí chun na hoibre go léir do stiúru, go rabhadar daingean fé ghlasaibh na bpríosún. Ansan ní raibh le déanamh ag gach éinne ach dul fé cheilt go dtí go bhféadfadh sé imeacht thar farraige i ganfhios do sna slóite lucht faire a bhí ag muíntir Shasana ar na cuantaibh.

Thánamair go léir abhaile ón gcoláiste nuair a tháinig an samhradh, agus ní raibh orainn siúl abhaile. Bhíos féin, mar aduart, ag déanamh gnótha sagairt sa pharóiste sin Chill Sheanaigh. Bhí an t-*informer* tar éis oibre na bhFíníní do bhriseadh agus do scaipeadh agus do chur ar neamhní. Bhí formhór na gceann urraid daingean fé ghlasaibh na bpríosún nú díbeartha an loch amach le daorbhreithibh dlí. An dlí nár fhéad an ceart a dhéanamh agus muíntir na hÉireann do chosaint ar an éagóir a bhí ag an *landlord* á dhéanamh orthu bhí sí ollamh go maith ar mhuíntir na hÉireann do dhaoradh agus do chur thar farraige nuair a mheasadar féin iad féin do chosaint ar an éagóir sin.

Ach bíodh go raibh formhór na gceann urraid fé ghlasaibh, nú curtha anonn, bhí roinnt acu fós gan tabhairt chun lámha. Bhí ar an roinnt sin ceann urraid oirirc de mhuíntir Cheallaigh. Bhí an tóir ’na dhiaidh go te, ach do shleamhnaigh sé anonn go Sasana, é féin agus Captaen Déiseach. Nuair a bhíodar thall i Manchester do chonaic duine éigin den lucht faire é agus d’aithin sé é. Do gabhadh é

XVI: “A Dhia, Saor Éire!”

láithreach. Bhí sé féin agus an Captaen i gcarra dúnta dá mbreith chun an phríosúin. D’airigh Fíníní na cathrach an scéal. Chruinníodar tímpall ar an gcarra. Do bhriseadar an glas agus do leogadar an bheirt amach. Do maraíodh an fear a bhí dhá gcimeád, ach tionóisc ab ea an marú. D’imigh an bheirt, ach do rugadh ar chúigear den lucht fuascalta, agus do trialadh i marú an duine iad, agus do daoradh chun báis iad, chun a gcrochta. Do fuaradh ar ball go raibh duine den chúigear agus ná raibh sé san áit in aon chor an lá san. Bhí duine eile den chúigear agus Cúnún ab ainm do. Americánach ab ea é ó ghéillsine. Ní raibh aon údarás ag dlí Shasana os a chionn. Chómh luath agus do hairíodh thall in America go rabhthas chun é ’ chrochadh tháinig teachtaireacht dhána anall ó rialtas America dhá rá le muintir Shasana gan baint le hé ’ chur chun báis nú gur dhóibh ba mheasa. Do scaoileadh chun siúil é. Do crochadh an triúr eile. Bhíos i gCeann Tuirc ar Caibideal, me féin agus na sagairt eile a bhain leis an áit, agus tháinig an tasc chúinn. Bhí iúnadh agus fearg orainn go léir. Bhí ’ fhios againn go léir gur le tionóisc a maraíodh an duine; ná raibh éinne ciontach ’na bhás. Bhí ’ fhios againn, leis, go raibh muintir Shasana ag imeacht as a meabhair le scannradh roimis na Fíníní agus go rabhadar ar buile le feirg, a rá gur fhéad na Fíníní a leithéid de sceón a chur iontu. Mar gheall ar an ngráin a bhí ag muintir Shasana ar na Fíníníbh agus ar muintir na hÉireann is ea do crochadh an triúr fear san. Mura mbeadh an sceón agus an scannradh agus an ghráin a bhí istigh i gcroí mhuintir Shasana ní crochfí na fir.*

Nuair a bhí an triúr ’na seasamh ar chlár na croiche agus an téad ar mhuineál gach fir acu, do phógadar a chéile agus díreach sarar baineadh an clár óna gcosaibh, “A Dhia, saor Éire!” ar siad. Do lean an focal san i mbéalaibh Éireannach ó shin, agus leanfaidh an fhaid a bheidh duine de shliocht Gael beó ar thalamh na hÉireann. Agus, an fhaid chéanna díreach, beidh clú an trír sin ag dul i méid agus in oirearcas, agus beidh aithis Shasana ag dul i ngráinniúlacht.

XVII: I gCill Sheanaigh agus i gCill Úird

An fhaid a bhíos i bparóiste Chíll Sheanaigh bhí orm dhá Aifreann do rá gach aon Domhnach agus gach aon lá saoire. Thugainn seanmóin uaim ag gach Aifreann díobh, seanmóin as Béarla ag Aifreann díobh, agus seanmóin as Gaelainn ag an Aifreann eile. Tá trí séipéil sa pharóiste, séipéal i gCíll Pheadair, séipéal sa Ghleanntán, agus séipéal ag Binn na Míol. Ní foláir Binn na Míol a thabhairt air, mar tá Binn eile siar ó dheas uaidh agus Binn na Leacht a tugtar air. Is minic a tháinig glaoch ola san oíche chúm ó Bhinn na Leacht.

Is cuimhin liom aon ghlaoch ola amháin díobh agus ní baol ná go gcimeádfad cuimhne air. Do rith buachaill chúm isteach agus saothar air i dtreó gur ar éigin ’ fhéad sé labhairt.

“Tá fear ag fáil bháis, a Athair”, ar seisean.

“Canad?” arsa mise.

“Thiar ar Binn na Leacht, a Athair”, ar seisean.

“Cad ’tá air?” arsa mise.

“Do shloig sé a theanga, a Athair!” ar seisean.

“Aililiú!” arsa mise, “conas ’ fheadfadh sé a theanga do shlogadh?”

“Bhí sé ag ól bhainne raímhir, a Athair”, ar seisean, “agus do shloig sé siar a theanga in éineacht leis

XVII: I gCill Sheanaigh agus i gCill Úird

an mbainne. Níl aon fhocal cainnte aige”, ar seisean, “agus nuair ’ fhéachamair isteach ’na bhéal níor fhéadamair aon radharc ’ fháil ar a theangain. Is baolach ná béarfair ’na bheathaidh air, a Athair”, ar seisean.

Chomáineas liom siar. Do rugas ’na bheathaidh air. Bhí a chainnt aige nuair a shroiseas é.

“Airiú, cad fé ndeara dhuit do theanga ’ shlogadh!” arsa mise leis.

“Ó mhuisse!” ar seisean, “an breallán buachalla san!” ar seisean. “Bhí tart orm agus d’ólas an deoch róthapaidh, agus tháinig crampa nú rud éigin den tsórd san im scórnaigh i dtreó gur chrap mo theanga siar ar fad im chúlraos agus gur mheas sé siúd gurb amhlaidh a shloigeas mo theanga! Níl aon chiall aige!”

Bhí an crampa imithe a scórnaigh an fhir bhoicht i dtreó ná raibh aon ghá le hola aige, agus thánagsa abhaile ar mo shuaimhneas.

Ní gan chúis a tugtar Binn na Leacht ar an mbaile sin. Táid na leachtanna ann. Tá ar dtúis ann dhá roth mhóra leathana cloch, roth mór lasmu’ agus an roth eile laistigh de sin agus iad aeninneach. De chlochaibh, curtha ’na seasamh, mar ’ bheadh clocha roilige, atá an dá roth san déanta. Tá ansan, siar ó dheas ón roth amu’, dhá líne cloch agus na clocha ’na seasamh ar an gcuma gcéanna, agus an dá líne fan a chéile, agus gan iad rófhada amach ó chéile. Ní cuimhin liom anois cad é an fhaid adéarfainn atá iontu, ach is dó’ liom go rabhadar ceathair nú cúig de shlataibh nú mar sin. Bhí cúpla cloch nú trí thiar ag an gceann thiar díobh dhá dtabhairt chun a cheile i dtreó gur pharallogram iad. Tá breis agus cheithre bliana agus daichead ó chonac iad.

Tá bóthar siar ó Bhinn na Míol go Nead an Fhiolair agus go Cill Chóirne. Mórán blianta sara dtánagsa go Binn na Míol bhí sagart áirithe ’na chónaí i gCill Chóirne. Do buaileadh breóite é. Cheap sé go mbeadh sé tagaithe chuige féin i gcómhair an Domhnaigh a bhí chuige, ach ní raibh. Bhí sagart a bhí báidhiúil leis thoir i mBaile na Móna. Chomáin sé teachtaire soir um thráthnóna Dé Sathrainn dhá iarraidh ar shagart Bhaile na Móna teacht, dá mb’fhéidir é, agus an tAifreann do rá thar a cheann i gCill Chóirne. Bhí capall ana-mhaith ag sagart Bhaile na Móna agus “Gríosach” an ainm a bhí aige ar an gcapall. D’éirigh sé go moch ar maidin Dé Domhnaigh agus siúd siar é, siar Áth an Dalláin, siar Binn na Míol, siar Gleann na hAithrí, siar go Nead an Fhiolair agus go dtí séipéal Chill Chóirne. Duairt sé an tAifreann díreach ar an uair a bhí ceapaithe, gan aon neómat ríghnis. Is dócha go mb’fhéidir go raibh taithí ag cuid den phobal ar an Aifreann a bheith tamall beag deirineach. Pé scéal é, bhí a lán acu déanach chun an Aifrinn an mhaidean san. Bhí an sagart ag dul soir abhaile arís tar éis an Aifrinn do rá, agus bhuail cuid den phobal uime ar an mbóthar. Iad san ag teacht go dtí an tAifreann agus an tAifreann ráite aige sin. Bhí air bheith in am chun Aifrinn do rá an lá céanna i mBaile na Móna tar éis dul abhaile dho. Do labhair sé le cuid de sna daoine a bhí déanach.

“Ohó!” ar seisean.

“Gríosach, a chodail i mBaile na Móna,
Do sciob sé an tAifreann ó mhuíntir Chill Chóirne!”

Thagadh gloach ola chúm go minic aníos ar fad ó bhruach Abhann Móire, agus is minic gur i lár na hoíche ’ thagadh sé. Uaireanta, b’fhéidir, bheinn tar éis bheith thíos ann i gcaitheamh an lae, ag

XVII: I gCill Sheanaigh agus i gCill Úird

déanamh gnótha Domhnaigh nú ag tabhairt turas ar scoileannaibh. Ansan b'fhéidir, nuair a bheinn im shámhchodladh, i lár na hoíche, thioctadh an gaoch ola, agus chaithinn éirí agus imeacht síos arís. Ach bhíos óg láidir an uair sin agus ní bhíodh puinn binne agam ar nithibh den tsórd san.

Gaelainn a labhradh gach éinne liom an uair sin nuair a théinn mar sin ag cur na hola orthu. Na teachtairí féin, bíodh go mbíodh cuid acu óg go maith, is Gaelainn a labhraidís liom.

An sagart paróiste a bhí os a gcionn bhí Gaelainn bhreá aige. An tAthair Tomás Ó Muirithe ab ainm do. Aneas ó Chairbre a thainig sé. Tháinig sé aneas sarar deineadh dá dhóiseas* de dhóiseas Chluanach agus Rosa. Bhí sé suas le deich mbliana agus trí fichid nuair a bhíos-sa agus é féin i bparóiste Chille Sheanaigh. Do mhair sé go dtí go raibh sé aon bhliain déag agus cheithre fichid. Nuair a bhíos-sa bliain agus ráithe i gCill Sheanaigh chuir an tEaspag soir go Cill Úird me, agus beagán aimsire 'na dhiaidh san chuaigh an t-athair Tomás ó dheas go hIniscairthe. Ansan is ea ' fuair sé bás agus é aon bhliain déag agus cheithre fichid, tar éis é ' bheith trí fichid bliain 'na shagart. Bhí obair chruaidh air cuid den aimsir sin. Chonaic sé an drochshaol go léir. Chonaic sé na daoine ag fáil bháis cois na gclathach agus ar na bóithribh—agus an bia ag imeacht thar farraige chun cíosa ' dhéanamh do sna máistríbh talún. Ní féidir liom cuímhneamh air anois féin gan buile feirge ' theacht orm.

Is cuímhín liom go maith an lá ' fhágas Binn na Míol agus me ag dul go Cill Úird soir. Do cuireadh ríghneas éigin ar leitir an Easpaig. Níor tháinig sí chúm go dtí ar maidin Dé Sathrainn. Níor mhór dhom bheith i gCill Úird ar maidin Dé Domhnaigh a bhí chúinn chun dá Aifreann do rá, an chéad Aifreann acu amu' in Araiglinn, agus Aifreann a dódhéag i gCill Úird.

Bhí láir mhaith agam agus trap beag deas éadrom. Chomáineas liom isteach go Mala agus an bóthar soir ó Mhala. Nuair a bhíos cúpla míle soir ó Mhala thugas fé ndeara an lá ag dorchtú.

“Tá eagal orm go mbeidh tóirthneach againn”, arsa mise im aigne féin.

Lena linn sin d'airíos fothram trom láidir éigin nár airíos riamh a leithéid eile.

“Ní tóirthneach é sin!” arsa mise im aigne.

Do stadas an láir agus d'fhanas tamall im stad féachaint an aireóinn arís é. Níor airíos. Bhíos ag cuímhneamh agus ag cuímhneamh féachaint cad leis go samhlóinn é. Theip orm cuímhneamh ar aon tsaghas fothraim a chuirfínn i gcúmparáid leis. Bhí sé ana-láidir, ana-throm. Ba dhó' le duine go raibh sé sa spéir agus fé thalam in éineacht. Dá gcuireadh sé an tarna guth as d'fhéadfainn, b'fhéidir, tuairim éigin a thabhairt fé cad é an saghas fothraim é, ach níor chuir. Chomáineas liom agus d'imigh sé as mo cheann.

Fuaras an bóthar ó Mhala go Cill Úird níba shia go mór ná mar a shíleas. Bhí sé ag déanamh amach ar a dódhéag san oíche nuair a shroiseas an áit. Do chailleas roinnt mhaith aimsire, tar éis na hoíche ' theacht orm, ag gaoch ar dhaoine a bhí 'na gcodladh agus ag cur tuairisce na slí orthu. Do shroiseas Cill Úird. Bhí na dóirse go léir dúnta agus na daoine 'na gcodladh. Chonac solas in aon tigh amháin. Thugas aghaidh ar an solas. Do ghlaos ar mhuintir an tí. Tháinig bean chun an dorais chúm. D'inseas di cérbh é me*, agus d'fhiafraíos di a' bhféadfadh sí bheith istigh a thabhairt dom go lá, mar go raibh orm dul amach go moch ar maidin go hAraiglinn chun an Aifrinn do rá ann.

XVII: I gCill Sheanaigh agus i gCill Úird

“Ochón, a Athair”, ar sise, “tabharfad agus fáilte; agus go deimhin féin ní rómhaith an chóir is féidir dom a chur ort, a Athair”, ar sise. “Ach bíodh an chóir olc nú maith ní rófhada a bheidh an tigh seo againn chun bheith istigh a thabhairt d’éinne ann. Táimid féin le cur amach as ar maidin Dé Luain! Tar isteach, a Athair”, ar sise.

Chuas isteach. Bhí tigh folamh amu’ sa chlós agus chuireas mo láir isteach ann agus thugas rud le n-ithe dhi. Bhí san agam sa trap bheag. Do cuireadh cóir chodlata orm féin chómh maith agus d’fhéad na daoine bochta é. Bhíos im shuí ar maidin ar an gcéad sholas. Thug bean an tí stiúru agus cómhartaí an bhóthair dom agus do ghluaiseas, im charra bheag, soir go dtí an droichead atá ar abhainn Araiglinn; soir ó thuaidh trí Bhaile na Páirce, mórthimpall i radharc an tseanachaisleáin atá ’na sheasamh ar mhullach cnucáin ar an dtaobh thiar den abhainn, d’abhainn Araiglinn; fan na habhann arís, soir ó thuaidh, go dtí gur shroiseas an crosaire mar a n-iompaítear siar go dtí Cúil Múchan. Do leanas an bóthar díreach soir ó thuaidh fé bhun Bhaile na mBodach. Ansan do shroiseas droichead eile agus chuas thar abhainn siar agus suas cnucán, agus bhíos ag séipéal Araiglinn. Séipéal nua ab ea é. Bhí sé an-árd, agus do luíodh an ghaoth go mór ar an gcnuacán nuair a bhíodh aon phuinn nirt inti. Tá dhá shruthán dheasa ag teacht chun a chéile thoir thíos ag bun an chnucáin, agus deineann an cnucán fothain mhór don ínse bheag atá thíos idir an dá shruth. Níor fhéadas gan a mheas gur mhór an trua nár deineadh an séipeál thíos ar an ínse sin in inead é ’ dhéanamh thuas ar mhullach an chnucáin. Ínse an Chlampair an ainm a tugtar ar an ínse sin.

Nuair a bhí an pobal cruinnithe duart an tAifreann dóibh, agus ansan thugas aghaidh siar ó dheas arís ar Chill Úird, agus bhíos ann ar a dódhéag chun an tarna hAifrinn do rá ann. Bhí iúnadh a chroí ar an sagart paróiste nuair a chonaic sé ag teacht me. Bhí ’ fhios aige go raibh an sagart a bhí aige rómham imithe, ach ní raibh ’ fhios aige go rabhas-sa tagaithe. Bhí sé ar buile chúm nuair nár thugas aghaidh ar a thigh féin. D’ínseas do conas mar a bhí sé ródhéanach san oíche nuair a shroiseas an áit agus ná raibh ’ fhios agam cá raibh a thigh.

Ar maidin Dé Luain a bhí chúinn bhíos ag féachaint ar pháipéar. Níor chuireas suím rómhór in aon rud dá bhfeaca ann go dtí gur luigh mo shúil ar an méid seo, .i. “Extraordinary occurrence. About 2 o’clock, p.m. on Saturday last a distinct shock of earthquake was felt in the neighbourhood of Mallow. It was accompanied by a loud subterranean noise which lasted only a moment. Several persons felt the shock and heard the sound”*.

Thuigeas ansan cad é an brí a bhí leis an bhfuaim úd d’airíos agus me cúpla míle soir ó Mhala Dé Sathrainn roimis sin. Tráth éigin sa bhfómhar, sa bhliain d’aois an Tiarna míle ocht gcéad trí fichid a hocht, is ea do hairíodh an fothram san agus do mothaíodh an t-aon luascadh talún amháin sin, in aice Mhala. Níor mhothaíos-sa an luasc, toisc me ’ bheith sa charra, is dócha, agus an carra ag gluaiseacht.

An fhaid a bhíos i gCill Úird an uair sin thugas breis agus bliain im chónaí i dtigh atha ar chnucán os cionn droichid Araiglinn, tímpall míle soir síos ón mbaile bheag ar a dtugtar Cill Úird. Do hínseadh dom go raibh an Barún Pigott ’na chónaí sa tigh chéanna nuair a bhí sé óg, nuair a bhí sé ’na mhac léinn, agus go raibh seómra beag aige ar mhullach carraige laistiar den tigh agus go dtugadh sé a lán dá aimsir sa tseómra san in’ aonar ag déanamh foghlama. Bhí sé ’na bhreitheamh i mB’l’Átha Cliath nuair a bhíos-sa im chónaí sa tigh. Tigh ana-dheas chun cónaithe is ea an tigh an fhaid a bhíonn an samhradh ann, ach tá sé ’na sheasamh ar ghrua an chnucáin ar an dtaobh thuaidh, agus nuair a thagann an geimhreadh beireann an fuacht air go hana-dhian. Baile-idir-dhá-Abhainn an ainm a tugtar ar an mbaile. Ritheann abha Araiglinn isteach san Abhainn Mhór lastoir den bhaile,

XVII: I gCill Sheanaigh agus i gCill Úird

agus ritheann an Fhuínsean isteach san Abhainn Mhór chéanna laistiar den bhaile, agus fágann san an baile idir an dá abhainn. Tá seanachaisleán tamall ó dheas ón áit 'na bhfuil an tigh, agus an Rítheaghlach a tugtar mar ainm air. “Rathealy” a tugtar i mBéarla air, i dtreó gur dhó' le duine gur ó dhuine éigin de mhuintir Éalaithe a tugadh an ainm. Sin mar a loiteann an Béarla gach aon rud Gaelach go mbíonn aon teangmháil aige leis. Tá bóthar breá réidh fan bhruach Abhainn Móire soir go hÍnse an Léime agus go dtí an Baile Dubh agus go Lios Mór, agus as san go Ceapach Chuinn.

Ní fada a bhíos ar an gcnuicán úd i mBaile-'dir- dhá-Abhainn nuair a bhí eólas maith curtha agam ar na bóithribh go léir, a bhfuil tríd an bparóiste dhíobh. Do hínseadh dom go raibh tobar beannaithe sa chúinne thoir den pharóiste agus gur “Tobar na hOla” a tugtá air. Chómh luath agus d'airíos é ' bheith ann chuas soir go bhfeicfinn é. Áit an-uaigneach is ea an áit 'na bhfuil sé. Tobairín deas is ea é, agus uisce ana-bhreá ann. D'ólas deoch as agus thaithn sé go mór liom. Do hínseadh dom go mbíodh daoine ag tabhairt turas ann, mórthimpall an tobair, agus go mbíodh cómhthlán ann uair sa mbliain. Do hínseadh dom gur thárla, nuair a bhí cómhthlán éigin acu ann agus mórán daoine cruinnithe ann, gur éirigh bruíon fhíochmhar eatarthu agus gur doirteadh fuil ann, mórán de, agus ansan gur cuireadh mallacht ar an áit, agus gur tugadh “Tobar na Fola” ar an dtobar in inead “Tobar na hOla”.

XVIII: Séamas Fréiní, an Foghláí

An bóthar mór ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath, bóthar an chóiste, mar a tugtar air, is trí Chill Úird ó thuaidh a ghabhann sé, trí lár na gcnuic. Táid na cnuic an-uaigneach. Roinnt aimsire ó shin bhíodar níos uaigní go mór ná mar atáid siad anois, agus ná mar a bhíodar nuair a bhíos-sa sa pharóiste. Bhíodh foghláí ar an mbóthar san agus bhíodh sé ag robáil na ndaoine. Do thárla go raibh file 'narbh ainm do Éamonn de Bhál ag gabháil an bóthar lá. Tháinig sé chun áite a bhí an-uaigneach. Do phreab an foghláí chuige amach ó chlaí an bhóthair. Séamas Fréiní ab ainm don fhoghláí. Thóg sé suas a phiostal ar aghaidh an fhile amach.

“Sín chúm aon airgead atá agat”, ar seisean.

“Níl aon leathphinge airgid agamsa, a mhic ó”, arsan file. “Tar anso agus cuardaigh me más dó' leat go bhfuil”, ar seisean.

D'fhéach Fréiní air.

“Peocu 'tá airgead agat nú ná fuil”, ar seisean, “níl puinn dá dheallramh ort. Chím go bhfuil bróga nua ort”, ar seisean, “pé ball 'na bhfuais iad.” D'fhéach sé síos ar a chosaibh féin agus ar na seanabhrógaibh briste a bhí orthu. “Is dó' liom”, ar seisean, “go n-oiriúnfadh na bróga nua san mise. Bain díot iad.” B'éigean do. “Caith chúm i leith iad”, arsa Fréiní. Do chaith. “Drid uaim síos ansan tamall anois”, arsa Fréiní.

Do dhrid. Ansan do bhain Fréiní dhe a sheanabhróga féin agus chuir sé uime na bróga nua. Nuair a bhíodar ar a chosaibh do sheasaimh sé suas agus do bhreithnigh sé conas a dh'oiriúnadar é.

“Ó”, ar seisean, “táid siad go hálainn! go hálainn ar fad! Táid siad chómh hoiriúnach dom agus dá mba dhom féin a déanfí iad. Seo”, ar seisean, “bídís sin agatsa”, agus caith sé na seanabhróga chun an fhile.

Chuir an file na seanabhróga uime agus chomáin sé leis ar a chuaird féin agus d'imigh Fréiní an

XVIII: Séamas Fréiní, an Foghláí

cnuc amach.

D'airigh file eile scéal na mbróg. Dhein sé an véarsa so:—

“Is brón liom an sceón so do ghlacais, a Éamoinn,
Mar chóbach neamhchróga gan neart 'na ghéagaibh;
'S gur dhó' linn, dar ndóchaint, gur cheap le céad tu!
'S do bhróga do sheóladh 'na ghlaic chun Fréiní!”*

Bhí an véarsa san ag dul ó bhéal go béal. D'airigh Éamonn é. Thug sé an freagra so air:—

“A óigfhir nách feóllta do chanas véarsa,*
Ní dreóileacht neamhchróga do bhain dom féinig,
Ach rógaire ar bhóthar do ghread le piléir me,
'S nár mhó aige siúd feóirling ná anam Éamoinn!”

Do hínseadh dom gníomh eile a dhein an Fréiní céanna. Do ghluais an cóiste lá ó Chorcaigh. Bhí bean ó Bhaile Átha Cliath ar an gcóiste agus níor fhéad sí gan bheith ag cainnt. Níor stad a béal ach dhá fhiafraí de gach éinne eile dá raibh ar an gcóiste ar dhó' leis go raibh aon bhaol go mbuailfeadh Fréiní úmpu.

“Tá míle púnt anso agam”, adeireadh sí, anois agus arís, “agus cad a dheanfad in aon chor má bhuaileann sé umainn!”

Do chuireadar an bóthar díobh gan aon bhárthann go dtí gur fhágadar Cill Úird laistean díobh agus go rabhadar ag déanamh ar an sliabh. Nuair a bhíodar san áit ab uaigní den tsiabh siúd chúthu Fréiní. Chómh luath agus do labhair Fréiní le fear na gcapall do stad an cóiste. Tháinig Fréiní go doras an chóiste agus a phiostal ar leibhéal aige.

“Sea, a cháirde ionúine, ná bíodh aon achrann againn, ach sínidh amach chúm pé airgead atá agaibh.”

Bhí fear ann nár labhair puinn ó fhág sé Corcaigh. Do bhéic sé amach, agus é ag gol le scanradh, chómh luath agus do labhair Fréiní.

“Ó, a dhuin' uasail”, ar seisean, agus tharraig sé amach a raibh d'airgead 'na phóca aige, lán a ghlaice de mhionairgead, “sin a bhfuil d'airgead agamsa agus ná lámhaigh me! Seo dhuit é ach gan me ' mharú. Ní fheadar an mór an t-airgead atá ag éinne eile anso, ach féach, tá míle púnt ag an mnaoi uasail sin ansan. Sín chuige an míle púnt san atá agat, a bhean uasal, i dtreó ná lámhfaidh sé sinn!”

B'éigean di an míle púnt a thabhairt do Fréiní. Bhí Fréiní ag gáirí agus a chúis aige. Níor chuaigh sé ródhian ar an gcuid eile acu. Thóg sé pé méid a thugadar do agus d'imigh sé. Ansan is ea ' bhí an chainnt ag an mnaoi a chaill an míle púnt. Níor stad a béal ach ag mallachtaí agus ag spídiúchán ar an bhfear a scéigh uirthi. Níor labhair seisean a thuilleadh. Do shroiseadar cathair Bhaile Átha Cliath. Chómh luath agus do stad an cóiste, istigh sa chathair, chuir an fear ciúin a lámh 'na phóca agus tharraig sé amach blúire páipéir agus shín sé chun mná na cainnte é.

“Seo”, ar seisean, “sin é do mhíle púnt agat.” Órdú míle púnt ar bhannc Bhaile Átha Cliath ab ea an

XVIII: Séamas Fréiní, an Foghláí

blúire páipéir.

“Féach”, ar seisean, “tá deich míle púnt anso agamsa, agus tá an t-airgead san agam á thabhairt anso ó bhannc Chorcaí go dtí bannc Bhaile Átha Cliath. In ór atá sé agam. Bhí eagal orainn an t-ór d’fhágáilt i gCorcaigh mar d’airíomair go rabhthas ar tí an bannc i gCorcaigh do bhriseadh. B’éigean dom mo sheans a ghlacadh le Fréiní agus an t-ór a thabhairt liom. Mura mbeadh tusa agus do mhíle púnt bhí mo dheich míle imithe uaimse.”

Nuair a chonaic an bhean an ainm a bhí thíos ar an mblúire páipéir bhí sí sásta. Bhí aithne mhaith aici ar an bhfear ’na raibh a ainm ar an mblúire páipéir. B’é an fear céanna a thug di an blúire páipéir, ach níor aithin sí in aon chor é bhí an cheilt chómh maith san air. Nuair inis sé dhi cérbh é bhí áthas mór uirthi.

Ní fheadarsa an fíor an scéal. Nílím ach á insint fé mar a hínseadh dom é.

Do hínseadh dom conas a maraíodh Fréiní sa deireadh. Do bhuail sé uime dhuin’ uasal a bhí tar éis roinnt mhaith airgid d’fháil an lá san.

“Sín chúm an t-airgead san atá ansan agat”, arsa Fréiní leis.

“Is dócha ná fuil aon dul uaidh agam”, arsan duin’ uasal, agus chaith sé sparán trom ar an dtalamh uaidh. Do chrom Fréiní chun an sparáin do thógaint. Lena linn sin do shnap an duin’ uasal piostal as a phóca féin, agus chuir sé piléar tríd an bhfear a bhí ar a chromadh. Do ghoin an piléar san é, ach níor mhairbh sé ar an spota é. Do dhírigh sé é féin agus thug sé aghaidh a phiostail féin ar an nduin’ uasal. Mheas an duin’ uasal go raibh uair a bháis tagaithe. Do stad Fréiní gan an t-urchar do chaitheamh.

“Ní bheidh t’anamsa orm”, ar seisean. “Táim ag dul i láthair Dé. Ní beag dom a bhfuil im choinnibh.”

D’imigh sé thar claí. Roinnt laethanta ’na dhiaidh san do fuaradh marbh é tamall ón áit.

Bhí ana-bháidh ag na daoine leis. Do roinneadh sé ar dhaoineibh bochta cuid mhór den airgead a bhaineadh sé de dhaoineibh saibhre. Gan amhras ní raibh sa rabairne sin ach “fial stiall de leathar dhuine eile”. Mar sin féin bhíodh daoine baoch de, agus thugaidís bheith istigh do nuair a bhíodh gá aige leis go minic.

Ní le daoine bochta amháin a bhíodh sé fial uaireanta. Bhuail duin’ uasal uime oíche.

“Sín chúm a bhfuil d’airgead agat!” arsa Fréiní leis.

Do shín an duin’ uasal chuige sparán mór airgid a bhí aige.

“Féach anois, a Shéamais”, arsan duin’ uasal, “ní hé mo thuairim go ndéanfá an méid sin orm dá dtuighthá i gceart conas atá an scéal agam.”

“Cad ’tá sa scéal ná tuigim?” arsa Séamas.

XVIII: Séamas Fréiní, an Foghláí

“Ní liomsa an t-airgead san in aon chor”, arsan duin’ uasal. “Cíos é sin atá fáлта agam inniu ó thineóntaithibh a leithéid seo de thiarna talún”, dhá ínsint do cérbh é, “agus caithfeadsa an cíos san do thabhairt don tiarna talún san pé ball ’na sholáthród é. Ní bheidh sé siúd aon leathphinge chun deiridh leis an obair seo.”

“An mar sin é?” arsa Séamas.

“Is ea go deimhin”, arsan fear eile.

“Tá go maith”, arsa Séamas. “Ní chuirfeadsa an cruatan san ortsa. Dá bhféadainn an t-airgead a bhaint de féin bheinn sásta, ach ní díotsa is ceart dom a chuid siúd a bhaint. Seo dhuit do sparán, ach tabhair dom uait féin cúpla púnt ar iasacht. Tá gnó áirithe agam de.”

Do thug. Agus is mó lóistín oíche agus béile mhaith bhídh a fhuair Séamas i dtigh an duin’ uasail sin ’na dhiaidh san nuair a bhíodh gá go cruaidh aige le lóistín oíche agus le béile bhídh.

Tá baile sa taobh thoir thuaidh den pharóiste agus Gort na Sceiche an ainm a tugtar air. Tá an baile sin naoi míle ó Chíll Úird. Is minic a thagadh glaoch ola chúm ón mbaile sin i lár na hoíche. Do bhínn im dhúiseacht uaireanta agus d’airínn an teachtaire agus é ag teacht, ar sodar, ar muin capaill, agus “Gort na Sceiche! Gort na Sceiche!” adeireadh cosa an chapail sa tsodar ar an mbóthar, agus mise im dhúiseacht sa leabaidh ag éisteacht leis an sodar, “Gort na Sceiche! Gort na Sceiche!” agus me ag cuímhneamh ar an naoi míle ’shlí a bhíodh rómham. Ní ghoilleadh an scéal puínn orm, áfach. Chómh luath agus ’bhínn san iallait agus ar an mbóthar níorbh fheárr liom bheith sa leabaidh. Bhíos óg an uair sin.

Tá áit ag bun Ghort na Sceiche agus na Mianacha a tugtar ar an áit. Do hínseadh dom go raibh iarann dá thógaint as an dtalamh ann roinnt aimsire ó shin, agus go ndeintí corcáin ann agus go gceannaíodh na cómharsain na corcáin sin, agus gur chorcáin mhaithe iad ach gurbh ana-dheocair iad a chimeád glan ar an dtaobh istigh; gur dhócha ná glantí an t-iarann i gceart sa tine, nú sa bhfúirnéis. Tugtar “an Fúirnéis”, leis, mar ainm ar an mbaile.

XIX: An Staonadh ón Ólachán

Ní rófhada a bhíos tagaithe amach as an gcoláiste, críochnaithe im shagart agus ag déanamh oibre sagairt i measc na ndaoine, nuair a thugas ní fé ndeara. Thugas fé ndeara an díobháil tiubaisteach a bhí ag an ólachán á dhéanamh do mhuintir na hÉireann. Chonac an ceardaí sáite i dtigh an tábhairne gach aon tráthnóna Dé Sathrainn, agus é ag fanúint ann go dtí go mbíodh pá na seachtaine imithe, nú an chuid ba mhó dhe, agus an bhean agus an chlann sa bhaile gan béile na hoíche acu, gan, b’fhéidir, balcáis éadaigh ar aon tslacht; ansan, an fear san ar a leabaidh ar maidin Dé Domhnaigh agus gan é ábalta ar éirí ná ar dhul fé dhéin aon Aifrinn. Chonac an bhean agus a meabhair bainte dhi ó bheith a d’iarraidh aire ’ thabhairt don fhear san agus dá chlaínn agus dá thigh, agus gan an t-airgead aici chuige, í féin leathlomracha agus an chlann leathlomracha agus an tínteán fuar folamh, gan tine ná abhar tine, gan teas gan cúmpórd. Chonac an feirmeóir ag teacht abhaile ar meisce ón aonach nú ón margadh, agus é féin agus a chapall i gcúntúirt titim i ndíg an bhóthair agus bheith báite nú bascaithe, agus an t-airgead ba cheart do a thabhairt leis abhaile fágtha aige in sna tithibh tábhairne a bhí ar na crosairíbh roimis; fáltas fial fágtha ins gach tigh acu aige; nár mhó leis seile tobac ná leathchoróinn gheal do chaitheamh uaidh ins gach tigh tábhairne acu; agus ansan, nuair a thagadh a chiall do amáireach ’na dhiaidh san, gur dhó’ le duine air gurbh fhiú leathshobhran an leathphinge rua nuair a bheadh roinnt bheag éigin aige á thabhairt dá mhnaoi chun rudaí ’ sholáthar

XIX: An Staonadh ón Ólachán

don tigh! Chonac na huile sin go léir agus na mílte olc eile 'na dteannta, agus do buaileadh isteach im aigne gur cheart dom iarracht éigin do dhéanamh ar chur 'na gcoinnibh, a bheag nú a mhór; dá mba ná tiocfadh liom a dhéanamh ach a bheag féin, gurbh fheárr é ' dhéanamh ná gan aon rud a dhéanamh.

Seo mar a tuigeadh dom ba cheart tabhairt fén obair, .i. a iarraidh ar gach éinne staonadh ó gach deoch meisciúil. Bhí ' fhios agam go maith go mbeadh mórán daoine agus gur dheocair iad do thabhairt chun an staonadh san do dhéanamh. Bhí ' fhios agam, leis, nárbh fholáir dom éadan anadhána ' bheith orm chun a iarraidh ar aon duine an staonadh san do dhéanamh gan me féin á dhéanamh chómh maith le cách. Thuigeas nárbh fholáir dom féin an tosnú do dhéanamh. Chómh maith do dheineas. Do dheineas an tosnú. Shocraíos m'aigne i lathair Dé ar gan deoch meisciúil a dh'ól a thuilleadh. Ansan do chromas ar dhaoine eile do chómhairliú chuige. Is cuimhin liom aon fhear amháin agus bhíos á rá leis gur cheart do an staonadh ' dhéanamh. Bhí gach aon leathscéal aige ar bharr a theangan dom chun gan é ' dhéanamh. Gach aon chúis dár thug sé dhom chun gan é ' dhéanamh, thugas-sa cúis i gcoinnibh na cúise sin do chun a dhéanta. Fé dheireadh do bhris ar an bhfoighne aige agus duairt sé mar seo:

“Mhuise go deimhin féin, a Athair, ní féarr bheith siar ná aniar ar an scéal, is maith leis an sagart féin, nuair a bhíonn dinnéar maith ite aige, a bhraon beag púins do chur anuas ar an ndinnéar!”

“Tá dearúd sa méid sin ort”, arsa mise. “Ní bhlaisim aon bhraon púins choíche ná aon bhraon d'aon tsaghas eile dí a chuirfeadh meisce ar dhuine.”

Do stad sé ar feadh tamaill agus iúnadh air. Ansan: “Is dó’, a Athair”, ar seisean, “caithimse bheith amu’ san oíche fé fhuacht agus fé fhliuchra, agus do raghadh an fuacht tríom chroí dá mba ná hólfaínn braon biotáille nú braon de rud éigin te mar sin.”

“Bímse amu’ san oíche, fé fhuacht agus fé fhliuchra níos minicí ná mar a bhíonn tusa”, arsa mise. “Bíonn tú go sámh ar do leabaidh go minic nuair a bhímse san iallait, ar bhóthar Ghort na Sceiche, nú ar bhóthar Ínse an Léime, agus fearthainn dá stealladh orm le fuinneamh gaoithe, agus ní bhíonn aon ghá agam le haon bhraon biotáille nuair a thagaim abhaile.”

“Is dó’, a Athair”, ar seisean, “b’fhéidir ná goilleán anró ortsa chómh mór agus ' ghoillfeadh sé ar dhuine eile. Dá bhfaighinn drochfhliuchadh thiocfadh, b’fhéidir, luíochán trom orm mura n-ólfainn deoch maith láidir biotáille chun an fhuachta do chur amach as mo chroí.”

“Tá dearúd sa méid sin ort,” arsa mise leis. “Is amhlaidh a chuireann an biotáille tuilleadh fuachta isteach ionat i dteannta an fhuachta a bhíonn istigh ionat roimis.”

D’féach sé idir an dá shúil orm agus sult ar lasadh 'na shúilibh féin.

“Dar fia, a Athair, ach sin é an scéal is greannúire dár airíos-sa de scéaltaibh greannúra riamh! Nuair ' ólaim braon de bhiotáille mhaith, mothaím an teas aige dá chur isteach im chroí agus tríom ballaibh beatha go léir.”

“Teas bréagach is ea an teas san”, arsa mise leis. “Imíonn sé go luath 'na dhiaidh san, agus beireann sé leis, as do chuid fola, pé teas a bhí ann roimis. Ansan téann an fuacht isteach id chroí dáiríribh, agus ní mhothaíonn tú an fuacht san mar bhaineann an biotáille an mothú asat.”

XIX: An Staonadh ón Ólachán

B'éigean dom éirí dhe. Bhí roinnt cainnte den tsaghas chéanna agam leis uaireanta 'na dhiaidh san. Ní raibh aon mhaith dhom ann. Ní fhéadfainn a chur 'na luí ar a aigne go raibh aon díobháil sláinte sa "bhraon dí". Ach pé cainnt a bhí eadrainn ní duairt sé focal amach as a bhéal, arís, i dtaobh "gur mhaith leis an sagart féin a bhraon púins a dh'fháil".

Nuair a bhíos im chónaí thíos ar an gnuacán os cionn droichid Araiglinn bhíodh orm teacht aníos go Cíll Úird chun an Aifrinn do rá agus chun glaoch ola d'fhreagairt sa tsráid bheag. Agus is minic gur i lár na hoíche do thagadh an glaoch ola. Thuigeas dá mbeinn im chónaí thuas sa tsráid bheag go mbeinn in aice mo ghnótha ann, de ló agus d'oíche. Ach ní raibh tigh le fáil sa tsráid bheag.

Do lean an scéal ar an gcuma san ar feadh breis agus bliain. Fé dheireadh do tháinig athrú. Bhí dochtúir 'na chónaí sa tsráid. Shocraigh sé ar dhul chun cónaithe ó thuaidh go Baile Mhistéala. Chómh luath agus 'bhí sé imithe as an dtigh a bhí i gCíll Úird aige do thógas-sa an tigh, agus thánag aníos chun cónaithe ann. Bhíos in aice mo ghnótha ansan. Dá éaghmais sin bhíos meánach sa pharóiste, agus ná bóithre díreach ón dtigh agam soir go hÍnse an Léime; agus soir ó thuaidh go Baile na mBodach agus go Gort na Sceiche; agus ó thuaidh go dtí an barrac, mar a mbíodh an foghlaí, lá éigin; agus siar ó thuaidh go dtí Beárna na Gaoithe, agus go dtí Cathair Druinne, agus go dtí an Cnucán. Bóithre fada is ea iad go léir, ach bhíodh dúbailt faid iontu nuair a bhíos thíos ag droichead Araiglinn, mar do chaithinn teacht aníos chun na sráide chun dul ar na bóithribh eile ach amháin bóthar Ghort na Sceiche agus bóthar Ínse an Léime.

Bíodh gur theip cuid de na seandaoibh orm agus cuid de sna daoibh a bhí i meán aois, i dtaobh an ólacháin, níor theip na daoine óga orm. Ní rabhas i bhfad im chónaí sa tsráid bheag nuair a thugas fé ndeara na garsúin bheaga agus iad ag imeacht fiain ar fuid na háite gach aon tráthnóna. Chuímhníos gur mhaith an rud seómra beag a dh'fháil dóibh, agus leabhair dheasa, agus iad do chruinniú ag lé' na leabhar ar feadh uair a' chluig nú cúpla uair a' chluig gach aon tráthnóna. Ní raibh aon leabhar Gaelainne le fáil in aon bhall an uair sin, mura soláthródh duine Bíobla Gallda, ach níorbh fhéidir baint in aon chor leis an mBíobla san toisc an drochainm a bheith fachta aige ó sna *Soupers**.

Do scríos go Baile Átha Cliath agus fuaras leabhair a bhí chómh Gaelach agus d'fhéadfadh leabhair Bhéarla ' bheith; an "*Story of Ireland*", agus "*Poets and Poetry of Ireland*", agus "*Speeches from the Dock*", agus mar sin. Bhí an tÁrd-Bharún Pigott beó an uair sin i mBaile Átha Cliath. D'airigh sé an scéal i dtaobh na mbuachaillí agus i dtaobh na leabhar, agus chuir sé deich bpúint chúinn chun tuilleadh leabhar do cheannach. Ansan do cheannaíomair tuilleadh de sna leabhraibh, leabhair mhaithe bhunúsacha Bhéarla, *Shakespeare*, agus *Milton*, agus a leithéidí, agus bhí cuid mhaith leabhar againn ansan, leabhair nár airigh na buachaillí aon trácht riamh orthu go dtí san. Thagaidís isteach gach aon tosach oíche, nuair a bhíodh na hoícheanta fada againn, agus bhídís ag lé' na leabhar, a leabhar féin ag gach duine, go dtí go mbíodh sé in' am staid. Ansan do léinn féin blúire beag de bheatha naoimh éigin dóibh, agus chuirinn abhaile iad. Is cuímhin liom gur thugas mórán oícheanta ag lé' *Beatha an Churé d'Ars* dóibh, agus gur chuireadar ana-spéis ann.*

Tar éis tamaill do mheallas iad chun staonadh ó gach deoch meisciúil, agus do dheineadar é go fonnmar. Dheineas cárta beag dóibh agus chuireas an gheallúint ar an gcárta, i gcló, mar seo:

"Mar shásamh im peacaibh, agus chun gach peaca do sheachaint feasta le cúnamh Dé, agus in onóir do Bhríd Naofa, staonfad ó gach deoch meisciúil."

XIX: An Staonadh ón Ólachán

Bhí an obair go léir, agus sinn féin, agus an leabharlann, fé choimirce Bhríde Naofa againn. D’airíos ’na dhiaidh san gur lean a lán acu den gheallúint sin ar feadh i bhfad, agus gur lean cuid acu dhe i gcaitheamh a saol.

Nuair a thagadh Lá Fhéile Bríde bhíodh féasta beag againn; mísléain, agus cácaí, agus sólaistí eile den tsórd san. Bhíodh ólachán áirithe, leis, againn, agus d’ólaimís sláinte ár naoimh, sláinte Bhríde, “Muire na nGael”, mar a tugtí uirthi fadó. Tá tobar breá fíoruisce thíos i mBaile-’dir-dhá-Abhainn agus “Tobar an Dúna” an ainm atá ar an dtobar san. Chuirimís capall agus trucail, agus meadar bhreá mhór istigh sa trucail, síos chun an tobair sin agus do tugtí chúinn aníos lán na meidre den uisce sin, agus i ngloine den uisce sin is ea d’óladh gach duine againn sláinte Bhríde Naofa.

Bhí cárta eile againn agus sid iad na smaointe a bhí ar an gcárta san.

Mo ghrá Dia!
Mo ghrá an Creideamh!
Mo ghrá Éire!

Gráin ar uabhar aigne!
Gráin ar ainbhios!
Gráin ar easaontacht!

Ní dhéanfad maíomh.
Ní dhéanfad achrann.
Ní bhead ar meisce.

Cárta bán ab ea an cárta san. Cárta glas ab ea an cárta eile. Bhí an dá chárta san ag gach duine dár mbuín. Do rugadar leó abhaile na cártaí. Ní deirim ná go bhfuil fochárta acu le fáil fós i gcuid de sna tithibh ar fuid na paróiste sin.

I mBéarla is ea ’ bhí na focail ar na cártaibh. Níorbh fhéidir na focail do chur orthu i nGaelainn an uair sin, bíodh gur mhó go mór an Ghaelainn a bhí dá labhairt sa pharóiste ná an Béarla a bhí dá labhairt inti. Dá éaghmais sin, bhí an Ghaelainn a labharthí bhí sí ar áilleacht. Ba bhreá liom bheith ag éisteacht leis na seandaoineibh dha labhairt. Nuair a chuirinn an ola dhéanach ar sheandúine acu, agus nuair a thugainn an Corp Naofa dho, agus nuair adeireadh sé ansan, ó chroí amach, “Mo ghrá mo Thiarna Íosa Críost! Mo ghrá go daingean É!” do stadadh m’anál orm agus thagadh luas croí orm agus do sceinneadh deóracha óm shúilibh i dtreo go n-iompaínn i leataoibh beagán.

Sin í an chainnt go raibh an creideamh inti. Sin iad saghas daoine naofa a bhí in Éirinn an uair sin agus roimis sin, agus gan aon fhocal Béarla acu. Ba bhaoth an gnó don namhaid bheith a d’iarraidh a chur ’ fhéachaint orthu súd an creideamh do shéanadh.

Bhí cheithre scoileanna “Náisiúnta” sa pharóiste, agus ní raibh oiread agus aon fhocal amháin Gaelainne ag aon duine de sna múinteoiribh a bhí ag múineadh aos óg in sna scoileannaibh sin. B’uathásach an éagóir é dá dhéanamh ar mhúinteoiribh agus ar aos óg in éineacht. Na múinteoirí dhá marú féin a d’iarraidh múineadh ’ dhéanamh le cainnt nár tuigeadh, agus aigne an lucht foghlama dá ciapadh agus dá dalladh agus dá cur amú, ó bheith a d’iarraidh eólais do ghlacadh trí chainnt nár tuigeadh. Agus ansan, éagóir eile ba thiubaistí ná an dá éagóir i dteannta ’ chéile, cigire,

XIX: An Staonadh ón Ólachán

nú “*inspector*”, ag teacht ón mBórd agus ag dul isteach in sna scoileannaibh sin, dhá bhféachaint agus ag breithniú orthu, agus gan aon léas eólais aige ar an dá éagóir úd, an éagóir ar na múinteoiribh agus an éagóir ar an aos óg.

Tá so agam le rá, áfach. Chómh fada agus ’ chuaigh an obair a deineadh in sna scoileannaibh, an méid oibre dob fhéidir a dhéanamh in ainneóin na n-éagórtha go léir, do deineadh é ar chuma do chuir iúnadh ormsa. Do tugadh an t-eólas don mhúintir óg agus do ghlac an mhúintir óg an t-eólas, trí bhóthar chruaidh an Bhéarla, trí bhóthar iasachta an Bhéarla, ar chuma do dhéanfadh creidiúint do mhúinteoiribh agus do lucht foghlama in éineacht dá mba ná beadh an bóthar cruaidh ná iasachta. An éirim aigne a bhí ar gach taobh fé ndéar an toradh san a bheith ar an obair.

Ach na daoine a bhí i meán aois an uair sin, na daoine a bhí idir na seandaoine agus muintir na scoileanna, bhí Béarla acu san dá labhairt agus ní dó’ liom gur labhradh riamh amach a béalaibh daoine cainnt ba ghráinne ná an Béarla san. Féach ansan an sclábhaíocht a bhí ar na múinteoiribh agus ar na leanaibh. An Béarla gránna san dá labhairt coitianta leis na leanaibh sa bhaile, agus ansan na múinteoiribh a d’iarraidh Béarla éigin slachtmhar a mhúineadh do sna leanaibh sin ar an scoil. Ansan, an cigire ag teacht agus ag gabháil de chosaibh ins gach aon rud; ag spídiúchán ar na múinteoiribh, os cómhair na leanbh go minic, nuair ná cuiridís Béarla cruinn i mbéalaibh na leanbh, agus ag spídiúchán ar na leanaibh nuair adéarfadh leanbh acu, “*I do be*”, nú, “*We does be*”.

Bhíos ag éisteacht le cigire acu lá. Chuir sé ceist éigin chun linbh i dtaobh cad a chimeád sa bhaile é an lá roimis sin, nú rud éigin den tsórd san.

“I does be thinning turnops, sir”, arsan leanbh.

“And what does your brother be doing?” arsan cigire.

“He do be minding the cows, sir”, arsan leanbh.

“‘I does be’, ‘He do be’. That is nice teaching!” ar seisean leis an múinteoir. “Well, Mr. ‘Do be’”, ar seisean leis an leanbh, “how are you today, Mr. ‘Do be’? And how is old Mr. ‘Do be’? And how is Mrs. ‘Do be’? And how are all the other little ‘Do be’s’ and ‘Does be’s’?”

B’in iad athair agus máthair an linbh, agus an chuid eile den chlaínn a bhí i ndiaidh an linbh sin sa bhaile. Féach air sin mar tharcaisne á thabhairt don lín tí sin! Tarcaisne phoiblí, os cómhair na scoile go léir!

Ná measadh éinne ná titeadh rud den tsórd san amach ach go hannamh. Do thiteadh sé amach go minic, go hana-mhinic. Tá sé ag titim amach fós, uaireanta. Do chonac féin cigire go minic ag rástáil isteach i scoil agus a hata ar a cheann aige, agus gan aige don mhúinteoir, os cómhair na leanbh, ach an focal ba tharcaisní ’na phluic.

Thugas cheithre bliana i gCill Úird an uair sin. Bhí an leabharlann mór go maith i ndeireadh na haimsire sin. I gcaitheamh na haimsire sin is ea ’ tháinig an cogadh mór úd idir an Fhrainc agus an Almáinn. I gcaitheamh bliana an chogaidh sin do bhíodh na páipéir againn sa leabharlann agus sinn ag faire ar an gcuma ’na raibh an cogadh ag gluaiseacht, agus gan amhras is leis an bhFrainc a bhíodh ár mbáidh go léir idir óg agus críonna againn. Bhí brón mór orainn nuair a chonacamair an bua ag an Almáinn.

XIX: An Staonadh ón Ólachán

I gcaitheamh na haimsire sin, leis, is ea ' bhí ár bhfeisirí Éireannacha, agus Isaac Butt 'na cheann urraid orthu, "ag seasamh a gcirt" thall i bPárlimint Shasana. Bhíodh cruinniúcháin mhóra againn ins gach aon pháirt d'Éirinn ag gabháil páirte le Butt sa ghnó san, agus lena bhuín. Is cuimhin liom go ndeigh gasra mór de mhuintir Chíll Úird ó thuaidh go Baile Mhistéala lá Domhnaigh, go dtí cruinniú mór díobh a bhí ann, agus go mb'éigean dom dul leo, agus gur mheasamair go raibh árdobair déanta againn nuair a bhí obair an lae sin déanta againn. Ba bheag ná go raibh Éire saor againn ó dhaorsmacht Gall, dar linn.

XX: Ár Scoil i Ráth Chormaic

Nuair a tháinig an t-am, de réir mar a thuig an tEaspag, do cuireadh ó dheas me, treasna na habhann, treasna Abhann Móire, go Ráth Chormaic. Ní rabhas i bhfad sa pharóiste sin nuair a thosnaíos ar an obair chéanna a bhí ar siúl agam i gCíll Úird. Chruinníos cuid de bhuachaillíbh na sráide bige sin agus do labhras leo. D'inseas dóibh i dtaobh na hoibre a bhíodh ar siúl agam i gCíll Úird an fhaid a bhíos ann, i dtaobh na leabhar agus i dtaobh an dá chárta, agus i dtaobh staonadh ón ólachán go mór mór. Do tógadh na cártaí agus do gealladh an staonadh. Do thógamair tigh agus do ceannaíodh na leabhair agus bhí an leabharlann againn, fé choimirce Bhríde Naofa, díreach mar a bhí i gCíll Úird.

Níorbh fhada gur thugas fé ndeara go raibh tuiscint i gceól ag á lán de sna buachaillíbh i Ráth Chormaic. Bhíodh amhráin againn, amhráin Bhéarla ab ea iad, áfach. Ní raibh aon fhocal Gaelainne dá labhairt sa tsráid bheag. Ach má b'amhráin Bhéarla féin iad, bhídís ar áilleacht le feabhas guthaí agus le binneas glórtha agus le fuaim árd agus le huchtach.

Bhí eólas maith, leis, ag cuid de sna buachaillíbh ar cheól úirlisí, ar cheól fliúite agus ar cheól veidhlín. Do thuigeads im aigne go mb'fhéidir gur mhaith an rud, ó bhí an dúil sa cheól acu agus an éirim cheoil chómh maith san acu, na húirlisí práis do sholáthar agus banna práis a bheith againn. Dheineamair suas daichead púnt agus chuireamair fios ar roinnt de sna húirlisíbh práis. Do labhras le fear de lucht ceoil an airm istigh sa Mhainistir² agus d'iarras air teacht chúinn amach go Ráth Chormaic cúpl' uair sa tseachtain agus a mhúineadh do sna buachaillíbh conas na húirlisíbh práis do láimhseáil agus an ceól do bhaint astu. Shocraíomair ar an ndíolaíocht a gheóbhadh sé agus tháinig sé. Bhí sé ag teacht ar feadh roinnt aimsire; níor rófhada é. Do phioc cuid de sna buachaillíbh suas an t-eólas go tiubh i dtreó go rabhadar san ábalta ar an gcuid eile do mhúineadh agus gur fhéadamair comáint linn agus gan bheith ag díol ár gcod' airgid le fear na casóige deirge. Sara raibh mórán aimsire curtha dhíobh ag na buachaillí bhíodar ábalta ar na húirlisíbh do láimhseáil go cliste, agus do sheinnidís an ceól chómh maith agus d'fhéadfadh aon bhanna airm é ' sheinnt.

Bhíos i Ráth Chormaic tímpall dhá bhliain* is dó' liom nuair a bhí an méid sin gnótha déanta. Ansan díreach is ea ' tháinig leitir chúm ó Bhaile Átha Cliath dhá ínsint dom go raibh buíon ar bun sa chathair sin, buíon "chun na Gaelainne do chimeád beó".

"Dar fia", arsa mise im aigne féin, "más maith é is mithid é!"

Chomáineas leitir chúthu dha iarraidh orthu na leabhairíní a bhí acu do chur chúm. Tháinig an chéad cheann de sna leabhairíníbh. D'inseas do sna buachaillíbh cad a bhí déanta agam. D'airidís me go minic ag tabhairt seanmóna as Gaelainn uaim don phobal Dé Domhnaigh. Dúradar go léir láithreach gur mhaith leo an Ghaelainn d'fhoghlaim. Chuireas macshamhail den leabhairín i láimh

2 .i. Mainistir Fhear Maighe (Fermoy).

XX: Ár Scoil i Ráth Chormaic

gach buachalla agus chromadar ar na foclaibh d'fhoghlaim. Bhí focail bheaga ana-shímplí in sna ceachtannaibh tosaigh, mar seo, chómh fada agus is cúimhin liom anois:

lá = a day.	breá = fine.
bó = a cow.	bán = white.
gé = a goose.	dubh = black.
cat = a cat.	mór = big.
bean = a woman.	beag = little.

Ansan bhí ceacht eile mar seo:—

lá breá = a fine day.	bean beag = a little woman.
bó mór = a big cow.	bean mór = a big woman.
gé bán = a white goose.	bó maith = a good cow.
cat dubh = a black cat.	bó dubh = a black cow.

Chuireamair dínn roinnt de sna ceachtannaibh. Ansan, nuair a bhí roinnt de sna ceachtannaibh foghlamtha ag na buachaillibh do hínseadh an méid seo scéil dúinn:—

“The true Irish for ‘a big cow’ is really, not *bó mór*, but *bó mhór*. So also with those other instances; the true Irish is, not *bean mór*, but *bean mhór*; not *bean beag*, but *bean bheag*; not *bó maith*, but *bó mhaith*; not *bó dubh*, but *bó dhubh*. We really considered it better not to burthen the learner at the beginning with the mysteries of Irish aspiration”, nú rud éigin mar sin.

Chómh luath agus ’chonaic na buachaillí an méid sin, “What is this!” ar siad. “We were first taught to say *bó dubh*, and now we are told that *bó dubh* is wrong, and that we must say *bó dhubh*! Why were we not told the right word from the start?”

Chuireadar stailc suas. Ní fhoghlamóidís a thuilleadh Gaelainne as na leabhraibh sin. Chuireas-sa stailc suas chómh maith leo. Thuigeas im aigne aon daoine do cheap go bhféadfi an Ghaelainn a chimeád beó leis an saghas san oibre nárbh aon mhaith bheith ag brath orthu. Nuair ’airíodh duine de sna seanachainnteóiribh *bó mór*, agus *bó dubh*, agus *bean beag*, bhídís ag cur an anama amach ag gáirí.

Thugas fé ndeara go raibh cuid de sna buachaillibh agus go raibh éirim aigne acu agus solas breithiúntais agus cúiléith thar an gcoitiantacht, cuid acu i bhfad thar an gcoitiantacht. Do buaileadh isteach im aigne gur mhór an trua gan caoi ’ thabhairt dóibh ar úsáid éigin thairbheach a dhéanamh den éirim sin agus den tsolas san agus den chúiléith sin.

Bhí mo chuid eólais féin ar na seanatheangthachaibh, ar an Laidin agus ar an nGréigis, ag dul i ndúire agus i neamhchruinneas agus i ndoirchí.

“Dar fia”, arsa mise liom féin, “b’fhéidir nárbh fhearra dhom rud a dhéanfainn ná mo sheanaleabhair Laidne agus Gréigise do tharrac chúm arís agus díriú ar na seanatheangthachaibh uaisle sin do mhúineadh do dhuine nú do bheirt de sna buachaillibh seo. Cá bhfios cad a thiocfadh

XX: Ár Scoil i Ráth Chormaic

as 'na dhiaidh so? Pé rud a thiocfadh as 'na dhiaidh so ná ná tiocfadh*, do thiocfadh as anois go ndéanfainn m'eólas féin ar na seanatheangthachaibh d'athnuachaint, agus níor mhiste dhom san.”

Tharraigeas chúm na seanaleabhair agus ghlanas an ceó dhíobh agus cromas ar fhéachaint tríothu. Ba gheárr go bhfeaca go raibh gá leis an athnuachaint. Do labhras le duine de sna buachaillíbh, an fear ab fheárr díobh. Tomás Ó Mórdha ab ainm do. B'é an fear ab fheárr é ar an gceól agus ar lé' na leabhar agus ar gach aon tsaghas eile oibre aigne dá mbíodh ar siúl againn. D'fhiafraíos de ar mhaith leis Laidean a dh'fhoghlaim.

“Cad é an gnó ' bheadh agam de, a Athair?” ar seisean.

“Cá bhfios ná go ndéanfadh Dia sagart díot”, arsa mise. “Más maith leat Laidean d'fhoghlaim”, arsa mise, “múinfeadsa dhuit í, agus ní bheidh agat le díol as an obair ach aon ní amháin.”

“Agus cad é an ní é sin, a Athair?” ar seisean.

“An ní seo, a Thomáis”, arsa mise; “má osclann Dia an bóthar duit chun bheith id shagart go ndéanfair féin leanúint den staonadh ón ól agus go ndéanfair do dhícheall chun a chur ' fhéachaint ar dhaoine eile an staonadh céanna ' dhéanamh.”

“Déanfad an ní sin, a Athair”, ar seisean, “agus go deimhin, dá mb'é toil Dé dhom é, do thabharfainn an saol go léir ar bheith im shagart.”

“Tá go maith”, arsa mise. “Sid é an leabhar, féach, agus sid í an chéad cheacht atá agat le foghlaim, agus tá sé chómh maith againn tosnú anois.”

Agus do thosnaíomair. Níorbh fhada go raibh an tarna buachaill in éineacht linn san obair. Sara raibh trí seachtaine curtha dhínn againn bhí mórshéisear buachaillí agam ag foghlaim na Laidne uaim. Geallaim go mb'éigean dom féachaint chúm féin go maith, agus mo chuid seaneólais do ghlanadh agus do líomhadh agus do chur i dtreó agus in eagar. Is uathásach an sás ceistiúcháin buachaillí idir a dódhéag agus a cúigdéag! Is feárr an t-eólus a chuireas-sa an uair sin ar an Laidin leis an athnuachaint sin, agus leis an múineadh, ná mar a chuireas uirthi nuair a bhíos dhá foghlaim i Magh Chromtha nú i gCeann Tuirc, nú i gColáiste na Mainistreach féin. Is feárr go mór a mhúineann múineadh duine ná mar a mhúineann foghlaim é.

Bhí buachaill 'na chónaí thuaidh in aice Bhaile Mhistéala agus Toiréalach Ó Siadhail ab ainm do. Bhí bean 'na cónaí in aice Rátha Chormaic, bean chreidiúnach, agus bhí gaol aici le Toiréalach. Bhí ' fhios aici go raibh aidhm ana-mhór ag Toiréalach ar bheith 'na shagart. D'inis sí dho i dtaobh na hoibre a bhí agamsa á dhéanamh. Siúd chúm aduaidh é. Do thosnaigh sé ar an obair. Bhí sé an uair sin, is dó' liom, tímpall dhá bhliain déag nú trí bliana déag. Thugas fé ndeara go luath go raibh an éirim aige, agus an chúiléith, agus féith na foghlama.

Bhí an scoil ar siúl ansan, agus bhí an ceól ar siúl, agus bhí lé' na leabhar ar siúl, agus bhí gach aon rud ag dul chun cinn go hálainn. Ní raibh aon cheangal chun oibre orm féin ná ar na buachaillí. Nuair a thagadh gnó paróiste ormsa d'imíodh na buachaillí abhaile dhóibh féin, agus bhídís ag déanamh na hoibre sa bhaile chómh maith agus d'fhéadadís é, agus ag cuimhneamh ar cheisteannaibh le cur chúmsa nuair a thiocfainn tar n-ais ag triall orthu.

XX: Ár Scoil i Ráth Chormaic

Bhí ana-shaol againn, agamsa agus acu san, mise dhá múineadh agus iad san ag foghlaim uaim, agus aoibhneas aigne orainn ar gach taobh. Ní dó' liom go bhfuil aoibhneas le fáil ar an saol so a dh'fhéadfadh bheith níos aoibhne ná an t-aoibhneas aigne sin a bhíonn ar mhúinteóir agus ar lucht foghlama nuair a bhíd siad ar aon aigne san obair, agus nuair a thuigid siad féin a chéile, agus nuair ná bíonn de thoisce ná de bhun ná d'aidhm acu leis an obair ach onóir do Dhia agus tairbhe don chreideamh. Bhí an t-aoibhneas san againne an uair sin, agus bhíomair ag dul ar aghaidh leis an obair go buacach.

XXI: I Magh Chromtha

I lár an aoibhnis dúinn do tháinig athrú. Tháinig leitir ón Easpag á rá liomsa dul siar go Magh Chromtha agus gnó sagairt do dhéanamh ann. Chuir san stad leis an obair i Ráth Chormaic. D'imíos siar. Ní fada a bhíos thiar nuair a lean an chuid ba mhó de sna buachaillíbh me. Ghlacadar lóistín sa tsráid agus thagaidís chun mo thise gach aon lá agus do ghluais an múineadh agus an fhoghlaim arís.

Suím aimsire tar éis na hoibre do thosnú i Magh Chromtha tháinig leitir chúm ó Bhaile Átha Cliath, ón "gCumann" úd "chun na Gaelainne do chimeád beó". Do tráchtadh liom ar an ngá a bhí leis an obair a bhí ag an gCumann á dhéanamh, agus ar an ngá a bhí le hairgead chun na hoibre do dhéanamh. Dhá fhírinne ghlan* ab ea an dá ní sin gan amhras. Chuireas púnt airgid chúthu agus do scríos leitir chúthu, agus is i nGaelainn do scríos í. Thugas iarracht, sa leitir, ar roinnt nithe do chur ar a súilibh dóibh i dtaobh an chuma 'nar cheart an obair a bhí curtha rómpu acu do dhéanamh. Chuireadar freagra chúm ar mo leitir ag gabháil baochais an airgid liom. Agus chuireadar chúm cló den *Freeman's Journal* agus mo leitir Ghaelainne i gcló air*, díreach mar a scar mo lámh léi. Do thugadar le tuiscint dom, áfach, i dtaobh na cómhairle a bhí tabhartha agam dóibh, ná raibh aon ghá le díthneas. Ba mhar a chéile an scéal agus a rá: "A dhuine mhacánta, tabhairse aire dod ghnó féin agus leog dúinne an rud céanna ' dhéanamh".

Ní dúradh an chainnt tur ar an gcuma san, ach sin é brí a bhí leis an gcainnt. Ní raibh aon mhilleán in aon chor agam orthu. Ní féidir do dhuine a thuiscint conas is ceart an Ghaelainn do chimeád beó mura dtuigeann sé cad é an saghas ruda an Ghaelainn atá beó. Níor thuigeadar súd cad é an saghas ruda Gaelainn bheó ná cad é an saghas ruda Gaelainn mharbh. Bhí sé daingean 'na n-aigne gur thuigeadar an dá ní sin ní b'fheárr go mór ná mar a thuigeas-sa aon ní acu. Dá bhí sin níorbh fhéidir dóibh cómhairle do ghlacadh uaimse 'na dtaobh, agus ní raibh aon mhilleán agam orthu. Ach níor dheineas a thuilleadh cur isteach orthu le leitreachaibh—ná le hairgead. An tAthair Eóin Ó Nualláin, sagart rialta, is é ' bhí an uair sin 'na cheann ar an gCumann san. Sagart ana-mhaith, ana-naofa, ana-dhea-chroíoch, ab ea é gan aon dabht. Dhein sé mórán oibre ar son na Gaelainne, agus obair chruaidh ab ea an obair a dhein sé. Ach cad é an tairbhe obair chruaidh gan eólas?

Bhí buíon fear i Magh Chromtha an uair sin. Is dó' liom gur "*Young Men's Society*" gurbh ea iad. Chonaic cuid acu an leitir i nGaelainn ar an bh*Freeman*. Thánadar chúm agus d'iarradar orm teacht chun a seómra tamall beag i dtosach gach oíche agus iarracht a dhéanamh ar Ghaelainn a mhúineadh dhóibh. Duart go dtiocfainn. Do thánag. Ní rabhas dhá neómat sa tseómra ag cainnt leó nuair a chonac go raibh eólas maith acu ar an nGaelainn cheana féin, agus ná raibh agam le déanamh ach a thaispeáint dóibh conas í ' lé' agus do scrí'. D'aimsigh gach duine acu a pheann agus a dhubh agus a pháipéar, agus do ghluais an obair. Chómh luath agus ' bhí na leitreacha acu do shuidís chun an bhúird agus do chromainnse ar scéal éigin a dh'insint, agus do scrídís sin síos ar pháipéar gach focal fé mar a thagadh sé as mo bhéal.

XXI: I Magh Chromtha

Ní raibh puínn trioblóide san obair sin dómhsa. Ní bhíodh orm dul ag triall orthu ach cúpla oíche sa tseachtain, agus ní bhíodh orm fanúint ach leathuair a' chluig gach oíche. Ní raibh orm aon mhúineadh cainnte ' dhéanamh. Bhí an chainnt ag á bhformhór chómh maith díreach agus ' bhí sí agam féin.

Bhí an obair ar siúl ar an gcuma san, go héasca agus go hanamúil. Bhí beirt nú triúr buachaillí ón gcómharsanacht tagaithe chum chun na Laidne ' dh'fhoghlaim agus iad tar éis na geallúna do thabhairt go staonfaidís ó gach deoch meisciúil. I lár na hoibre dhúinn, áfach, tháinig matalanng crosta orainn. Do labhair an sagart paróiste liom agus thug sé le tuiscint dom nár thaithn leis me ' bheith ag múineadh na mbuachaillí. Duart leis, go breá réidh, gur istigh im thigh féin a bhíos dhá múineadh, agus go raibh sé chómh maith agam bheith ag déanamh na hoibre sin istigh im thigh féin le bheith ag imirt chártaí nú le bheith ag titim im chodladh.

Tamall 'na dhiaidh san tháinig leitir chum ón Easpag dhá rá liom go raibh sagart paróiste thuaidh sa Ráth³ agus go raibh dúil ana-mhór aige scoil Laidne ' chur ar bun sa bhaile sin.

“Tá”, arsan tEaspag liom, “airgead éigin le fáil ón Rialtas chun scoile den tsórd a chimeád suas san áit agus tá an t-airgead san díomhaoín toisc gan an scoil a bheith ann. Ba dhó' liom gur mhaith an rud duitse dul ó thuaidh go dtí an Ráth agus an obair seo atá agat á dhéanamh i Magh Chromhtha do dhéanamh thuaidh.”

Bhí ' fhios agam cad é an brí a bhí leis an gcainnt sin. Bhí ' fhios agam nár labhair an tEaspag mar sin gan sagart paróiste Magh Chromtha ' bheith ag gearán ormsa agus ar mo scoil. Ach do scaoileas leis.

“Tá go maith, a Thiarna Easpaig”, arsa mise. “Comáin ó thuaidh me.”

Do buaileadh isteach im aigne, leis, go mb'fhéidir gurbh é toil Dé me ' dhul ó thuaidh. B'fheárr liom go mór fanúint i Magh Chromtha dá bhfágtí ann me. Ach do thuigeas go mb'fhéidir nárbh é sin toil Dé. Thuigeas go mb'fhéidir go raibh gnó éigin ceapaithe ag Dia dhom le déanamh sa Ráth nárbh fhéidir dom a dhéanamh i Magh Chromtha. Sin í an fhírinne. Bhí uaigneas orm mar gheall ar a bheith orm imeacht a Magh Chromtha, mar dá ghiorracht a bhíos ann bhí báidh ana-mhór agam féin agus ag na daoine lena chéile. Ach bhí aon tsásamh aigne amháin agam ag imeacht dom. Ní hag leanúint mo thoile féin a bhíos. Chuireas mo thoil le toil Dé.

“Cá bhfios dómhsa”, arsa mise im aigne féin, “cad 'tá beartaithe ag Dia sa ghnó so? Ní chun mo thoile féin do leanúint a dhein Dia sagart díom!”

Ní chuirfinn an méid sin cainnte síos anso anois ach chun a thaispeáint nár cheart aon mhilleán a bheith ar shagart paróiste Magh Chromtha. Má b'é toil Dé mise do dhul ó thuaidh go dtí an Ráth, ní raibh sa méid a dhein an sagart paróiste sin, leis, ach rud a cheadaigh toil Dé dho a dhéanamh. Níor chuaigh an duine bocht ó bhéalaibh na ndaoine sa ghnó. Bhí leathamadán sa tsráid agus d'airíodh sé na daoine ag cainnt agus á rá gur dhíbir an sagart paróiste an sagart óg mar gheall ar bheith ag múineadh Laidne do sna buachaillíbh.

“Is ait an scéal é sin!” arsan t-amadán. “Cad é an díobháil do shagart bheith ag múineadh buachaillí? Dá mba ag múineadh cailíní óga a bheadh sé ba cheart, b'fhéidir, a rá leis gan bheith dhá

3 .i. Ráth Luirc (Charleville).

XXI: I Magh Chromtha

dhéanamh. Ach ag múineadh buachaillí!”

Chuaigh cainnt an amadáin i mbéalaibh na ndaoine agus bhí roinnt spóirt acu. Dúradar go tapaidh go raibh an ceart ag an amadán, agus do cuimhníodh ar an seanfhocal: “Dealg múnlaí, fiacal chon nú focal amadáin, na trí nithe is géire ar bith”.

XXII: An Scoil sa Ráth

Bhailíos chúm mo chuid trioscáin agus mo chuid leabhar agus siúd ó thuaidh me. Chuas chun cainnte leis an sagart paróiste thuaidh. D’inis sé dhom conas a bhí gach aon rud le socrú; gur i seómra im thigh cónaithe féin a bheadh an scoil; go ndíolfadh gach duine de sna scoláiríbh a deich fichid sa ráithe, .i. sé píunt sa mbliain; go dtosnódh obair an lae ar a deich ar maidin agus go gcríochnófi ar a dó sa lá. An t-airgead a dhíolfadh na scoláirí as a scolaíocht go gcurfí sa chiste é, i dteannta na hofrála, agus ansan go roinnfí ar na sagartaibh é díreach mar a roinntí an ofráil. Ar an gcuma san go mbeadh mo chion de ag teacht chúmsa fé mar a bhí mo chion den ofráil ag teacht chúm. Go mbeadh ar na sagartaibh eile gnó na paróiste ’ dhéanamh agus ná beadh ormsa a dhéanamh ach obair na scoile.

D’éistean leis an socrú san gan aon fhocal do rá amach as mo bhéal. Do hoscladh an scoil. Tháinig roinnt buachaillí. Chuireas ag obair iad. I gcionn roinnt laethanta tháinig cuid dem buachaillíbh féin chúm. Tháinig beirt nú triúr ó Ráth Chormaic agus duine ó Magh Chromtha. Agus tháinig Toiréalach Ó Siadhail ó Bhaile Mhistéala. Thógadar lóistín dóibh féin sa tsráid. Chuireas isteach san obair iad, fé mar a bhíodar oiriúnach chuige.

Bhí an obair ar siúl ansan, ach bhí aon ní amháin ag déanamh buartha dhómhsa. Chonac an cruinneas a thaispeáin an sagart paróiste i dtaobh an airgid, agus tháinig machnamh dom. Chómh luath agus d’fhéadas é do ghlacas caoi ar labhairt leis an sagart paróiste i dtaobh an mhachnaimh a bhí im aigne.

“A leithéid seo, a Athair”, arsa mise leis. “Tá roinnt buachaillí tagaithe anso im dhiaigh. Bhíos dhá múineadh i Magh Chromtha agus i Ráth Chormaic. Ní raibh aon trácht riamh eadrainn ar aon airgead, ní nárbh iúnadh. Ní foláir an múineadh a gheóbhaid siad anso do thabhairt dóibh in aisce, fé mar a bhíodar dhá fháil i Ráth Chormaic agus i Magh Chromtha.”

Do chroith sé a cheann.

“Ó”, ar seisean, “ní dhéanfadh san an gnó in aon chor! Caithfid siad díol anso ar nós gach scoláire eile dá bhfuil ag teacht chun na scoile.”

Do stadas, agus admháim gur chorraigh mo chuid fola. Dhéanfainn scéal ana-ghairid do dhe mura mbeadh aon ní amháin. Mura mbeadh an t-aon ní amháin sin déarfainn leis mar seo: “Más í sin aigne atá agat i dtaobh na scoile seo, caithfir duine éigin eile do sholáthar chun na scoile do mhúineadh”. Ní duart an chainnt sin. Chimeádas istigh í. Chuireas srian leis an bhfeirg. Nuair a bhí mo lámh daingean agam ar an sriain do labhras mar seo.

“Tá go maith, a Athair”, arsa mise, “ach ós é an tEaspag a chuir mise anso, caithfidh an tEaspag an puínte seo do shocrú eadrainn.”

Nuair a tháinig an tEaspag do hínseadh an scéal do. Duairt sé láithreach go raibh an ceart agamsa.

XXII: An Scoil sa Ráth

Déarfadh duine, b'fhéidir, “Cad ’na thaobh nár éirís as an obair láithreach nuair a hiarradh ort an bheart sprionnlaithe sin do dhéanamh?”

Neósfadsa san duit. D’inseas cheana conas mar a bhí an leabharlann i gCill Úird fé choimirce Bhríde Naofa againn, agus conas mar a bhí an leabharlann i Ráth Chormaic, agus an banna práis, agus an ceól, fé choimirce Bhríde againn. Bhí an obair go léir fé choimirce Bhríde. Chómh luath agus d’osclas an scoil sa Ráth chuireas an scoil agus an obair agus me féin agus gach aon rud a bhain leis an ngnó, fé choimirce Bhríde. Agus go mór mór, bhí an staonadh ó gach deoch meisciúil féna coimirce agam. Bríd Naofa, Muire na nGael, is í fé ndeara dhómhsa an fhearg do bhrú fúm an uair úd, nuair a hiarradh orm an bheart sprionnlaithe úd a dhéanamh. Ní fhéadainn gan gáire ’ dhéanamh, i gcaitheamh an lae ’na dhiaidh san, nuair a chuímhnínn ar a luíghhead dá fhios a bhí ag an sagart bocht úd gurbh ar Bhríd Naofa ba cheart do a bhaochas a bheith aige nár chaitheas chuige an scoil, agus ná duart leis, “Más maith leat airgead a dhéanamh as an scoil, múin féin í, dein féin an obair.”

Bhí cúis eile agam, leis, le gan an scoil do chaitheamh chuige. Theastaigh uaim an gnó do chríochnú do sna buachaillíbh a lean me. Dá gcaithinn uaim an scoil do chaillfinn orthu san. Bheadh san sprionnlaithe, leis. Ní fheadar ná gur thúisce leó an t-airgead do dhíol ná mise d’éirí as an obair. Is dó’ liom gur thúisce. Ach peocu ba thúisce nú nár thúisce ní thógfainnse aon airgead uathu.

Dá éaghmais sin arís, bhí cuid de sna buachaillíbh a bhí tagaithe chun na scoile ón sráid agus ón gcómharsanacht, agus bhí aithne curtha agam orthu, agus bhí fála amach agam go raibh árdéirim aigne acu. Thuigeas gurbh fhiú iad roinnt dá ndua ’ dh’fháil. Do bhrúfainn a lán feirge fúm níba thúisce ná mar a stadfainn d’iad a mhúineadh agus iad chómh maith san chun an eólais do ghlacadh. Dá éaghmais sin go léir, bhí an gheallúint i dtaobh staonadh ón ndeoch meisciúil déanta ag an uile dhuine de sna buachaillíbh a bhí tagaithe chum ón áit. Dá n-éirínn as an obair an uair sin bhí gach aon chúntúirt go raghadh an gheallúint sin ar neamhní in aigne a lán den mhúintir a bhí tar éis í ’ dhéanamh. Bhí greim eile leis, orm. An obair a bhí agam á dhéanamh chómh fada roimis sin in onóir do Bhríd Naofa, in onóir do Mhuire na nGael, obair ab ea í ná féadfainn a chur uaim. Gan amhras bhí iúnadh ar na daoine a chonaic me ag déanamh na hoibre sin, ach níor thuigeadar na greamanna a bhí orm. Do socraíodh ná beadh aon chuid d’obair na paróiste orm, ach neamhní ab ea an socrú san. Dheineas mo chion d’obair na paróiste chómh maith le cách. Is dó’ liom gur mheas a lán daoine gur díth céille a bhí orm. Níorbh aon iúnadh iad dhá rá. Ach níor thuigeadar na greamanna a bhí orm.

“Fágaimís siúd mar atá sé!”

XXIII: An *Land League*

Is dó’ liom gur díreach agus me ag imeacht ó Magh Chromtha do leogadh Mícheál Daibhéid amach as an bpríosún. Tháinig samhradh ana-fhliuch, agus fómhar ana-fhliuch. Ní raibh aon bhreith ag daoine ar chíosannaibh do dhíol. Do thuig cuid de sna tiarnaibh talún thiar i gConnachtaibh go mbeadh na feirmeóirí a d’iarraidh lacáiste ’ dh’fháil. Níor mhaith leis na tiarnaibh aon lacáiste ’ thabhairt uathu. Chuireadar glao amach chun a chéile agus thánadar i bhfochair a chéile ar aon láthair, agus shocraíodar ar gan aon lacáiste ’ thabhairt d’aon tineóntaí. Is cuímhin liom go dtáinig ana-bhrón agus ana-bhuairt orm nuair ’ airíos an scéal san. Bhí ’ fhios agam ná beadh aon bhreith ar na cíosannaibh do dhíol. Mheasas ansan go gcaithfí na daoine go léir amach as a gcuid tailimh, agus go mbeadh arís againn an léirscris a deineadh ar Éirínn i mbliain a hocht is daichead*. Bhíodh an

XXIII: An Land League

machnamh san ag baint codladh na hoíche dhíom. Níorbh fhada go dtáinig scéal eile aniar chúinn. Do chonaic Mícheál Daibhéid an rud a bhí déanta ag na tiarnaíbh. Chuir sé amach glao chun na dtineóntaithe dhá iarraidh orthu teacht i bhfochair a chéile ar aon láthair. Thánadar. Do labhair sé leo. B'é toradh a chainnte gur socraíodh ar gan aon leathphinge cíosa ' thabhairt d'aon tiarna talún ná tabharfadh lacáiste maith uaidh. Thug san "cor in aghaidh an chaím" do sna tiarnaíbh. Thuigeadar féin gur thug. Bhíodar ar buile. Do rugadh ar Mhícheál Daibhéid agus do sádh isteach arís é sa phríosún. Ní raibh sé amu' ach ar thicéad. Do briseadh a thicéad agus do cuireadh isteach arís é. Ach ní mar a meastar a bítear go minic. Bhí Disraeli 'na phríomh-mhinistir nuair a briseadh ticéad Mhíchíl Daibhéid. Trí seachtaine díreach 'na dhiaidh san do caitheadh Disraeli agus a bhuíon amach a hobair an Rialtais, agus chuaigh Gladstone isteach. An tuisce 'na raibh Gladstone istigh do hoscladh doras an phríosúin arís, agus do leogadh Daibhéid amach. Ansan is ea ' thosnaigh an ghleic idir na tineóntaithibh agus na tiarnaíbh.

Bhain san an bhuairt mhór díomsa, ach mar sin féin ní rabhas gan eagla. Bhí eagal orm ná beadh sé de mhisneach ag na tineóntaithibh an fód do sheasamh. Bhí eagal orm ná creidfidís go mbeadh aon bhreith acu ar an gcíos do chimeád gan an sirriamh do theacht láithreach agus iad do chaitheamh amach. Nuair a chonacadar Mícheál Daibhéid tagaithe amach as an bpríosún in ainneóin na dtiarnaí talún is ar éigin ' fhéadadar an scéal do chreidiúint. Ach níorbh fhada go raibh sé ansúd thiar 'na measc arís dhá insint dóibh conas a dhéanfaidís na tiarnaí do throid. Ba ródheocair a chur 'na luí orthu gurbh fhéidir an troid sin do dhéanamh in aon chor. Bhí sé daingean 'na n-aighe ná raibh ag an *landlord* ach teacht agus iad do chaitheamh amach chómh luath agus ' dhiúltóidís don chíos a dhíol.

"Má théann sibh ag triall air 'núr nduine agus 'núr nduine féadfaidh sé sibh a chaitheamh amach 'núr nduine agus 'núr nduine. Féadfaidh sé an duine a dhiúltóidh do chaitheamh amach láithreach. Ach má théann gach buíon tineóntaithe ag triall air in éineacht agus an diúltú ' dhéanamh in éineacht, cé ' fhéadfaidh sé a chaitheamh amach? Ní bheidh an diúltú aige le cur i leith aon duine fé leith. Ní féidir do an dlí ' chur oraibh go léir in éineacht. Téadh an bhuíon ag triall air agus tairgidís an cíos do, ach amháin an lacáiste a bheidh uathu. Má dhiúltaíonn sé don lacáiste ' thabhairt tagadh an bhuíon uaidh gan aon chíos a thabhairt do. Tá easpa airgid ar a lán acu, agus tabharfaid siad uathu an lacáiste d'fhonn an chuid eile ' dh'fháil láithreach."

Ní rómhór an meas a bhí ag cuid acu ar an gcómhairle. Bhí an taithí acu riamh ar a thoil féin do thabhairt don tiarna talún; ar aon chíos a hiarrfí orthu do dhíol níba tuisce ná eagla an *eviction* a bheith ag baint codladh na hoíche dhíobh. Ach bhí cuid acu, leis, agus ba tuisce leo aon tsaghas troda ' dhéanamh, pé rud a thiocfadh as dóibh, ná bheith ag sclábhaíocht ag déanamh airgid do dhaoineibh díomhaoine agus dhá shíneadh amach chúthu agus gá acu féinig leis. Do cuireadh an *Land League* ar bun. I ndiaidh ar ndiaidh do leath an obair go dtí go raibh buíon den chonradh san ins gach paróiste. Do cuireadh buíon acu ar bun go luath sa Ráth. Is cuimhin liom an lá go maith. Bhí cruinniú mór daoine ann, i bpáirc ná raibh i bhfad óm scoil. Chuas féin agus mo scoláirí go léir go dtí an cruinniú.

Tháinig smaointe áirithe chun m'aighe nuair a chuas isteach i measc na ndaoine. Chuimhníos ar an am úd nuair a bhíos istigh sa choláiste i Mágh Nuat agus an páipéar úd i mBaile Átha Cliath ag tromaíocht go dian orm féin agus ar an gcuid eile againn, dhá rá go rabhamair ag gabháil páirte le cómhachtaibh Shasana, agus ' fhios againn féin istigh 'nár gcroí gurbh éitheach é sin; nách ag gabháil páirte le cómhachtaibh Shasana a bhíomair ach ag gabháil páirte lenár ndaoine féin, le muintir na hÉireann, a d'iarraidh iad do chimeád ó dhul isteach in imreas le cómhachtaibh Shasana

XXIII: An Land League

an fhaid a bhí an t-arm go léir acu san agus gan ag muíntir na hÉireann ach lámha folmha. Bhí 'fhios againn go dianmhaith dá dtéadh muíntir na hÉireann i ngleic den tsórd san le cómhachtaibh Shasana an uair sin nárbh fhéidir a bheith ar an ngleic ach an t-aon deireadh amháin, cath fuilteach b'fhéidir, agus ansan an t-*informer* agus an chroch, agus an t-airgead fola, agus an loch amach, agus croíthe briste ag aithreachaibh agus ag máithreachaibh agus ag daoine muínteartha sa bhaile. Bhí 'fhios againn go dianmhaith, dá mbeadh a sheacht n-oiread armála ag muíntir na hÉireann agus a bhí acu an uair sin, dá mbeadh oiread armála acu, agus oiread saibhris, agus oiread nirt sló, agus go bhféadfaidís an ghleic do chimeád ar siúl i gcoinnibh Shasana ar feadh fiche blian, go gcaillfeadh Sasana a raibh 'en tsaol aici, ó chroiceann amach, go gcaillfeadh sí an croiceann féin, go gcaillfeadh sí an t-anam, níba thúsce ná mar a leogfadh sí do mhuintir na hÉireann an lámh uachtair a dh'fháil. Cá raibh an gustal? cá raibh an púdar? cá raibh na gunnaí móra, ná na gunnaí beaga? * Cá raibh an neart sló? Cá raibh aon rud in aon chor a chuirfeadh ar a gcumas do mhuintir na hÉireann gleic den tsórd san do sheasamh in aghaidh Shasana?

Ach nuair a tháinig an ghleic eile seo, an ghleic idir na feirmeoirí agus na máistrí talún, bhí an scéal athraithe ar fad. Ní faobhar ná fuil ná púdar ná tine ná gunnaí móra ná gunnaí beaga a bhí i gcás feasta, ach gach éinne do chimeád a ghreama ar a chuid féin. Ní bhriseann duine dlí Dé ná dlí ríochta nuair ná deineann sé ach a chuid féin a chimeád. Sin é an teagasc a bhí le tabhairt ón árdán don phobal a bhí cruinnithe ansúd an lá úd sa pháirc úd in aice an Rátha. Ní raibh ar mo chumas-sa, nuair a bhíos istigh sa choláiste ná nuair a thánag amach as an gcoláiste, páirt do ghabháil leis na Fínínibh, ná cómhairle ' thabhairt a chomáinfeadh ar aghaidh iad sa bhfuadar a bhí fúthu. Ní raibh aon rud chun me ' chosc ar chómhairle ' thabhairt do phobal feirmeoirí, agus a rá leo imeacht ar aghaidh sa bhfuadar a bhí fúthu.

Thuigeas go raibh gá le cómhairle acu. Bhíodar ansúd im thimpall agus iad go dúr agus go gruama. An seanascannradh orthu. An t-eagla orthu go mbéarfí orthu ar ball agus go gcurfí an dlí orthu, mar ba ghnáth riamh, agus gur bhaol ná tiocfaidís saor, bíodh ná raibh dlí Dé ná dlí ríochta á bhriseadh acu. Bhíos ag faire orthu agus chonac 'na ngnúiseannaibh an ghruaim, agus an scannradh, agus an drochiúntaobh astu féin agus as a chéile. Scannradh ar gach éinne le heagla go neósfaí don mháistir go raibh sé sa pháirc sin an lá san. Ní raibh éinne ar an árdán fós ach triúr nú ceathrar garsún. Ansan tháinig sagart óg láidir ó Chúntae Luimní agus chuaigh sé in áirde ar an árdán. Chuas féin in áirde in éineacht leis. Thosnaigh sé ar chainnt, agus ba dhianmhaith chuige é. Do labhair sé go dána dhá mhíniú conas mar a bhí na máistrí ag déanamh éagóra ar na feirmeoirí, ag éileamh chíos nárbh fhéidir a dhéanamh as an dtalamh. Bhí na feirmeoirí ag éisteacht leis an gcainnt agus iúnadh orthu a rá go raibh sé de scairt ag éinne an fhírinne ' dh'insint amach chómh neambalbh san. Bhí seisean ag cainnt agus bhíos-sa ag faire orthu san. Tháinig tuilleadh sagart. Do léim gach sagart, fé mar a tháinig sé, do léim sé suas ar an árdán, go dtí go raibh oiread san againn ann gurbh ar éigin a bhí slí dá thuilleadh againn ann.

Seo rud a thugas fé ndeara an lá san, agus níor scar sé lem chuímhne riamh ó shin ná ní scarfaidh go deó. Nuair a chonaic na daoine an brú sagart thuas ar an árdán agus gach aon tsagart acu, fé mar a labhradh sé, ag labhairt níba dhána agus níba dhásachtaí ná an té a labhair roimis, do thosnaigh an ghruaim agus an t-eagla agus an drochiúntaobh ar imeacht as a ngnúisibh. D'fhéadas a lé' in aghaidh gach duine acu, chómh soiléir díreach agus dá labhradh sé liom, an chainnt seo: "Sea! an fhaid atáid na sagairt sin go léir ansúd thuas ar an árdán ní baol dúinn!" Chonac an méid sin agus bhí áthas mór orm, agus bhíos ana-bhaoch de sna sagartaibh mar gheall ar theacht agus ar sheasamh ansúd, idir na feirmeoirí bochta agus na hannsciaín a bhí ag fáscadh an anama astu. Bhí áthas mór eile orm, leis, agus cúis ba mhó ná san féin agam chun an áthais. Fé dheireadh thiar thall bhí le

XXIII: An Land League

feiscint ag an saol mór ná ch aon bháidh le muíntir Shasana ná lena ndlithibh fé ndeara do shagartaibh na hÉireann bheith i gcoinnibh na bhFíníní, agus gur mhór agus gur thiubaisteach an éagóir a deineadh orthu nuair a dúradh gurbh ea.

XXIV: Athrú ar an Saol

Do cuireadh buíon den *Land League* ar bun sa Ráth. Thagadh na feirmeóirí ón gcómharsanacht isteach ann cúpla lá sa tseachtain. Do dhíoladh gach éinne acu roinnt bheag airgid chun costais na buíne. Roinnt bheag ab ea é, agus ríghin go leór a bhídís dhá dhíol, go dtí gur thosnaigh nithe áirithe ar thitim amach ar fuaid na tíre agus gur thosnaigh a dtuairiscí ar theacht amach in sna páipéaraibh.

Tháinig tuairisc amach i bpáipéar lá ar ghníomh a dhein buíon tineóntaithe in áit éigin. Gur chuir an máistir a theachtair chéad mar ba ghnáth dhá rá leó go tur teacht a leithéid siúd de lá agus an cíos do dhíol. Gur ghluaiseadar an lá a bhí ainmnithe dhóibh, ach gur in éineacht a ghluaiseadar. Gur chuadar in éineacht i láthair an mháistir. Go ndúradar leis ná tabharfaidís aon chíos do gan a cúig fichid fén gcéad lacáiste ' dh'fháil uaidh, .i. an ceathrú pingin, .i. coróinn fén bpúnt. Gur éirigh sé ar buile agus go nduir sé ná tabharfadh, ná oiread agus leathphinge. Gur éisteadar leis go ciúin go dtí go raibh an fhearg curtha dhe aige. Ansan go raibh aighneas mór agus argóint mhór idir iad féin agus é féin. Fé dheireadh gur leag sé an cúigiú pingin dóibh, .i. a fiche fén gcéad .i. cheithre scillinge fén bpúnt.

D'oscail gach éinne a shúile, agus do leath gach éinne a bhéal, agus do tharraig gach éinne anál breá fada, nuair a léadh an tuairisc sin amach as an bpáipéar dóibh. Bhí iúnadh agus alltacht orthu. I gcionn roinnt laethanta do léadh amach dóibh tuairisc eile den tsaghas chéanna. I gcionn seachtaine tuairisc eile. Ach aídhe! As san amach do chífá lámh gach éinne acu síos i bpóca a bhríste go fonnmar, agus an t-airgead geal ag teacht 'na chruachaibh ar an mbórd chúinn.

Bhí iúnadh a gcoirí orthu. Níor airíodar a leithéid d'obair riamh. Dlí, agus príosún, agus caitheamh amach, agus tógáil sealbha, agus imeacht le fuacht agus le fán is ea ' cheapadar a thiocthadh a díoltú don chíos a dhíol, agus b'in coróinn fén bpúnt tagaithe as dóibh siúd, agus cheithre scillinge fén bpúnt dóibh siúd eile! Cad é mar athrú ag teacht sa tsaol!

Chuímhíos féin ar an aimsir a bhí curtha dhíom agam, ar Shaunders agus ar Bhroderick, agus ar an ndlí agus ar an gclampar, agus ar an "smut de ghé úd a hitheadh fadó nuair a bhí an Nollaig ann", agus go deimhin do ghabhas mo bhaochas ó chroí le Dia na Glóire a bhreith im beathaidh orm go bhfeaca an t-athrú aimsire sin, agus an sceímhle sin agus an briseadh catha san tagaithe ar na bithiúnaigh. An lámh uachtair fála againn orthu chómh críochnaithe agus dá mbeimis tar éis éirigh Cluana Tairbh a dh'imirt orthu thíos ar mhachaire Chille Dara!

Duine anoir ó Chill Mocheallóg a bhíodh sa chathaoir againn i gcaitheamh na haimsire sin. Thagadh sé anoir gach aon lá a bhíodh cruinniú buíne againn. Théinnse ann uaireanta, ach ní fhéadainn dul ann i gcónaí toisc cúram na scoile ' bheith orm. Bhí gach aon rud ag éirí linn go hálainn go dtí gur tháinig lá áirithe. Tháinig cuntas sa pháipéar ar rud a thit amach thiar i dTrá Lí. Bhí buíon Thrá Lí cruinnithe 'na seómra agus iad ag déanamh a ngnótha. Go hobann, agus gan blúire coinne acu leis, do phreab chéad isteach buíon lucht airm, agus do gabhadh 'na bpríosúnachaibh a raibh sa tseómra. Do ghluais an tuairisc sin ar fuaid na hÉireann. Tháinig crith chos agus lámh ar a lán de mhúintir an *Land League*. Cúpla lá 'na dhiaidh san a bhí buíon an Rátha le cruinniú chun gnótha. Do chruinnigh an bhuíon, ach níor tháinig fear na cathaoireach. Níor féadadh aon obair a dhéanamh an lá san. Siúd isteach sa scoil chúmsa an bhuíon go léir tar éis na hoíche ' thitim. Do shuíodar

XXIV: Athrú ar an Saol

isteach in sna suíochánaibh mar a shuíodh na buachaillí i gcaitheamh an lae. Do labhair duine acu.

“Tá ní againn le hiarraidh ort, a Athair”, ar seisean, “agus tá súil againn ná tógfair orainn é, agus ná heiteóir sinn.”

“Tá go maith”, arsa mise. “Cad ’tá uaibh?”

“Níl aon fhear cathaoireach againn”, ar seisean. “Arbh é do thoilse, a Athair, teacht agus bheith it fhear cathaoireach againn?”

“Ach! mura bhfuil uaibh ach an méid sin”, arsa mise, “ní deocair sibh a shásamh. Mheasas gur rud éigin ana-mhór a bhí uaibh. Tiocfad agus fáilte”, arsa mise. “Cathain a bheidh an chéad chruinniú eile agaibh?”

“Ba mhaith linn é ’ bheith againn amáireach ar a sé ’ chlog um thráthnóna, i dtreo ná beifá ag obair sa scoil lena linn”, ar seisean.

“Tá go maith”, arsa mise. “Beadsa agaibh ar a sé ’ chlog um thráthnóna amáireach, le cúnamh Dé.”

Chuas go dtí an seómra ar a sé ’ chlog um thráthnóna amáireach a bhí chúinn. Dheineamair ár ngnó go breá réidh socair. Níor tháinig “*peeler*” ná saighdiúir chúinn. Níor tháinig a thuilleadh tuairisce chúinn ó Thrá Lí. Do ghluais an obair ar fuaid na tíre, na feirmeóirí ag dul ’na mbuíuibh in éineacht ag éileamh na lacáistí, agus na lacáistí acu dá fháil tar éis aighnis, agus misneach na ndaoine ag borradh agus ag neartú in aghaidh an lae.

Ní raibh aon bháidh, áfach, ag an sagart paróiste leis an *Land League*. Bhí sé aosta. Is dócha gur cheap an duine bocht ná raibh sa *Land League* ach Fíníní fé ainm eile, agus ná raibh i gcómhairle an *Land League* ach cómhairle aimhleasa. Pé rud a cheap sé ní raibh aon bháidh aige leis an obair. Is dó’ liom gur scríbh sé ag triall ar an Easpag dhá iarraidh air cómhairle ’ thabhairt dómhosa, agus a rá liom nár bheag dom cúram na scoile agus gan cúram an *Land League* a bheith orm ’na theannta. Tháinig leitir chúm ón Easpag á rá liom go raibh eagal air go bhfanfadh cuid de sna buachaillíbh ón scoil mar gheall ar mise ’ bheith sáite sa *Land League*. Do scríos chuige agus duart leis mar seo.

“A Thiarna Easpaig”, arsa mise, “In inead aon díobhála ’ dhéanamh don scoil is tairbhe a dhéanfaidh sé dhi me ’ bheith sa *Land League*. Is clann feirmeóirí na buachaillí go léir atá ag teacht chun na scoile, ach amháin beirt, agus tá báidh ana-mhór ag aithreachaibh na beirte sin féin leis an *Land League*.”

“Agus tá ní eile sa scéal, a Thiarna Easpaig”, arsa mise. “Dá n-abrainnse leis na fearaibh úd a tháinig chúm an oíche úd, á iarraidh orm bheith im stiúirthóir orthu, dá n-abrainn ná féadfainn é mar nár bheag dom cúram na scoile ’ bheith orm, cad is dó’ leat a déarfaidís? Déarfaidís gur eagla roimis na “*peelers*” a bhí orm. Nách deas a bheadh an scéal ansan agam? Go mór mór nuair ná raibh an t-eagla san orm, ná aon ní dá shórd. Conas ’ fhéadfainn féachaint in sna súilibh ar na fearaibh úd go deó dá dtaispeánainn an mheatacht an uair sin? Go mór mór nuair ná raibh an mheatacht ionam!”

Ní bhfuaras a thuilleadh “cómhairle” ón Easpag. Níor chuir san aon iúnadh orm. Ní raibh á dhéanamh agam ach an rud a dhéanfaidh sé féin dá mbeadh sé im inead. Cártach ab ea é. Níor dhual do aon mheatacht a bheith ann; agus ní raibh.

XXIV: Athrú ar an Saol

Do ghluais obair na scoile agus an obair eile in éineacht, agus bhíomair ag cur an tsaeil dinn. Bhí an sagart paróiste flaithiúil. Bhímís, me féin agus an sagart óg eile, ar dinnéar aige go minic. Bhíomair 'na thigh lá áirithe ar dinnéar. Bhí seisear nú mórsheseiar eile ann, leis. Daoine ab ea a bhformhór ná raibh aon bháidh acu leis an *Land League* ach chómh beag agus ' bhí ag fear an tí. Do ghluais cainnt eatarthu, mar seo.

“Nách ar a mhargadh a mhaireann gach éinne? Nuair a dhéanfaidh duine margadh, nách ceart do an margadh do sheasamh? Nuair a dhéanfaidh feirmeóir margadh le tiarna talún agus nuair a gheallfaidh sé cíos áirithe do dhíol a feirm thailimh, ná fuil ceangailte air an cíos san do dhíol nú an talamh do thabhairt thar n-ais don té gur leis é?”

Bhíos ag éisteacht leis an gcainnt agus fearg ag éirí istigh ionam. Fé dheireadh do labhras.

“Ba mhaith liom ceist a chur chút, a Athair”, arsa mise le fear an tí, “más é do toil é.”

“Ó, cuir, cuir, a Athair”, ar seisean.

“Bhí aithne agam ar fhear”, arsa mise, “agus bhí feirm thailimh aige, agus bhí deich bpúint is daichead cíosa aige á dhíol as an bhfeirm. Bhí léas aige ar an bhfeirm. Do thit an léas timpall dosaen blianta ó shin. Tháinig an máistir chuige. ‘Tá an fheirm seo agat le fada ar deich bpúint is daichead sa mbliain’, ar seisean. Níor labhair an fear eile focal. ‘Caithfir céad púint sa mbliain cíosa do dhíol as an bhfeirm seo feasta’, arsan máistir. Níor labhair an fear eile focal. ‘Tá tigh nua déanta anso agat’, arsan máistir. ‘Is dócha gur chaillis cúpla céad púint leis. Lamhálfar dhá chéad duit as pé rud a chaillis leis. De réir chúig phúint fén gcéad dhéanfadh san deich bpúint sa mbliain. Leagfar an cíos an méid sin duit. Fágfaidh san deich bpúint 's cheithre fichid sa mbliain cíosa ort féasta. An bhfuilir sásta leis sin?’ Níor labhair an fear eile focal. Do stad an máistir ar feadh tamaill ag feitheamh féachaint cad 'déarfadh an tineóntaí. Níor labhair an tineóntaí focal. Fé dheireadh do labhair an máistir arís. ‘Is cuma liom sa diabhal ceocu 'taoi sásta nú ná fuilir’, ar seisean, ‘ach sin é an cíos a chaithfir a dhíol feasta!’ An dtabharfása margadh ar an méid sin deighleála, a Athair?” arsa mise leis an sagart paróiste.

Is dócha go raibh faobhar ar mo chainnt, mar níor labhair sé féin ná éinne ar feadh tamaill.

“Ó”, ar seisean fé dheireadh, “cás fé leith is ea é sin.”

“Ní hea, a Athair”, arsa mise. “Cás coiteann is ea é. Táim ag féachaint ar ghnóthaibh talún idir mháistríbh agus tineóntaithe anois le daichead éigin blian, agus ní fheaca riamh fós a mhalairt sin de shaghas margaidh á dhéanamh eatarthu. Ní fheaca riamh ach cíos dá árdú gach aon uair a thiteadh léas, nú gach aon uair a dheineadh an tineóntaí aon fheabhas do chur ar an bhfeirm lena shaothar féin.”

Bhí firín beag seabhcaí, camshúileach, 'na shuí ar m'aghaidh anonn ar an dtaobh eile den bhórd. D'fhéach sé anall orm agus do labhair sé.

“Agus, a Athair”, ar seisean, “mura raibh sé sásta le deich bpúint 's cheithre fichid cíosa do dhíol as an bhfeirm, cad 'na thaobh nár labhair sé agus a rá ná raibh sé sásta?”

XXIV: Athrú ar an Saol

“Tá go breá, a mhic ó”, arsa mise leis. “Dá n-abradh sé ná raibh sé sásta do caithfí amach é as an dtigh a dhein sé féin do féin agus dá mhnaoi agus dá chlaínn. Ansan is dócha go dtabharfása bheith istigh dóibh!”

Níor labhair sé sin a thuilleadh. Do tarraigeadh abhar éigin eile cainnte anuas an chuid eile den tráthnóna. Níor bheag leó den “mhargadh” úd, margadh an leataoibh, “roinnt na caillí, mar is áil léi féin é.”

Tháinig sagart rialta chun an Rátha ag tabhairt misiúin uaidh. Chonaic sé an scoil. “Scoil Bhríde Naofa”, an ainm a bhí agam ar an scoil. Do thaithn an scoil leis go mór. Chuir sé aithne ar chuid de sna buachaillíbh. Bhí scoil curtha ar bun aige féin thíos i gcathair Luimní. Chun buachaillí do mhúineadh agus sagairt a dhéanamh díobh, dá mb’é toil Dé é, agus iad do chur anonn i ndúthaibh iasachta ag leathadh an chreidimh is ea ’ chuir sé an scoil sin ar bun. De mhuintir Rónáin ab ea é. Deireadh sé go raibh an-iúntaoibh aige as buachaillíbh bochta na hÉireann; go raibh mianach fóna iontu; gur ó ríogra Éireann a shíolradar; go raibh an braon uasal iontu bíodh go mb’fhéidir ná raibh saibhreas saolta acu; gurbh fheárr na sagairt a dhéanfaidís ná mar a dhéanfaidís clann na ndaoine saibhreas a bhí againn; mura raibh an saibhreas acu go raibh an uaisleacht aigne iontu ó dhúchas. “An Scoil Aspaltach” an ainm a bhí ar an scoil aige. Do casadh mo bhuachaillse, Toiréalach Ó Siadhail, air. Chuireadar aithne ar a chéile. Nuair a bhí sé ag imeacht d’imigh Toiréalach in éineacht leis.

I gCuallacht Íosa is ea ’ bhí an tAthair Ó Rónáin. Chuir sé Toiréalach isteach sa Scoil Aspaltach. Tá Toiréalach ’na shagart anois, i gCuallacht Íosa, thiar in America, agus is creidiúint é don Chuallacht san, agus dá mhuintir, agus dá thír dhúchais, agus dómhsa, ós me ’ chuir an chéad lámh ann.

Bhí buachaill eile agam sa scoil. Leis an áit is ea ’ bhain sé. Dónall Ó Mainchín⁴ ab ainm do. Tá sé anois in’ Árdeaspag thall i Melbourne. Tá a lán eile de sna buachaillíbh a bhí agam ar an scoil tar éis dul chun cinn go maith, cuid acu ’na sagartaibh agus cuid acu i ngairmibh bunúsacha eile.

XXV: Éagóir agus Díoltas agus Smachtdlithe

Seo ceist. Conas a tharla gur fhéad na feirmeóirí, an uair sin, a leithéid de bhriseadh catha ’ dhéanamh ar na tiarnaibh talún? Sid é an freagra. Gladstone fé ndeár é.

Do chonaic Gladstone i bhfad roimis sin an cos-ar-bolg a bhí ag na tiarnaibh talún á dhéanamh ar fheirmeóiribh na hÉireann. Le neart gastachta agus le neart aicillíochta chuir sé dlí tríd an bPárlimint sa bhliain 1870 chun a chur ’ fhéachaint ar aon tiarna talún a chuirfeadh amach tineontaí leórghníomh a dhéanamh leis mar gheall ar é ’ chur as a inead cónaithe. Dhein na tiarnaí sciot scot den dlí sin. Do leanadar ag caitheamh na ndaoine amach agus dhá gcur le fuacht agus le fán in ainneóin Ghladstone agus a dhlí. Ansan, nuair a bhí an *Land League* éirithe ’na gcoinnibh do dhiúltaigh Gladstone d’aon chúnamh a thabhairt dóibh i gcoinnibh an *Land League*. Sin é a mhairbh iad. Ní raibh aon rud á dhéanamh ag na feirmeóiribh i gcoinnibh aon dlí. Ní rabhadar ach ag diúltú do chíos a dhíol a bhí ró-árd agus a cuireadh orthu dá n-ainneóin. Níor thuig Gladstone go raibh ’ fhéachaint ar éinne cúnaimh a thabhairt dóibh chun an chíos san do bhaint amach. Thaispeánadar féin ná raibh aon urraim do dhlí acu nuair a dheineadar sciot scot den dlí úd an leórghníomh. Gan cúnaimh ón rialtas ní raibh aon bhreith acu ar aon tsaghas cíosa ’ bhaint amach. Bhíodar i gcruachás. Dá leanadh an scéal i bhfad ar an gcuma san bheadh gach aon rud ar a dtoil ag na feirmeóiribh. Ach níor lean.

4 Daniel Mannix.

XXV: Éagóir agus Díoltas agus Smachtdlithe

Bhí riail déanta ag an *Land League*, nuair a curfí feirmeóir as a chuid tailimh trí gan é ' bheith ábalta ar ramharchíos do dhíol, gan aon duine eile do thógaint na feirme sin. Sin í an riail a bhris a gcroí in sna tiarnaibh. Dá ndeintí beart de réir na rialach san go beacht, níorbh aon mhaith d'aon *landlord* tineóntaí do chaitheamh amach, mar do fágfí an talamh díomhaoin aige. Do cimeádadh an riail maith go leór in áiteannaibh. Ach do briseadh an riail anso agus ansúd. Bhí fear le fáil anso 's ansúd a ghéill don tsainnt agus do thóg feirm as ar cuireadh duine eile amach. Chuir san an fear a cuireadh amach ar deargbhuile. Gan aon dabht ba dheocair feall ba ghráinne ná é do dhéanamh. Tháinig as gur deineadh díoltas anso 's ansúd ar an *ngrabber*. B'in é an chéad aothó a fuair na tiarnaí. Bhí ' fhios acu go gcaithfeadh Gladstone an dlí ' chur i bhfeidhm i gcoinnibh an saghas san díoltais, agus bhí áthas cléibh orthu.

Fé mar a deintí gníomh díoltais den tsórd san do hinstí an scéal thall ar fuaid Shasana, agus do méadaítí thar na beartaibh é. Nuair a bhíodh feirm ar a láimh ag *landlord* tar éis duine bocht éigin do chaitheamh amach as, bhíodh sé ag faire féachaint an dtiocfadh fear na sainnte chuige chun na feirme do thógaint. Dá dtagadh fear na sainnte do tugtí an fheirm do ana-shaor, d'aon ghnó, chun na rialach úd do chur ar neamhní dá mb'fhéidir é. Uaireanta do tugtí an fheirm d'fhear na sainnte gan aon chíos ar feadh bliana nú dhó, ar an íntinn gcéanna, ach is i ganfhios a deintí é sin. Do mhéadaigh ar na gníomharthaibh díoltais mar gheall ar an gcamastaíol san. Fé dheireadh do gortaíodh daoine. Ansan do maraíodh daoine. Níorbh fhéidir do Ghladstone an saghas san oibre do leogaint ar aghaidh. Níor bhris an tineóntaí aon dlí nuair a dhiúltaigh sé don ramharchíos a dhíol. Níor bhris an *landlord* dlí na ríochta nuair a chaith sé amach an tineóntaí. Ní lú ná mar a bhris sé dlí na ríochta nuair a dhein sé a dhícheall ar thineóntaí eile ' chur isteach sa bhfeirm. Níor bhris fear na sainnte dlí na ríochta nuair a thóg sé an fheirm. Gan amhras do bhris sé dlí an chirt nuair a dhein sé ar a chómharsain rud nár mhaith leis a dhéanfadh an chómharsa air féin. Ba leis an gcómharsain an fheirm, mar is le héagóir a cuireadh amach as an bhfeirm é. Níor chosain dlí na ríochta ar an éagóir é. Níor dhein san ceart den éagóir. Ach do bhris an chómharsa dlí Dé agus dlí na ríochta in éineacht nuair a chuir sé an piléar trí fhear na sainnte mar gheall ar an bhfeirm do bhreith uaidh.

Tímpall na haimsire sin do chonac féin páipéar a tháinig anall ó Lúndain: *Punch* an ainm a bhí ar an bpáipéar san. Bhíodh peictiúirí magaidh air, ach bíodh gur peictiúirí magaidh iad bhíodh brí doimhinn leó uaireanta. Bhí peictiúir acu ar an bpáipéar a chonac; Gladstone agus culaith *pholiceman* uime agus é 'na choilgsheasamh ar aghaidh siopa amach, agus a dhrom le doras an tsiopa agus é ag féachaint uaidh ar bhun an aeir. Istigh sa tsiopa, ag an gcúntar, roinnt fear agus éadach dubh ar a ngnúisibh acu, agus iad ag ceannach arm, gunnaí agus piostail, agus claimhte, agus pící. Sagart laistigh den chúntar agus é ag díol na n-arm leó. Disraéli 'na sheasamh amu' in aice Ghladstone agus é ag féachaint suas air agus a mhéar sínte aige chun an tsiopa agus an chainnt seo, mar dhea, ag teacht as a bhéal: "I say, Mr. Pleeceman, I think it is about time that you should look in here!"

Ansan do tháinig na smachtdlithe i ndiaidh ' chéile, gach smachtdlí acu níba ghéire ná an smachtdlí roimis, go dtí go raibh fíir chreidiúnacha, ó gach aon pháirt d'Éirinn, saíte isteach in sna príosúnaibh, gan triail dlí gan breith dáréag, agus go nduairt Gladstone an focal úd, "The resources of civilisation are not yet exhausted"*.

Bhí airgead á dhéanamh suas ins gach aon áit do sna daoine a bhí in sna príosúnaibh. Chuímhníos féin ar shlí chun roinnt airgid a dhéanamh suas do sna fearaibh a bhí istigh ón Ráth. Shocraíos ar shaghas *raffle* a dhéanamh, agus sid iad na duaiseanna a bhí ar thicéad an *raffle*.

XXV: Éagóir agus Díoltas agus Smachtdlithe

“A splendid Bengal tiger called ‘Resources of Civilisation’. Warranted sound in wind and limb.”

“A huge African elephant called ‘Passive Resistance’.”

“An Egyptian mummy called ‘Rackrent’, said to be as old as the days of Moses.”

“A magnificent puck goat called ‘Peel’, alias ‘Fix Bayonets’.”

With many other highly interesting and valuable prizes.

Do díoladh na ticéadaí go tiubh. Chonaic an sagart paróiste ceann acu. Bhí sé ar buile. Tháinig sé chúm agus ticéad acu ’na lámh aige.

“Is tusa ’ chuir amach iad so, a Athair”, ar seisean.

“Is me gan amhras”, arsa mise, “ná feiceann tú m’ainm thíos orthu?”

“Agus cad chuige iad” ar seisean.

“Chun airgid a dhéanamh”, arsa mise.

“Agus cad chuige an t-airgead?” ar seisean.

“Neósfadsa san duit go cruinn”, arsa mise, “ó chuiris an cheist chúm. Chun é ’ chur ag triall ar na fearaibh ón sráid seo atá istigh sa phríosún ag Buckshot.”

Bhí fearg i nglór gach duine againn an fhaid a bhíomair ag cainnt.

Níorbh fhada ’na dhiaidh san gur chuir an tEaspag mise soir go Cíll Úird in inead an tsagairt paróiste a bhí ann, mar bhí an duine bocht róchríonna agus bhí ag dul dá chiall, agus ní raibh sé oiriúnach chun na hoibre.

XXVI: “Barry the Rake”

*Nuair a bhíos socair thoir i gCíll Úird arís, tar éis Ráth Chormaic agus Magh Chromtha agus an Ráth do chur díom, mhothaíos mo shláinte ag géilleadh ar chuma éigin. Duairt na daoine liom go rabhas ag féachaint ana-bhuailte amach. Is dócha go raibh an obair ródhian orm sa Ráth, an scoil, agus obair na paróiste, agus obair an *Land League*, agus iad ar siúl in éineacht. Níor ghlacas a thuilleadh oibre scoile orm. Bhí obair an *Land League* chómh dian i gCíll Úird an uair sin agus ’ bhí sí in aon bhall eile, ach más ea bhí daoine i mbun na hoibre ann cheana agus ní raibh ormsa ach dul agus cómhairle ’ thabhairt uaim anois agus arís. D’fhág san me gan aon chúram ach amháin cúram na paróiste, agus níorbh fhada go raibh mo lán-neart agus mo lánmhisneach arís ionam.

Bhínn amu’ ar fuaid na paróiste gach aon lá breá, i gcarráiste bheag a bhí agam, nú ar muin capaill. Ba mhór an t-athrú é ó bheith istigh i scoil. Do bhuaillinn féin agus na daoine um á chéile go minic, agus Gaelainn a labhramís i gcónaí lena chéile. Tháinig duine beag isteach ó Ghort na Sceiche chúm, lá, dhá iarraidh orm dul amach chun an ola ’ chur ar dhuine a bhí breóite ’na thigh. Firín beag aosta ab ea é. ’Na chuis a tháinig sé. Bhí ’ fhios agam nárbh fhéidir do gan bheith tuirseach.

XXVI: “Barry the Rake”

Chuireas isteach im aice sa charráiste bheag é, agus thugas marcaíocht abhaile dho. Bhí an fear bocht ana-bhaoch.

Chromamair ar chainnt. Chromas-sa ar bheith ag cur tuairisce na gcómharsan air, féachaint cérbh iad a bhí imithe anonn, nú tar éis bháis, ó fhágas an pharóiste naoi nú deich de bhlianaibh roimis sin. Sa cheistiúchán dom d’fhiafraíos de cá raibh “Barry the Rake”, nú an raibh sé tar éis bháis.

“Tá sé tar éis bháis, an fear bocht”, ar seisean, “gura maith an mhaise dhá anam é!”

“File ab ea Barry the Rake”, arsa mise.

“Dob ea go deimhin, a Athair”, ar seisean, “agus d’airíos-sa blúire filíochta a dhein sé agus go deimhin do dhein sé go hana-dheas é.”

“Abair dom é”, arsa mise leis, “má tá sé agat.”

“Tá sé agam, a Athair”, ar seisean. “Sa drochshaol ab ea é”, ar seisean, “agus bhí an t-ocras ar gach éinne. Bhí duine bocht gurbh ainm do Seán Ó Gríofa ’na chónaí thuaidh ansan ar Cathair Druinne, agus duine bocht ná raibh rógasta ann féin ab ea é. Bhí sé pósta, agus ní raibh aon ghastacht mhór sa mhnaoi ach chómh beag leis féin. Bhí iníon acu agus ba lú an ghastacht a bhí san inín ná mar a bhí in éinne den bheirt. Théadh Barry the Rake go dtí an tigh go minic, agus bhí aithne mhaith aige orthu. Gheibheadh sé bheith istigh uathu uaireanta, agus béile bhídh. Bhí sagart paróiste thuaidh i mBaile Mhistéala an uair sin, agus is dócha gur cuimhin leat é, a Athair. Murchadh Ó Briain ainm do.”

“Is cuimhin liom é go maith”, arsa mise, “agus bhí aithne mhaith agam air.”

“Bhuel”, ar seisean, “bhí an t-ocras i sráid Bhaile Mhistéala chómh dian agus ’bhí sé in aon bhall, mar bhí a lán daoine bochta ann agus bhíodar ana-dhealbh. Bhí an scéal chómh holc san acu go raibh an tAthair Murchadh ag ceannach mine agus dhá roinnt orthu i dtreó ná faighidís bás den ghorta. D’airigh an Barrach go raibh an mhin dá tabhairt amach i mBaile Mhistéala. Cheap sé, ní nárbh iúnadh, go raibh Seán Ó Gríofa bocht ag fáil na mine, agus go bhfaigheadh sé féin béile den mhin le nithe ach dul ó thuaidh go Cathair Druinne. Siúd ó thuaidh é agus an t-ocras air. Chuaigh sé isteach.

‘An bhfuil aon rud anso a dh’íosfadh fear ocrais?’ ar seisean.

Ní raibh aon bhlúire bídh fé dhíon ’ tí*!

‘Mheasas go mbeadh cuid den mhin agaibh’, arsan Barrach.

‘Cad í an mhin?’ arsa Seán.

‘An mhin seo atá dá tabhairt amach thuaidh ansan i mBaile Mhistéala’, arsan Barrach.

‘Níor airíos focal ’na taobh’, arsa Seán.

‘Greadadh chút’, arsan Barrach, ‘imigh ó thuaidh láithreach agus tabhair chúinn cuid di!’

XXVI: “Barry the Rake”

‘Níl aon airgead agam’, arsa Seán.

‘Tá an sagart paróiste ag tabhairt na mine úd amach gan aon airgead. Tá sé dhá bronnadh ar na daoine bochta. Imigh láithreach agus tabhair chúinn cuid di. Fanfadsa anso go dtagair. Táim ag dul i laige leis an ocra!’

D’imigh Seán ó thuaidh. Tar éis roinnt mhaith aimsire tháinig sé.

‘Ar thugais leat an mhin?’ arsan Barrach.

‘Níor thugas’, arsa Seán.

‘Cad ’na thaobh?’ arsan Barrach.

‘Mar ní bhfuaras í’, arsa Seán.

‘Cad ’dúradh leat?’ arsan Barrach.

‘Do fiafraíodh díom an raibh ocra orm’, arsa Seán.

‘Agus cad ’dúraís leó?’ arsan Barrach.

‘Duart ná raibh’, arsa Seán.

‘Airiú, greadadh chút, cad ’na thaobh nár ínsis an fhírinne dhóibh?’ arsan Barrach.

‘Ní thabharfainn le rá dhóibh é’, arsa Seán.

‘Ó mhuisse, Dia linn! Dia linn is Muire!’ arsan Barrach.

Tharrig sé peann agus dubh agus blúire páipéir as a phóca. Bhídís aige chun bheith ag scrí’ na filíochta. Shuigh sé agus do scríbh sé síos an véarsa so:

A Athair Murchadh atá go gunta líofa,
Tabhairse cuid den mhin seo do Sheán Ó Ghríofa*.
Tá a bhean ’na hóinsigh, agus a iníon chríonna.
Tá sé féin ’na bhreall, agus beidh sé amhlaidh choíche!

‘Seo’, ar seisean le Seán. ‘Beir leat an páipéirín sin, agus éirigh go dtí tigh an tsagairt féin agus tabhair dho é, isteach ’na lámh féin, agus gheóbhair an mhin. Imigh anois agus ná bí i bhfad.’

D’imigh Seán agus do rug sé leis an páipéirín. Tháinig sé go doras tí an tsagairt.

‘Cad ’tá uaitse?’ arsan bhean tí.

‘Dúradh liom an páipéir so ’ thabhairt isteach ’na lámh féin don tsagart paróiste’, arsa Seán.

Do shnap sí an páipéir as a lámh agus d’imigh sí isteach.

XXVI: “Barry the Rake”

‘Seo, a Athair’, ar sise, ‘agus deir an teachtaire é ’ thabhairt isteach id lámh* féin duit.’

Do léigh sé a raibh ar an bpáipéar. Do léim sé as an gcathaoir.

‘Cé ’ thug duit é seo?’ ar seisean.

‘Duine bocht atá amu’ ag an ndoras, a Athair’, ar sise.

‘Cuir chúm anso isteach é’, ar seisean.

Do cuireadh isteach Seán.

‘Cé ’ thug an páipéar so dhuit?’ arsan sagart.

D’inis Seán a scéal do chómh maith agus d’fhéad sé é.

‘Agus an tusa Seán Ó Gríofa?’ arsan sagart.

‘Is me, a Athair’, arsa Seán.

‘Tuigim’, arsan sagart. Do baineadh an t-ocras de Sheán, agus do tugadh oiread mine dho agus d’fhéad sé a bhreith leis.

‘Agus’, arsan sagart leis, ‘abair leis an bhfear a thug an páipéar so dhuit teacht chúm anso ar maidín, go bhfuil gnó agam de.’

Amáireach a bhí chúinn d’imigh an file ó thuaidh go Baile Mhistéala, agus do tugadh a dhóthain le n-ithe dho, agus nuair a bhí a dhóthain ite aige do tugadh culaith éadaigh do, agus dúradh leis teacht arís nuair a bheadh gá aige le bia nú le héadach.”

Éinne do léifidh le haireachas an blúire filíochta san a scríbh an Barrach chífidh sé ní is fiú dho a thabhairt fé ndeara. Chífidh sé ná fuil sa véarsa ach fíorbheagán cainnte ach go bhfuil oiread ráite sa bheagán cainnte sin agus ná déarfí as Béarla lena sheacht n-oiread cainnte.

Tá fabhar ag an bhfile le hiarraidh ar an Athair Murchadh. Molann sé a “ghuntacht” agus a “líofacht”. Níor mhór cainnt fhada sa Bhéarla chun an dá mholadh san do dhéanamh, agus ní dhéanfadh an chainnt fhada Bhéarla an dá mholadh leath chómh deas agus ’dheineann an dá fhocal sa Ghaelainn iad. Ansan, ní mór don fhile trua do Sheán Ó Ghríofa do mhúiscilt i gcroí an Athar Murchadh. Agus cá bhfuil an fear san ’na bheathaidh is mó de thrua ná an fear atá pósta le hóinsigh mná? Dá mbeadh aon chiall ag an inín b’fhéidir gurbh fhusaíde é, ach bhí dúbailt mífhortiúin ar an bhfear mbocht nuair a bhí an iníon ’na hóinsigh chómh maith leis an máthair. Ansan, donas an scéil ar fad, “É féin ’n-a bhreall”, agus mar bharra ar an ndonas san féin—“Beidh sé amhlaidh choíche!” Ní haon iúnadh gur léim an tAthair Murchadh as an gcathaoir nuair a léigh sé an páipéar.

Tá aithne agam ar a lán filíochta Béarla, agus ar a lán d’fhilíocht na Gréige agus d’fhilíocht na Rómha. Ní heól dom in aon fhilíocht dár cúmadh riamh in aon teangain acu, beó ná marbh, aon cheithre líne chómh maith leis na cheithre líntibh sin a chúm Barry the Rake an uair sin agus an t-

XXVI: “Barry the Rake”

ocras air! “*Brevis esse certo*”, arsa Horatius, “*et obscurus fio*”*. Tá cainnt an Bharraigh sa véarsa so chómh “*brevis*” agus dob fhéidir í ’ bheith, níos cruinnithe go mór ná mar ab fhéidir í ’ bheith in aon teangain eile, agus in inead aon “*obscuritas*” a theacht den chruinnitheacht is breis solais a thagann dá druim. Is amhlaidh a glantar agus do neartaítear an solas ar an machnamh.

XXVII: Tineóntaithe agus Tiarnaí

I gcaitheamh na haimsire a thugas i gCill Úird an uair sin bhíos ag faire ar an ngleic a bhí ar siúl idir na feirmeóiribh agus na tiarnaibh talún, agus ba dheas an radharc é. Nuair a deintí drochghníomhartha díoltais ar lucht na sainnte, a thógadh talamh as a mbíodh tineóntaí éigin díbeartha, do hinstí an scéal in sna páipéaraibh thall i Sasana, agus do méadaítí é. Ansan do thagadh an fhearg ar mhúintir Shasana, agus do caití na smachtdlithe do chur i bhfeidhm. Ansan thagadh misneach don *landlord* agus tharraigeadh sé chuige an seanadhoithíos. Do chomáineadh sé leitir chun tineóntaí ag éileamh cíosa uaidh. Do taispeántí dhom an leitir. Sid í an saghas cainnte a bhíodh inti:

“CAREY,

Come in here on Saturday and pay your rent. The next application will be a writ.

GEORGE SMITH.”

Nuair a chonac leitir acu chómhairlíos do Charey dul agus an cíos do dhíol, le heagla go gcurfí tuilleadh costais air. D’imigh sé isteach Dé Sathrainn a bhí chúinn. Tharraig sé lán a dhuirn d’airgead as a phóca agus shín sé chun an *agent* é. Chómhairimh seisean é. Bhí roinnt pingíní in easnamh air. Thóg an *t-agent* suas an t-airgead ’na láimh agus do steall sé anonn i gcoinnibh an fhalla é i dtreó gur ghluais na píosaí ag rínice ar fuaid an úrláir.

“Pick it up now”, ar seisean, “and go and bring me in the full amount!”

Do phioc Carey suas an t-airgead agus chuir sé ’na phóca é, agus thug sé aghaidh ar an ndoras. Díreach agus é ag gabháil an doras amach duairt sé, “When I give it to you again you will keep it”.”

Tháinig sé abhaile. Tháinig an *writ*. Má tháinig níor chuir Carey aon tsuim ann.

Fé cheann beagán aimsire tháinig athrú dlí. Bhí an cluiche i bhfabhar don tineóntaí agus i gcoinnibh an *landlord*. Do lean an scéal mar sin ar feadh tamaill. Ansan tháinig leitir eile ón *agent* gcéanna ag triall ar Charey.

“DEAR MR. CAREY,

I shall feel much obliged if you will come in next Saturday and let me have the rent. The amount you owe is——(gan aon trácht ar an ndeich agus daichead don *writ*).

I remain,

Yours sincerely,

G. SMITH.”

XXVII: Tineóntaithe agus Tiarnaí

Níor chuaigh Carey isteach, agus ní bhfuair Smith an t-airgead, an uair sin ná riamh ó shin.

Sin mar a bhíodh na tiarnaí, mín agus garbh, cneasta agus dothíosach, gach re dturas, fé mar a ghluaisíodh an cluiche leó nú 'na gcoinnibh, síos nú suas. Chuiridís i gcuímhne dhom rud a thit amach in aice tí feirmeóra mórán blianta roimis sin. Bhí beirt bhacach san áit. Bhí lámh le duine acu gan aon lúth inti, agus bhí cos leis an nduine eile crapaithe, chómh crapaithe sin gur dhó' le duine air nuair a bhíodh an fear bocht ag siúl gur ag cromadh agus ag éirí a bhíodh sé. Do tharla go raibh an bheirt ag teacht in éineacht chun tí an fheirmeóra um thráthnóna, lá áirithe. Ní raibh aon choinne acu lena chéile, agus go deimhin ní raibh aon fháilte acu dá chéile. B'fheárr le gach duine acu gan an duine eile do theacht. Cheap fear na coise crapaithe go dtabharfadh sé priocadh beag géar don fhear eile.

“Nách leathlámhach an aimsir í seo againn, a Sheáin!” ar seisean. Bhí an aimsir ana-bhriste.

Do phrioc an focal “leathlámhach” Seán bocht, ach má phrioc thug sé priocadh chómh géar leis uaidh.

“Ach, níl inti ach síos agus suas, síos agus suas, a mhic ó!” ar seisean.

Do tharla go raibh fear an tí ag éisteacht leis an gcainnt. Do sceart sé ar gháirí.

“Dar fia”, ar seisean, “ach do thugabhair dá chéile é chómh deas agus d'airíos á dhéanamh riamh é! ‘Leathlámhach’, agus ‘síos agus suas’!”

Chuir sé ' fhéachaint ar an mbeirt dul isteach agus bheith síochánta lena chéile. Ach sin mar a bhí na *landlordaí* agus na *hagentí* i gcaitheamh na haimsire sin, “síos agus suas, síos agus suas, a mhic ó”, lá mín agus lá garbh, lá síbhialta agus lá dothíosach, lá béasach agus lá drochmhúinte, fé mar a bhíodh an cluiche ag gabháil leó nú ag gabháil 'na gcoinnibh.

Ba ródheocair in aon chor a dh'áiteamh orthu nárbh éagóir ana-throm orthu gan leogaint dóibh dlí d'imirt 'na lán-neart ar na feirmeóiribh, agus an cíos d'fháscadh astu dá bhfáiscí an t-anam astu in éineacht leis. Bhíos lá ar dinnéar i dtigh duin' uasail san áit. Bhí tiarna talún ag an mbórd. Bhí focal anois is arís aige á scaoileadh amach i dtaobh na héagóra a bhí á dhéanamh ar na tiarnaíbh bochta. Ní rabhas-sa dhá leogaint orm gur thuigeas cad a bhí ar siúl aige. Fear bocht fóna ab ea é ar gach aon chuma eile, agus níor theastaigh uaim bheith dhá ghríosadh. Bhí duin' uasal eile ag an mbórd agus bhí ' fhios agam gur leis na tiarnaíbh talún a bhí a bháidh go léir, agus níor mhiste liom clabhtóg a bhualadh air dá dtugadh sé an chúis agus an chaoi dhom. Dochtúir ab ea é. Do thug. Do ghluais cainnt i dtaobh ceocu ag na feirmeóiribh a bhí an ceart nú ag na máistríbh, agus ansan i dtaobh conas ba cheart cosc do chur leis na gníomharthaibh díoltais. Ní raibh aon fhocal agamsa dá rá. Fé dheireadh do labhair an dochtúir liom lom díreach.

“Inis an méid seo dhom, a Athair”, ar seisean. “Cad 'tá uaibh?”

Cheap sé go dtabharfainn caoi dho ar a ra gurbh é rud a bhí uainn ná talamh gan chíos a thabhairt do sna feirmeóiribh, agus go réabfadh san an seachtú aithne, ná raibh ann ach cuid na cómharsan do thógaint go haindeathach.

XXVII: Tineóntaithe agus Tiarnaí

“Neósfadsa dhuit, a Dhochtúir”, arsa mise, “cad ’tá uainn. Sid é atá uainn; gan a bheith ar chumas duine cuid duine eile do bhreith leis agus do chimeád. An té a dheineann saothar is leis toradh an tsaothair. An té a bhainfidh den duine sin toradh an tsaothair sin déanfaidh sé éagóir. Is é rud atá uainn ná cosc do chur leis an éagóir sin le dlí.”

Níor chuir an dochtúir an tarna ceist chúm.

Ní rabhas ach dhá bhliain sa pharóiste nuair ab é toil Dé glooch ar an seanashagart. Duairt gach éinne gurbh é mo cheartsa an pharóiste ’ dh’fháil ansan. Ní bhfuaras í, áfach. Duairt an tEaspag go raibh sé ar aigne an pharóiste ’ thabhairt dom dá maireadh an seanashagart cúpla bliain nú trí eile, ach ná féadfadh sé í ’ thabhairt dom an uair sin mar go raibh mórán sagart eile aige a bhí i bhfad níba shia san obair ná mar a bhíos-sa, agus gurbh éagóir orthu san an pharóiste ’ thabhairt dómhsa an uair sin. Dá labhrainnse d’fhiafróinn de cad ’na thaobh nách duine acu san a cuireadh ag déanamh oibre na paróiste nuair a cuireadh mise á dhéanamh. Ach níor labhras. Ní duart aon fhocal. Thugas dhá bhliain eile sa pharóiste ansan fén sagart paróiste a tháinig, ag taispeáint na mbóithre dho agus ag cur aithne aige féin agus ag na daoine ar a chéile. Ní raibh aon fhocal Gaelainne aige bíodh gur i sráid Magh Chromtha a tógadh é.

Thugas dhá bhliain i gCíll Úird i dteannta an tsagairt paróiste sin, agus ansan do cuireadh ó thuaidh me go Dún ar Aill. Ní fada ’ bhíos san áit sin nuair ’ éirigh ana-choímheascar idir an tiarna talún ba mhó a bhí ann agus a thineóntaithe. Lord Doneraile an teideal a bhí aige. Bhíodh sé dhá mhaíomh nár chuir sé féin aon tineóntaí amach riamh. Théidís amach, áfach. Seo mar a dheineadh sé a ghnó. Bhí na feirmeacha go léir curtha ana-dhaor aige. Nuair a thagadh tineóntaí ag díol chíosa do glactí uaidh, go breá réidh, pé méid a bhíodh aige le tabhairt uaidh, agus do curtí an chuid eile síos ’na choinnibh i leabhar an chúntais. Do dhíoladh sé i gcónaí an méid ba mhó a fhéadadh sé ’ dhíol; ’sé sin le rá do dhíoladh sé breis agus an méid ba mhó ba chearta a bheith mar chíos air. Ach bhíodh an cuntas ’na choinnibh ag méadú in aghaidh an lae, i dtreo go mbíodh a chroí briste ó bheith ag cúimhneamh air, agus ’ fhios aige ná beadh aon bhreith go deó aige ar an leabhar san do ghlanadh. Do shleamhnaíodh an scéal amach. Do bhíodh ’ fhios ag na cómharsain an t-airgead mór a bheith sa leabhar i gcoinnibh an fhir sin. Bhíodh duine de sna cómharsain sin go mbíodh roinnt éigin airgid cruinnithe aige, le grásaeireacht b’fhéidir. D’airíodh sé scéal na feirme úd. Thagadh sé chun cainnte leis an *agent*.

“A leithéid seo, a dhuin’ uasail”, adeireadh sé. “D’airíos go raibh an fheirm úd Sheáin Uí Rudaí le cur, agus is amhlaidh mar atá an scéal d’oiriúnfadh an áit mise go hana-mhaith.”

“Níl an fheirm le cur fós”, adeireadh an *t-agent*, “ach tá an cíos cheithre chéad púnt i ndiaidh lámha. Níl ón máistir ach a chuid féin. Ní maith leis bheith dian ar Sheán Ó Rudaí bocht, ach ní mór do gach éinne a chuid féin ’ fháil. Má dhíolann tusa an cheithre chéad púnt gheóbhair an fheirm ar an gcíos gcéanna atá ar Sheán Ó Rudaí.”

“Tá go maith, a dhuin’ uasail”, adeireadh fear an airgid, agus d’imíodh sé.

Chuireadh an *t-agent* fios ar Sheán Ó Rudaí. Thagadh Seán Ó Rudaí bocht agus crith chos is lámh air.

“A leithéid seo, a Sheáin”, adeireadh an *t-agent*. “Tá do chíos cheithre chéad púnt i ndiaidh lámha anso sa leabhar so.”

“Tá go macánta, a dhuin’ uasail”, adeireadh Seán.

“Is amhlaidh mar atá an scéal, a Sheáin”, adeireadh an *t-agent*, “ní maith leis an máistir bheith dian ort. D’fhéadfadh sé a bhfuil agat do thógaint le ceart dlí dá mba mhaith leis é, agus tu ’ chur amach gan feórling. Ní maith leis é sin a dhéanamh ort féin agus ar do mhnaoi agus ar do chlaínn. Bheadh sé sásta dá n-imíthá as an áit agus a bhfuil agat do thógaint leat. Tá láir agus trí cinn de bhuaibh agat agus cúpla caoire. D’fhéadfadh sé iad san a bhaint díot le dlí dá mba mhaith leis é, ach bheadh sé sásta dá dtógthá leat iad agus an tseilbh a thabhairt do. Ach tá ’ fhios agat féin dá dtéadh an scéal chun dlí go gcaithfí a bhfuil san áit a thógaint.”

Thuigeadh Seán Ó Rudaí cad é an brí a bhíodh leis an gcainnt sin. Thugadh sé uaidh an tseilbh agus thógadh sé leis pé éifeachtaí beaga a bhíodh aige, agus do “maití” an cheithre chéad púnt do! Agus dar ndóin ba “mhórchroíoch” an fear an máistir tar éis an cheithre chéad púnt san do “mhaitheamh”! Do gheibheadh fear an airgid an fheirm, agus do gheibheadh an máistir an cheithre chéad púnt úd a “maitheadh” do Sheán Ó Rudaí.

Ní bhíodh ag fear an airgid, b’fhéidir, ach trí chéad. Thógadh sé an céad eile ar iasacht as an mbannc. Chuireadh san sé púint sa mbliain de bhreis ar an gcíos do, cíos a bhí ró-árd ar fad cheana. Chomáineadh sé leis ag briseadh a chroí ag obair ar an bhfeirm go dtí go mbíodh, b’fhéidir, naoi nú deich de bhlianaibh curtha dhe aige. Ní bhítí ródhian choíche air i dtaobh cíosa. Ach nuair a bhíodh roinnt blianta caite aige san áit bhíodh, in ainneóin a dhíchill bháis agus bheatha, cheithre chéad púnt eile sa leabhar ’na choinnibh.

Do himirtí an cluiche céanna díreach arís, ar an gcuma gcéanna. Do “maití” an cheithre chéad púnt arís d’fhear an airgid nuair a gheibhtí é ó fhear airgid eile. Mar sin dóibh ag teacht agus ag imeacht i ndiaidh ’ chéile. Sin mar a hínseadh an scéal dómhsa nuair a chuas ann agus nuair a bhíos a d’iarraidh fírinne an scéil a dhéanamh amach eatarthu.

D’éirigh an t-imreas, mar theastaigh ó sna tineóntaithibh lacáiste ’ dh’fháil sa chíos a bhí orthu, fé mar a bhí dhá fháil ag na tineóntaithibh ar gach aon eastát eile sa dúthaigh. Ní thabharfadh Lord Doneraile aon lacáiste uaidh. Tháinig na tineóntaithe go léir chúmsa agus d’iarradar orm an t-airgead do thógaint ar mo láimh féin, ’sé sin an cíos ach amháin an lacáiste, agus é ’ chimeád go dtí go dtoileódh an máistir chun é ’ ghlacadh gan an lacáiste. Thógas an t-airgead agus chuireas isteach sa bhannc é. Thug lucht dlí an mháistir iarracht ar *gharnishee* ’ dhéanamh ar an airgead nuair a bhí sé sa bhannc. Do theip orthu. Ní dhéanfadh an banc rud orthu. Tháinig órdú ó Bhaile Átha Cliath dhá rá leis na banncairíbh i nDún ar Aill an t-airgead do chimeád go dtí go dtabharfaidís thar n-ais dómhsa é. D’fhan an scéal ar an gcuma san ar feadh leathbhliana. Bhí an máistir rógghasta dhúinn áfach. Níor chuir sé an dlí ar éinne de sna tineóntaithibh. Nuair a fiafraítí dhe an dtabharfadh sé an lacáiste uaidh ní bhíodh d’fhreagra choíche aige ach ná raibh aon dithneas air féin leis an gcíos; go nglacfadh sé pé méid a tabharfí dho, pé uair ba mhaith le haon tineóntaí é ’ thabhairt do. Níorbh fhéidir aon rud a dhéanamh le fear den tsórd san. Fé dheireadh do bhris ar an bhfoighne ag cuid de sna tineóntaithibh. Thánadar chúm agus dúradar nárbh aon mhaith bheith ag fágaint an scéil mar a bhí sé. Go mb’fhéidir go raibh cuid acu agus dá dtugtí dhóibh an lacáiste féin ná beadh ar a gcumas an chuid eile den chíos a dhíol; go mb’fhéidir gur lú a bheadh le díol acu gan an lacáiste ’ dh’fháil ná dá bhfaighidís é. Chonac cad é an fuadar a bhí fúthu agus chaitheas chúthu an t-airgead. Is dó’ liom go bhfuaradar go léir níos mó buntáiste ná mar a gheóbhaidís dá ngeárrtí amach an lacáiste dhóibh agus an chuid eile d’éileamh orthu go léir sa tímpall. Bhí a lán acu lasmu’ de pharóiste Dhún

XXVII: Tineóntaithe agus Tiarnaí

ar Aill agus dá bhrí sin níorbh fhuiriste iad a chimeád dlúite le chéile ar aon aigne ar feadh aon fhaid mhór aimsire. Tháinig aon toradh amháin fóna ón obair. Do cuireadh deireadh leis an gcleas úd a deintí ar “Sheán Ó Rudaí” agus ar “fhear an airgid”. B’éigean “d’fhear an airgid”, feasta, úsáid éigin eile ’ sholáthar don airgead in éagmais é ’ chur isteach i bhfeirm “Sheáin Uí Rudaí”. Dá ndeineadh sé an úsáid sin den airgead do liúfí “*Grabber!*” ’na dhiaidh. B’fhearra dho teitheadh as an ndúthaigh ná an liú san do dhul amach air. B’éigean do a leas do dhéanamh bíodh gur dá ainneóin é.

XXVIII: “Madam Anne”

Bhínn ag gabháil don Ghaelainn an fhaid a bhíos i nDún ar Aill, ach ní mór ’ fhéadainn a dhéanamh. Do labhrainn í le héinne do labhradh liom í, agus do léinn í as aon leabhar a castí orm ’na mbíodh aon tsaghas Gaelainne ann. Bhíodh ainm na Gaelainne orm ar aon chuma, agus bhíodh ceisteanna ag teacht chúm le réiteach anois is arís, tríd an bpost.

Tháinig leitir chúm lá ó mhnaoi uasail a bhí pósta ag mac, nú ag mac mic, do Dhónall Ó Chonaill. Iníon ab ea í do Bhianconi, an fear úd go mbíodh na cóistí go léir ar na bóithribh aige go dtí gur chuir na traenanna deireadh leó. Duairt sí liom sa leitir go raibh scríbhinn aici a fuair sí thíos i gCúntae Luimní agus gurbh é scríbhinn é ná an caoineadh úd a dhein Eibhlín Ní Chonaill ar bhás Airt Uí Laeire, nuair a lámhadh é ar Ínse Charraig an Ime. Duairt sí go raibh fear éigin thíos i Luimnigh ag casadh le Béarla ’ chur ar an scríbhinn di, agus go raibh eagal uirthi ná raibh eólas a dhóthain ar an nGaelainn aige chun na hoibre sin do dhéanamh mar ba cheart. D’fhiafraigh sí dhíom ar mhiste liom leogaint di an scríbhinn a chur chúmsa chun Béarla ’ chur ar an gcainnt. Do chuireas freagra chúithi láithreach dhá rá léi nár mhiste, agus go ndéanfainn an obair dhí chómh maith agus d’fhéadfainn é. Chuir sí chúm an scríbhinn agus chuir sí leitir chúm in éineacht leis an scríbhinn dhá insint dom go raibh aon líne amháin ann agus gur theip glan ar an bhfear thíos a dhéanamh amach cad é an brí a bhí leis an gcainnt a bhí sa líne sin. Duairt sí go raibh trácht sa líne ar “*Madam Anne*” éigin, agus ná féadfadh an fear thíos a dhéanamh amach ó thalamh an domhain cérbh í “*Madam Anne*”.

“Is léir”, ar sise, “gurb ar an *Madam Anne* seo a bhí an milleán go léir ag Eibhlín i dtaobh bháis Airt. Ba mhaith liom a dh’fháil amach, más féidir é, cérbh í féin agus cad a dhein sí i gcoinnibh Airt, nú an amhlaidh a bhí éad ar Eibhlín mar gheall uirthi.”

Is i mBéarla do scríbh sí an leitir, ní nách iúnadh, ach sin é bunús na cainnte a bhí sa leitir. D’inis sí dhom cá bhfaighinn an líne sa scríbhinn. Chuardaíos an scríbhinn agus fuaras an líne agus fuaras an dá líne roimis an líne sin. Sid iad iad.

“Art Ó Laeire
Atá anso traochta
Ó mhaidin anné agam.”*

Admhaím gur bhaineas leathadh as mo bhéal agus gur dheineas sceartadh gáire, i dtreó gur airíodh ins gach aon pháirt den tigh me, nuair a chonac an cuirpeach mná, drochaigeanta, diablaí, *Madam Anne* a bhí éirithe chúm, amach as an bhfocailín mbeag neamhthuirimeach san “Ó mhaidin anné”—“since yesterday morning”! Ní har an mnaoi uasail a scríbh an leitir chúm a bhí aon mhilleán agam, ní nách iúnadh, ach ar an bhfear thíos a bhí dhá leogaint air gur thuig sé an Ghaelainn.

Chuireas féin chúithi an brí ceart, agus duart léi nár airíos féin riamh aon trácht ar aon éad a bheith

XXVIII: “Madam Anne”

ar Eibhlín Ní Chonaill chun aon “*Madam Anne*”, ná chun aon tsaghas “*Madam*” eile.

Ansan do scríos amach an caoineadh go léir i mBéarla, chómh cruinn agus d’fhéadas é, agus chuireas chúithi é. Ní nách iúnadh, ní har dheiseacht an Bhéarla a bhíos-sa ag cuímhneamh nuair a bhíos ag déanamh na hoibre, ach ar dheiseacht na Gaelainne, agus ar conas a thabharfainn liom sa Bhéarla deiseacht na Gaelainne agus neart na Gaelainne, agus fuinneamh na Gaelainne, agus an dásacht agus an ghluaiseacht fola a chuireadh an Ghaelainn sin im chroí féin nuair a labhrainn amach í go hárd. Chuireas mo scríbhinn Béarla ag triall ar an mnaoi uasail in éineacht leis an scríbhinn Gaelainne a chuir sí chúm. Ní dó’ liom gur thaithn mo Bhéarla in aon chor léi. Do scríbh sí féin Béarla eile, le cúnaimh an Bhéarla a thugas-sa dhi. Ach dar liomsa do bhain sí deiseacht na Gaelainne as an obair ar fad. Mar seo, féach. San áit ’na n-abradh Eibhlín “Mo ghrá go daingean tu!” chuireadh an bhean uasal Béarla ar an gcainnt mar seo:— “Beloved of my steadfast heart!” Ní fhéadfainnse blas ná cuma ná crot ’ fháil air sin. Is dócha, áfach, go raibh sé go maith mar Bhéarla. D’airíos daoine tuisceanacha dhá mholadh.

Tamall beag ’na dhiaidh san do scríbh an bhean uasal chéanna chúm arís. Duairt sí gur airigh sí blúire éigin Gaelainne dá labhairt; gur airigh sí daoine a thuig an chainnt ag moladh na cainnte go mór; gur scríbh sí féin síos an chainnt de réir fuaimneanna na bhfocal, fé mar ’ fhéad a cluasa greim ’ fháil ar na fuaimneannaibh; go raibh sí ag cur na scríbhinn sin chúmsa, istigh sa leitir sin, féachaint an bhféadfainn brí na cainnte ’ dhéanamh amach. D’fhéachas ar an bpáipéar ar ar dhein sí an scríbhinn. Thugas iarracht ar fhoclaibh a dhéanamh as na leitreachaibh. Nuair a chuireas na focail in aice ’ chéile ní raibh aon bhrí leó. Thugas iarracht eile. Bhí na focail a tháinig an tarna huair bunoscionn ar fad leis na foclaibh a tháinig an chéad uair, agus ní raibh aon bhrí leó ach chómh beag. Thugas an tríú hiarracht. Tháinig na focail, an tríú huair, bunoscionn leis na foclaibh a tháinig an dá uair eile, agus theip orm arís aon bhrí ’ bhaint astu. Is dó’ liom dá mbeinn ag gabháil dóibh ó shin gurb é an scéal céanna ’ bheadh agam. Chuir an obair i gcuímhne dhom leabhar a léas mórán blianta roimis sin. “*Vathek*” ab ainm don leabhar*. Ínsteair sa leabhar conas mar a bhí rí uasal árdchómhachtach sa domhan toir, agus gur bhuaile chuige lá ceannaí éigin a bhí ag díol arm. Cheannaigh an rí claíomh ana-bhreá uaidh. D’imigh an ceannaí. Ar maidin amáireach a bhí chúinn bhí an rí ag féachaint ar an gclaíomh agus ag déanamh iúnadh dhe, bhí sé chómh breá san. Dhá iniúchadh dho thug sé fé ndeara, ar a lann, scríbhinn éigin. Thug sé iarracht ar an scríbhinn do lé’. Do theip air. Chuir sé fios ar na scoláiríbh móra a bhí ar a theaghlach. Do theip orthu aon bhrí ’ bhaint as an scríbhinn. Bhí féasóg bhreá mhór throm fhada ar gach éinne acu. Cheap an rí na cinn a bhaint díobh, ach duairt sé go ndéanfadh sé an gnó na féasóga do bherradh dhíobh. Do berradh an fhéasóg de gach éinne acu. Tháinig scoláirí móra ó gach aon pháirt den ríocht, gach éinne acu deimhnitheach go léifeadh sé féin an scríbhinn. Do baineadh an fhéasóg den uile dhuine riamh acu. Fé dheireadh tháinig seanduíne beag suarach dubh agus dronn air, agus féasóg air níba bhreátha go mór ná mar a bhí ar éinne den chuid eile. Do léigh sé an scríbhinn agus do nocht sé a bhrí. “An claíomh is feárr sa domhan don rí is feárr sa domhan”, nú rud éigin den tsórd san, is ea aduairt an scríbhinn. Bhí áthas mór ar an rí, agus do tugadh onóir ana-mhór d’fhear na druinne. Ar maidin amáireach a bhí chúinn duairt an rí le fear na druinne an scríbhinn do lé’ arís do. Chómh luath agus d’fhéach fear na druinne ar an lann tháinig tocht air.

“Léigh amach dom é!” arsan rí.

“Á, a rí”, arsan fear, “ní hé an scríbhinn céanna é a bhí inné ann!”

“Léigh é, pé rud é!” arsan rí.

Seo mar a léigh sé amach:

“Is mairg don rí a shanntaíonn eólas atá os cionn a thuisceana agus gníomh atá os cionn a chumais.”

“Baintear leath na féasóige dhe”, arsan rí, “agus imíodh sé as mo radharc!” Do baineadh, agus d’imigh. ’Na dhiaidh san bhíodh an rí féin ag casadh leis an scríbhinn do lé’, ach do theipeadh air i gcónaí. Chíodh sé, áfach, bíodh na féadadh sé an scríbhinn do lé’, nárbh é an scríbhinn céanna é aon dá lá as a chéile. B’in é an údhálda agamsa agus ag an scríbhinn a fuaras ón mnaoi uasail úd. D’inseas an méid sin di sa leitir a chuireas chúithi. Is dócha gur mheas sí gur ag magadh fúithi a bhíos, mar níor scríbh sí chúm ó shin.

XXIX: Baile Mhistéala

I lár an choímheascair a bhí ar siúl i nDún ar Aill, idir thineóntaithibh agus máistrí talún, do shrois tuairisc sinn ar choímheascar eile a bhí éirithe i mBaile Mhistéala thoir. Do shuigh cúirt i mBaile Mhistéala. Bhí beirt ghiúistísí ar an mbínse ann, .i. fear dárbh ainm Eaton, R. M. agus Captaen Stokes, R. M. Agus bhí atúrnae coróinneach ann agus Edward Carson ab ainm do; Sir Edward Carson a tugtar air anois, sa bhliain seo d’aois an Tiarna míle naoi gcéad a dódhéag. Ach is é an Carson céanna é a bhí in’ atúrnae coróinneach ansúd sa bhliain úd d’aois an Tiarna míle ocht gcéad cheithre fichid a seacht. Níor chuir na chúig bhliana fichid atá imithe ó shin aon fheabhas air.

Is chuige do shuigh an chúirt sin ná chun Liam Ó Briain, M.P., agus Seán Mandeville do chur ar a dtríail mar gheall ar chainnt éigin phoiblí a bhí curtha ’na leith, agus a bhí, dar le rialtas na huaire sin, i gcoinnibh na dlí.

Bhí órdú fálda ag an mBrianach agus ag Seán Mandeville teacht agus a dtríail do sheasamh i dtaobh na cainnte a bhí curtha ’na leith. Níor thug éinne acu aon toradh ar an órdú. Níor thánadar chun na cúirte. Murar thánadar san, áfach, tháinig daoine eile, agus ní chun na cúirte do thánadar. Thánadar go Baile Mhistéala chun a chur in úil go raibh fearg agus fíoch orthu féin agus ar an bpoiblíocht go léir mar gheall ar an éagóir a bhí le déanamh sa chúirt sin an lá san, nuair a bhí briseadh dlí le chur i leith daoine toisc gur labhradar ar son an chirt agus i gcoinnibh éagóra.

Chuaigh mórán daoine ó Dhún ar Aill go Baile Mhistéala an lá san. Chuas féin ann in éineacht leó. Nuair a shroiseamair Baile Mhistéala ní fheacamair puínn daoine ann. Bhí na daoine a shrois an áit rómhainn bhíodar imithe amach as an sráid, ar bhóthar Luimní, i gcoinnibh na ndaoine a bhí ag teacht an treó san, chun go ndéanfaidís siúl in éineacht leó thar n-ais isteach sa tsráid. Bhíomairne tamall maith ag feitheamh leó ag doras tí an Athar Tomás Mac Muiris. Tá spás breá fada fairseag ón dtigh go raibh an sagart ’na chónaí ann, ó thuaidh agus ó dheas agus soir síos go dtí bóthar poiblí na sráide. Bhíomair ag feitheamh, ag féachaint soir síos ar thithibh na sráide, agus in inead aon choinne ’ bheith againn go n-éireódh toirmeasc is amhlaidh a bhí eagal orainn ná beadh againn ach cruinniú ana-bheag.

Fé dheireadh chonacamair an tslua ag teacht. Is cuimhin liom féin go bhfeaca Seán Díolúin sa tslua. Bhí sé ’na shuí i gcarráiste. Chómh luath agus ’ tháinig sé i radharc an cheárnaigh mhóir mar a raibh an cruinniú le bheith, thóg sé a cheann agus d’fhéach sé suas mórthimpall an cheárnaigh. Bhí an áit go léir folamh. Bhíos ag féachaint air agus is dó’ liom go raibh diomá air. Ach fé mar a tháinig an tslua isteach do shiúlaíodar suas i dtreó tí an tsagairt. Ansan do thosnaigh an áit ar bheith ag líonadh. Ar ball bhí cruinniú maith daoine ann i dtreó go rabhamhair geall le bheith sásta. Bhí dó nú trí ’

XXIX: Baile Mhistéala

charráistíbh fada curtha ar aghaidh dorais tí an tsagairt amach i dtreo go bhféadfadh na cainnteóirí seasamh in áirde ar na carráistíbh sin agus labhairt leis na daoine.

Bhí a lán daoine uaisle anall ó Shasana ann. Thánadar díreach mar a thánamair go leir, dhá chur in úil go raibh gráin acu ar an gcuma 'na raibh dlithe dá gcur i bhfeidhm in Éirinn. Bhí Henry Labouchère, M.P., ann, agus John Brunner, M.P., agus Thomas Ellis, M.P., agus tuilleadh nárbh iad. Tháinig mná uaisle anall ó Shasana, leis, ar a raibh Miss Mander. Bhí fir eagair ann ó sna páipéaraibh móra thall, ar a raibh Fred Higginbotham agus Bennett Burleigh, agus Seán Mac Dónaill ón Daily News.

Bhí an tAthair Párthalán Mac Cárthaigh, D.D., sa chathaoir, agus na huaisle a bhí chun cainnte ' dhéanamh bhíodar ar na carráistíbh fada lasmu' de dhoras tí an Athar Tomás Mac Muiris. Chómh luath agus ' chonaic na daoine go raibh an chainnt le tosnú do bhrúdar isteach timpall ar na carráistíbh fada. Deir daoine a bhí ann agus do thuig an scéal, go raibh timpall ocht míle duine bailithe isteach timpall ar na carráistíbh. Má bhí, do gheóbhadh, gan aon dabht, fiche míle duine slí ar an gceárnach. Bhíos féin ar cheann de sna carráistíbh, agus bhí radharc maith agam ar na daoine a bhí ann agus ar an slí a bhí lasmu' dhíobh mórtimpall. Ní fheaca oiread agus aon "*pheeler*" amháin in aon áit ar an bhfaiche, ná thíos ar an sráid.

Ní raibh an chainnt ach díreach ag tosnú nuair a thugas fé ndeara suathadh éigin thoir thíos ar imeall an tsló. Bhí timpall fiche "*peeler*" agus fear nótaí ' thógaint eatarthu, agus iad a d'iarraidh é ' bhreith leó suas chun na háite 'na raibh an chainnt le déanamh. Ní raibh aon bhac in aon chor orthu gabháil timpall, agus níor thimpall mhór é, ar an dtaobh thuaidh nua ar an dtaobh theas de sna daoine. Ní raibh aon bhreith in aon chor acu ar é ' bhreith leó isteach trí lár na ndaoine, mar bhí na daoine róbhruite ar a chéile. In inead gabháil timpall is amhlaidh a bhrúdar isteach in sna daoine. Bhí na daoine a d'iarraidh slí ' dhéanamh dóibh, ach bhí san ag teip orthu, ní nárbh iúnadh. Ansan, nuair ná déanfadh na daoine an rud nárbh fhéidir a dhéanamh, d'árdaigh na "*peelers*" a mbaitíní agus bhuaileadar na daoine. Má bhuaileadar, bhí baitíní lámh ag formhór na ndaoine agus nuair ' buaileadh iad do bhuaileadar i bhfreagairt. Do theith na "*peelers*" láithreach, iad féin agus an fear nótaí. Cheapas go mbeadh suaimhneas againn ansan, ach ní suaimhneas a bhí ag teacht. I gceann timpall chúig neómataí tháinig deichniúr agus daichead de sna "*peelers*" agus a ghuinna ag gach fear díobh. Bhí, go dtí san, lasmu' de sna daoine a bhí 'na gcuis, mórán fear agus iad ar a gcapaillibh. Nuair a chonacadar an bhreis de sna "*peelers*" ag teacht agus na gunnaí acu, siúd timpall iad go dtí go rabhadar 'na marshlua láidir daingean idir na daoine agus na "*peelers*". Ní raibh aon bhreith, ansan, ag na "*peelers*" ar fhear na nótaí do bhreith leó suas chun na cathaoireach. Bhí timpall trí fichid fear acu ann, agus ní raibh aon ghnó eile acu le déanamh ach an fear san do bhreith leó suas.

Dá ngabhaidís timpall bheadh sé thuas acu gan aon ríghneas, agus rud eile, dhéanfaimís slí thuas do láithreach. Ní raibh aon chur 'na choinnibh ag éinne. In' inead san is amhlaidh a mheasadar é ' bhreith leó suas trí idir mharslua agus daoine. Chromadar ar na capaill do bhualadh. Má chromadar d'iompaigh na marcaigh cosa deiridh na gcapall leó agus bhrúdar na capaill siar isteach 'na measc. Thóg na "*peelers*" na gunnaí agus bhuaileadar idir chapaill agus marcaigh leó. D'iompaigh na marcaigh orthu agus bhuaileadar iad chómh maith agus d'fhéadadar é le pé arm a tháinig chun lámha. Bhí an obair go te acu ar feadh timpall chúig neómataí sarar theith na "*peelers*" as an áit. Do lean roinnt de sna daoine ar a dtóir. Chuaigh na "*peelers*" isteach sa bharrac uathu. Bhí gach aon rud go breá socair ansan. Bhíos im sheasamh ar an gcarráiste, ag brath air ná beadh a thuilleadh toirmisc againn. Bha gheárr gur airíos, go breá láidir fuaimintiúil, urchar ón mbarrac. Bhí iúnadh orm. Ní raibh troid ná cómhrac ar siúl. Cad chuige an t-urchar agus gan aon namhaid ag cur

XXIX: Baile Mhistéala

orthu? Tháinig an tarna hurchar. Do léim Seán Díolúin anuas den charráiste, agus siúd síos i dtreo an bharráic é féin agus an tAthair Pádraig Ó Ceallacháin. D’airíos an tríú hurchar. Chómh fada agus ’ théann mo chuímhne níor airíos ach na trí hurchair. Do hínseadh dom ’na dhiaidh san go ndeigh Seán Díolúin agus an sagart isteach sa bharrac agus suas chun na finneóige, thuas i mbarra an tí mar a raibh an “*peeler*” ar a leathghlúin agus é ag lámhach agus ag líonadh, agus gur rug Seán air agus gur strac sé siar ón bhfinneóig é. Mura mbeadh san go mbeadh a lán eile marbh aige sara gcuirfeadh éinne dá uachtaránaibh féin cosc leis. Nuair a fuair na daoine go raibh triúr marbh, do scaipeadar. Chuaigh na mná uaisle Gallda isteach i dtigh an tsagairt.

Do hínseadh dom go raibh roinnt saighdiúirí sa tsráid agus nuair ’ airíodar an lámhach gur thánadar amach. Pé fear a bhí ’na cheann orthu chonaic sé láithreach ná raibh aon chiall leis an lámhach. Dhein sé cordon de sna saighdiúiríbh a bhí aige, agus bhí na daoine ar thaobh den chordon agus na “*peelers*” ar an dtaobh eile agus chiméad sé amach óna chéile iad. Mura mbeadh san do mharbhódh na “*peelers*” tuilleadh. Bhíodar féin agus na huachtaráin a bhí orthu as a meabhair glan. Duine de sna huachtaránaibh sin ab ea an Captaen Pluincéad úd a fuair, in Eóchail thoir, suím beag aimsire roimis sin, ó Bhaile Átha Cliath, an t-órdú úd, “*Don’t hesitate to shoot*”. Níorbh iúnadh fonn lámhaigh air.

D’airíos ’na dhiaidh san gur thit rud amach i gcaitheamh an lae sin agus gur chuir sé iúnadh a chroí ar an nduin’ uasal Gallda Henry Labouchère. Bhí súsa aige ’na charráiste féin agus súsa de chlúmh ana-dhaor ab ea é. Nuair a bhí an cruinniú ag scaipeadh agus gach aon rud trína chéile, bhí Labouchère deimhnitheach ná feicfeadh sé an súsa breá go deó arís. Tháinig sé chun na háite ’na raibh an carráiste. Fuair sé an súsa ann roimis, gan aon ní imithe air ach roinnt daoine ’ bheith ag féachaint air agus ag déanamh iúnadh dhe agus dhá rá leó féin gur dheocair d’aon fhuacht dul tríd isteach.

“Sea!” arsa Labouchère, “dá mba thall i Lúndain, nú in aon áit eile sa domhan, a thitfeadh an méid sin amach dómhosa, is róbheag an bhreith a bheadh agam ar mo shúsa ’ dh’fheiscint arís! Deirim anois, agus déarfad as so amach é; is iad muíntir na hÉireann na daoine is macánta sa domhan.”

Chun na beirte, Liam Ó Briain agus Seán Mandeville, do thriail is ea do shuigh an chúirt an lá san. Níor fhreagair éinne den bheirt an ghlaio, ní nárb iúnadh. Do chuir an chúirt varántas amach chun bertha orthu agus iad do thabhairt chun lámha. Do rugadh orthu agus do cuireadh isteach i bpríosún iad. Nuair a tháinig an t-am chuige do tugadh go Baile Mhistéala iad, chun na cúirte céanna, chun iad do thriail, mar dhe. Deirim “mar dhe”, mar bhíos féin ag an gcúirt agus chonac an “trial”, agus go deimhin ní raibh sa triail ach “trial mar dhe”. Do glaodh an chúis. B’ é Liam Ó Briain an príosúnach an lá san. Do glaodh finné ’na choinnibh. An “*peeler*” a thóg nótaí a chainnte a bhí mar fhínné ’na choinnibh. D’inis sé a scéal. Thaispeáin sé an páipéar beag ar ar scríbh sé na nótaí. Tadhg Ó hArrachtáin⁵ a bhí mar atúrnae ag cosaint an Bhrianaigh.

“Leog dom féachaint ar an bpáipéar san”, arsa Tadhg.

Do síneadh chuige an páipéar. D’fhéach sé air go géar. Ansan d’fhéach sé ar an bhfinné go géar.

“Ní hé seo an páipéar ar ar thógais-se na nótaí seo ar dtúis”, ar seisean.

“Is iad san na nótaí a thógas”, arsan finné.

5 Timothy Harrington.

XXIX: Baile Mhistéala

“Tabhair dhom an páipéar ar ar thógais ar dtúis iad”, arsa Tadhg. Do stad an finné bocht agus d’fhéach sé ar atúrnae na coróinneach agus suas ar an mbínse.

“Níl ’ fhéachaint ort ach na nótaí ’ thabhairt do”, arsa atúrnae na coróinneach.

“Ní chuirfidh an cás cor eile dhe”, arsa Tadhg, “go dtí go dtabharfar an páipéar eile dhómhsa.”

Do lean an t-aighneas ar feadh tamaill. Fé dheireadh b’éigean don fhínné bhocht a lámh a chur isteach ’na phóca agus a sparán do thabhairt amach agus an seanapháipéar do thógaint as an sparán agus é ’ shíneadh anonn chun Taidhg. Thóg Tadhg an seanapháipéar leathbhriste agus d’fhéach sé air agus do léigh sé é. Chuir sé gáire bheag as agus thaispeáin sé an páipéar don Bhrianach. Chuir an Brianach gáire mhaith láidir as. Cad a chuir ag gáirí iad? Sid é an rud a chuir ag gairí iad. Bhí an páipéar tar éis dul go Baile Átha Cliath agus teacht thar n-ais, agus bhí órdú ón Rúnaire Mór i mBaile Átha Cliath scríofa treasna air, .i. “Not to be used”. Féach air sin! Órdú ó Bhaile Átha Cliath gan aon úsáid a dhéanamh, i gcoinnibh an Bhrianaigh, de sna nótaibh a tógadh dá chainnt nuair a bhí an chainnt ag teacht as a bhéal, ach úsáid a dhéanamh ’na choinnibh de sna nótaibh eile úd a cuireadh le chéile ’na dhiaidh san! Sin dlí agat! Ar an gcuma san díreach a bhí dlí Shasana á cur i bhfeidhm in Éirinn gach aon lá riamh, ón lá san i mBaile Mhistéala, siar ar fad go dtí an lá úd a chuir Tomás Dubh Wentworth dlí Shasana i bhfeidhm ar uaislibh Connacht, ní headh, ach siar go dtí an chéad lá a tháinig dlí Shasana isteach in oileán na hÉireann.

An té ’ mhachnódh air is dó’ liom go dtuigfeadh sé nár deineadh marú daoine riamh a bhí níba ghráinne níba dhéistíní, níba neamhghátaraí, ná an marú san a deineadh i mBaile Mhistéala an lá san. Ba mhar a chéile díreach é agus dá dtugtí aghaidh ar aonach, nú ar phobal Aifrin, agus tosnú ar na daoine do lámhach gan chúis gan abhar. Dá ngabhtí timpall, mar a raibh an tslí folamh, d’fhéadfí fear na nótaí do chur ar cheann de sna carráistibh fada chómh luath agus ’ chuaigh éinne de sna cainnteoiribh suas orthu. Dá gcurtí teachtaireacht ag triall ar fhear na cathaoireach dhá iarraidh go leogfí fear na nótaí suas ann, do dhéanfaimís go léir slí dho láithreach, ní nách iúnadh. Cad chuige go raibh cainnt againn le déanamh ach i dtreo go raghadh ár gcainnt chun cinn ag triall ar mhuintir an rialtais? Pé scéal é, ní raibh le déanamh ach cead d’iarraidh agus bhí an cead le fáil.

Nuair a bhíos-sa sa Ráth, díreach nuair a bhí an chaismirt ag tosnú idir thineóntaithe agus máistríbh talún, do cuireadh tuairisc chum lá, go raibh cruinniú mór tineóntaithe le bheith thiar i dTulach Lias agus dhá iarraidh orm dul ann. Chuas ann. Bhí cruinniú breá ann. Nuair a bhí an obair ag tosnú agus na cainnteoirí ag dul suas ar an árdán, chuas féin suas air. Cé ’ chífinn guala le gualainn liom ar an árdán ach fear na nótaí. Do hiarradh cead do agus do fuaradh, agus bhí sé ansúd thuas agus gan aon chur isteach ag éinne á dhéanamh air. Bhí sagart sa chathaoir againn, an tAthair Maitias Mac Mathúna, sagart paróiste an Bhóthair Bhuí, áit atá timpall sé nú seacht de mhíltibh siar ó Cheann Tuirc. Bhí an tAthair Séamas Ó Mórdha ’na Chóadiútor an uair sin i dTulach Lias agus is air a bhí cúram oibre an lae, agus ba mhaith an díol air é. Tá sé ’na shagart paróiste anso im aice anois, i Ráth Chormaic, agus ’na Chanónach. Chuir sé gach éinne in’ áit féin, agus do ghluais an chainnt, de réir úird. Dhein fear na cathaoireach a chuid cainnte. Dhein an tAthair Séamas a chuid cainnte, agus ba mhaith agus ba stuama an chainnt a dhein sé. Níor mhiste an gnó ’ fhágaint fé.

Tháinig an t-am dom féin chun mo chuid cainnte ’ dhéanamh. Bhí ’ fhios agam go raibh an Ghaelainn go maith an uair sin ag na daoine a bhí ag éisteacht liom, agus i dtreo go mbeadh roinnt spóirt agam ar fhear na nótaí, a bhí ageam ghualainn, do chromas ar mo chainnt a dhéanamh as Gaelainn. Do las súile na ndaoine go léir láithreach leis an spórt. Thugas fé ndeara gach re

XXIX: Baile Mhistéala

bhféachaint ag gach aoine á thabhairt orm féin agus ar fhear na nótaí. Diarmaid ab ainm do, Diarmaid Stringer. Chomáineas liom ar feadh tamaill go dtí go raibh na daoine go léir ag scigeadh. Ansan d’iompaíos agus d’fhéachas ar Dhiarmaid. Bhí sé ansúd ’na sheasamh agus a phinsil ’na bhéal aige. Do stadas ag féachaint air, agus me ag gáirí, go dtí go raibh na daoine go léir ag faire féachaint cad ’déarfainn, ansan d’iompaíos chun na ndaoine agus, “Ní deirim”, arsa mise, “ná go bhfuil breall ar Dhiarmaid”. Níor fhéadas a thuilleadh do rá, d’éirigh a leithéid d’uaill gháirí. Mheasas go dtitfeadh an tAthair Maitias as an gcathaoir tháinig a leithéid sin de thritheamh gáirí air.

Dheineamair ár ngnó agus ní raibh lámhach ná marú againn. Thug an tAthair Séamas (an Canónach anois), thug sé dínnéar breá brothallach dúinn. Do deineadh a lán cainnte ag an ndínnéar, leis. Bhí cuid den cainnt feargach, feargach go maith. Ach bhí an chúiléith chómh maith san ag an Athair Séamas, agus an stuaim chómh daingean san ann, go mbaineadh sé an faobhar den fheirg i gcónaí sara bhféadadh sí aon díobháil a dhéanamh.

Dá ndeintí an gnó i mBaile Mhistéala an lá úd mar a deineadh i dTulach Lias tímpall seacht mbliana roimis sin, agus mar a deineadh ’na lán áiteanna eile i gcaitheamh na haimsire, ní bheadh lámhach ná marú ann.

XXX: Ó Dhún ar Aill go Caisleán Ó Liatháin

An fhaid a bhíos i nDún ar Aill tháinig taom breóiteachta orm agus ba ródhóibair do me ’ bhreith as an saol. Bhíos im lán-neart an lá sara dtáinig sé orm. Tháinig sé orm go han-obann, fé mar a tabharfí nimh do dhuine. Bhíos im luí leis ar feadh dó nú trí ’ sheachtainibh*. Ansan b’ é toil an Tiarna gur chuireas díom é. Bhí dochtúir maith tuisceanach de mhuintir Ríordáin sa tsráid an uair sin, agus thug sé aire mhaith dhom. Tá sé tar éis bháis, beannacht Dé len’ anam!

Níor thuigeas an uair sin cad fé ndéar an taom san do theacht orm, agus me chómh láidir, chómh dea-shláinteach, díreach sara dtáinig sé orm. Do thuigeas ’na dhiaidh san é go maith.

Tá an Abha Bheag ag gabháil aniar ó Chíll na Mullach go Dún ar Aill. Gabhann sí fé dhroichead atá thuaidh ag bun sráide Dhún ar Aill. Abha bheag shalach is ea í. Is isteach inti a théann salachar sráide Chíll na Mullach agus salachar na tíre go léir as san soir go Dún ar Aill agus ansan salachar Dhún ar Aill féin, i dtreo nách féidir don uisce gan bheith lán de nimh an tsalachair sin. Ní bhíodh aon chothrom uisce againn i nDún ar Aill ach buachaill agus asal aige agus tobán aige, istigh i dtrucailín an asail, agus é ag tarrac an uisce chun na ndóirse, chun na ndaoine, agus na daoine ag díol as an uisce. Thógadh sé an t-uisce ag an ndroichead, díreach mar a raibh an salachar go léir, ón sráid, ag dul isteach san abhainn. Théadh muintir mo thíse agus thugaidís uisce búird leó ó thobar fíoruisce a bhí tamall ón sráid, mar bhíodh an t-eagal againn roim uisce na habhann. Nuair a bhí an scéal ar an gcuma san ba ródheocair gan dearúd a dhéanamh uaireanta, agus uisce na habhann do chur ar an mbórd agus é ’ dh’ól. Pé’r domhan é, do buaileadh isteach im aignese gurbh é uisce na habhann san a chuir an taom breóiteachta orm.

Bhí sagart paróiste sa tsráid, agus do thuig sé cúntúirt an uisce, agus bhíodh sé go minic a d’iarraidh a chur ’ fhéachaint ar Bhórd na mBocht cothrom uisce do thabhairt isteach sa tsráid trí phiopaibh, ó thobar éigin fíoruisce sa chóngaracht. Ach do theipeadh air. Dá ndeintí é do chaithfeadh muintir na cómharsanachta breis bheag éigin cánach a dhíol as. Ní tholeoidís chuige sin. “An t-uisce a bhí maith a ndóthain dóibh riamh roimis seo tá sé maith a ndóthain dóibh anois”, adeiridís.

Na daoine gan chiall! Ba chóir go dtuigfidís, dá dtagadh drochbhreóiteacht sa tsráid, ó bheith ag

XXX: Ó Dhún ar Aill go Caisleán Ó Liatháin

úsáid an uisce sin, go leathfadh an drochbhreóiteacht ar fuaid na tuatha agus ansan go ndíolfadh muintir na tuatha go daor as an sprionnlaitheacht.

Chómh fada agus ' théann mo chuímhne is dó' liom gur tar éis me ' theacht ón dtaom san a chuas go Cíll Chaoi go dtí an sáile, agus gurb é sin uair a bhuaíl an Spáinneach úd umam a thug dom an labhairt cheart ar “*Don Quixote*” .i. “Don Cíochóté””; nú b'fhéidir gur uair éigin eile é, mar bhíos cúpla uair eile san áit.

Sa bhliain d'aois an Tiarna míle ocht gcéad cheithre fichid a deich, ag déanamh amach ar dheireadh na bliana, do leath eadrainn an scéal, go raibh an sagart paróiste a bhí anso i bparóiste Chaisleáin Ó Liatháin, go raibh sé ag dul chun báis. Fuair sé bás i ndeireadh an chéad mhí den bhliain nua. Beannacht Dé len' anam! Ansan, an deichiú lá den tarna mí den bhliain míle ocht gcéad cheithre fichid a haondéag, do chuir an tEaspag leitir chúmsa dhá rá liom dul im shagart paróiste go paróiste Chaisleáin Ó Liatháin. Táim anso ó shin.

XXXI: Obair Chosanta na Gaelainne

Is dó' liom go rabhas dhá bhliain anso nuair a thosnaigh obair na Gaelainne, dáiríribh, i mBaile Átha Cliath. Do thuigeas ón gcainnt a bhí ar siúl, agus as na fógraí a thagadh amach, go raibh socair ar an nGaelainn bheó a bhí i mbéalaibh na ndaoine do shaothrú. Bhí ' fhios agam go dianmhaith gur mar sin ba cheart an obair a dhéanamh má bhí sí le déanamh in aon chor. Bhí leabhair Eóghain Uí Chamhraí agam agus an graiméar Gaelainne do scríbh Ó Donnabháin, agus bhí ' fhios agam ná raibh aon bhreith ag leabhraibh den tsórd san ar oiread agus aon lá amháin sa mbreis do chur le saol na Gaelainne. Bhí ' fhios agam gur admhaigh na fir sin féin ná raibh uathu ach oiread agus d'fhéadfaidís den Ghaelainn a bheith socair daingean i leabhraibh acu, i dtreo go mbeadh an méid sin di le fáil in sna leabhraibh sin nuair a stadfaid muintir na hÉireann d'í ' labhairt. Do chonaic Ó Donnabháin agus Ó Camhraí go raibh sí ag imeacht, ag imeacht go réidh, ach ag imeacht go deimhnitheach, agus thuigeadar go maith ná raibh aon bhreith ag an obair a bhí acu féin á dhéanamh ar aon chosc do chur leis an imeacht san.

Tá sé daingean im aigne, áfach, nár thuigeadar an díobháil a bhí san imeacht san. Is dó' liom gur thuigeadar, agus gur thuig a lán nárbh iad an uair sin, agus i bhfad 'na dhiaidh san, gur thairbhe mhór a dhéanfaid an t-imeacht. Bhí cúiseanna troma acu féin agus ag daoine eile lena thuiscint go mbeadh tairbhe san imeacht. Na daoine a bhí beó in Éirinn an uair sin agus gan acu ach an Ghaelainn, is amhlaidh a bhí ceangal na gcúig gcaol ar a n-aigne chómh fada agus ' chuaigh gnóthaí saolta. In aon tsaghas gnóthaí dlí, cuir i gcás, bhí fear an Bhéarla ábalta ar an ndubh do chur 'na gheal orthu agus ar an ngeal do chur 'na dhubh orthu, agus ní raibh aon chaoi acu ar iad féin do chosaint. Dá n-ínsidís a scéal féin as Gaelainn ní thuigfeadh aon duine iad, ach amháin, b'fhéidir, an fear a bheadh ceapaithe ar an éagóir a dhéanamh orthu. Bhíodh an fear teangan acu, ach dá mbeadh breab glacaithe ag an bhfear teangan san conas a bheadh an scéal acu? Pé taobh óna bhféachtí isteach an uair sin sa chuma ar a raibh an duine ná raibh aon Bhéarla aige, do chítí go raibh sé i gcrúachas go tiubaisteach. Sin é fé ndeara do Dhónall Ó Conaill a rá gurbh fheárr leis go mbeadh an Ghaelainn seacht míle síos fé uisce na farraige thiar. Chonaic sé os cómhair a shúl an éagóir uathásach á dhéanamh ag fear Shasana, coitianta, ar an Éireannach, agus gan ar chumas an Éireannaigh aon fhocal do labhairt chun é féin a chosaint ach focal ná tuigfí. Dhein Dónall Ó Conaill féin obair mhór ag cosaint na nGael ar an éagóir a bhí á dhéanamh orthu. Thuig sé go hálainn ná beadh aon bhreith aige ar an obair sin a dhéanamh mura mbeadh an Béarla ' bheith chómh maith aige, agus é ' bheith ábalta ar lucht an Bhéarla do throid as a gcainnt féin, as Béarla.

XXXI: Obair Chosanta na Gaelainne

Níor chuímhnigh éinne ar an dá theangain do chur ar siúl in éineacht. Do mheas gach éinne nár bhaol ná go mbeadh tuilleadh agus a dhóthain Gaelainne ag gach Éireannach pé cuma 'na ngeóbhadh an saol i dtaobh Béarla. Ní raibh ach lucht machnaimh, mar Ó Camhraí agus Ó Donnabháin, a thug fé ndeara go raibh an Ghaelainn ag imeacht. Níor thugas-sa féin fé ndeara go raibh aon bhaol uirthi go dtí gur chuas isteach sa choláiste, agus go bhfeaca buachaillí éirithe suas agus gan aon fhocal Gaelainne acu.

Do thuig lucht machnaimh, agus lucht faire aimsire, go raibh an Ghaelainn ag imeacht. Do thuig lucht gnótha poiblí, agus lucht cosanta na nGael ar an bhfeall a bhí á dhéanamh orthu ag muintir an Bhéarla, do thuigeadar dá luathacht a bheadh an Ghaelainn imithe agus an Béarla i mbéalaibh na nÉireannach go léir gurbh ea ab fheárr é. Níor thuig éinne an uair sin an díobháil bhunaigh a dhéanfadh sé do chine Gael an Ghaelainn d'imeacht uathu; gur mhar a chéile dhóibh é agus a nádúr féin d'imeacht astu amach. Níor thuig éinne an léirscrios maraitheach a bheadh déanta ar an aigne Ghaelach nuair a bheadh an Ghaelainn imithe, agus gan i gcroí ná i mbéal an Éireannaigh, ó Dhomhnach Dia go Tigh Mháire, ach Béarla briste. Cad é an tairbhe ' dhéanfadh saothar Uí Chamhraí, nú saothar Uí Dhonnabháin, don duine ná beadh de chainnt 'na bhéal aige ach Béarla briste, agus ná beadh de mhachnamh 'na chroí aige ach an machnamh a thabharfadh an Béarla briste dho? Is dócha gur mheas Dónall Ó Conaill, dá mbeadh an Ghaelainn seacht míle fén bhfarráige, agus an Béarla i mbéalaibh na nÉireannach go léir, go mbeadh an Béarla acu chómh maith agus ' bhí sé aige féin. Má mheas, do dhein sé dearúd. Gan amhras bhí Béarla briste go tiubh in Éirinn le linn Dhónaill Uí Conaill, agus níor chuir an Béarla briste sin aon dealús aigne ar an muintir a bhí dhá labhairt. Níor dhein, agus cad 'na thaobh nár dhein? Níor dhein mar bhí saibhreas álainn, uasal, fórléitheadúil na Gaelainne istigh 'na n-aigne acu, laistigh den Bhéarla bhriste. Tá an saibhreas san imithe anois ón méid de mhúintir na hÉireann go bhfuil an Ghaelainn imithe uathu. Tá roinnt acu do thuigeann an chreach, agus tá iarracht acu á dhéanamh ar an saibhreas do chruinniú chúthu arís. Is usa go mór scarúint le saibhreas ná teacht suas arís leis.

Dá ndeintí an dá theanga do shaothrú in éineacht ón uair a thosnaigh muintir na hÉireann dáiríribh ar an mBéarla do labhairt eatarthau féin, do chabhródh an dá theanga lena chéile, agus chuirfidís neart 'na chéile agus cruinneas nárbh fhéidir a bheith in aon teanga acu 'na haonar. Níor deineadh san. Bhí a rian air. Nuair a mheasc an dá theanga ar a chéile agus gan saothrú á dhéanamh ar aon teangain acu, is amhlaidh a bhí a lán daoine ag dul amú ins gach teangain acu. Sin é fé ndeara do Dhiarmaid Ó Muímhneacháin focal úd do rá,

“Na daoine is lú ciall in Éirinn
Daoine gan Bhéarla gan Ghaelainn!”

Ach d'airíos an chainnt agus na ráflaí, ó Bhaile Átha Cliath, dhá rá go raibh buíon le cur ar bun chun na Gaelainne ' shaothrú agus chun í ' chimeád beó, mar chómhrá, dá labhairt a béalaibh na ndaoine. Bhí áthas mór orm nuair ' airíos an méid sin. D'airíos, leis, gur sagart óg* a bhí i Mágh Nuat ba bhun leis an iarracht san.

Do ghluais na blianta. Ní gá dhómhsa aon tuairisc a thabhairt anso ar obair agus ar chúrsaibh na mblianta san. B'fhéidir áfach nár mhiste dhom aon fhocailín amháin do rá i dtaobh na hoibre. Do chonac, ag tosnú na hoibre dhúinn, gur ar an aos óg a bhí ár seasamh i gcómhair na haimsire a bhí rómhainn. Ag machnamh dom air sin do thuigeas im aigne ná raibh aon rud in aon chor againn, i bhfuirm leabhair, le cur i láimh aon linbh chun na Gaelainne do mhúineadh dho. As mo mhachnamh do shocraíos ar leabhar fé leith do scrí' dár n-aos óg, leabhar go mbeadh cainnt ann a bheadh glan ó

XXXI: Obair Chosanta na Gaelainne

sna lochtaibh a bhí i bhformhór cainnte na bhfilí; leabhar go mbeadh an chainnt ann oiriúnach don aos óg, leabhar go mbeadh cainnt ann a thaithnfeadh leis an aos óg. Sin é an machnamh a chuir ' fhéachaint orm "Séadna" do scrí'. Do thaithn an leabhar le gach éinne, óg agus aosta. Do léadh é do sna seandaoine agus do thaithn sé leó. D'airíodar, rud nár airíodar riamh go dtí san, a gcainnt féin ag teacht amach a leabhar chúthu. Do thaithn sé leis na daoibh óga mar bhí cosúlacht mhór idir Ghaelainn an leabhair sin agus an Béarla a bhí 'na mbéalaibh féin.

XXXII: Onóir don Obair

Do ghluais an aimsir. Do leanas den obair. Dheallródh an scéal gur tuigeadh gur dheineas mo chion den obair maith go leór. Thit rud amach sa bhliain d'aois an Tiarna míle naoi gcéad a dódhéag, rud a thaispeáin gur tuigeadh; rud ná titfeadh amach in aon chor mura mbeadh gur tuigeadh. An tarna lá fichid d'Abrán na bliana san do bhronn uaisle cathrach Bhaile Átha Cliath saoirse na cathrach san orm féin agus ar an Ollamh Kuno Meyer, mar gheall ar a raibh déanta againn ar son na Gaelainne. Do bronnadh an onóir air sin mar gheall ar an saothar a bhí déanta aige ar sheana-Ghaelainn na hÉireann, agus do bronnadh an onóir ormsa mar gheall ar an saothar a bhí déanta agam ar son na Gaelainne atá beó in Éirinn fós. Ghabhamair araon ár mbaochas le huaislibh na cathrach. Le linn a bhaochais féin a ghabháil leó don Dochtúir Kuno Meyer duairt sé focal a chuir in úil dúinn go léir nách inniu ná inné do thosnaigh sé féin ar bheith ag cur suime i nithibh Gaelacha. (Do labhair sé as Béarla.) Tar éis roinnt cainnte do rá dho duairt sé mar seo.

"Duairt mo sheanathair liom, agus me im leanbh, thall i gcathair Hamburg, go raibh, go deimhin, cainnt idir é féin agus Napper Tandy, agus gur rug Napper Tandy 'greim ar láimh air', lom dáiríribh, nuair a bhí sé 'na gharsún. D'inis sé an méid sin dom i bhfad sarar airios-sa aon trácht ar 'The Wearing of the Green.'""*

Do thaispeáin san go raibh báidh ag Kuno Meyer, agus ag á athair, agus ag á sheanathair, le hÉirinn agus le muintir na hÉireann, i bhfad sarar thosnaigh an obair seo na Gaelainne.

Nuair a bhí an onóir sin tabhartha dhúinn ag muintir Bhaile Átha Cliath chuamair siar go Coláiste Phádraig Naofa i Mágh Nuat, mar bhí cuireadh fálda againn ó Uachtarán an Choláiste, an sagart oirirc agus an t-ollamh diagachta Monsignor Ó Mainchín, atá anois in' Árdeaspag thall i Melbourne. Thug sé cuireadh do thriúr againn, don Ollamh Kuno Meyer agus do Dhochtúir Ó hAimhirgin agus dómhsa. Chuamair siar ó Bhaile Átha Cliath ar mhótar*.

Tar éis an dinnéir do chruinnigh buíon Cholaim Cille sa halla mór agus dheineamair go léir a lán cainnte. Ar an nGaelainn agus ar gach aon rud a bhain leis an nGaelainn is ea ' dheineamair an chainnt.

I gcaitheamh na cainnte dhúinn agus i gcaitheamh an tráthnóna, do chuímhníos féin go minic ar thuama atá ansúd sa roilig bheag laistiar den Choláiste. Tá cómhra throm iarainn istigh sa tuama san agus táid cnámha duine, cnámha sagairt, istigh sa chómhra sin. Do tugadh an chómhra san agus an méid atá istigh inti aniar ar fad ón dtaobh thiar den chruinne, ó Los Angeles, treasna na mílte míle tíre agus uisce, agus do cuireadh isteach sa tuama san í agus tá sí ann. Is iad cnámha an Athar Eóghan Ó Gramhna atá istigh sa chómhra sin. Tá sé féin thuas in aoibhneas na bhflaitheas. Bhí sé ag féachaint anuas orainn an oíche úd, agus bhí áthas air. Chonaic sé an obair ag dul chun cinn go beó agus go bríomhar, tar éis na mblianta go léir, an obair a bhris a shláinte féin agus do shlad an t-anam as i dtosach a shaeil, an obair dá mbeadh beatha trír aige go dtabharfadh sé an bheatha san go léir chun na hoibre sin do chur chun cinn.

Nuair ’ airigh uaisle cathrach Corcaí an rud a bhí déanta ag uaislibh Bhaile Átha Cliath thuigeadar gur cheart dóibh féin rud éigin den tsaghas chéanna do dhéanamh. Shocraíodar ar shaoirse Cathrach Corcaí ’ thabhairt do Dhochtúir Kuno Meyer agus dom féin. Cheapadar lá chuige, agus ar ámharáí an tsaeil cad é an lá a cheapfaidís chuige ach an cúigiú lá fichid de Mhitheamh an Fhómhair, .i. Lá Bharra Naofa, lá naoimh an Ghuagáin, an naomh go bhfuil cathair Corcaí ar a choimirce.

Ní raibh aon choinne agamsa go bhfeicfínn an radharc a chonac an lá san. Nuair a thánag féin agus Kuno Meyer amach as an dtraein i gCorcaigh bhí mórshlua leanbh ann ag cur fáilte rómhainn. Do ghabhadar amhrán dúinn, amhrán Gaelainne, amhrán a chúm an tAimhirgíneach dóibh. Bhí Maor na cathrach ann agus carráiste aige dhúinn chun sinn a bhreith go dtí Halla na Cathrach. Bhí gárda lucht airm dhár dtionnlacan, rómhainn amach agus ’nár ndiaidh agus ar gach taobh den charráiste, agus iad gléasta in arm ’s in éide de réir mar a bhíodh a leithéidí in aimsir Chúchulainn. Nuair a chonac iad do chuímhníos ar lá a bhíos i gCorcaigh, suas le deich mbliana fichid ó shin. Bhí toirmeasc na talún ar siúl ar buile an uair chéanna. Tháinig an tIarla Rua⁶ go Corcaigh mar dhea chun sceóin a chur ionainn go léir, agus smacht do chur orainn. Chonac é ag teacht amach as an dtraein. Bhí gárda lucht airm ar an láthair roimis, chun é ’ chosaint orainne, mar dhea. Chuímhníos ar an Iarla Rua san nuair ’ fhéachas im thimpall agus chonac mo ghárda féin.

“Dar fia”, arsa mise im aigne, “ach is feárr an gárda atá agamsa inniu ná an gárda a bhí ag an Iarla Rua an lá úd!”

Chuamair tríd an gcathair; anonn treasna an droichid mhóir; siar go dtí an tsraíd mhór leathan úd mar a mbíodh an “Capall Buí” fadó*; soir arís agus anonn treasna an droichid eile; go dtí Halla na Cathrach. I gcaitheamh na slí sin go léir bhí na daoine, óg agus aosta, brúite ar a chéile ar gach taobh dínn, agus iad ag liúirigh agus ag greadadh na mbas ag cur fáilte rómhainn. Nuair a chuamair isteach sa Halla mór bhí na daoine bailithe istigh ann. Bhí sé lán, chómh lán agus nárbh fhéidir dá thuilleadh dul isteach ann. Dheineamair cainnt ansan agus do deineadh cainnt linn, agus bhí iúnadh ár gcroí orainn araon a fheabhas do labhair na buachaillí óga an Ghaelainn linn.

Measaim nách miste dhom stad anso, agus a rá, mar adeireadh lucht scéalaíochta in Éirinn fadó:

Gonadh é sin mo scéal sa go nuige sin.

Nótaí

Caibideal I

- 14 *Ar Ghaelaibh*: the lack of a definite article is noteworthy here. There are numerous analogous examples in Irish of stylistic variation in article use (cf. *Gaelainn/an Ghaelainn*); it seems use of the article is less vital than in other European languages, particular in terms of usage with proper nouns. Also note the use of what were originally plural nouns denoting population groups such as *Connacht*, *Sasana* and *Ulaidh* to refer to the territories or countries they inhabit: it seems *Gaelaibh* here is used in an analogous way to mean “Ireland”.
- 14 *Daichead blian tar éis bhriseadh Chionntsáile is ea d’éiríodar amach arís*: note the present tense *is ea*. Normally the copula will be present-tense in such sentences, regardless of the tense in the main clause. PUL explained in *Papers on Irish Idiom* (p2) that a present-tense copula *is* is used where the fact remains true.
- 14 *Beid Sasanaigh*: PUL used the plural form of the verb when governed by nouns in the present and future tenses, and occasionally in other tenses. *Beidh Sasanaigh* would be more normal nowadays. Also note similar usage with the third-person plural pronoun (*táid siad*, *beid siad*) throughout PUL’s works. Where such usage is not given in the original, such as *go mbeidh na spealadóirí againn* in Ch7 here, the spelling of the original is retained in this edition, although *mbeidh* is possibly a typo for *mbeid* in that case.

6 Earl Spencer.

Nótaí

- 14 *Ag an mBinn mBorb*: eclipsis of the adjective in the dative is a noted feature of WM Irish. Such usage was not universal—lenition in such circumstances is also found—but was more common where the noun itself was eclipsed. Some phrases such as *ar an gcuma gcéanna* and *san am gcéanna* are always found with such eclipsis.
- 14 *Na leathbhfabhar*: “half-favours”. *Leath* normally lenites, but eclipses *an f* in WM Irish.
- 15 *Rí Sacsan*: the King of England. This normally appears as *Rí Shasana*, with lenition, in line with rules governing lenition of placenames in the genitive singular. However, the form given here literally means “King of the Saxons”, with *Sacsan* in the genitive plural.
- 15 *Rud a dheineadar uaisle na nGael*: this is a relatively rare example of PUL’s use of a plural verb with a noun subject in the past tense. He regularly has forms like *deinid na huaisle* and *déanfaid na huaisle* in the present and future tenses, but forms such as *dhein na huaisle* is more frequently found in his works than *dheineadar na huaisle*. See also *chuadar na fir* in *Séadna* (p54) and PUL’s comments in NIWU (p136): “in the case of certain Irish verbs I have always heard the third person plural used even though the plural noun was expressed; e.g. *chromadar na mná ar ghol*. Old speakers would not use *chrom* here”. It seems such usage is more likely to be found with intransitive verbs (*chuadar*, *chromadar*) or where transitive verbs are preceded by an object (*rud a dheineadar*), such that the subsequent plural noun phrase cannot be mistaken for the object of the verb.
- 16 *Bean ná feacaigh éinne acu riamh roimis sin*: Cyril Ó Céirín points out that PUL may have believed the mysterious woman from Kildare (where St. Bríd founded a convent in the fifth or sixth century) was St. Bríd herself, partly helping to explain PUL’s lifelong devotion to St. Bríd. See *An tOilithreach Gaelach*, p31.
- 16 *Baile gurb é ainm atá air ná Lios Caragáin*: PUL is quoted in *Papers on Irish Idiom* (p53) as saying that the definite article cannot be used where nouns, such as *ainm* here, are defined by a later *ná* clause; however, Thomas F. O’Rahilly points out that some good speakers of WM Irish did use the article in these circumstances. Compare *b’é an chéad rud a dhin sé iad a dhridiúint fě dhéin na coille* in *Scéalaíocht Amhlaoihb* (p3).
- 17 *Tríochad*: PUL normally uses the vigesimal counting system, but as dates are more complex, prefers to use decimal numbers in dates. Also note the word order in *tríochad a naoi*: with decimal numbers, and with the complex numerals found in dates more generally, it is simpler if the word order resembles that of the English (compare *trí a’s tríochad* in PUL’s *Eólas ar Áireamh*, p4, and *a naoidéag is fiche* in the traditional counting system), and such usage has been widely adopted among younger native speakers in the Gaeltacht.

Caibideal II

- 17 *Dá maireadh an t-athair go dtí go mbeadh sé suas le deich mbliana agus trí fichid*: it is worth pointing out the sequence of tenses here. The past subjunctive *maireadh* needs to be followed by the conditional *beadh* and not the preterite. See PUL’s discussion of sequence of tenses in *Papers on Irish Idiom* (pp19-21): “i n-amaibh dlúite leanan am thart am thart... Mára (*sic*) féidir an t-am leantach do bheith thart, ní fuláir é bheith cuiniollach”.
- 18 *Nách féidir do leanbh, do gharsún nú do chailín bheag, sláinte cheart a bheith acu: sláinte cheart a bheith acu* has *sláinte cheart* governing *bheith* as its subject (literally “for good health to be at you”), and yet we don’t have **nách féidir do shláinte cheart bheith ag leanbh* and, at first glance, it might seem that *sláinte cheart* has been reinterpreted as the object of a verb “to have”, with the *rud do bheith acu* construction brought fully into line syntactically with the English verb “to have”. The explanation is rather that in Irish the final *é* in *ní féidir dóibh é* is required, and that *sláinte cheart a bheith acu* replaces this *é* in such sentences.
- 18 *Bean dheas*: PUL’s published works show both lenition and non-lenition of an adjective in such circumstances, where there is a confluence of homorganic dental consonants. Compare *bean diadha* in *Gníomhartha na n-Aspol* (see p334; the published text of *Gníomhartha* may reflect the preferences of the editor of that text, Gearóid Ó Nualláin), and *bean dhiadha* in *Séadna*, p82. Lenition seems preferable, as *Scéalaíocht Amhlaoihb* has *seanabhean dheas* (p287).
- 19 *Aon rud le n-ithe*: WM Irish prefixes *n* to *ithe* and *ól*, where other dialects and GCh prefix *h*. PUL prefixes *h* to other verbal nouns (e.g. *le hiarraidh*), where other speakers of WM Irish, such as AÓL prefixed an *n* (compare *le n-iarraig* in *Scéalaíocht Amhlaoihb*, p42).
- 20 *Go fuar agus go fiain agus go bocht*: PUL stated in NIWU (p135) “this placing of *go* before an adjective has the effect of intensifying the idea which the adjective contains... What the grammars say about turning an adjective into an adverb by prefixing *go* gives very little genuine information”. Consequently, this phrase means “really cold, really wild and really miserable”.

Caibideal III

- 20 *Go ndeigheas: deigheas* is the dependent form corresponding to *chuas*. *Chuas* is generally found in both absolute and dependent use in WM Irish (*do chuas, nior chuas*), but *deigheas* is occasionally found, more often, as here, after *go*, “until”.
- 20 *Scafaire gléigeal ganndail*: PUL quotes here from a poem by Mícheál Ua Tuama (1877-1927). This poem, *Íde an Ghandail*, is given in full with a translation by PUL in the journal *St. Patrick’s*, in the edition of November 9th 1901, where it is related that PUL opened Feis na Múmhan in 1901 with recitation of one verse of the poem.
- 20 *Agus ar an gcaol, mar ar maraíodh ganndal eile i bhfad na dhiaidh san*: this is a reference to the passage in Ua Tuama’s poem about how a dog killed a trespassing gander. *Caol* refers to “the strip of green pasture which is created by a slender stream in marshy land”, as PUL explained in the journal *St. Patrick’s*.
- 21 *Conchúr Mór sa chúinne*: this appears to refer to the way in which Irish families rationalised a shortage of food when the potato crop failed, by comparing the food situation to one where an additional person was present and taking a portion of the food.
- 23 *Ar ar shocraíodar*: this construction is equivalent to *gur shocraíodar air. A* (and in the past tense *ar*) as an indirect relative particle is used directly after a preposition, with *go/gur* used where the preposition is shifted, as is more usual, to the end. The

Nótaí

first *ar* here is therefore the preposition and the second *ar* is the relative particle. These are not pronounced identically: the pronunciation is /er' ar/, as indicated by PUL in NIWU (p118), where he states that *ar ar* in such constructions is “pron. *air ur*”.

Caibideal IV

- 25 *Do stad*: while GCh recommends using *stad* (and all verbs that do not begin with a vowel or *f*) with no perfective particle in the preterite, PUL stated in *Mion-chaint Cuid a III* (p18), “this particle is frequently omitted, as the aspiration of the first letter of the verb supplies its place. Before vowels and unaspirable consonants it is not omitted”. Verbs beginning with *st-* (and *sc-*, *sp-* and similar unlenitable consonants and clusters) are therefore better used in the preterite, conditional and past habitual with *do*.
- 24 *An ceathrú uair*: h-prefixation would be expected after *ceathrú*, but is frequently omitted after ordinals ending in *-ú* in PUL’s works. In his *An Teagasg Críostaidhe*, we read *an ceathramhadh aithne*, *an cúigmhadh aithne*, *an sémhadh aithne*, *an seachtmhadh aithne*, *an t-ochtmdhadh aithne*, *an naomhadh aithne* but *an trímhadh h-aithne* and *an deichmhadh h-aithne* (see pp21-22). The forms with and without *h* seem to be in free variation. *Tarna* always causes h-prefixation of a following vowel.
